

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2024
(OR. en)**

16329/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0155(COD)**

LIMITE

**JAI 1776
ENFOPOL 491
CRIMORG 156
IXIM 251
DATAPROTECT 342
CYBER 356
COPEN 528
FREMP 451
TELECOM 364
COMPET 1172
MI 989
CONSOM 336
DIGIT 243
CODEC 2244**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13726/1/24
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac – Cur chuige ginearálta páirteach

I. CÚLRA/RÉAMHRÁ

1. An 11 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac¹, arb é is aidhm dó oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhíse ar líne, mar shampla soláthraithe seirbhísí óstála agus seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, agus an t-ábhar sin a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint anuas, sirtheoireacht leanaí ('mealltóireacht') a chosc,

¹ 9068/22.

a bhrath agus a thuairisciú, agus gníomhaireacht dhíláráithe nua de chuid an Aontais ('Lárionad an Aontais') a bhunú chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe, in éineacht le líonra Údarás Comhordúcháin náisiúnta agus údarás inniúil eile.

2. Tá an dréachtrialachán bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).
3. Thug an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuairim chomhpháirteach uathu an 28 Iúil 2022.
4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim an 21 Meán Fómhair 2022.
5. D'eisigh Seirbhís Dlí na Comhairle tuairim i scríbhinn an 26 Aibreán 2023².
6. Phléigh an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí - Póilíní (LEWP-P) an togra ag 31 chruinniú d'fhonn sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a ullmhú.
7. Tugadh tuarascálacha ar dhul chun cinn don Chomhairle i mí na Nollag 2022, mí na Nollag 2023 agus i mí an Mheithimh 2024, agus cuireadh ar an eolas í maidir le staid na himeartha i dtaca leis an togra i mí Dheireadh Fómhair 2024.
8. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) atá an phríomhfhreagracht as an gcaibidlíocht ar an togra. Cheap sé Javier Zarzalejos (PPE, ES) mar rapóirtéir i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ghlac Coiste LIBE a thuarascáil an 14 Samhain 2023, agus an 22 Samhain 2023 daingníodh an cinneadh caibidlíocht idirinstiúideach a thionscnamh.
9. Eisiatar ó théacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh Airteagal 42 den Rialachán seo maidir le suíomh Lárionad an Aontais chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. Tá roghnú an tsuímh faoi réir comhaontú idirinstiúideach maidir leis an nós imeachta roghnúcháin is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí nua de chuid an Aontais agus roghnófar é de réir mar a roghnaíodh suíomh an Údaráis um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac.

² 8787/23.

II. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

10. Leasaítear, sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, gnéithe éagsúla den togra ón gCoimisiún. Is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar ábhair inní na dtoscaireachtaí a cuireadh in iúl ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí – Póilíní trí choimircí breise a chur leis chun an chibearshlándaíl a chosaint agus chun comhréireacht agus urraim do chearta bunúsacha a áirithiú, agus cuspóirí agus éifeachtacht an Rialacháin atá beartaithe á gcaomhnú ag an am céanna. Leagtar príomheilimintí an comhréitigh amach anseo:

(a) Forálacha ginearálta (Airteagal 1(5)):

- Cosnaítear an chibearshlándaíl agus criptiú ar bhealach cuimsitheach.

(b) Oibleagáidí maidir le measúnú agus maolú riosca arna ndéanamh ag soláthraithe (Airteagail 3 go 5b, Aithrisí 14-18c):

- Tugtar isteach measúnú riosca agus catagóirí riosca níos fearr ar sheirbhísí lena ngabhfaidh modheolaíocht chun an riosca a bhaineann le seirbhísí sonracha a chinneadh bunaithe ar shraith critéar oibiachtúil (a bhaineann le méid, cineál agus croí-ailtireacht na seirbhíse, beartais agus feidhmiúlachtaí sábháilteachta an tsoláthraí trí dhearadh agus mapáil treochtaí úsáideoirí);
- Ag eascairt as an bpróiseas catagóirithe riosca sin, déanfar córais nó codanna díobh a aicmiú mar chórais ‘ardriosca’, ‘meánriosca’ nó ‘ísealriosca’. Bunaithe ar an gcatagóirí sin, is féidir bearta maolaithe riosca breise a fhorchur ar na soláthraithe a aicmítear sna catagóirí meánriosca agus ardriosca;
- I gcás ina bhfuil rioscaí suntasacha fós ann tar éis dó na bearta maolaithe riosca breise a chur chun feidhme, féadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin féachaint ar eisiúint ordaithe braith a iarraidh mar rogha dheiridh i gcás seirbhísí a aicmítear mar sheirbhísí ardriosca;
- Is féidir le soláthraithe a chur in iúl go deonach d’Údarás Comhordúcháin na bunaíochta cé acu atá nó nach bhfuil amhras orthu go bhfuil a gcuid seirbhísí á n-úsáid le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhféadfadh sé go mbeadh gá le horduithe braith a eisiúint ina leith;

- Beidh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe áirithe rannchuidiú le breis forbartha a dhéanamh ar theicneolaíochtaí chun ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireachta a bhrath;
 - Beidh an tÚdarás Comhordúcháin in ann na soláthraithe ábhartha a údarú chun 'comhartha riosca laghdaithe' a thaispeáint.
- (c) Orduithe braith (Airteagail 7 go 11, 22a, Aithrisí 20-28):
- Tá cur i bhfeidhm orduithe braith teoranta d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí;
 - Tá raon feidhme na n-orduithe braith teoranta d'ábhar amhaire agus URLanna, agus ní chuirtear ábhar téacs ná ábhar fuaime san áireamh;
 - Is féidir ábhar a bhrath i seirbhísí cumarsáide idirphearsanta trí úsáid a bhaint as criptiú inn go hinn sula dtarchuirtear ábhar a dteastaíonn toiliú na n-úsáideoirí ina leith;
 - Ní mór na teicneolaíochtaí a úsáidtear le haghaidh an bhraith a ghrinnfhiosrú i ndáil lena n-éifeachtacht, a dtionchar ar chearta bunúsacha agus na rioscaí don chibearshlándáil agus ní mór iad a fhorghnóthú trí ghníomh cur chun feidhme, agus beidh feidhm ag coimircí sonracha maidir le teicneolaíochtaí braith i seirbhísí ina n-úsáidtear criptiú inn go hinn;
 - Cuirtear isteach ceanglais ar údarais riaracháin neamhspleácha a eisiúint orduithe braith, agus féadfaidh Údarais Chomhordúcháin na bunaíochta orduithe braith a eisiúint faoi réir údarú roimh ré ó údarás breithiúnach nó ó údarás riaracháin neamhspleách;
 - Beidh an tÚdarás Comhordúcháin in ann a iarraidh ar Lárionad an Aontais tástálacha a dhéanamh ar an tseirbhís atá i gceist chun fianaise agus tásca oibiachtúla a bhailiú maidir le riosca suntasach mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne;
 - Ní fheidhmeofar brath i gcás cuntais a úsáideann an Stát chun críoch slándála náisiúnta, chun an t-ord poiblí a choinneáil nó chun críoch míleata;
 - Cuirtear oibleagáid ar na soláthraithe ábhartha logaí sonraí a bhaineann le horduithe braith a choinneáil.

- (d) Orduithe baint anuas, blocála agus díliostúcháin (Airteagail 2(x), 14 go 18c, Aithrisí 30-33b)
- Tugtar isteach an t-ordú díliostúcháin mar bheart nua agus cuirtear innill chuardaigh ar líne le liosta sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise;
 - Bunaíodh nós imeachta maidir le horduithe baint anuas agus díliostúcháin trasteorann, den chuid is mó de réir mar atá i Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne.
- (e) Údaráis na mBallstát (Airteagail 2(ta), 25-26, 38a, Aithrisí 45-46b)
- Tugtar isteach an coincheap ‘údarás inniúil na bunaíochta’;
 - Beidh na Ballstáit in ann níos mó ná údarás inniúil amháin a ainmniú;
 - Soláthraítear bunús dlí le haghaidh cúnamh frithpháirteach idir údaráis inniúla na mBallstát.
- (f) Lárionad an Aontais chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac (Airteagail 40-82, Aithrisí 58-74a):
- Cuirtear le cúraimí Lárionad an Aontais chun níos mó cúnamh a thabhairt sa phróiseas measúnaithe agus maolaithe riosca, chun tástálacha ionsamhlúcháin a dhéanamh i ndáil leis an bhféidearthacht orduithe braith a eisiúint, chun tacú le teicneolaíochtaí braith a ghrinnfhiosrú, agus chun forbairt teicneolaíochtaí a fhorbairt nó a éascú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí chun ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireachta a bhrath;
 - Déantar soiléiriú ar an gcomhar idir Lárionad an Aontais agus Europol;
 - Tugtar isteach an fhéidearthacht don Lárionad an Aontais comhar a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;
 - Tugtar cúraimí an Bhoird Feidhmiúcháin, nár cheart a bhunú, do Bhord Bainistíochta Lárionad an Aontais;
 - Tugtar isteach rialacha maidir le comhaltaí den Choiste Teicneolaíochta a ainmniú agus a cheapadh agus maidir le Bord Íospartach a bhunú, agus tabharfaidh an Coiste agus an Bord sin araon comhairle do Lárionad an Aontais;

- Cuireadh le cúraimí an Choiste Teicneolaíochta chun cur le hobair Lárionad an Aontais a mhéid a bhaineann le grinnfhiosrúchán agus forbairt bhreise a dhéanamh ar theicneolaíochtaí braith;
- Tá na forálacha buiséadacha ag teacht leis an gCreat-Rialachán Airgeadais, go háirithe chun an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair, an gá atá le moltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cuntais chríochnaitheacha agus an ranníocaíocht dheonach airgeadais ó na Ballstáit agus ó thríú tíortha a chur san áireamh.

(g) Clásal meastóireachta agus athbhreithniúcháin (Airteagal 85, Aithrisí 75-77a)

- Tugtar isteach sonraíochtaí maidir leis an meastóireacht atá le déanamh ag an gCoimisiún 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo den chéad uair.
- Cuirtear clásal athbhreithniúcháin isteach lena gcuirtear oibleagáid ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh laistigh de 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar infhaighteacht teicneolaíochtaí ábhartha chun féachaint ar ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireachta a áireamh i raon feidhme na n-orduithe braith amach anseo.

(h) Leasú ar an ‘Rialachán Sealadach’³ (Airteagal 88, Aithris 78)

- Is féidir leis an maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE leanúint d’fheidhm a bheith aige i gcás ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí go ceann idirthréimhse 5 bliana ionas go mbeidh dóthain ama ann chun orduithe braith le haghaidh ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a eisiúint.

³ Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024.

- Is féidir leis an maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE leanúint d'fheidhm a bheith aige i gcás ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireachta trí shíneadh 10 mbliana a chur le Rialachán 2021/1232 atá teoranta d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nua agus mealltóireachta, chun dóthain ama a thabhairt chun breis forbartha a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí sin, agus an t-athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an Rialachán chun brath ábhair nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireachta a ionchorprú i raon feidhme na n-orduithe braite.
- (i) Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm (Airteagal 89, Aithris 78a)
 - Foráiltear sa téacs ón Uachtaránacht go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo 24 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm, ag na forálacha a bhaineann le horduithe braith tar éis 48 mí, agus go mbeidh feidhm láithreach ag na leasuithe ar an Rialachán Sealadach.
- (j) Athruithe eile ar leag an Uachtaránacht béim orthu:
 - Tugtar isteach in Airteagal (6)(1)(c) agus Aithris 16a coimircí maidir leis na bearta fíoraithe aoise agus measúnaithe aoise a chuireann soláthraithe ábhartha i bhfeidhm ;
 - Tugtar isteach in Airteagail 34-34a féidearthacht trína mbeadh comhlacht in ann ionadaíocht a dhéanamh ar úsáideoirí i nósanna imeachta gearáin.

III. CONCLUÍD

11. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) teacht ar chomhaontú maidir le téacs an chur chuige ghinearálta, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é⁴, agus
- (b) a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ghinearálta páirteach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, chun go mbeidh an Uachtaránacht in ann dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

12. Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ghinearálta páirteach, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

⁴ Cuirtear athruithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún, in iúl é le **cló trom** agus le [...].

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag féachaint don tuairim ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá seirbhísí na sochaí faisnéise tar éis éirí an-tábhachtach chun cumarsáid, nochtadh tuairimí, bailiú faisnéise agus go leor gnéithe eile den saol sa lá atá inniu ann a dhéanamh, lena n-áirítear ní hamháin do leanaí ach do dhéantóirí cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí chomh maith. Is cionta coiriúla thar a bheith tromchúiseacha iad na cionta sin, atá faoi réir íosrialacha a leagtar síos ar leibhéal an Aontais, agus ní mór iad a chosc agus a chomhrac go héifeachtach chun cearta agus dea-bhail leanaí a chosaint, mar a éilítear faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('Cairt') agus chun an tsochaí i gcoitinne a chosaint. Ba cheart úsáideoirí na seirbhísí sin a chuirtear ar fáil san Aontas a bheith in ann muinín a bheith acu go bhféadtar na seirbhísí i gceist a úsáid go sábháilte, go háirithe leanaí.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ IO C , , lch. .

- (2) I bhfianaise a thábhachtaí atá seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ní féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ach trína áirithiú, maidir le soláthraithe a chuireann na seirbhísí sin ar fáil san Aontas, go ngníomhaíonn siad go freagrach agus go ndéanann siad bearta réasúnacha chun an riosca a laghdú go mbainfi mí-úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí, óir is minic gurb iad na soláthraithe sin amháin a bhíonn in ann an mhí-úsáid sin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart na bearta a dhéantar a bheith spriocdhírithe, cothromaithe go cúramach agus comhréireach, chun aon iarmhairt dhiúltach mhíchui ar na daoine a úsáideann na seirbhísí chun críoch dlíthiúil a sheachaint, go háirithe chun a gcearta bunúsacha atá cosanta faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú, is é sin, na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt agus a aithnítear mar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais, agus chun aon ualach iomarcach ar sholáthraithe na seirbhísí a sheachaint.
- (3) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí cheanglais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise. I bhfianaise chineál trasteorann intreach an idirlín agus an tsoláthair seirbhísí lena mbaineann, tá éifeacht dhiúltach dhíreach ag na dlíthe náisiúnta sin, atá éagsúil óna chéile, ar an margadh inmheánach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, chun deireadh a chur leis na constaicí roimh sholáthar na seirbhísí a eascraíonn as na dlíthe sin agus chun cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ba cheart na riachtanais chomhchuibhithe a bhfuil gá leo a leagan síos ar leibhéal an Aontais.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh trí rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a leagan amach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach agus a urramaíonn cearta bunúsacha gach duine lena mbaineann. Ó tharla go mbíonn na seirbhísí lena mbaineann ag athrú go tapa, chomh maith leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a sholáthar, ba cheart na rialacha sin a leagan síos ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus a sheasfaidh an aimsir, ionas nach gcuirfear isteach ar an nuálaíocht.
- (5) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart soláthraithe seirbhísí a chumhdach leis a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun críoch na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne. Ó tharla méadú a bheith ag teacht de réir a chéile ar an mí-úsáid a bhaintear astu chun na críche sin, ba cheart seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí a áireamh leis na seirbhísí sin, mar shampla seirbhísí curtha teachtaireachtaí agus seirbhísí r-phoist gréasán-bhunaithe, a mhéid [...] **atá** na seirbhísí sin ar fáil go poiblí. Ó tharla go mbaineann an baol céanna mí-úsáide le seirbhísí lena gcumasaítear idirmhalartú faisnéise idirphearsanta agus idirghníomhach nach bhfuil iontu ach mionghné choimhdeach atá nasctha go bunúsach le seirbhís eile, mar shampla comhrá agus feidhmeanna comhchosúla eile mar chuid de chluichíocht, comhroinnt íomhánna agus óstáil físeán, ba cheart na seirbhísí sin a chumhdach leis an Rialachán seo freisin. I bhfianaise na ndifríochtaí bunúsacha, áfach, idir seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus na rioscaí éagsúla gaolmhara go n-úsáidfi na seirbhísí sin chun críocha na mí-úsáide gnéasaí leanaí, agus cumas éagsúil na soláthraithe lena mbaineann chun an mhí-úsáid sin a chosc agus a chomhrac, ba cheart na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí sin a idirdhealú ar bhealach iomchuí.

- (6) Is minic a bhíonn mí-úsáid sheirbhísí na sochaí faisnéise a chuirtear ar fáil san Aontas ag soláthraithe atá bunaithe i dtírú tíortha i gceist le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Chun éifeachtacht na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú agus cothroime iomaíochta a bheith ann laistigh den mhargadh inmheánach, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir leis na soláthraithe seirbhísí ar fad a sholáthraíonn seirbhísí san Aontas, gan beann ar áit a mbunaithe nó a gcónaithe, arna fhianú le nasc substaintiúil leis an Aontas.
- (7) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do na rialacha a eascraíonn as gníomhartha eile an Aontais, go háirithe Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, agus Rialachán (AE) **2022/2065** [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ [...], Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.

-
- ⁴ Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).
- ⁵ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ('An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).
- ⁶ Rialachán (AE) **2022/2065** [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **an 19 Deireadh Fómhair 2022** maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (IO L **277**, **27.10.2022**, lch. 1).
- ⁷ Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le forálacha reachtaíochta, rialacháin nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).
- ⁸ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).
- ⁹ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí ('an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach'), (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

- (8) Ba cheart an Rialachán seo a mheas mar *lex specialis* i ndáil leis an gcreat is infheidhme go ginearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) **2022/2065** [...] lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le seirbhísí áirithe de chuid na sochaí faisnéise a sholáthar sa mhargadh inmheánach. Tá feidhm ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) **2022/2065** [...] i ndáil le saincheisteanna nach dtugtar aghaidh orthu nó nach dtugtar aghaidh orthu go hiomlán leis an Rialachán seo.
- (9) Le hAirteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ceadaítear do Bhallstáit bearta reachtacha a ghlacadh chun srian a chur le raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí dá ndéantar foráil i bhforálacha sonracha den Treoir sin a bhaineann le rúndacht cumarsáide i gcás inarb ionann an srian sin agus beart riachtanach iomchuí comhréireach laistigh de shochaí dhaonlathach, *inter alia*, chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, lena n-áirítear an Chairt. Trí cheanglais na forála sin a chur i bhfeidhm de réir analaí, ba cheart, leis an Rialachán seo, go gcuirfí srian le feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí dá ndéantar foráil in Airteagail 5(1) agus (3) agus 6(1) de Threoir 2002/58/CE a mhéid is fíorgha chun na horduithe braith arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur i gcrích d'fhonn mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac.
- (10) De ghrá na soiléireachta agus na comhsheasmhachta, ba cheart na sainmhínithe dá ndéantar foráil sa Rialachán seo, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, a bhunú ar na sainmhínithe ábhartha i ngníomhartha eile de dhlí an Aontais agus ba cheart iad a ailíniú leo, mar shampla Rialachán (AE) **2022/2065** [...].

- (11) Ba cheart féachaint ar nasc substaintiúil leis an Aontas mar rud ar ann dó i gcás ina bhfuil bunaíocht ag seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise san Aontas nó, ina éagmais sin, ar an mbonn go bhfuil líon suntasach úsáideoirí i mBallstát amháin nó níos mó, nó go bhfuil a cuid gníomhaíochtaí spriocdhírthe ar Bhallstát amháin nó níos mó. Ba cheart spriocdhíriú gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na gcúinsí ábhartha ar fad, lena n-áirítear tosca mar úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht chun táirgí nó seirbhísí a ordú, nó fearann náisiúnta barrleibhéil a úsáid. D'fhéadfaí spriocdhíriú gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó a dhíorthú ó infhaighteacht feidhmchlár bogearraí sa stóras feidhmchlár bogearraí náisiúnta ábhartha, ó fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin a sholáthar, nó ó chaidreamh custaiméirí a láimhseáil, mar shampla seirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin. Ba cheart nasc substaintiúil a thiomhniú freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a ghníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰. Rochtain a bheith ar shuíomh gréasáin ón Aontas go teicniúil, níor cheart a mheas gur rud é sin ann féin a bhunaíonn nasc substaintiúil leis an Aontas.
- (12) Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus neodrachta teicneolaíche, chun críoch an Rialacháin seo, ba cheart an téarma 'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí' a shainmhíniú mar thagairt a dhéanamh d'aon chineál ábhair atá ina phornagrafaíocht leanaí nó ina thaibhiú pornagrafaíochta leanaí de réir bhrí Threoir 2011/93/AE, ábhar is féidir a scaipeadh trí sheirbhísí óstála nó seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a úsáid. Faoi láthair, is íomhánna nó físeáin a bhíonn san ábhar sin de ghnáth, ach ní féidir a chur as an áireamh, áfach, gur ann dó i bhfoirmeacha eile, go háirithe i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta a bheidh ann amach anseo.
- (12a) I bhfianaise an riosca níos teoranta a bhaineann lena n-úsáid le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí agus an ghá le faisnéis rúnda a chaomhnú, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, faisnéis a chumhdaítear le rúndacht ghairmiúil agus rúin trádála, ba cheart seirbhísí cumarsáide leictreonaí nach bhfuil fáil phoiblí orthu, mar shampla iad siúd a úsáidtear chun críoch slándála náisiúnta, a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí cumarsáide idirphearsanta nach bhfuil fáil ag an bpobal i gcoitinne orthu agus a bhfuil, ina ionad sin, a n-úsáid teoranta do dhaoine a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí cuideachta, eagraíochta, comhlachta nó údaráis ar leith.**

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

- (13) Ba cheart a chumhdach leis an téarma ‘mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne’, ní hamháin scaipeadh ábhar a braitheadh roimhe agus a deimhníodh gur ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí (ábhar ‘aitheanta’) é a chumhdach, ach ábhar nár braitheadh roimhe agus ar dócha gur ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí é ach nár deimhníodh fós gurb amhlaidh atá (ábhar ‘nua’) freisin, chomh maith le gníomhaíochtaí atá ina sirtheoireacht leanaí (‘mealltóireacht’). Tá gá leis sin chun aghaidh a thabhairt, ní hamháin ar mhí-úsáid a tharla san am atá caite, ar athíospairt agus ar shárú chearta na n-íospartach a bhaineann leis, mar shampla an ceart chun príobháideachais agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ach chun aghaidh a thabhairt freisin ar mhí-úsáid a tharla le déanaí, atá ar siúl i láthair na huaire sin nó atá ar tí tarlú, chun í chosc a mhéid is féidir, chun leanaí a chosaint go héifeachtach agus chun méadú a chur ar an dóchúlacht go dtarrthálfar íospartaigh agus go stopfar déantóirí.
- (14) D’fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as a seirbhísí chun ábhar aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó le haghaidh sirtheoireacht leanaí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí measúnú a dhéanamh ar an riosca sin maidir le gach ceann de na seirbhísí a chuireann siad ar fáil san Aontas. Mar threoir dá measúnú riosca, ba cheart liosta de na nithe atá le cur san áireamh a sholáthar. Le go mbeifí in ann breithniú iomlán a dhéanamh ar shaintréithe sonracha na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, ba cheart cead a thabhairt do sholáthraithe nithe breise a chur san áireamh i gcás inarb ábhartha. Ó tharla go dtagann éabhlóid ar rioscaí le himeacht ama, mar thoradh ar fhorbairtí mar shampla na forbairtí a bhaineann leis an teicneolaíocht agus na bealaí a gcuirtear ar fáil agus a n-úsáidtear na seirbhísí i gceist, is iomchuí a áirithiú go dtugtar an measúnú riosca cothrom le dáta go rialta agus nuair is gá ar chúiseanna áirithe.
- (15) D’fhéadfadh roinnt de sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise sin a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bheith faoi réir oibleagáid measúnú riosca a dhéanamh faoi Rialachán (AE) **2022/2065** [...] i ndáil leis an bhfaisnéis a stóráilann agus a scaipeann siad ar an bpobal. Chun críocha an Rialacháin reatha, féadfaidh na soláthraithe sin tarraingt ar an measúnú riosca sin agus é a chomhlánú le measúnú níos sonraí ar na rioscaí a bhaineann lena seirbhísí a úsáid chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, mar a éilítear leis an Rialachán seo.

- (16) Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, bearta réasúnacha a dhéanamh chun an riosca go mbainfí úsáid as a seirbhísí chun na críche sin a mhaolú, mar a shainaithnítear leis an measúnú riosca. Soláthraithe atá faoi réir oibleagáid bearta maolaithe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) **2022/2065** [...], féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a fhéadfaidh bearta maolaithe a ghlactar chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta spriocdhírithe chun cearta an linbh a chosaint, mar shampla fíorú aoise agus uirlisí rialaithe tuismitheora, feidhmiú freisin le haghaidh a thabhairt ar an riosca a shainaithnítear sa mheasúnú riosca sonracha de bhun an Rialacháin seo, agus féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar a mhéid a bheadh beart maolaithe spriocdhírithe breise de dhíth chun an Rialachán seo a chomhlíonadh.
- (16a) **Ba cheart do bhearta fíoraithe aoise agus measúnaithe aoise a dhéantar faoin Rialachán seo príobháideacht a chaomhnú, agus na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta á n-urramú, go háirithe prionsabail na dlíthiúlachta, an teorannaithe de réir cuspóra agus an íoslaghdaíthe sonraí, lena n-áirítear trína bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart do na bearta sin a bheith comhréireach, trédhearcach, éifeachtach agus cruinn, agus tús áite á thabhairt acu do leas an linbh, lena n-áirítear cosaint a sonraí pearsanta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an oibleagáid atá ann, trí dhearadh agus mar réamhshocrú, sonraí pearsanta leanaí a chosaint agus timpeallacht shábháilte ar líne a chruthú dóibh. Ba cheart do na bearta fíoraithe aoise agus measúnaithe aoise a bheith neamh-idirdhealaitheach agus inrochtana freisin.**
- (17) Chun go mbeidh nuálaíocht ann agus chun comhréireacht agus neodracht theicneolaíoch a áirithiú, níor cheart aon liosta cuimsitheach de na bearta maolaithe éigeantacha a bhunú. Ina áit sin, ba cheart méid áirithe solúbthachta a thabhairt do sholáthraithe chun bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, bearta a bheadh saincheaptha don riosca a shainaithnítear agus do shaintréithe na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus do na bealaí a úsáidtear na seirbhísí sin. Go háirithe, tá saoirse ag soláthraithe bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, bunaithe ar a gcleachtais reatha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ina seirbhísí agus chun a léiriú mar chuid den tuairisciú riosca a dtoilteanas agus a n-ullmhacht maidir le hordú braith a bheith eisithe orthu ar deireadh thiar faoin Rialachán seo, i gcás ina measann an t-údarás inniúil náisiúnta gur gá sin.

- (18) Chun a áirithiú go mbaintear amach cuspóirí an Rialacháin seo, ba cheart don tsolúbthacht sin a bheith faoi réir an ghá dlí an Aontais a chomhlíonadh agus, go háirithe, ceanglais an Rialacháin seo maidir le bearta maolaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, le linn dóibh na bearta maolaithe a dhearadh agus a chur chun feidhme, tábhacht a thabhairt ní hamháin dá n-éifeachtacht a áirithiú, ach d'iarmhairtí diúltacha míchuí do pháirtithe eile dá ndéantar difear a sheachaint, go háirithe maidir le cearta bunúsacha úsáideoirí a fheidhmiú. Chun comhréireacht a áirithiú, le linn cinneadh a dhéanamh faoi na bearta maolaithe is ceart a dhéanamh go réasúnach i gcás faoi leith, ba cheart cumais airgeadais agus teicneolaíochta chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh. Le linn dóibh bearta maolaithe iomchuí a roghnú, ba cheart do sholáthraithe breithniú cuí a dhéanamh ar na bearta féideartha a liostaítear sa Rialachán seo ar a laghad, chomh maith le, i gcás inarb iomchuí, bearta eile mar shampla na bearta a bhunaítear ar dhea-chleachtais tionscail, lena n-áirítear na bearta a bhunaítear trí chomhar féinrialála, agus na bearta atá i dtreoirilínte ón gCoimisiún. I gcás nár braitheadh aon riosca i ndiaidh measúnú riosca a rinneadh go dícheallach nó measúnú riosca a tugadh cothrom le dáta, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe aon bhearta maolaithe a dhéanamh.
- (18a) **Ar mhaithe le maoirseacht agus comhlíonadh éifeachtach a áirithiú, agus i bhfianaise a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéantar gach beart maolaithe riosca is féidir i gcomhréir leis an Rialachán seo sula n-eisítear aon ordú braith, ba cheart cumhachtaí sonracha a bhronnadh ar na hÚdaráis Chomhordúcháin chun ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhísí óstála nó ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a measúnú riosca nó a mbearta maolaithe riosca a choigeartú chun comhlíonadh cheanglais ábhartha an Rialacháin seo a áirithiú. Leis na cumhachtaí sonracha sin, níor cheart difear a dhéanamh do chumhachtaí ginearálta imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin na nÚdarás Comhordúcháin faoin Rialachán seo. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí forchur an cheanglais sin maidir leis an measúnú riosca breise nó na bearta maolaithe breise a chomhcheangal, i gcás inarb iomchuí, le bearta imscrúdaithe nó forfheidhmithe eile, ar nós íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur chun comhlíonadh an cheanglais sin a áirithiú nó fineáil a fhorchur mura gcomhlíonfaí an Rialachán seo.**

- (18b) D'fhonn bearta maolaithe riosca agus orduithe braith a dhéanamh níos spriocdhírithe, ba cheart na seirbhísí nó codanna nó comhpháirteanna díobh a chatagóiriú de réir a rioscaí bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar mhodheolaíocht a bhunaítear sa Rialachán seo a fhéadfar a thabhairt cothrom le dáta, más gá, i ngeall ar fhorbairtí teicneolaíochta, trí ghníomh tarmligthe ón gCoimisiún. I ndiaidh dóibh an measúnú riosca a chur i gcrích agus na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, ba cheart do na soláthraithe tuarascálacha a chur chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ina mbeidh féinmheasúnú lena n-éascaítear catagóiriú seirbhísí arna dhéanamh ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta. Bheadh sé mar chuspóir ag an gcatagóiriú riosca, arna chinneadh ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, agus an measúnú riosca agus na bearta maolaithe riosca a rinne na soláthraithe cheana féin agus an féinmheasúnú a rinne na soláthraithe á gcur san áireamh, leibhéal riosca na seirbhísí nó codanna agus comhpháirteanna díobh a chinneadh. D'fhéadfadh Lárionad an Aontais um Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí arna bhunú leis an Rialachán seo ('Láraonaid an Aontais') tacú le hÚdarás Comhordúcháin na bunaíochta trí mheasúnú a sholáthar ar éifeachtacht na mbeart maolaithe, saineolas teicniúil ar na teicneolaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm mar chuid de na bearta maolaithe nó trí na seirbhísí a thástáil. Bunaithe ar an gcinneadh catagóirithe sin, is féidir le hÚdarás Comhordúcháin na bunaíochta bearta maolaithe riosca breise a fhorchur ar na soláthraithe a aicmítear sna catagóirí meánriosca agus ardriosca. I gcás ina bhfuil rioscaí suntasacha fós ann tar éis dó na bearta maolaithe riosca breise a chur i bhfeidhm, féadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin féachaint ar iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil nó ar údarás riaracháin neamhspleách ordú braith a eisiúint mar rogha dheiridh chuig seirbhísí nó codanna nó comhpháirteanna díobh a aicmítear mar sheirbhísí ardriosca. Féadfaidh soláthraithe a chur in iúl go deonach d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta go bhfuil amhras ann go bhfuil a gcuid seirbhísí á n-úsáid le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhféadfadh sé go mbeadh gá le horduithe braith a eisiúint ina leith.

- (18c) Chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart an deis a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a n-úsáideoirí a chur ar an eolas ar bhealach so-aitheanta agus údaraithe go hoifigiúil a mhéid a bhaineann le codanna ábhartha den Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh acu. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a údarú, arna iarraidh sin dóibh, comhartha riosca laghdaithe a thaispeáint nuair a mheasann an tÚdarás Comhordúcháin go bhfuil an measúnú riosca déanta acu agus go bhfuil gach beart maolaithe riosca réasúnta déanta acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus nach gá tús a chur leis an bpróiseas chun ordú braith a eisiúint. Ba cheart do na soláthraithe sin a chur in iúl go soiléir d'úsáideoirí nach féidir talamh slán a dhéanamh de, fiú leis an gcomhartha riosca laghdaithe, gur cuireadh deireadh go hiomlán leis an riosca mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne. D'fhéadfadh na hÚdaráis Chomhordúcháin ceangal a chur ar na soláthraithe sin measúnuithe riosca a dhéanamh níos minice nó bearta eile a dhéanamh, lena n-áirítear faisnéis bhreise a sholáthar, i gcás inar gá sin, chun bheith in ann a fhíorú go bhfuil na coinníollacha maidir leis an údarú chun an comhartha riosca laghdaithe a thaispeáint fós á gcomhlíonadh. I gcás ar bith, ba cheart don Údarás Comhordúcháin a d'eisigh an t-údarú do sholáthraí seirbhíse an comhartha riosca laghdaithe sin a thaispeáint a athmheasúnú gach 6 mhí ar a laghad féachaint an bhfuil na coinníollacha don údarú sin fós á gcomhlíonadh.
- (19) I bhfianaise a róil mar idirghabhálaithe a éascaíonn rochtain ar fheidhmchláir bogearraí a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, ba cheart soláthraithe stórais feidhmchlár bogearraí a chur faoi réir oibleagáidí chun bearta réasúnacha áirithe a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an riosca sin agus chun é a mhaolú. Ba cheart do na soláthraithe an measúnú sin a dhéanamh ar bhealach dícheallach, agus ba cheart dóibh iarrachtaí a dhéanamh atá réasúnach sna himthosca ar leith, ag féachaint, *inter alia*, do chineál agus do mhéid an riosca sin, chomh maith lena gcumais airgeadais agus theicneolaíocha agus lena méid, agus ba cheart dóibh dul i gcomhar le soláthraithe na seirbhísí arna gcur ar fáil trí bhíthin an fheidhmchláir bogearraí i gcás inar féidir.
- (20) D'fhonn mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, [...] **i gcás** ina [...] **measfar** nach leor bearta maolaithe chun srian a chur leis an riosca go mbainfí mí-úsáid as seirbhís áirithe chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí, ba cheart an chumhacht a thabhairt do na hÚdaráis Chomhordúcháin a ainmníonn na Ballstáit faoin Rialachán seo a iarraidh go n-eiseofaí orduithe braith. Chun aon chur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart an chumhacht sin a bheith faoi réir ag tacar cothromaithe teorainneacha agus coimircí. Mar shampla, á chur san áireamh go scaiptear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí trí sheirbhísí óstála agus trí sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, de ghnáth, agus go ndéantar sirtheoireacht leanaí i seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, den chuid is mó, níor cheart a bheith in ann orduithe braith a sheoladh ach amháin chuig soláthraithe na seirbhísí sin.

- (21) Thairis sin, mar chuid de na teorainneacha agus coimircí sin, níor cheart orduithe braith a eisiúint ach amháin i ndiaidh measúnú dícheallach agus oibiachtúil a raibh mar thoradh air gur thángthas ar riosca suntasach go mbainfí mí-úsáid as an tseirbhís shonrach lena mbaineann chun críche cineáil áirithe mí-úsáide gnéasaí leanaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ceann de na gnéithe le cur san áireamh i ndáil leis sin is ea an dóchúlacht go mbaintear úsáid ar fiú trácht uirthi as an tseirbhís, chun críocha na mí-úsáide sin, is é sin, gur mó atá i gceist ná cásanna aonuaire nó neamhchoitianta. Ba cheart critéir éagsúla a úsáid chun saintréithe difriúla na gcineálacha éagsúla mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a dhéantar a chur san áireamh, agus chun saintréithe difriúla na seirbhísí a úsáidtear chun mí-úsáid den sórt sin a dhéanamh a chur san áireamh, chomh maith le céimeanna difriúla cunórachta na mbeart atá le déanamh chun an t-ordú braith a fhorghníomhú.
- (22) Mar sin féin, níor cheart gur leor a chinneadh gur ann do riosca suntasach mar sin chun údar a bheith le hordú braith a eisiúint, ó tharla go bhféadfadh sé tarlú, i gcás mar sin, go mbeadh iarmhairtí diúltacha díreireacha ann i dtaca le cearta agus leasanna dlisteanacha páirtithe eile a ndéanadh an t-ordú difear dóibh, go háirithe maidir le feidhmiú ceart bunúsach úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú nach féidir orduithe braith a eisiúint ach amháin i ndiaidh do na hÚdaráis Chomhordúcháin agus don údarás breithiúnach inniúil nó don údarás riaracháin neamhspleách measúnú oibiachtúil agus dícheallach, maille le sainathint agus ualú, a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ní hamháin maidir le dóchúlacht agus tromchúis na n-iarmhairtí féideartha a leanfadh as mí-úsáid na seirbhíse don chineál mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne atá i gceist, ach chomh maith leis sin maidir le dóchúlacht agus tromchúis aon iarmhairtí diúltacha féideartha do pháirtithe eile a ndéanadh orduithe braith difear dóibh. D'fhonn forchur ualaí iomarcacha a sheachaint, ba cheart don mheasúnú cumais airgeadais agus teicneolaíocha chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh.
- (22a) **D'fhonn a shuí go bhfuil tásca oibiachtúla ann maidir le riosca suntasach a bheith ann a bhféadfadh sé go mbeadh gá le hordú braith a eisiúint ina leith, ba cheart d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta faisnéis a sholáthar don údarás breithiúnach inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách gur úsáideadh an tseirbhís nó codanna nó comhpháirteanna den tseirbhís le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus nár leor na bearta maolaithe riosca chun an riosca suntasach sin a mhaolú.**

- (23) Ina theannta sin, chun cur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, i gcás ina suitear gur comhlíonadh na riachtanais sin agus go bhfuil ordú braith le heisiúint, ba cheart a áirithiú i gcónaí go spriocdhírítear agus go sonraítear an t-ordú braith lena áirithiú nach rachaidh aon iarmhairt dhiúltach den sórt sin do pháirtithe a ndéanann an t-ordú difear dóibh thar an méid a bhfuil fíorghá leis chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca suntasach a sainaithníodh. Ba cheart é sin a bheith bainteach, go háirithe, le srian le cuid inaitheanta nó le comhpháirt den tseirbhís i gcás inar féidir, gan dochar d'éifeachtacht an bhirt, mar shampla cineálacha sonracha cainéal de sheirbhís cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, nó le húsáideoirí sonracha nó grúpaí sonracha **nó cineálacha** úsáideoirí, a mhéid a d'fhéadfaí caitheamh leo ina n-aonar chun críche braith, chomh maith le sonrú na gcoimircí atá sa bhreis ar na coimircí a sonraíodh go sainráite sa Rialachán seo cheana féin, mar shampla iniúcháireacht neamhspleách, faisnéis bhreise nó rochtain ar shonraí a sholáthar, formhaoirseacht agus athbhreithniú daonna atreisithe, agus srian breise le fad chur i bhfeidhm an ordaithe braith a mheasann an tÚdarás Comhordúcháin gá a bheith leis. Chun torthaí míréasúnacha nó díréireacha a sheachaint, ba cheart na riachtanais sin a leagan amach i ndiaidh measúnú oibiachtúil agus dícheallach a dhéanamh ar bhonn cás ar chás.
- (23a) **Chun cur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint a thuilleadh agus chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart d'orduithe braith a bheith teoranta do scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath agus níor cheart ach ábhar amhairc a chumhdach leo, ar cheart é a thuiscint mar íomhánna agus mar chomhpháirteanna amhairc d'fhíseán, lena n-áirítear cairteacha, grafaicí faisnéise, lógónna, beochaintí, íocónagrafaíocht, GIFEanna, greamáin nó comhpháirteanna amhairc an bheoshruthaithe, agus URLanna, agus ba cheart brath cumarsáide fuaime agus téacs a eisiúint ag an am céanna. In ainneoin go bhfuil an brath teoranta d'íomhánna agus do chomhpháirteanna amhairc na bhfíseán, d'fhéadfaí sirtheoireacht ar leanaí a shainaithint go pointe áirithe fós trí ábhar amhairc a mhalartaítear a bhrath.**
- (23b) **Chun a áirithiú go gcuirfear úsáideoirí ar an eolas go hiomchuí agus gur féidir le húsáideoirí a ndéanfaí difear dóibh a gceart chun sásaimh a fheidhmiú, ba cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí óstála nó seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a fuair ordú braith arna eisiúint faoin Rialachán seo faisnéis shonrach áirithe a sholáthar i dtaca leis na bearta arna ndéanamh de bhun na n-orduithe sin. Níor cheart bac a chur, leis an gceanglas sin, ar na soláthraithe seirbhíse sin faisnéis bhreise a sholáthar ar bhonn deonach. Mar sin féin, níor cheart éifeachtacht na mbeart atá i gceist a laghdú leis an soláthar sin faisnéise, bíodh sé éigeantach nó deonach. Ina theannta sin, ba cheart an ceanglas sin a bheith gan dochar d'aon oibleagáidí eile maidir le faisnéis a chur ar fáil de bhun gníomhartha eile de dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679.**

- (24) An t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách, de réir mar is infheidhme i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe nós imeachta arna leagan amach ag an mBallstát ábhartha, ba cheart dó a bheith in ann cinneadh feasach a dhéanamh maidir le hiarrataí ar orduithe braith a eisiúint **nó ar Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a údarú chun orduithe braith a eisiúint.** Tá sin tábhachtach go háirithe chun an chothromaíocht chóir is gá idir na cearta bunúsacha i gceist agus cur chuige comhsheasmhach a áirithiú[...]. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh do nós imeachta a cheadódh do na soláthraithe lena mbaineann, do Lárionad an Aontais [...] agus, i gcás ina ndéantar foráil dó sa Rialachán seo, don údarás inniúil cosanta sonraí a ainmnítear faoi Rialachán (AE) 2016/679 chun a dtuairimí a thabhairt ar na bearta i gceist. **I ndáil leis sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí, i gcás inarb iomchuí, comhoibriú le húdaráis náisiúnta inniúla eile, go háirithe na húdaráis sin dá dtagraítear in Airteagal 15a(3) de Threoir 2002/58/CE agus in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2018/1972.** Ba cheart dóibh é sin a dhéanamh a luaithis is féidir, ag féachaint don chuspóir tábhachtach um beartas poiblí atá i gceist agus don ghá le gníomhú gan moill mhíchúil chun leanaí a chosaint. Go háirithe, ba cheart d'údaráis cosanta [...] sonraí a ndícheall a dhéanamh gan síneadh a chur leis an tréimhse ama a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 chun a dtuairimí a thabhairt mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinneadh roimhe. Thairis sin, ba cheart dóibh in ann a dtuairimí a thabhairt laistigh den tréimhse ama sin, de ghnáth, i gcásanna ina bhfuil treoirlínte eisithe cheana féin ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis na teicneolaíochtaí a shamhlaíonn soláthraí go n-úsáidfidh agus go bhfeidhmeoidh sé chun ordú braith a dhírítear chuige faoin Rialachán seo a fhorghníomhú.
- (25) Maidir le seirbhísí nua, is é sin, seirbhísí nár tairgeadh roimhe seo san Aontas, ní bhíonn aon fhianaise ar fáil de ghnáth cé acu a baineadh nó nár baineadh mí-úsáid as an tseirbhís sa 12 mhí roimhe sin. Agus é sin á chur san áireamh, agus chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart don Údarás Comhordúcháin a bheith in ann tarraingt ar fhianaise ó sheirbhísí inchomparáide nuair a bheidh measúnú á dhéanamh cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar go n-eiseofaí ordú braith i leith seirbhís nua mar sin. Ba cheart seirbhís a mheas mar sheirbhís inchomparáide i gcás ina soláthraíonn sí coibhéis fheidhmiúil na seirbhíse i gceist, ag féachaint do na fíorais agus imthosca ábhartha ar fad, go háirithe a príomh-shaintréithe agus feidhmiúlachtaí, an bealach a chuirtear ar fáil agus a úsáidtear í, an bonn úsáideoirí, na téarmaí agus coinníollacha agus na bearta maolaithe riosca is infheidhme, chomh maith leis an bpróifíl riosca fhoriomlán atá fanta.

- (26) Na bearta a dhéanann soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun orduithe braith a dhírítear chucu a fhorghníomhú, ba cheart iad a bheith teoranta go docht don mhéid a shonraítear sa Rialachán seo agus sna horduithe braith a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Chun éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, a fhágáil gur féidir réitigh shaincheaptha a bheith ann, fanacht neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus dul timpeall ar na hoibleagáidí braith a sheachaint, ba cheart na bearta sin a dhéanamh gan beann ar na teicneolaíochtaí a úsáideann na soláthraithe lena mbaineann i ndáil le soláthar a gcuid seirbhísí. Dá bhrí sin, is rud é an Rialachán seo lena bhfágtar faoin soláthraí lena mbaineann na teicneolaíochtaí atá le feidhmiú chun orduithe braith a chomhlíonadh go héifeachtach a roghnú, agus níor cheart é a thuiscint gur dreasú nó dídhreasú maidir le haon teicneolaíocht faoi leith a úsáid atá ann, ar choinníoll go gcomhlíonann na teicneolaíochtaí agus na bearta a ghabhann leo ceanglais an Rialacháin seo. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as teicneolaíocht criptiúcháin inn ar inn, ar uirlis thábhachtach í chun slándáil agus rúndacht chumarsáid na n-úsáideoirí a ráthú, lena n-áirítear cumarsáid leanaí. **Ag féachaint d'infhaighteacht teicneolaíochtaí is féidir a úsáid chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus lenar féidir criptiú inn ar inn a dhéanamh, níor cheart aon ní sa Rialachán seo a léirmhíniú mar ní a chuireann toirmeasc ar an gcriptiú sin, ná a éilíonn díchumasú air, ná a fhágann dodhéanta é. Ba cheart é a bheith de shaoirse ag soláthraithe i gcónaí seirbhísí a thairiscint trí chriptiú inn ar inn a úsáid agus níor cheart oibleagáid a bheith orthu leis an Rialachán seo sonraí a dhíchriptiú ná rochtain ar shonraí criptithe inn ar inn a chruthú.** Le linn dóibh an t-ordú braith a fhorghníomhú, ba cheart do sholáthraithe gach beart coimirce atá ar fáil a dhéanamh lena áirithiú nach bhféadfaidh siad féin ná a bhfostaithe, ná tríú páirtithe, na teicneolaíochtaí a úsáideann siad a úsáid chun críoch seachas chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus dá bharr sin gan an bonn a bhaint ó **chibearshlándáil** agus ó rúndacht chumarsáid na n-úsáideoirí, **agus brath éifeachtach mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus cothromaíocht na gceart bunúsach atá i gceist á n-áirithiú acu ag an am céanna.** Chun lagú suntasach ar an gcibearshlándáil a sheachaint, ba cheart do sholáthraithe na rioscaí cibearshlándála féideartha a eascraíonn as cur chun feidhme na dteicneolaíochtaí a úsáidtear chun an t-ordú braith a fhorghníomhú a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú agus na bearta maolaithe is gá a chur i bhfeidhm chun rioscaí mar sin a íoslaghdú.

- (26a) Cé gur bealach riachtanach é criptiú inn ar inn chun cearta bunúsacha agus slándáil dhigiteach na rialtas, na tionsclaíochta agus na sochaí a chosaint, ní mór don Aontas Eorpach a áirithiú go ndéanfar coireacht thromchúiseach ar nós mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac go héifeachtach. Dá bhrí sin, níor cheart oibleagáid a bheith ar sholáthraithe criptiú inn ar inn a thoirmeasc ná a dhéanamh dodhéanta. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach nach mbeidh seirbhísí a úsáideann criptiú inn ar inn ina limistéir shlána, go neamhbheartaithe, inar féidir ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a roinnt nó a scaipeadh gan iarmhairtí féideartha. Dá bhrí sin, ba cheart ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith fós inbhraite i ngach seirbhís cumarsáide idirphearsanta trí theicneolaíochtaí grinnfhiosraithe a chur i bhfeidhm, nuair a uaslódáiltear é, ar choinníoll go dtugann na húsáideoirí a dtoiliú sainráite i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha an tsoláthraí go gcuirfí teicneolaíocht shonrach i bhfeidhm maidir leis an mbrath sin sa tseirbhís faoi seach. Ba cheart úsáideoirí nach dtugann a dtoiliú fós a bheith in ann an chuid sin den tseirbhís a úsáid nach bhfuil seoladh ábhair amhaire agus URLanna i gceist léi. Áirithítear leis sin gur féidir leis an sásra braith rochtain a fháil ar na sonraí i bhfoirm nach bhfuil criptithe ar mhaithe le hanailís agus gníomhaíocht éifeachtach, gan an chosaint a sholáthraítear le criptiú inn ar inn a chur i mbaol a luaithe a tharchuirfear na sonraí. Chun lagú ar an gcósaínt a chuirtear ar fáil leis an gcriptiú a sheachaint, ba cheart do Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh braith i seirbhísí ina n-úsáidtear criptiú inn ar inn a dheimhniú, agus ba cheart na teicneolaíochtaí sin a thástáil agus tacaíocht á fáil óna gCoiste Teicneolaíochta sula rachaidh siad faoi réir nós imeachta um ghrinnfhiosrú dá bhforáiltear do na teicneolaíochtaí braith uile.
- (26b) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun na horduithe braith a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formheas a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí is féidir a úsáid chun na horduithe braith a fhorghníomhú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (27) Chun é a éascú do na soláthraithe na hoibleagáidí braith a chomhlíonadh, ba cheart do Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí braith a chur ar fáil do sholáthraithe a fhéadfaidh siad a úsáid, más mian leo, ar bhonn saor in aisce, chun na horduithe braith a dhírítear chucu a fhorghníomhú agus chun na críche sin amháin. Ba cheart dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí faoi na teicneolaíochtaí sin agus faoi na bealaí is fearr chun iad a úsáid chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacha is infheidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart don Lárionad an Aontais comhairle ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a chur san áireamh le linn dó liostaí de na teicneolaíochtaí atá ar fáil a chur le chéile agus ba cheart don Choimisiún an chomhairle ón mBord a chur san áireamh le linn dó treoirlinnte maidir le cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí braith a ullmhú. Féadfaidh na soláthraithe na teicneolaíochtaí a chuireann Lárionad an Aontais nó daoine eile ar fáil a fheidhmiú, nó teicneolaíochtaí a d'fhorbair siad féin, fad agus a chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo.

- (28) D'fhonn measúnú leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht na dteicneolaíochtaí braith agus chun a áirithiú go bhfuil siad iontaofa go leordhóthanach, chomh maith chun bréagdheimhneacha a shainaithint agus tuairisciú mícheart chuig Lárionad an Aontais a sheachaint **a mhéid is féidir**, ba cheart do na soláthraithe formhaoirseacht dhaonna a áirithiú agus, i gcás inar gá, idirghabháil dhaonna, a bheadh oiriúnaithe do na cineálacha teicneolaíochtaí braith agus don chineál mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne faoi chaibidil. Ba cheart a chur san áireamh san fhorfhaoirseacht sin measúnú tráthrialta ar rátaí na mbréagdhiúltach agus na mbréagdheimhneach a ghineann na teicneolaíochtaí, bunaithe ar anailís ar shamplaí de shonraí ionadaíocha anaithnidithe. [...]
- (29) Is fearr ar fad is féidir le soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí imí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a bhaineann lena seirbhísí a bhrath. An fhaisnéis a d'fhéadfaidís a fháil le linn dóibh a seirbhísí a chur ar fáil, is minic a bhíonn sí riachtanach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus chun iad a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, ba cheart a éileamh orthu mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar a seirbhísí a thuairisciú, aon am a fhaigheann siad amach fúithi, is é sin, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh gníomhaíocht áirithe a bheith ina mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha den sórt sin ann, níor cheart amhras faoi aois an íospartaigh fhéideartha cosc a chur ar na soláthraithe sin tuairiscí a chur isteach. Dé ghrá na héifeachtachta, ba cheart gur cuma cén bealach a bhfuair siad amach fúithi. D'fhéadfaí teacht ar an bhfeasacht sin, mar shampla, trí orduithe braith a fhorghníomhú, trí bhíthin faisnéis arna cur in iúl ag úsáideoirí nó eagraíochtaí a fheidhmíonn chun leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, nó trí bhíthin gníomhaíochtaí a dhéanann na soláthraithe as a stuaím féin. Ba cheart do na soláthraithe sin an t-íosmhéid faisnéise a thuairisciú, mar a shonraítear sa Rialachán seo, le go mbeidh údaráis um fhorfheidhmiú an dlí in ann measúnú a dhéanamh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh siad imscrúdú a thionscnamh, i gcás inarb ábhartha, agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na tuairiscí chomh hiomlán agus is féidir sula gcuirfidh siad isteach iad.
- (29a) **D'fhéadfadh meiteashonraí a bhfuil ceangal acu le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith úsáideach chun críoch imscrúdaithe agus chun amhrastach i gcion mí-úsáide gnéasaí leanaí a shainaithint. Chun críoch an Rialacháin seo, ba cheart an téarma 'meiteashonraí' a thuiscint mar shonraí nach sonraí inneachair iad a thagraíonn d'fhaisnéis faoi dhoiciméid, faoi chomhaid nó faoi chumarsáid. Féadfar a áireamh le 'meiteashonraí', ag brath ar an gcás, faisnéis faoin am, seoladh IP, áit, uimhir phoirt agus na gléasanna a úsáidtear le haghaidh chruthú nó mhalartú na ndoiciméad, na gcomhad nó na cumarsáide atá i gceist agus faoi aon mhodhnuithe a dhéantar orthu.**

- (29b) Ba cheart nós imeachta tuairiscithe brostaithe a bheith ann nuair a thugann an fhaisnéis arna tuairisciú ag an soláthraí údar réasúnach don chonclúid gur dócha go mbeidh garbhaol ann do bheatha nó do shábháilteacht linbh nó i gcás ina léiríonn an fhaisnéis go bhfuil an mhí-úsáid ar siúl i láthair na huaire sin. Leis an nós imeachta tuairiscithe brostaithe, ba cheart teorainn a bheith leis an bhfaisnéis i gceist nach n-úsáidfear léi ach na míreanna faisnéise is gá agus nach gcuirfear an chuid eile san áireamh sa nós imeachta tuairiscithe caighdeánach ach amháin má tá sí ar fáil láithreach. Ba cheart próiseáil bhrostaithe arna déanamh ag Lárionad an Aontais a bheith ina chuid den nós imeachta tuairiscithe brostaithe freisin. I dteannta na gcásanna a éilíonn tuairisciú brostaithe, ba cheart don soláthraí a léiriú sa tuarascáil cásanna eile ina n-éilítear gníomhaíocht phráinneach nach tuairisciú brostaithe í, ar nós cásanna ina bhfuil an soláthraí ar an eolas faoi imscrúdú atá ar siúl agus go bhfuil údar réasúnach lena chonclúid go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith tairbhiúil don imscrúdú sin.
- (30) Lena áirithiú go mbaintear anuas ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne chomh tapa agus is féidir i ndiaidh a bhraith, [...] ba cheart an chumhacht a bheith ag **údarás inniúil gach Ballstáit, nó i gcás inarb infheidhme, ag a údarás breithiúnach**, ordú baint anuas a eisiúint agus é dírithe chuig soláthraithe seirbhísí óstála. Ó tharla go bhféadfadh baint anuas nó díchumasú rochtana difear a dhéanamh do cheart na n-úsáideoirí a sholáthair an t-ábhar lena mbaineann, ba cheart do sholáthraithe na húsáideoirí sin a chur ar an eolas faoi na cúiseanna lena baineadh anuas é, lena chur ar a gcumas a gceart chun sásaimh a fheidhmiú, faoi réir na n-eisceachtaí is gá le nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
- (31) Níor cheart rialacha an Rialacháin seo a thuiscint mar rialacha a dhéanann difear do na ceanglais maidir le horduithe baint anuas **ná do na rialacha maidir le gan oibleagáidí ginearálta faireacháin nó aimsithe fíoras gníomhacha a bheith ann a leagtar amach i Rialachán (AE) .../... 2022/2065 [...].**
- (31a) Níor cheart rialacha an Rialacháin seo a thuiscint mar rialacha a dhéanann difear do na ceanglais náisiúnta ábhartha lena bhforáiltear, i gcomhréir le dlí an Aontais, do choimircí nós imeachta maidir le horduithe baint anuas, orduithe blocála nó orduithe díliostúcháin, mar shampla an rialú, arna dhéanamh ag údarás neamhspleách, ar chomhréireacht na n-orduithe leis na ceanglais ábhartha dlí lena mbaineann.

- (31b) Chun a cheadú do na Ballstáit an próiseas eisiúna maidir le horduithe baint anuas, blocála nó díliostúcháin a eagrú ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla faoi seach agus chun feabhas a chur ar rialú breithiúnach roimh ré i gcás ina meastar gurb iomchuí sin, ba cheart an deis a bheith acu ceangal a chur ar a n-údarás inniúil faoi seach iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit lena mbaineann cuid de na trí chineál orduithe sin a eisiúint nó iad ar fad a eisiúint faoin Rialachán seo. Níor cheart, áfach, baint a bheith ag an bhféidearthacht sin maolú a dhéanamh ach leis an gceist faoi cé acu údarás a eiseoidh na horduithe. Dá réir sin, nuair a bhaineann Ballstát leas as an bhféidearthacht sin, ba cheart don údarás inniúil lena mbaineann leanúint de bheith freagrach as measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ordú atá i gceist agus as ceanglais nós imeachta uile an Rialacháin seo a bhaineann lena ullmhú agus lena obair leantach a chomhlíonadh. Sa chás sin, cé gur faoin údarás breithiúnach inniúil atá sé fíorú breise a dhéanamh féachaint ar comhlíonadh coinníollacha an Rialacháin seo chun an t-ordú i dtrácht a eisiúint, níor cheart na coinníollacha sin féin a athrú agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Ar mhaithe le héifeachtacht, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith faoi réir an Bhallstáit lena mbaineann gach beart réasúnach a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh aon mhoill mhíchui mar thoradh ar na horduithe a bheith á n-eisiúint ag a n-údaráis bhreithiúnacha. Ina theannta sin, ar mhaithe le trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá maidir le húsáid na féidearthachta ar fáil go poiblí.
- (31c) Ar mhaithe le héifeachtacht, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a bheith in ann, i gcomhréir leis an Rialachán seo, orduithe baint anuas a eisiúint freisin i gcoinne soláthraithe seirbhísí óstála a bhfuil a bpríomhbhunaíocht, nó a n-ionadaí dlíthiúil, i mBallstát eile. I bhfianaise shainiúlacht an cháis sin, is iomchuí foráil a dhéanamh do nós imeachta sonracha is infheidhme maidir leis na horduithe baint anuas trasteorann sin, ionas go bhféadfaidh Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit sin, ach nach mbeidh sé de cheangal air faoi dhlí an Aontais, grinnscrúdú a dhéanamh orthu i ndáil le sáruithe tromchúiseacha nó follasacha áirithe a d'fhéadfadh tarlú i gcásanna eisceachtúla, a mhéid a bhfuil gá le cur i bhfeidhm an nós imeachta shonraigh sin chun cloí le dlí bunreachtúil an Bhallstáit ábhartha. Chuige sin, ba cheart orduithe baint anuas trasteorann den sórt sin a tharchur tríd an Údarás Comhordúcháin sin chuig soláthraí na seirbhísí óstála lena mbaineann. Mar sin féin, má shuíonn an tÚdarás Comhordúcháin sin, le cinneadh réasúnaithe, tar éis dó measúnú dícheallach agus oibiachtúil a dhéanamh agus tar éis dó Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit arb é a údarás a d'eisigh an t-ordú baint anuas a chur ar an eolas agus tar éis dó a fhreagra a chur san áireamh a mhéid is féidir, gur tharla sárú mar sin, níor cheart an t-ordú baint anuas a tharchur agus níor cheart éifeacht dhlíthiúil a bheith aige, agus is faoin údarás a d'eisigh an t-ordú baint anuas trasteorann ansin é, ach fógra a fháil faoin gcinneadh réasúnaithe, na bearta is gá a dhéanamh chun é a tharraingt siar nó a neamhniú. Ba cheart gach gníomhaíocht is gá mar chuid den nós imeachta seo a dhéanamh chomh tapa agus is féidir agus in aon chás laistigh de na tréimhsí ama a leagtar síos, chun a áirithiú go seachnófar aon mhoill mhíchui, agus a mhéid is féidir le comhar dílis idir na húdaráis inniúla lena mbaineann.

- (32) Níl feidhm ag oibleagáidí an Rialacháin seo maidir le soláthraithe seirbhísí óstála nach gcuireann a seirbhísí ar fáil san Aontas. Mar sin féin, féadfar na seirbhísí sin a úsáid chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh ar úsáideoirí san Aontas nó ag úsáideoirí san Aontas, rud atá ina chúis díobhála do leanaí agus don tsochaí i gcoitinne, fiú sa chás nach bhfuil gníomhaíochtaí na soláthraithe dírithe ar na Ballstáit agus go bhfuil teorainn ar líon iomlán úsáideoirí na seirbhísí sin san Aontas. Ar chúiseanna dlíthiúla agus praiticiúla, seans nach mbeadh sé indéanta go réasúnach iallach a chur ar na soláthraithe sin an t-ábhar a bhaint anuas ná rochtain air a dhíchumasú, fiú amháin trí chomhar le húdaráis inniúla an tríú tír ina bhfuil siad bunaithe. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na cleachtais atá ann cheana i roinnt Ballstát, ba cheart a bheith in ann a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí rochtana idirlín aon bhearta réasúnta a dhéanamh chun bac a chur ar rochtain úsáideoirí san Aontas ar an ábhar, **nuair nach féidir bearta a dhéanamh a bheadh níba neamhchunóraí, mar shampla an t-ábhar a bhaint, nó nuair is dócha go gclisfeadh ar na bearta sin.**
- (33) De ghrá na comhsheasmhachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta agus chun an riosca go dtiocfaí timpeall orthu a íoslaghdú, **d'fhéadfaí** ordú blocála [...] mar sin a bhunú ar an liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne is naisc chuig míreanna sonracha de mhí-úsáid gnéasaí leanaí fíoraithe, arna gcur i dtoll a chéile agus arna gcur ar fáil go lárnach ag Lárionad an Aontais ar bhonn aighneachtaí arna bhfíorú go dícheallach ag údaráis ábhartha na mBallstát. Chun bearta gan údar nó díréireacha a sheachaint, go háirithe bearta a ndéanadh difear míchuí do na cearta bunúsacha i gceist, go háirithe, sa bhreis ar chearta na leanaí, saoirse na n-úsáideoirí chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus saoirse na soláthraithe gnó a dhéanamh, ba cheart foráil a dhéanamh do theorainneacha agus coimircí iomchuí. Go háirithe, ba cheart a áirithiú nach míréasúnach iad na hualaí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí rochtana idirlín lena mbaineann, go ndéantar measúnú dícheallach ar an ngá le horduithe blocála agus lena gcomhréireacht i ndiaidh a n-eisiúna freisin, agus go bhfuil modh éifeachtach sásaimh breithiúnaigh agus neamh-bhreithiúnaigh ag na soláthraithe sin agus ag na húsáideoirí sin a ndéantar difear dóibh.
- (33a) Lena áirithiú go ndéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a dhíliostú chomh tapa agus is féidir i ndiaidh a bhraith, ba cheart an chumhacht a bheith ag údaráis inniúla gach Ballstáit, nó i gcás inarb infheidhme, ag a údarás breithiúnach, ordú díliostúcháin a eisiúint agus é dírithe chuig soláthraithe inneall cuardaigh ar líne. Ó tharla go bhféadfadh díliostú difear a dhéanamh do cheart na n-úsáideoirí a sholáthair an t-ábhar lena mbaineann, ba cheart do sholáthraithe na húsáideoirí sin a chur ar an eolas faoi chúiseanna an díliostaithe, lena chur ar a gcumas a gceart chun sásaimh a fheidhmiú, faoi réir na n-eisceachtaí ba ghá le nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

- (33b) **Ar mhaithe le comhar éifeachtach a áirithiú maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a dhíliostú, ba cheart d'údaráis inniúla gach Ballstáit, nó i gcás inarb iomchuí a údarás breithiúnach, ordú díliostúcháin a eisiúint do sholáthraí innill cuardaigh ar líne nach bhfuil a phríomhbhunaíocht ná a ionadaí dlíthiúil aige i mBallstát an údaráis a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin. I bhfianaise shainiúlacht an cháis sin, agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta is infheidhme maidir leis na horduithe díliostúcháin trasteorann sin arb ionann é agus an nós imeachta le haghaidh orduithe baint anuas trasteorann.**
- (34) Ag cur san áireamh gur cionta coiriúla faoi Threoir 2011/93/AE iad rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, a bheith i seilbh duine, rochtain a dhéanamh air go feasach agus é a tharchur, is gá soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a dhíolmhú ó dhliteanas coiriúil i gcás ina bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí sin, a mhéid atá a ngníomhaíochtaí teoranta go docht don mhéid is gá chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus a ghníomhaíonn siad de mheon macánta.
- (35) Is cion coiriúil é ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, cion a dhéanann difear do chearta na n-íospartach a ndéantar íomhá díobh. Ba cheart, dá bhrí sin, an ceart a bheith ag íospartaigh faisnéis ábhartha a fháil ach í a iarraidh ar Lárionad an Aontais, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin, i gcás ina ndéanann soláthraithe seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí tuairisc faoi ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina ndéantar íomhá de na híospartaigh sin i gcomhréir leis an Rialachán seo.
- (36) I bhfianaise an tionchair ar chearta na n-íospartach a ndéantar íomhá díobh san ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí sin, agus i bhfianaise an chumais a bhíonn ag soláthraithe seirbhísí óstála de ghnáth chun teorainn a chur leis an tionchar sin trí chuidiú lena áirithiú nach bhfuil an t-ábhar ar fáil ar a seirbhísí a thuilleadh, ba cheart do na soláthraithe sin cúnamh a thabhairt d'íospartaigh a iarrann orthu an t-ábhar i gceist a bhaint anuas nó a dhíchumasú. Ba cheart an cúnamh sin a bheith teoranta don mhéid is féidir a iarraidh go réasúnach ón soláthraí lena mbaineann faoi na himthosca reatha, ag féachaint do chúinsí mar shampla ábhar agus raon feidhme na hiarrata, na céimeanna is gá chun na míreanna den ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a aimsiú agus na modhanna atá ar fáil don soláthraí. D'fhéadfadh cuidiú trí na míreanna sin a aimsiú, seiceálacha a dhéanamh nó na míreanna a bhaint anuas nó rochtain orthu a dhíchumasú, mar shampla. Ó tharla go bhféadfaidh sé a bheith pianmhar nó ina chúis tráma fiú, chomh maith le bheith casta, na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun baint anuas nó dhíchumasú rochtana mar sin a chur i gcrích, ba cheart é a bheith de cheart ag íospartaigh cúnamh a fháil ó Lárionad an Aontais i ndáil leis sin freisin, trí mheán na nÚdarás Comhordúcháin.
- (37) Lena áirithiú go ndéanfar bainistíocht éifeachtach ar fheidhmeanna tacaíochta íospartach mar sin, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Comhordúcháin is inrochtana dóibh, agus brath air, agus ba cheart don Údarás Comhordúcháin sin gach teachtaireacht idir íospartaigh agus Lárionad an Aontais a sheoladh.

- (38) Chun éascú a dhéanamh ar fheidhmiú cheart an íospartaigh chun faisnéise agus chun cúnaimh agus tacaíochta maidir le baint anuas nó díchumasú rochtana, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh an ní nó na nithe ábhartha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil faisnéis ina leith nó baint anuas nó díchumasú rochtana á lorg acu a léiriú, trí mheán an íomhá, na híomhánna, an físeán nó na físeáin a sholáthar iad féin nó trí mheán na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a thugann nascleanúint chuig an ní sonrach nó na nithe sonracha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, nó trí mheán aon ionadaíocht eile lena bhféadtar an ní nó na nithe i gceist a shainaithint gan amhras.
- (39) Le nach ndéanfar cur isteach díréireach ar chearta úsáideoirí chun an saol príobháideach, saol an teaghlaigh agus sonraí pearsanta a chosaint, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise na sonraí a bhaineann le cásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a chaomhnú, ach amháin más gá chun críche ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a shonraítear sa Rialachán seo, agus níor cheart iad a chaomhnú ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá, faoi réir ag fad uasta iomchuí. **I ndáil leis sin, níor cheart a thuiscint leis na ceanglais maidir leis na sonraí sin a chaomhnú i dtaca le forghníomhú orduithe braith go gceadaítear nó go gceanglaítear caomhnú sonraí uile na n-úsáideoirí a phróiseáiltear le haghaidh na gcuspóirí braith sin go ginearálta. Ba cheart a thuiscint, ina ionad sin, nach gceanglaítear leo ach caomhnú na sonraí inneachair agus sonraí eile a phróiseáiltear, lena gcumhdaítear go háirithe gníomhaíochtaí atá cosúil le taisceadh ina ndéantar caomhnú uathoibríoch agus idirmheánach ar chúiseanna teicniúla amháin agus ar feadh tréimhsí an-ghearr ama a bhfuil gá leo chun na táscairí ábhartha a úsáid chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, chomh maith leis na coimircí a cheanglaítear faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm i ndáil le húsáid na dteicneolaíochtaí sin, lena gcumhdaítear go háirithe cur i bhfeidhm beart chun mí-úsáid a chosc, a bhrath agus a leigheas, chun maoirseacht dhaonna rialta a áirithiú agus chun athbhreithnithe rialta a dhéanamh.** De bharr nach mbaineann na ceanglais chaomhnaithe ach leis an Rialachán seo amháin, níor cheart iad a thuiscint mar cheanglais a dhéanann difear don fhéidearthacht sonraí inneachair agus sonraí tráchta ábhartha a stóráil i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE nó chun cur i bhfeidhm aon oibleagáide dlíthiúla chun sonraí a chaomhnú a bhaineann le soláthraithe faoi ghníomhartha eile dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais. **Chun na críocha sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta logaí a choinneáil ina sonraítear am agus fad na próiseála agus, i gcás inarb infheidhme, ainm an duine a dhéanann an phróiseáil, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.**

- (40) Chun cumarsáid réidh agus éifeachtúil trí mhodh leictreonach a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trína admháil go bhfuarthas cumarsáid den sórt sin, cumarsáid a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart a éileamh ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe teagmhála aonair a ainmniú agus faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir leis an bpointe teagmhála sin, lena n-áirítear na teangacha atá le húsáid sa chumarsáid sin. I gcodarsnacht le hionadaí dlí an tsoláthraí, ba cheart don phointe teagmhála freastal ar chuspóirí oibríochtúla agus ní gá go mbeadh láthair fhisiciúil aige. Ba cheart coinníollacha oiriúnacha a leagan amach i ndáil leis na teangacha cumarsáide le sonrú, lena áirithiú nach mbeidh sé casta, chomh fada agus atá réasúnach, cumarsáid réidh a dhéanamh. I gcás soláthraithe atá faoi réir na hoibleagáide maidir le feidhm maidir le comhlíonadh a bhunú agus oifigigh um chomhlíonadh a ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) **2022/2065** [...], féadtar duine de na hoifigigh um chomhlíonadh sin a ainmniú mar an pointe teagmhála faoin Rialachán seo, chun cur chun feidhme comhleanúnach na n-oibleagáidí a eascraíonn as an dá chreat a éascú.
- (41) Le go bhféadtar formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh agus, i gcás inar gá, an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise atá [...] bunaithe i dtríú tír agus a chuireann seirbhísí ar fáil san Aontas ionadaí dlíthiúil san Aontas a bheith acu agus an pobal agus na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas faoin mbealach le teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí dlíthiúil. Le go bhféadtar réitigh sholúbtha a chur ar fáil nuair is gá sin agus d'ainneoin a gcuspóirí difriúla faoin Rialachán seo, ba cheart é a bheith indéanta, i gcás inar shoiléirigh an soláthraí i gceist gurb amhlaidh, dá ionadaí dlí a bheith in ann feidhmiú freisin mar phointe teagmhála, ar choinníoll go gcloítear le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo.
- (42) I gcás inarb ábhartha agus caoithiúil, faoi réir ag rogha an tsoláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus ag an ngá leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme a chomhlíonadh i ndáil leis sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta do na soláthraithe sin pointe teagmhála amháin agus ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú chun críocha Rialachán (AE) **2022/2065** [...].
- (43) [...]

(44) [...]

(45) Ag cur san áireamh saineolas sonrach Lárionad an Aontais agus a shuíomh lárnach maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo [...], ba cheart do na húdaráis [...] **inniúla** a bheith in ann cúnamh a iarraidh ar Lárionad an Aontais chun cúraimí áirithe dá gcuid a chur i gcrích. Ba cheart an cúnamh sin a bheith gan dochar do chúraimí agus cumhachtaí faoi seach de chuid na [...] n-údarás [...] **inniúil** a iarrann cúnamh agus de chuid Lárionad an Aontais, agus do na ceanglais is infheidhme maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoi seach agus d'fheidhmiú a gcumhachtaí faoi seach dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(45a) **Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú. Níor cheart a thabhairt le tuiscint leis sin go mbunófar údarás nua agus ba cheart é a bheith indéanta ag gach Ballstát na feidhmeanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur ar iontaoibh comhlacht atá ann cheana, agus cinneadh a dhéanamh maidir le líon na n-údarás inniúil a ainmneofar. D'fhonn leibhéal áirithe solúbthachta a fhágáil ag na Ballstáit chun réitigh a chur chun feidhme ar an mbealach is fearr a oireann dá n-imthosca ar leith, agus an comhordú agus an comhar ar an leibhéal intíre agus ar leibhéal an Aontais á áirithiú ag an am céanna, a theastaíonn chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann roinnt údaráis inniúla a ainmniú fós sa chás sin chun ceann amháin díobh a cheapadh ina Údarás Comhordúcháin a bhfuil cúraimí áirithe forchoimeáda go speisialta ina leith faoin Rialachán seo. Go háirithe, ba cheart don Údarás Comhordúcháin feidhmiú mar phointe teagmhála aonair maidir le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, gan dochar do chumhachtaí forfheidhmiúcháin údaráis náisiúnta eile. Dá bhrí sin, ba cheart gach trácht ar údaráis inniúla sa Rialachán seo a léiriú mar thrácht ar na húdaráis inniúla ábhartha arna n-ainmniú ag na Ballstáit, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha Údaráis Chomhordúcháin, agus ba cheart gach trácht ar Údaráis Chomhordúcháin a léiriú mar thrácht ar Údaráis Chomhordúcháin agus orthu sin amháin, gan aon údarás inniúil eile a d'fhéadfadh a bheith ainmnithe ag na Ballstáit a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh freisin maidir le hathbhreithniú riaracháin nó breithiúnach ex post ar orduithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear nuair nach ndéantar foráil shonrach maidir le hathbhreithniú mar sin sa Rialachán seo.**

(46) [...]

(46a) Ba cheart é a bheith de shaoirse ag na Ballstáit aon údarás náisiúnta oiriúnach a ainmniú, lena n-áirítear údaráis riaracháin, údaráis forfheidhmithe dlí nó údaráis bhreithiúnacha de réir mar is iomchuí, mar údarás inniúil chun críoch an Rialacháin seo, ar choinníoll go n-urramaítear go hiomlán ceanglais uile an Rialacháin, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le stádas na n-údarás inniúil agus an chaoi a ndéanann siad a gcúraimí, a gcumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmithe, láimhseáil gearán agus comhar ar leibhéal an Aontais. Ba cheart é a bheith de shaoirse ag na Ballstáit freisin údarás breithiúnach nó údarás riaracháin neamhspleách a ainmniú chun orduithe áirithe a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo, chomh maith leis na ceanglais a eascraíonn as an gCairt, go háirithe maidir le sásamh breithiúnach éifeachtach i gcás chinntí na n-údarás inniúil.

(46b) Chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoin Rialachán seo a gcúraimí faoin Rialachán seo ar bhealach oibiachtúil, leordhóthanach agus freagrach, i gcomhréir leis na cearta bunúsacha a ráthaítear faoin gCairt agus gan aon chur isteach míchuí, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le ceanglais áirithe ina leith sin. Níor cheart na ceanglais sin a léiriú mar chosc ar athbhreithniú breithiúnach ar ghníomhaíochtaí na n-údarás inniúil i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

(47) Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis inniúla, lena n-áirítear na húdaráis Chomhordúcháin[...], chun éifeachtacht na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo agus baint amach a chuspóirí a áirithiú. Dá réir sin, is gá a áirithiú go mbeidh ní hamháin na cumhachtaí riachtanacha imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin ag na húdaráis sin, ach na hacmhainní riachtanacha airgeadais, daonna, teicneolaíocha agus eile chun a gcúraimí a chur i gcrích go leormhaith faoin Rialachán seo. Go háirithe, i bhfianaise éagsúlacht sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus an úsáid a bhaineann siad as ardteicneolaíocht agus a seirbhísí á dtairiscint acu, is fíor-riachtanach go mbeidh an líon ball foirne is gá ag an Údarás Comhordúcháin, lena n-áirítear saineolaithe a bhfuil sainscileanna acu. Ba cheart acmhainní Údaráis Comhordúcháin a chinneadh agus aird á tabhairt ar an méid, ar an gcastacht agus ar an tionchar ar an tsochaí a fhéadfaidh a bheith ag soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit ainmnithe, chomh maith le fad raoin a seirbhísí ar fud an Aontais.

- (48) I bhfianaise gur gá éifeachtacht na n-oibleagáidí a fhorchuirtear a áirithiú, [...] ba cheart cumhachtaí forfheidhmiúcháin a dheonú ar údarais **inniúla** chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar an Rialachán seo. Ba cheart an chumhacht chun rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú a shrianadh go sealadach a áireamh leis na cumhachtaí sin, nó, sa chás nach indéanta sin go teicniúil agus sa chás sin amháin, chun rochtain ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a ndéantar an sárú a shrianadh go sealadach. I bhfianaise an leibhéal ard cur isteach ar chearta na soláthraithe seirbhíse a bhaineann le cumhacht mar sin, níor cheart an chumhacht sin a fheidhmiú ach amháin i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Ba cheart a áireamh ar na coinníollacha sin an coinníoll go dtarlaíonn éascú tráthrialta agus struchtúrach ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí mar thoradh ar an sárú, agus ba cheart é sin a thuiscint mar thagairt do chás inar léir ón bhfianaise go léir atá ar fáil gur tharla éascú mar sin ar scála mór agus thar thréimhse fhada ama.
- (49) Chun a fhíorú go gcloítear le rialacha an Rialacháin seo go héifeachtach agus go praiticiúil, go háirithe na rialacha faoi bhearta maolaithe agus faoi fheidhmiú orduithe braith, orduithe baint anuas, [...] orduithe blocála **nó orduithe díliostúcháin** [...] a eisítear, [...] ba cheart é a bheith ar chumas na **n-údarás inniúil** cuardaigh a dhéanamh, agus na táscairí ábhartha arna soláthar ag Lárionad an Aontais á n-úsáid acu, chun scaipeadh ábhar aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí trí ábhar atá ar fáil go poiblí i seirbhísí óstála na soláthraithe lena mbaineann a bhrath.
- (50) [...]
- Ní chuireann aon ní sa Rialachán seo cosc ar údarais inniúla atá ainmnithe ann fógraí a chur faoi bhráid soláthraithe seirbhísí óstála ar bhonn sásraí fógra agus gníomhaíochta de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2022/2065 fógra a thabhairt dóibh faoi cheann amháin nó níos mó de mhíreanna sonracha d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí, ná stádas comharthóra iontaofa a iarraidh faoi na coinníollacha a bhunaítear faoi Airteagal 22 den Rialachán sin.**
- (51) Chun soiléireacht agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht suite, is é sin, san áit a bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe ag an soláthraí ina bhfeidhmítear na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil. I dtaca le soláthraithe nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a chuireann seirbhísí ar fáil san Aontas, ba cheart dlínse a bheith ag an mBallstát inar cheap na soláthraithe sin a n-ionadaí dlí, ag tabhairt feidhm ionadaithe dlíthiúla faoin Rialachán seo san áireamh.

- (52) Chun forfheidhmiú éifeachtach agus coimirciú cearta úsáideoirí faoin Rialachán seo a áirithiú, is iomchuí éascaíocht a dhéanamh ar thaisceadh gearán faoi neamhchomhlíonadh líomhnaithe le hoibleagáidí soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoin Rialachán seo. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chead a thabhairt d'úsáideoirí na gearáin sin a thaisceadh leis an Údarás Comhordúcháin i gcríoch an Bhallstáit ina bhfuil na húsáideoirí bunaithe nó ina gcónaí, gan beann ar an mBallstát a bhfuil dlínse aige i leith an tsoláthraí lena mbaineann. Chun gearáin a thaisceadh, féadfaidh úsáideoirí cinneadh a dhéanamh go mbraithfidh siad ar eagraíochtaí a ghníomhaíonn chun leas an phobail in aghaidh mhí-úsáid ghnéasach leanaí. Mar sin féin, le nach gcuirfí an aidhm de chóras formhaoirseachta soiléir agus éifeachtach a bhunú i mbaol, agus chun an riosca go ndéanfaí cinntí neamh-chomhsheasmhacha a sheachaint, ba cheart dó bheith faoi Údarás Comhordúcháin na bunaíochta agus faoi sin amháin aon cheann dá chumhachtaí imscrúdaitheacha nó forfheidhmiúcháin a fheidhmiú ina dhiaidh sin maidir le hiompar a ndéantar gearán faoi, de réir mar is iomchuí, gan dochar d'inniúlacht údarás maoirseachta eile laistigh dá sainordú.
- (52a) Gan dochar do chearta úsáideoirí dul i dteagmháil le hionadaí i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/1828, nó d'aon chineál ionadaíochta eile faoin dlí náisiúnta, ba cheart an ceart a bheith ag úsáideoirí sainordú a thabhairt do dhuine dlítheanach nó do chomhlacht poiblí a gcearta, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, a fheidhmiú.**
- (53) Ba cheart do na na Ballstáit a áirithiú, maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo gur ann do phionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ag tabhairt san áireamh cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, i bhfianaise an leasa phoiblí arna shaothrú, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, chomh maith le hacmhainneacht eacnamaíoch sholáthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise lena mbaineann.
- (54) Níor cheart rialacha an Rialacháin seo maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a thuiscint mar rialacha a dhéanann difear do chumhachtaí agus inniúlachtaí na n-údarás cosanta sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679.

- (55) Chun go bhfeidhmeoidh an córas a bhunaítear leis an Rialachán seo i gceart maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a bhlocáil go héigeantach, tá sé riachtanach go bhfaigheadh Lárionad an Aontais, trí na [...] húdaráis **inniúla**, ábhar a shainaithnítear a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí [...], mar shampla ábhar nó comhráite a bheadh aimsithe le linn imscrúduithe coiriúla, mar shampla, chun go bhféadfaidh an t-ábhar sin [...] feidhmiú mar bhonn cruinn agus iontaofa do Lárionad an Aontais chun na táscairí mí-úsáide sin a ghiniúint. Chun an toradh sin a bhaint amach, ba cheart an tsainaithint a dhéanamh i ndiaidh measúnú dícheallach, a dhéantar i gcomhthéacs nós imeachta a ráthaíonn toradh cóir agus oibiachtúil, **faoi réir maoirseacht leordhóthanach arna ndéanamh ag na húdaráis bhreithiúnacha** [...]. Cé gur tábhachtach é ábhar den sórt sin a mheas, a shainaithint agus a chur isteach go gasta i gcomhthéacsanna eile freisin, is ríthábhachtach é i ndáil le hábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí a thuairiscítear faoin Rialachán seo, ós rud é go bhféadfaí mí-úsáid atá ar siúl i láthair na huaire sin nó mí-úsáid atá ar tí tarlú a shainaithint agus íospartaigh a thabhairt slán mar thoradh ar an ábhar sin. Dá bhrí sin, ba cheart teorainneacha sonracha ama a leagan amach i ndáil le tuairisciú den sórt sin.
- (56) D'fhonn a áirithiú go bhfuil na táscairí a ghineann Lárionad an Aontais chun críche braith chomh hiomlán agus is féidir, ba cheart do na [...] húdaráis **inniúla** ábhar [...] ábhartha a chur isteach go réamhghníomhach. Mar sin féin, ba cheart cead a bheith ag Lárionad an Aontais ábhar nó comhráite áirithe a chur faoi bhráid na n-údarás **inniúil** chun na gcríoch sin.
- (56a) **Ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta brostaithe a chur ar bun chun measúnú dícheallach a dhéanamh ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí amhrasta, ionas gur féidir míreanna sonracha ábhair, sleachta comhráite agus aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní lena mbaineann a chur faoi bhráid Lárionad an Aontais go pras nuair a bhunófar an neamhdhleathacht go hiontaofa. D'fhonn an measúnú sin a éascú agus a bhrostú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh go ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar neamhdhleathacht an ábhair, faoi mhaoirseacht na n-údarás breithiúnach inniúil.**

- (57) Cuireann soláthraithe áirithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a seirbhísí ar fáil i roinnt Ballstát nó sna Ballstáit ar fad, ach faoin Rialachán seo, ní bhíonn dlínse ach ag aon Bhallstát amháin maidir le soláthraí faoi leith. Is fíor-riachtanach, mar sin, go ndéanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát a bhfuil dlínse aige leasanna na n-úsáideoirí go léir san Aontas a chur san áireamh le linn dó a chúraimí a dhéanamh agus a chumhachtaí a úsáid, gan aon idirdhealú a dhéanamh ag brath ar ghnéithe ar nós suíomh nó náisiúntacht na n-úsáideoirí, agus is fíor-riachtanach go n-oibreoidh Údaráis Chomhordúcháin i gcomhar le chéile ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Chun an comhar sin a éascú, ba cheart foráil a dhéanamh do na sásraí agus córais comhroinnte faisnéise a bhfuil gá leo. Beidh an comhar sin gan dochar don fhéidearthacht ag na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le malairtí tuairimí le húdaráis eile go tráthrialta i gcás inarb ábhartha le haghaidh chomhlíonadh chúraimí na n-údarás eile sin agus an Údaráis Comhordúcháin.
- (57a) **Ba cheart ‘imscrúduithe comhpháirteacha’ faoi Airteagal 38 a léiriú mar fhiosrúcháin fhoirmiúla a dhéanann Údaráis Chomhordúcháin maidir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag soláthraí sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise. Sa mhéid nach de chineál coiriúil iad na pionóis i leith sáruithe ar na hoibleagáidí sin dá bhforálann an Ballstát lena mbaineann de bhun an Rialacháin seo, níor cheart ‘imscrúduithe comhpháirteacha’ faoi Airteagal 38 a léiriú mar imscrúduithe coiriúla, a dhéanann údaráis forfheidhmithe dlí faoin dlí náisiúnta de ghnáth.**
- (58) Go háirithe, chun éascú a dhéanamh ar an gcomhar is gá le go bhfeidhmeoidh na sásraí a bhunaítear leis an Rialachán seo i gceart, ba cheart do Lárionad an Aontais na córais comhroinnte faisnéise is gá a bhunú agus a choimeád ar bun. Le linn dó na córais sin a bhunú agus a choimeád ar bun, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (‘Europol’) agus le húdaráis náisiúnta chun cur leis na córais agus dea-chleachtais atá ann cheana féin, i gcás inarb ábhartha.
- (59) Chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus chun rannchuidiú le baint amach a chuspóirí, ba cheart do Lárionad an Aontais feidhmiú mar éascaitheoir lárnach agus réimse cúraimí sonracha a dhéanamh. Chun na cúraimí sin a dhéanamh, éilítear ráthaíochtaí láidre neamhspleáchais, go háirithe ó údaráis forfheidhmithe dlí, chomh maith le struchtúr rialachais a áirithíonn feidhmiú éifeachtach, éifeachtúil agus comhleanúnach a chúraimí éagsúla, agus pearsantacht dhlítheanach chun bheith in ann idirghníomhú go héifeachtach leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir. Dá bhrí sin, ba cheart é a bhunú mar ghníomhaireacht dhílárail de chuid an Aontais.

- (60) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht, ba cheart cúraimí Lárionad an Aontais a liostú ar bhealach soiléir agus cuimsitheach. D'fhonn cur chun feidhme ceart an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart baint a bheith ag na cúraimí sin go háirithe le héascaíocht a dhéanamh ar na hoibleagáidí braith, tuairiscithe agus blocála a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí óstála, seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe seirbhísí rochtana ar an idirlíon. Ar an gcúis chéanna sin, áfach, ba cheart cúraimí eile a chur ar Lárionad an Aontais, go háirithe na cúraimí sin a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí um measúnú riosca agus maolú atá ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú ag soláthraithe seirbhísí óstála, cúnamh a chur ar fáil [...] d'údaráis **inniúla**, chomh maith le heolas agus saineolas a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a ghiniúint agus a chomhroinnt, **lena n-áirítear cosc. Ba cheart do Lárionad an Aontais, i gcomhréir lena chúraimí faoin Rialachán seo, measúnú a dhéanamh freisin ar na tionscnaimh a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac chun a chinneadh an féidir iad a mheas mar dhea-chleachtais, agus úsáid á baint as uirlisí caighdeánaithe measúnaithe nuair is féidir, agus na dea-chleachtais sin a chur ar fáil, lena n-áirítear trí bhunachar sonraí tiomnaithe, chun tacú le feidhm an mhoil eolais atá ag Lárionad an Aontais agus chun dúbláil iarrachtaí agus tionscnamh a chosc, agus éifeachtúlacht agus comhoibriú idir páirtithe leasmhara á gcur chun cinn.**
- (61) Ba cheart don Lárionad an Aontais faisnéis iontaofa a chur ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí is féidir a mheas go réasúnach gur mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá i gceist leo, le gur féidir iad a bhrath agus a bhlocáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. I bhfianaise chineál an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, is gá an fhaisnéis iontaofa sin a chur ar fáil gan an t-ábhar féin a chomhroinnt. Dá bhrí sin, ba cheart don Lárionad an Aontais táscairí cruinne agus iontaofa a ghiniúint, bunaithe ar ábhar sainaitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí [...] a chuir [...] **údaráis inniúla** faoina bhráid i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo. Ba cheart go ligfeadh na táscairí sin do theicneolaíochtaí scaipeadh an ábhair [...]aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí [...] a bhrath.
- (62) Le go bhfeidhmeoidh an córas a bhunaítear leis an Rialachán seo i gceart, ba cheart a chur de chúram ar Lárionad an Aontais bunachair sonraí a chruthú le haghaidh [...] **ábhar aitheanta** mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, agus na bunachair sonraí sin a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú. Chun críoch cuntasachta agus chun ceartúcháin a cheadú i gcás inar gá sin, ba cheart dó taifid a choimeád de na haighneachtaí agus de na próisis a úsáidtear chun na táscairí a ghiniúint.
- (63) Chun inrianaitheacht an phróisis tuairiscithe a áirithiú, agus inrianaitheacht aon ghníomhaíochta leantaí a dhéantar bunaithe ar thuairisciú, chomh maith le foráil a dhéanamh d'aiseolas faoi thuairisciú a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, do ghiniúint staitisticí a bhaineann le tuairiscí agus do bhainistíocht agus próiseáil iontaofa agus ghabta a dhéanamh ar thuairiscí, ba cheart do Lárionad an Aontais bunachar sonraí tiomnaithe do thuairiscí den sórt sin a chruthú. Le bheith in ann na cuspóirí thuas a chomhlíonadh, ba cheart faisnéis ábhartha a bhaineann leis na tuairiscí sin a bheith sa bhunachar sonraí freisin, ar nós na dtáscairí a dhéanann ionadaíocht ar an ábhar agus na clibeanna coimhdeacha, lena n-áirítear a léiriú, mar shampla, an fíoras go bhfuil íomhá nó físeán a tuairiscíodh mar chuid de shraith íomhánna agus físeáin ina dtaispeántar an t-íospartach céanna nó na híospartaigh chéanna.

- (64) I bhfianaise íogaireacht na sonraí lena mbaineann agus d'fhonn aon earráid nó mí-úsáid fhéideartha a sheachaint, is gá rialacha dochta a leagan síos maidir le rochtain ar na bunachair sonraí sin de tháscairí agus ar bhunachair sonraí de thuairiscí, maidir leis na sonraí iontu agus maidir lena slándáil. Go háirithe, níor cheart na sonraí lena mbaineann a stóráil níos faide ná mar a bhfuil fíorghá leis. Ar na cúiseanna thuas, níor cheart rochtain ar an mbunachar sonraí de tháscairí a thabhairt ach do na páirtithe agus chun na gcríoch sin a shonraítear sa Rialachán seo, faoi réir rialuithe Lárionad an Aontais, agus ba cheart rochtain a bheith teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na gcríoch sin.
- (64a) **I bhfianaise an róil atá aige mar mhol lárnach eolais ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo ar leibhéal an Aontais, ba cheart do Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis an Rialachán seo, na modhanna uile atá ar fáil dó a ghíaráil chun obair Europol agus na n-údarás inniúil forfheidhmithe dlí a éascú, mar shampla trína áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a fhaigheann údaráis forfheidhmithe dlí ábhartha, iomlán agus go bhfuil sé chomh furasta agus is féidir í a rochtain agus a chuardach. Go háirithe, ba cheart do Lárionad an Aontais rochtain a thabhairt do Europol agus d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát ar an mbunachar sonraí táscairí nuair is gá sin chun a gcúraimí maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta.**
- (65) Chun tuairisciú earráideach mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne faoin Rialachán seo a sheachaint agus chun deis a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí díriú ar a bpríomhchúraimí imscrúdaithe, ba cheart do na tuairiscí dul trí Lárionad an Aontais. Ba cheart do Lárionad an Aontais measúnú a dhéanamh ar na tuairiscí sin chun na cinn atá go follasach gan bhunús a shainaithint, is é sin, i gcás inar soiléir láithreach, gan aon anailís shubstainteach dhlíthiúil nó fhíorasach a dhéanamh, nach mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá sna gníomhaíochtaí a tuairiscíodh. I gcás ina bhfuil an tuairisc go follasach gan bhunús, ba cheart do Lárionad an Aontais aiseolas a thabhairt don soláthraí seirbhísí óstála nó don soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí a thug an tuairisc, chun deis a thabhairt feabhas a chur ar na teicneolaíochtaí agus ar na próisis a úsáidtear, agus céimeanna eile, mar shampla ábhar a baineadh anuas go mícheart a chur ar ais. Ó tharla go bhféadfadh gach tuairisc a bheith ina modh tábhachtach chun na cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chun íospartach na mí-úsáide a thabhairt slán, ba cheart tuairiscí a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.
- (66) D'fhonn rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo agus le cearta íospartach a chosaint, ba cheart do Lárionad an Aontais a bheith in ann, i gcás ina n-iarrtar air, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus cúnamh a thabhairt d'**údaráis inniúla** [...] trí bhíthin cuardaigh a dhéanamh ar sheirbhísí óstála le haghaidh scaipeadh ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil rochtain phoiblí air, trí na táscairí comhfhreagracha a úsáid. I gcás ina sainaithníonn sé ábhar mar sin i ndiaidh cuardach mar sin a dhéanamh, ba cheart do Lárionad an Aontais a bheith in ann iarraidh ar sholáthraí na seirbhíse óstála lena mbaineann an mhír nó na míreanna i gceist a bhaint anuas nó rochtain uirthi nó orthu a dhíchumasú, ó tharla go mb'fhéidir nárbh eol don soláthraí gurbh ann dóibh agus go mbeadh sé toilteanach déanamh amhlaidh ar bhonn deonach.

- (67) I bhfianaise a shuímh lárnaigh mar thoradh ar a phríomhchúraimí faoin Rialachán seo a dhéanamh agus i bhfianaise na faisnéise agus an tsaineolais a fhéadfaidh sé a bhailiú i gceangal leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais rannchuidiú le baint amach chuspóirí an Rialacháin seo freisin, trí ghníomhú mar mhol d’eolas, saineolas agus taighde ar ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. I ndáil leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha ó laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus ba cheart dó deis a thabhairt do Bhallstáit tairbhiú den eolas agus den saineolas a bhailítear, lena n-áirítear dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh.
- (68) Is gá sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil agus a stóráil chun cúraimí Lárionad an Aontais a dhéanamh faoin Rialachán seo. Chun a áirithiú go gcosnófar na sonraí pearsanta sin go leormhaith, níor cheart do Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a phróiseáil agus a stóráil ach amháin i gcás a mbeadh fíor-ghá leis sin chun na gcríoch a mhionsonraítear sa Rialachán seo. Ba cheart dó sin a dhéanamh ar bhealach slán agus ba cheart dó stóráil a theorannú chuig an méid a bhfuil fíor-ghá leis chun na cúraimí ábhartha a dhéanamh.
- (69) Ionas go mbeidh sé in ann a chúraimí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i ndlúthchomhar leis **na húdaráis inniúla, lena n-áirítear** na hÚdaráis Chomhordúcháin, [...] Europol agus eagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha, ar nós Lárionad Náisiúnta na Stát Aontaithe um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí ar Thángthas i dTír Orthu, **an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (‘EUCPN’)** nó an Comhlachas Idirnáisiúnta um Beolinte Idirlín (‘INHOPE’), líonra beolinte chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a thuairisciú, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach leis an Rialachán seo agus le hionstraimí dlíthiúla eile lena rialáiltear a ngníomhaíochtaí faoi seach. Chun an comhar sin a éascú, ba cheart na socruithe is gá a dhéanamh, lena n-áirítear ainmniúchán oifigeach teagmhála ag Údaráis Chomhordúcháin agus tabhairt i gcrích mheabhrán tuisceana le Europol agus, i gcás inarb iomchuí, le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha.
- (70) Leis an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas le fada an lá do INHOPE agus dá bheolinte is comhaltaí, aithnítear go bhfuil beolinte sa líne thosaigh i gcomhrac na mí-úsáide gnéasaí leanaí. Ba cheart do Lárionad an Aontais leas a bhaint as an líonra beolinte agus a mholadh go n-oibreoidís le chéile go héifeachtach leis na [...] **húdaráis inniúla**, le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus le húdaráis forfheidhmithe dlí de chuid na mBallstát. Is ionann saineolas agus taithí na mbeolinte agus foinse thar a bheith luachmhar d’fhaisnéis faoi bhagairtí comhchoiteanna agus réitigh chomhchoiteanna a shainaithint go luath, chomh maith le faisnéis faoi dhifríochtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar fud an Aontais.
- (71) I bhfianaise shainordú Europol agus an taithí atá aige ar údaráis náisiúnta inniúla a shainaithint i gcásanna míshoiléire, agus a bhunachar sonraí d’fhaisnéis choiriúil atá in ann rannchuidiú le naisc chuig imscrúduithe i mBallstáit eile a shainaithint, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i ndlúthchomhar leis, go háirithe chun sainaithint ghabta údarás náisiúnta inniúla forfheidhmithe dlí a áirithiú i gcásanna míshoiléire nó i gcásanna a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin.

- (71a) Ba cheart do Europol agus do Lárionad an Aontais oibriú i ndlúthchomhar le chéile agus a gcúraimí agus a bhfreagrachtaí sainiúla faoi seach á gcomhlíonadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2016/794¹¹. Níor cheart a thuiscint go n-athraítear ar bhealach ar bith leis an Rialachán seo Rialachán (AE) 2016/794 ná cúraimí agus freagrachtaí Europol faoin Rialachán sin. Mar shampla, maidir le próiseáil tuarascálacha ó sholáthraithe seirbhíse, ba cheart do Lárionad an Aontais, faoi réir an scagtha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, na tuarascálacha sin a chur ar aghaidh chuig Europol agus chuig an údarás nó na húdaráis náisiúnta inniúla um fhorfheidhmiú an dlí, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha bhreise, lena n-áirítear chun íospartach a shainaithint, mar a fhorordaítear leis an Rialachán seo, cé go bhféadfadh Europol leanúint de chúnamh a thabhairt d'fhorfheidhmiú an dlí náisiúnta in imscrúduithe coiriúla a bhaineann leis na tuarascálacha sin i gcomhréir lena shainordú. Chomh maith leis sin, maidir le tuarascálacha a stóráil, ba cheart do Lárionad an Aontais na cúraimí a shonraítear sa Rialachán seo a dhéanamh, go háirithe bunachar sonraí a chruthú, a choinneáil ar bun agus a oibriú chun na gcríoch sin, agus d'fhéadfadh Europol, i gcomhréir lena shainordú, leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar a bhunachair sonraí faisnéise coiriúla féin a chomhroinntear leis na húdaráis náisiúnta leis na tuarascálacha a fhaightear ó Lárionad an Aontais, go háirithe chun críoch imscrúdaithe choiriúil.
- (72) [...]
- (73) Lena fheidhmiú ceart a áirithiú, ba cheart na rialacha is gá a leagan síos maidir le heagrúchán Lárionad an Aontais. De ghrá na comhsheasmhachta, ba cheart na rialacha sin a bheith i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le gníomhaireachtaí díláraithe.
- (74) Ós rud é gur gá saineolas teicniúil a bheith ag Lárionad an Aontais chun a chúraimí a dhéanamh, go háirithe an cúram liosta teicneolaíochtaí a sholáthar ar féidir úsáid a bhaint astu le haghaidh brath, ba cheart Coiste Teicneolaíochta a bheith ag Lárionad an Aontais, coiste a bheadh comhdhéanta de shaineolaithe ag a mbeadh feidhm chomhairleach. Féadfaidh an Coiste Teicneolaíochta saineolas a sholáthar go háirithe chun tacú le saothair Lárionad an Aontais, faoi chuimsiú a shainordaithe, i dtaca le cúrsaí a bhaineann leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, chun tacú le Lárionad an Aontais rannchuidiú le leibhéal ard caighdeán teicniúil agus coimircí i dteicneolaíocht an bhraith.

¹¹ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a chuirtear in ionad na gCinntí sin.

- (74a) **I bhfianaise an ghá le cúnamh a thabhairt do shaineolas na n-íospartach chun a chúraimí a dhéanamh, ba cheart Bord Íospartach a bheith ag Lárionad an Aontais, ar a mbeadh íospartaigh fhásta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus daoine a bhfuil saineolas ábhartha acu, agus a mbeadh feidhm chomhairleach aige. Féadfaidh an Bord Íospartach, go háirithe, saineolas a chur ar fáil chun tacú le hobair Lárionad an Aontais, laistigh de raon feidhme a shainordaithe, maidir le hábhair a bhaineann leis na cúraimí faisnéis a chur ar fáil d'íospartaigh, agus maidir le cúnamh agus tacaíocht le haghaidh aistriú, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin.**
- (75) Dé ghrá na trédhearcachta agus na cuntasachta, agus chun meastóireacht agus, i gcás inar gá, coigeartuithe a chumasú, ba cheart iallach a chur ar sholáthraithe na seirbhísí óstála, soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe seirbhísí rochtana, Údaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais faisnéis a bhailiú, a thaifeadh agus a anailísiú, bunaithe ar bhailiú anaithnidithe na sonraí neamhphearsanta agus tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Ba cheart do na hÚdaráis Chomhordúcháin comhoibriú le Europol agus le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis náisiúnta ábhartha eile na mBallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin i gceist chun an fhaisnéis sin a bhailiú.
- (76) De ghrá an dea-rialachais agus ag tarraingt ón staidreamh agus ón bhfaisnéis atá bailithe agus ó shásraí tuairiscithe trédhearcachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo laistigh de 5 bliana ó dháta a theachta i bhfeidhm, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.
- (77) Is ar chritéir na héifeachtúlachta, an riachtanais, na héifeachtachta, na comhréireachta, na hábharthachta, an chomhleanúnachais agus an bhreisluacha Aontais, ba cheart an mheastóireacht a bhunú. Ba cheart measúnú a dhéanamh léi ar fheidhmiú na mbeart éagsúil oibriúcháin agus teicniúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart chun feabhas a chur ar bhrath, tuairisciú agus baint mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, ar éifeachtacht na sásraí coimirce agus na tionchair ar chearta bunúsacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, ar an tsaoirse chun gnó a dhéanamh, ar an gceart ar shaol príobháideach agus um chosaint na sonraí pearsanta. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar ar leasanna tríú páirtithe lena bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.
- (77a) **D'fhonn féachaint ar ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí a áireamh i raon feidhm fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann le horduithe braith a eiseofar amach anseo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar chruinneas na dteicneolaíochtaí ábhartha braith laistigh de 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus más gá, gach 3 bliana ina dhiaidh sin.**

- (78) Le Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² **arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³** déantar foráil maidir le réiteach sealadach i dtaca le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, ar feitheamh creat dlíthiúil fadtéarmach a ullmhú agus a ghlacadh. Leis an Rialachán seo, soláthraítear an creat dlíthiúil fadtéarmach sin. **Tá sé tábhachtach gur féidir mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go héifeachtach agus go dleathach gan bhriseadh agus go mbeidh aistriú rianúil ann idir an córas sealadach a cruthaíodh le Rialachán (AE) 2021/1232 agus an córas fadtéarmach a cruthaítear leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart an leasú is gá a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2021/1232, agus ar an gcaoi sin a áirithiú gur féidir leanúint den mhaolú ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE, i gcomhréir leis an Rialachán sin agus le dlí eile is infheidhme, go dtí go mbeidh an deis ag na húdaráis inniúla na horduithe braith ábhartha a eisiúint faoin Rialachán seo i gcás inar gá. [...].**
- (78a) Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha an Rialacháin seo a luaithe is féidir. Mar sin féin, ba cheart aird a thabhairt ar an ngá go ndéanfaidh na páirtithe uile lena mbaineann, agus go háirithe Lárionad an Aontais, na bearta ullmhúcháin is gá. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo ach amháin tar éis tréimhsí ama iomchuí áirithe. Le linn na hidirthréimhse sin, ba cheart rialacha ginearálta a thagraíonn do roinnt beart, cuid acu nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go fóill, a thuiscint mar rialacha nach bhfuil infheidhme maidir leis na bearta nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go fóill. Dá bhrí sin, mar shampla, le linn na tréimhse sin, ba cheart é a bheith indéanta ordú blocála a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo, faoi réir an ordaithe i gcás mar sin nach mór a fhorghníomhú gan úsáid a bhaint as bunachar sonraí na dtáscairí arna soláthar ag Lárionad an Aontais, a bheadh fós á ullmhú le linn na hidirthréimhse sin.

¹² Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (IO L 274, 30.7.2021, lch. 41).

¹³ **Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (IO L , 2024/1307, 14.5.2024).**

- (79) Chun cuspoirí an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean don Choimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú agus lena fhorlíonadh trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na bunachair sonraí a chur ar bun, an t-ábhar a bheidh iontu agus an rochtain a bheith orthu, maidir le cruth, inneachar beacht agus mionsonraí eile na dtuarascálacha agus an phróisis tuairiscithe, maidir le cinneadh agus gearradh na gcostas arna dtabhú ag Lárionad an Aontais chun tacú le soláthraithe sa mheasúnú riosca, agus maidir leis na ceanglais theicniúla maidir leis na córais comhroinnte faisnéise lena dtacaítear leis an gcumarsáid idir na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile an Aontais agus soláthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise.
- (80) Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a shaothair ullmhúcháin le haghaidh na ngníomhartha tarmligthe, lena n-áirítear trí mheán comhairliúchán poiblí oscailte agus ar leibhéal saineolach, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁴. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (81) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an córas comhroinnte faisnéise a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵.
- (82) Chun dóthain ama a thabhairt do gach páirtí dá ndéantar difear na bearta is gá a dhéanamh chun cloí leis an Rialachán seo, ba cheart foráil a dhéanamh do thréimhse ama iomchuí idir dáta a theachta i bhfeidhm agus dáta a churtha chun feidhme.

¹⁴ Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (83) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh trí rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a leagan amach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach agus a urramaíonn cearta bunúsacha, a ghnóthú go leormhaith agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí [...] sin a ghnóthú.
- (84) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ agus thug siad tuairim chomhpháirteach an **28 Iúil 2022** [...].

¹⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha aonfhoirmeacha chun úsáid sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí sa mhargadh inmheánach **a chosc agus a chomhrac [...] ar bhealach spriocdhírthe agus comhréireach atá cothromaithe go cáiréiseach.**
Bunaítear leis, go háirithe:
 - (a) oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise chun an riosca a íoslaghdú go mí-úsáidtear a seirbhísí [...] le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne;
 - (b) oibleagáidí ar sholáthraithe na seirbhísí óstála agus ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú;
 - (c) oibleagáidí ar sholáthraithe na seirbhísí óstála rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar a seirbhísí a bhaint nó a dhíchumasú;
 - (d) oibleagáidí ar sholáthraithe na seirbhísí rochtana idirlín **rochtain úsáideoirí [...]** ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dhíchumasú;
 - (da) oibleagáidí ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne suíomhanna gréasáin a dhíliostú ina léirítear míreanna sonracha de mhí-úsáid ghnéasach leanaí;**
 - (e) rialacha maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hainmniú agus feidhmiú údaráis inniúla na mBallstát, Lárionad an Aontais um Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí a bhunaítear in Airteagal 40 ('Lárionad an Aontais') agus maidir le comhar agus trédhearcacht.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a thairgeann na seirbhísí sin san Aontas, gan beann ar a bpríomhbhunaíocht.

3. Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar difear do na rialacha a leagtar síos leis na gníomhartha dlíthiúla a leanas:
- (a) Treoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle;
 - (b) Treoir 2000/31/CE agus Rialachán (AE) **2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) [...]**;
 - (ba) **Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margáí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margáí Digiteacha)**;
 - (c) Treoir 2010/13/AE;
 - (d) Rialachán (AE) 2016/679, Treoir 2016/680, Rialachán (AE) 2018/1725, agus, faoi réir mhír 4 den Airteagal seo, Treoir 2002/58/CE;
 - (e) **Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne.**
- 3a. Ní bheidh sé d'éifeacht ag an Rialachán seo go modhnófar an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a urramú dá dtagraítear in Airteagal 6 CAE agus beidh feidhm aige gan dochar do na bunphrionsabail a bhaineann leis an gceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú agus leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.
4. Leis an Rialachán seo, cuirtear srian le feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí dá ndéantar foráil in **Airteagal 5(1) agus (3) agus in Airteagal 6(1) de Threoir 2002/58/CE a mhéid is fíorghá [...]** chun na horduithe braith a eisítear a chur i gcrích i gcomhréir le Roinn 2 de Chaibidil [...] **II** den Rialachán seo.
5. Gan dochar d'Airteagal 10(1), ní thoirmiscfear leis an Rialachán seo bearta cibearshlándála, go háirithe criptiú, lena n-áirítear criptiú inn ar inn, arna gcur chun feidhme ag seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise nó ag na húsáideoirí, agus ní dhéanfar dodhéanta ná níos laige iad, ní rachfar timpeall orthu agus ní bhainfear an bonn díobh ar aon bhealach eile. Ní chruthófar leis an Rialachán seo aon oibleagáid lena gceanglófaí ar sholáthraí seirbhísí óstála nó ar sholáthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta sonraí a dhíchriptiú nó rochtain ar shonraí criptithe inn ar inn a chruthú, nó aon oibleagáid lena gcuirfí cosc ar sholáthraithe seirbhísí criptithe inn ar inn a thairiscint.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘seirbhís óstála’ seirbhís de chuid na sochaí faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal [...] **3(g), pointe (iii)** [...], de Rialachán (AE) **2022/2065** [...];
- (b) ciallaíonn ‘seirbhís cumarsáide idirphearsanta’ seirbhís atá ar fáil go poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 5, de Threoir (AE) 2018/1972, lena n-áirítear seirbhísí lena gcumasaítear idirmhalartú faisnéise idirphearsanta agus idirghníomhach nach bhfuil ann ach mionghné choimhdeach atá nasctha go bunúsach le seirbhís eile;
- (c) ciallaíonn ‘feidhmchlár bogearraí’ táirge nó seirbhís dhigiteach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe **15** [...], de Rialachán (AE) **2022/1925** [...];
- (d) ciallaíonn ‘siopa feidhmchlár bogearraí’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe **14** [...], de Rialachán (AE) **2022/1925** [...];
- (e) ciallaíonn ‘seirbhís rochtana idirlín’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2), pointe 2, de Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷;
- (f) ciallaíonn ‘seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise’ na seirbhísí uile a leanas:
 - (i) seirbhís óstála;
 - (ii) seirbhís cumarsáide idirphearsanta;
 - (iii) stóras feidhmchlár bogearraí;
 - (iv) seirbhís rochtana idirlín;
 - (v) **innill chuardaigh ar líne.**

¹⁷ Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a bhaineann le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 310, 26.11.2015, lgh. 1–18).

- (g) ciallaíonn ‘seirbhísí a chur ar fáil san Aontas’ seirbhísí a chur ar fáil san Aontas mar a shainmhínítear in Airteagal 3 [...], pointe (d), de Rialachán (AE) **2022/2065** [...];
- (h) ciallaíonn ‘úsáideoir’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a úsáideann seirbhís ábhartha na sochaí faisnéise;
- (i) ciallaíonn ‘leanbh’ aon duine nádúrtha atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;
- (j) [...]
- (k) ciallaíonn ‘micrifhiontar, fiontar beag nó meánmhéide’ fiontar mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide¹⁸;
- (l) ciallaíonn ‘ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí’ ábhar atá ina phornagrafaíocht leanaí nó ina thaibhiú pornagrafaíochta leanaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (c) agus (e), faoi seach, de Threoir 2011/93/AE;
- (m) ciallaíonn ‘ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí’ ábhar a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhraitear trí úsáid a bhaint as na táscairí i mbunachar sonraí na dtáscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a);
- (n) ciallaíonn ‘ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí’ ábhar a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí **seachas ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí** [...];
- (o) ciallaíonn ‘sirtheoireacht leanaí’ sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí chun críoch gnéasach dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir 2011/93/AE;
- (p) ciallaíonn ‘mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne’ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh ar líne agus sirtheoireacht leanaí;
- (q) ciallaíonn ‘cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí’ cionta mar a shainmhínítear in Airteagail 3 go 7 de Threoir 2011/93/AE;
- (r) ciallaíonn ‘córas moltóra’ an córas mar a shainmhínítear in Airteagal **3, pointe (s)** [...], de Rialachán (AE) **2022/2065** [...];

¹⁸ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36–41).

- (s) ciallaíonn ‘sonraí inneachair’ sonraí mar a shainmhínítear in [...] **Airteagal 3, pointe 12** de Rialachán (AE) **2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023** [...] maidir le h**Orduithe** Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus **Orduithe** Caomhnaithe **Eorpacha** i gcomhair fianaise leictreonach in **imeachtaí coiriúla agus forghníomhú pianbhreitheanna coimeádta tar éis imeachtaí coiriúla** [...]([...] an Rialachán maidir le r-fhianaise)[...];
- (t) ciallaíonn ‘modhnóireacht inneachair’ na gníomhaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal **3, pointe (t)** [...], de Rialachán (AE) **2022/2065** [...];
- (ta) **ciallaíonn ‘údarás inniúil na bunaíochta’ an t-údarás inniúil atá ainmnithe, i gcomhréir le hAirteagal 25, ag an mBallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht ag soláthraí seirbhísí na sochaí faisnéise, nó i gcás inarb infheidhme, ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe;**
- (u) ciallaíonn ‘údarás comhordúcháin na bunaíochta’ an **t-údarás inniúil atá ainmnithe**, i gcomhréir le hAirteagal 25, ag an mBallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht ag soláthraí seirbhísí na sochaí faisnéise, nó i gcás inarb infheidhme, ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe, mar an tÚdarás Comhordúcháin le haghaidh saincheisteanna i ndáil le mí-úsáid ghnéasach leanaí [...];
- (v) ciallaíonn ‘téarmaí agus coinníollacha’ na téarmaí agus na coinníollacha mar a shainmhínítear in Airteagal **3, pointe (u)** [...], de Rialachán (AE) **2022/2065** [...];
- (w) ciallaíonn ‘príomhbhunaíocht’ ceannoifig nó oifig chláraithe an tsoláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise ina ndéantar na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil a fheidhmiú;
- (x) **ciallaíonn ‘inneall cuardaigh ar líne’ seirbhís idirghabhálach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (j), de Rialachán (AE) 2022/2065;**
- (y) **ciallaíonn ‘ábhar amhaire’ íomhánna agus comhpháirteanna amhaire d’fhíseáin.**

CAIBIDIL II

OIBLEAGÁIDÍ AR SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA NA SOCHAÍ FAISNÉISE CHUN MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ AR LÍNE A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

Cuid 1

Oibleagáidí maidir le measúnú agus maolú riosca

Airteagal 3

Measúnú riosca

1. Soláthraithe na seirbhísí óstála agus soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, i gcás gach seirbhíse den sórt sin a chuireann siad ar fáil, **sainaithneoidh** siad, agus déanfaidh siad anailís agus measúnú ar riosca úsáide na seirbhíse chun críoch na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne.
2. Agus measúnú riosca á dhéanamh, cuirfidh an soláthraí an méid a leanas san áireamh, go háirithe:
 - (a) aon ásc a sainaitníodh roimhe seo d'úsáid a sheirbhísí chun críoch na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne;
 - (b) beartas a bheith ag an soláthraí agus a chur chun feidhme, agus infhaighteacht na bhfeidhmiúlachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear tríd an méid a leanas:
 - toirmisc agus srianta a leagtar síos sna téarmaí agus coinníollacha;
 - bearta a dhéantar chun na toirmisc agus srianta sin a fhorfheidhmiú;
 - feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear fíorú aoise;
 - **feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear rialú tuismitheora nó sásraí toilithe tuismitheora;**
 - feidhmiúlachtaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne **a fhógairt** don soláthraí trí uirlisí atá so-rochtana agus aoisoiriúnach;
 - **bearta a ghlactar chun próiseas láidir tapa a áirithiú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar tugadh fógra ina leith a láimhseáil;**
 - **feidhmiúlachtaí a chuireann ar chumas na soláthraithe faisnéis ábhartha staidrimh a thiomsú agus a ghiniúint chun críoch measúnaithe.**
 - (c) an bealach a n-úsáideann úsáideoirí an tseirbhís agus tionchar an mhéid sin ar an riosca sin;

- (ca) **bearta aoisoiriúnacha arna ndéanamh ag an soláthraí chun litearthacht dhigiteach úsáideoirí agus úsáid shábháilte na seirbhíse a chur chun cinn;**
- (d) an bealach ar dhear an soláthraí an tseirbhís agus a n-oibríonn sé í, lena n-áirítear an tsamhail ghnó, rialachas agus próisis agus córais ábhartha, agus tionchar na nithe sin ar an riosca sin;
- (da) **feidhmiúlachtaí a bheith ar fáil lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí íomhánna nó físeáin a roinnt le húsáideoirí eile, go háirithe trí chumarsáid phríobháideach, agus feidhmiúlachtaí a chuireann ar chumas na soláthraithe measúnú a dhéanamh ar cé chomh héasca, tapa agus forleathan is féidir an t-ábhar sin a scaipeadh a thuilleadh trí bhíthin na seirbhíse;**
- (e) maidir leis an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí:
 - (i) a mhéid atá an tseirbhís á húsáid nó is dócha a bheidh sí á húsáid ag leanaí;
 - (ii) i gcás ina bhfuil an tseirbhís á húsáid ag leanaí, na haoisghrúpaí éagsúla d'úsáideoirí is leanaí agus an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí i ndáil leis na haoisghrúpaí sin;
 - (iii) infhaighteacht na bhfeidhmiúlachtaí lena gcruthaítear nó lena dtreisítear an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí, lena n-áirítear na feidhmiúlachtaí a leanas:
 - a chur ar a gcumas d'úsáideoirí cuardach a dhéanamh ar úsáideoirí eile, agus go háirithe, d'úsáideoirí aosaigh cuardach a dhéanamh ar úsáideoirí leanaí;
 - a chur ar a gcumas d'úsáideoirí teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí eile go díreach, go háirithe tríd an gcumarsáid phríobháideach.
 - [...]

3. Féadfaidh an soláthraí iarraidh ar Lárionad an Aontais anailís a dhéanamh ar shamplaí sonraí ionadaíocha anaithnidithe chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a d'fhéadfadh a bheith ar líne a shainaithint, chun tacú leis an measúnú riosca.

Is é an soláthraí iarrthach a iompróidh na costais a thabhaíonn Lárionad an Aontais as anailís an a dhéanamh. Is é Lárionad an Aontais, áfach, a iompróidh na costais sin i gcás ina bhfuil an soláthraí ina mhicrifhiontar, ina fhiontar beag nó meánmhéide, ar choinníoll ina bhfuil gá réasúnta leis an iarraidh chun tacú leis an measúnú riosca. **Cuirfidh Lárionad an Aontais faisnéis ar fáil do sholáthraithe chun na costais sin a chinneadh.**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá maidir le cinneadh agus gearradh na gcostas sin, **an fhaisnéis a chur ar fáil** agus maidir le cur i bhfeidhm na díolúine le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide.

4. Déanfaidh an soláthraí an chéad mheasúnú riosca faoin [Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo + 3 mhí] nó, i gcás nár chuir an soláthraí an tseirbhís ar fáil san Aontas faoin [Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], faoi 3 mhí ón dáta ag ar thosaigh an soláthraí ag cur na seirbhíse ar fáil san Aontas.

Ina dhiaidh sin, nuashonróidh an soláthraí an measúnú riosca i gcás inar gá agus **ag brath ar an gcatagóir riosca a cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(2)**, uair amháin gach 3 bliana ar a laghad, i gcás seirbhísí ísealriosca, uair amháin gach 2 bhliain ar a laghad i gcás seirbhísí meánriosca agus uair amháin gach bliain ar a laghad i gcás seirbhísí ardriosca ón dáta deireanach a rinne sé nó a nuashonraigh sé an measúnú riosca. Mar sin féin:

- (a) i gcás seirbhís **ardriosca** atá faoi réir ordú braith a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 7, nuashonróidh an soláthraí an measúnú riosca ar a dhéanaí [...] **4 mhí** roimh dháta éaga thréimhse chur i bhfeidhm an ordaithe braith;
- (b) féadfaidh Údarás Chomhordúcháin na bunaíochta a cheangal ar an soláthraí an measúnú riosca a nuashonrú ag dáta réasúnta atá níos luaithe ná an dáta dá dtagraítear sa dara fomhír, i gcás inar ann d'fhianaise, **lena n-áirítear fianaise ó Údaráis Chomhordúcháin nó ó sholáthraithe a thairgeann seirbhísí ísealriosca nó meánriosca**, lena léirítear athrú substaintiúil féideartha ar an riosca go mbainfí úsáid as an tseirbhís chun críoch na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne.

- 4a. **Leis an measúnú riosca baileofar faisnéis maidir le teorainn a chur leis an riosca do chuid nó do chomhpháirt inaitheanta den tseirbhís i gcás inar féidir, mar shampla cineálacha sonracha cainéal de sheirbhís cumarsáide idirphearsanta, nó d'úsáideoirí sonracha nó do ghrúpaí nó cineálacha sonracha úsáideoirí i gcás inar féidir, a mhéid is féidir an chuid, an chomhpháirt, na húsáideoirí sonracha sin nó na grúpaí nó cineálacha sonracha úsáideoirí sin a mheasúnú ina n-aonar chun an riosca mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a mhaolú.**

5. Áireofar leis an measúnú riosca measúnú ar aon riosca a d'fhéadfadh a bheith fágtha, go mbainfí úsáid as an tseirbhís, tar éis na bearta maolaithe a dhéanamh de bhun Airteagal 4, chun críoch na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne.
6. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 5, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Airteagal 4

Maolú riosca

1. **Más** rud é go bhfuil soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta tar éis **riosca a shainaithint go n-úsáidfi an tseirbhís chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne de bhun Airteagal 3**, déanfaidh siad **gach** beart maolaithe réasúnta, a bheidh saincheaptha don [...] riosca **sin** [...], chun an riosca sin a íoslaghdú. **Beidh na bearta maolaithe riosca teoranta do chuid nó do chomhpháirt inaitheanta den tseirbhís, nó d'úsáideoirí sonracha nó do ghrúpaí nó cineálacha úsáideoirí sonracha, i gcás inar féidir, gan dochar d'éifeachtacht an bhirt.**

Áireofar leis na bearta sin **ar a laghad** roinnt den mhéid seo a leanas nó an méid seo a leanas uile:

- (a) córais modhnóireachta inneachair nó córais moltaí an tsoláthraí, a phróisis chinnteoireachta, oibriú nó feidhmiúlachtaí na seirbhíse, nó inneachar nó forfheidhmiú a théarmaí agus coinníollacha a oiriúnú, trí bhearta teicniúla agus oibríochtúla iomchuí agus soláthar foirne a dhéanamh;
- (b) próisis inmheánacha an tsoláthraí nó maoirseacht inmheánach ar fheidhmiú na seirbhíse a threisiú;
- (c) an comhar a thionscnamh nó a choigeartú, i gcomhréir le dlí na hiomaíochta, le soláthraithe eile na seirbhísí óstála nó le soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, le húdaráis phoiblí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta nó, i gcás inarb infheidhme, le heintitis ar ar dámhadh stádas mar chomharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 22 [...] de Rialachán (AE) 2022/2065 [...];
- (d) feidhmiúlachtaí a thionscnamh nó a choigeartú lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí fógra faoin mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a thabhairt don soláthraí trí uirlisí atá so-rochtana agus aoisoiriúnach;
- (e) feidhmiúlachtaí a thionscnamh nó a choigeartú lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí an fhaisnéis fúthu a chomhroinntear le húsáideoirí eile a rialú agus conas is féidir le húsáideoirí eile teagmháil a dhéanamh leo, agus socruithe príobháideachais oiriúnacha a thabhairt isteach d'úsáideoirí ar leanaí iad;

- (f) feidhmiúlachtaí a thionscnamh nó a choigeartú lena gcuirtear faisnéis ar fáil d'úsáideoirí maidir le sásraí fógartha agus úsáideoirí a dhíriú chuig línte cabhracha agus chuig eagraíochtaí iontaofa, i gcás ina mbraitheann úsáideoirí ábhar nó comhráite a léiríonn mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha;
- (g) feidhmiúlachtaí a thionscnamh nó a choigeartú a chuireann ar chumas na soláthraithe sonraí staidrimh a bhailiú chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar rioscaí agus ar éifeachtacht na mbearta maolaithe. Ní áireofar aon sonra pearsanta sna sonraí sin.

2. Beidh na bearta maolaithe:

- (a) éifeachtach ó thaobh an riosca shainaitheanta a mhaolú;
- (b) ina mbearta spriocdhírithe agus comhréireacha i ndáil leis an riosca sin, ag cur san áireamh, go háirithe, tromchúis an riosca agus acmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí agus an líon úsáideoirí;
- (c) á gcur i bhfeidhm ar bhealach dícheallach agus neamh-idirdhealaitheach, ag féachaint go cuí, i ngach imthoisc, do na hiarmhairtí a d'fhéadfadh teacht ó na bearta maolaithe le haghaidh cearta bunúsacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh a chleachtadh;
- (d) á dtabhairt isteach, á **gcur chun feidhme**, á n-athbhreithniú, á **modhnú**, á scor nó á bhformhéadú, de réir mar is iomchuí, gach uair a dhéantar nó a nuashonraítear an measúnú riosca de bhun Airteagal 3(4), laistigh de 3 mhí ón dáta dá dtagraítear ansin.

3. Soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a shainaithin riosca, de bhun an mheasúnaithe riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh i gcomhréir le hAirteagal 3, a bhaineann le húsáid a seirbhísí chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí; déanfaidh siad na bearta is gá maidir le fíorú aoise agus measúnú aoise chun úsáideoirí is leanaí a shainaithint go hiontaofa maidir lena seirbhísí, rud a chuireann ar a gcumas na bearta maolaithe a dhéanamh.

Maidir leis na bearta fíoraithe aoise agus measúnaithe aoise sin caomhnófar príobháideachtas leo, agus urramófar leo na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe prionsabail na dlíthiúlachta, an teorannaithe de réir cuspóra agus an íoslaghdaíthe sonraí, agus beidh siad comhréireach, trédhearcach, éifeachtach, cruinn, neamh-idirdhealaitheach, inrochtana agus tabharfar tús áite iontu do leas an linbh.

3a. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a iarraidh ar Lárionad an Aontais Eorpaigh cuidiú le gnéithe teicniúla de bhearta maolaithe sonracha dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a shainaithint agus a mheasúnú.

Is é an soláthraí iarrthach a iompróidh na costais a thabhaíonn Lárionad an Aontais as an anailís sin a chur ar fáil. Is é Lárionad an Aontais, áfach, a iompróidh na costais sin i gcás ina bhfuil an soláthraí ina mhicrifhiontar, ina fhiontar beag nó meánmhéide, ar choinníoll go bhfuil gá réasúnta leis an iarraidh chun tacú le bearta maolaithe riosca a shainaithint agus a mheasúnú. Cuirfidh Lárionad an Aontais faisnéis ar fáil chun na costais sin a chinneadh.

Ní dhéanfaidh an cúnamh a chuireann Lárionad an Aontais ar fáil difear do fhreagracht an tsoláthraí na ceanglais is infheidhme maidir leis na bearta maolaithe a chomhlíonadh agus maidir le haon chinneadh a d'fhéadfadh sé a dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme na mbeart sin nó de thoradh air.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá maidir le cinneadh agus gearradh na gcostas sin, an fhaisnéis a chur ar fáil agus maidir le cur i bhfeidhm na díolúine le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide.

4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta tuairisc shoiléir ina dtéarmaí agus coinníollacha ar na bearta maolaithe atá déanta acu. Ní áireofar leis an tuairisc sin faisnéis lena bhféadfaí éifeachtacht na mbeart maolaithe a laghdú.
5. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2, 3 agus 4, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Airteagal 5

Tuairisciú agus catagóiriú riosca

1. Tarchuirfidh soláthraithe na seirbhísí óstála agus soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, faoi 3 mhí ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), chuig Údarás Comhordúcháin na bunáochta tuarascáil [...] **ina n-áirítear** an méid seo a leanas:
 - (a) **bunús an mheasúnaithe riosca de bhun Airteagal 3(2), an próiseas agus na torthaí** ón measúnú riosca a dhéantar nó a nuashonraítear de bhun Airteagal 3, lena n-áirítear measúnú ar aon riosca a d'fhéadfadh a bheith fágtha dá dtagraítear in Airteagal 3(5);
 - (b) aon bhearta maolaithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 4 **agus i gcás inarb infheidhme, Airteagal 5a, agus torthaí na mbeart sin lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart sin agus an chaoi a gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 4(2), agus i gcás measúnú aoise agus bearta fíoraithe, an chaoi a gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 4(3);**
 - (ba) aon bhearta maolaithe eile a chuirtear chun feidhme sula ndéanfar an measúnú riosca agus, nuair a bheidh fáil uirthi, faisnéis chomhlántach faoi éifeachtacht na mbeart sin;

- (c) i gcás ina sainaitheofar an riosca a d'fhéadfadh a bheith fágtha dá dtagraítear in Airteagal 3(5), aon fhaisnéis ábhartha atá ar fáil chun na codanna nó na comhpháirteanna den tseirbhís, nó na húsáideoirí sonracha nó na grúpaí úsáideoirí nó cineálacha úsáideoirí a shainaithint chomh beacht agus is féidir, ar ina leith a thagann an riosca atá fágtha chun cinn;
- (ca) féinmheasúnú de réir na gcritéir a bunaíodh chun rioscaí na seirbhíse nó na codanna nó na comhpháirteanna den tseirbhís a chatagóiriú, ag cloí leis an teimpléad arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 5(2a);
- (d) cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an soláthraí ar Údarás Comhordúcháin na bunaíochta an t-údarú chun an comhartha riosca laghdaithe dá dtagraítear in Airteagal 5b a thaispeáint.

Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis staidrimh atá ar fáil chun tacú le forbairt agus éifeachtacht na mbeart maolaithe agus iad a léiriú.

Féadfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta fógra a thabhairt sa tuarascáil sin an bhfuil fianaise ann faoin tseirbhís nó codanna nó comhpháirteanna den tseirbhís a bheith á n-úsáid le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhféadfadh sé go mbeadh gá le hordú braith a eisiúint ina leith i gcomhréir le hAirteagal 7(4).

2. Laistigh de 3 mhí tar éis an tuarascáil a fháil, déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta measúnú uirthi agus cinnfidh sé, ar an mbonn sin agus aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dó á cur san áireamh, an ndearnadh nó an nuashonraíodh an measúnú riosca **go dícheallach**, agus an ndearnadh na bearta maolaithe i gcomhréir le ceanglais Airteagail 3 agus 4 **agus leibhéal an riosca atá fágtha a mheas**.

Bunaithe ar an meastóireacht ar leibhéal an riosca atá fágtha agus an féinmheasúnú a rinne soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta á chur san áireamh de réir na gcritéir arna mbunú chun rioscaí a chatagóiriú, cinnfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta an chatagóir riosca ina gcuirfear an tseirbhís nó codanna nó comhpháirteanna den tseirbhís, de réir na modheolaíochta agus na gcritéir arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 5(2a).

Déanfar an tseirbhís nó codanna nó comhpháirteanna na seirbhíse a aicmiú sna catagóirí seo a leanas:

- (a) ardriosca;
- (b) meánriosca;
- (c) ísealriosca.

Cuirfear in iúl do na soláthraithe lena mbaineann an cinneadh a dhéanann Údarás Comhordúcháin na bunaíochta arb é a chinneann an chatagóir riosca, lena n-áirítear an dáta faoina gceanglaítear ar an soláthraí an measúnú riosca a nuashonrú, taifeadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin an cinneadh sin agus tabharfar fógra do Lárionad an Aontais ina leith.

Féadfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a iarraidh ar Lárionad an Aontais cuidiú le meastóireacht a dhéanamh ar na bearta maolaithe a dhéanann an soláthraí, le meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal an riosca atá fágtha agus le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcatagóir riosca ina gcuirfear an tseirbhís nó codanna nó comhpháirteanna den tseirbhís.

Má tá an iarraidh dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 curtha isteach ag an soláthraí, déanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin cinneadh maidir le heisiúint an údaráithe chun an comhartha riosca laghdaithe a thaispeáint i gcomhréir le hAirteagal 5b.

2a. Beidh an catagóiriú riosca bunaithe ar an tuarascáil a chuirfidh na soláthraithe faoi bhráid Údarás Comhordúcháin na bunaíochta i gcomhréir le hAirteagal 5, go háirithe an measúnú riosca a dhéanfaidh na soláthraithe, na bearta maolaithe a dhéanfaidh siad agus a bhféinmheasúnú, agus aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta nó do Lárionad an Aontais. Leis an modheolaíocht agus na critéir a úsáidfear don chatagóiriú riosca beifear in ann aicmiú oibiachtúil, trédhearcach agus intuigthe a dhéanamh ar rioscaí na seirbhísí a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí bunaithe ar scóráil táscairí riosca mar a leagtar amach thíos:

- (a) Eiseofar leaganacha éagsúla den teimpléad le haghaidh féinmheasúnú soláthraithe agus méid agus cineál na seirbhísí a thairgeann na soláthraithe mar a léirítear in IARSCRÍBHINN XIV iad á gcur san áireamh.
- (b) Beidh an scóráil bunaithe ar na critéir seo a leanas: méid, cineál agus croí-ailtireacht na seirbhíse, na beartais agus na feidhmiúlachtaí 'sábháilteachta trí dhearadh' atá i bhfeidhm chun déileáil le rioscaí sainaitheanta agus mapáil treochtaí úsáideoirí.
- (c) Déanfar na critéir riosca a mhiondealú ina dtáscairí riosca mar a leagtar amach sa liosta táscairí riosca a áirítear in IARSCRÍBHINN XIV.
- (d) Déanfar na táscairí riosca a ualú ar bhealach trédhearcach agus intuigthe de réir an tionchair a bhíonn acu ar rioscaí seirbhísí a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí bunaithe ar an modheolaíocht agus ar na critéir a leagtar síos in IARSCRÍBHINN XIV.
- (e) Beidh toradh na scórála cainníochtúil agus inchomparáide, agus déanfar foráil maidir le haicmiú na seirbhísí de réir riosca, is é sin ardriosca, meánriosca nó ísealriosca.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun IARSCRÍBHINN XIV a mhionsonrú agus a leasú ina leagtar síos an mhodheolaíocht agus na critéir don chatagóiriú riosca i gcomhréir leis an mír seo, agus chun an teimpléad don fhéinmheasúnú a dhéanfaidh soláthraithe a bhunú agus a leasú.

- 2b. I gcás ina measfaidh an tÚdarás Comhordúcháin gur suntasach an riosca atá fágtha, a ndearnadh meastóireacht air i gcomhréir le míreanna 2 agus 2a, i ndáil le mí-úsáid fhéideartha seirbhíse ardriosca chun ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó sirtheoireacht leanaí, cuirfidh sé an soláthraí ar an eolas dá réir sin, gan moill mhíchuí. Ar an bhfógra sin a fháil, déanfaidh an soláthraí, i gcomhar le Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 50(1a), na bearta is gá chun rannchuidiú le forbairt na dteicneolaíochtaí braith ábhartha. Beidh an rannchuidiú sin i gcomhréir le hacmhainneachtaí airgeadais, teicniúla agus oibríochtúla an tsoláthraí.
3. I gcás inar gá maidir leis an measúnú sin, féadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a cheangal tuilleadh faisnéise a fháil ón soláthraí, laistigh de thréimhse ama réasúnta atá socraithe ag an Údarás Comhordúcháin sin. Ní bheidh an tréimhse ama sin níos faide ná 2 sheachtain.
- Cuirfear an tréimhse ama dá dtagraítear i [...] **mír 2** ar fionraí go dtí go gcuirfear an fhaisnéis bhreise sin ar fáil.
4. [...]
5. Tarchuirfidh soláthraithe, nuair a tharchuireann siad tuarascáil Údarás Comhordúcháin na bunaíochta i gcomhréir le mír 1, an tuarascáil chuig Lárionad an Aontais freisin.
6. Tarchuirfidh soláthraithe, arna iarraidh sin orthu, an tuarascáil do sholáthraithe na siopaí feidhmchlár bogearraí, a mhéid is gá le haghaidh an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(2). I gcás inar gá, féadfaidh siad faisnéis rúnda a bhaint ó na tuarascálacha.

Airteagal 5a

Measúnú riosca nó bearta maolaithe riosca coigeartaithe nó breise

1. Gan dochar d'Airteagail 27 go 29, ar bhonn a mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), i gcás ina gcinnfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, nár chomhlíon soláthraí a thairgeann seirbhís nó codanna nó comhpháirteanna seirbhíse atá san aicme ardriosca nó meánriosca ceanglais Airteagail 3 nó 4, ceanglóidh sé ar an soláthraí seirbhísí óstála nó cumarsáide idirphearsanta ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh i leith na gcodanna nó na gcomhpháirteanna sin de sheirbhís san aicme ardriosca nó meánriosca, de réir mar is iomchuí:
- (a) an measúnú riosca a dhéanamh arís nó a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 3, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tríd an modheolaíocht a úsáidtear chun an measúnú riosca a dhéanamh a mhodhnú agus tuarascáil a thabhairt air i gcomhréir le hAirteagal 5;
 - (b) cuid de na bearta maolaithe riosca, nó iad ar fad, arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 a chur chun feidhme, a athbhreithniú, a mhodhnú, a scor nó a leathnú;
 - (c) bearta maolaithe riosca breise a thabhairt isteach i gcomhréir le hAirteagal 4.

Féadfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta tuairim a iarraidh ar Lárionad an Aontais maidir le gnéithe teicniúla de na gníomhaíochtaí féideartha a bhfuil sé ar intinn aige a éileamh de bhun na chéad fhomhíre.

2. Soláthraí a gceanglaítear air na gníomhaíochtaí a shonraítear i bpointí (b) nó (c) de mhír 1 a dhéanamh, déanfaidh sé an measúnú riosca arís nó déanfaidh sé é a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 3 chun na gníomhaíochtaí sin a chur san áireamh, agus tabharfaidh sé tuairisc orthu i gcomhréir le hAirteagal 5. Sa tuarascáil ar an measúnú riosca a dhéanfar arís nó a nuashonrófar, sonróidh an soláthraí freisin na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun mhír 1 agus míneoidh sé iad laistigh de thréimhse ama arna leagan síos ag an Údarás Comhordúcháin. Beidh an tréimhse ama sin réasúnta, agus castacht na ngníomhaíochtaí is gá á cur san áireamh.
3. Socróidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, trí dhiall ó na tréimhsí ama a shonraítear in Airteagail 3(4) agus 5(1), tréimhse réasúnach ama le haghaidh fheidhmiú na ngníomhaíochtaí de bhun mhír 1 agus le haghaidh an tuairiscithe de bhun mhír 2. Beidh an tréimhse ama sin réasúnta, agus castacht na ngníomhaíochtaí is gá á cur san áireamh.
4. Féadfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a mholadh do sholáthraí a thairgeann seirbhís nó codanna nó comhpháirteanna de sheirbhís san aicme ísealriosca ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear i mír 1 a dhéanamh, maidir leis na codanna nó na comhpháirteanna sin de sheirbhís a aicmítear mar sheirbhís ísealriosca, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 5b

Comhartha riosca laghdaithe

1. I gcás inar comhlíonadh an dá choinníoll seo a leanas, údaróidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta do sholáthraí seirbhísí óstála nó soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, ach iarraidh réasúnaithe deonach a fháil uaidh, dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 5(1), sainchomhartha riosca laghdaithe a chur ar taispeáint go poiblí mar léiriú soiléir fisiciúil d'úsáideoirí go gcomhlíonann an tseirbhís lena mbaineann na coinníollacha sin:
 - (a) measann an tÚdarás Comhordúcháin go ndearna an soláthraí an measúnú riosca i gcomhréir le hAirteagal 3 agus go bhfuil gach beart réasúnta maolaithe riosca déanta aige i gcomhréir le hAirteagal 4, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, de bhun Airteagal 5a;
 - (b) measann an tÚdarás Comhordúcháin nach gá an próiseas a thionscnamh chun ordú braith a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7, ag féachaint go háirithe do chineál agus méid aon riosca atá fágtha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus do na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(4).

2. Ní thaispeánfar an comhartha ach an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 a bheith faighte. Ní thaispeánfar an comhartha i gcás inar cuireadh an t-údarú ar fionraí nó inar tarraingíodh siar é i gcomhréir le mír 4, agus sa chás sin stopfaidh an soláthraí de bheith á thaispeáint laistigh de 24 uair an chloig.
3. Déanfaidh soláthraithe atá údaraithe i gcomhréir le mír 1, fad nach ndéanfar an t-údarú a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, iad seo a leanas araon:
- (a) an comhartha a thaispeáint go feiceálach ar an tseirbhís lena mbaineann;
 - (b) na mínithe is gá maidir leis an gcomhartha a áireamh ina dtéarmaí agus ina gcoinníollacha, ar bhealach soiléir agus sothuigte, lena n-áirítear maidir leis na coinníollacha a chomhlíontar chun údarú a fháil an comhartha a thaispeáint agus nach gciallaíonn an t-údarú go mbeidh deireadh go hiomlán leis an riosca mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne.
4. Déanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a d'eisigh údarú i gcomhréir le mír 1 athbhreithniú tráthrialta, agus gach 6 mhí ar a laghad, féachaint an bhfuil na coinníollacha a leagtar amach sa mhír sin fós á gcomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar an tuairisciú riosca i gcomhréir le hAirteagal 5 agus ar gach faisnéis ábhartha eile. I gcás inar gá chun na haidhme sin, féadfaidh sé a cheangal ar an soláthraí lena mbaineann ceann amháin nó an dá cheann díobh seo a leanas a dhéanamh:
- (a) measúnú riosca a dhéanamh nó a thabhairt cothrom le dáta, na bearta maolaithe riosca is gá a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir le hAirteagail 3, 4 agus 5 faoi seach;
 - (b) aon fhaisnéis ábhartha eile a chur ar fáil.
- Cuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin an t-údarú ar fionraí láithreach i gcás ina bhfuil amhras réasúnta air faoi choinníollacha mhír 1 a bheith á gcomhlíonadh go fóill ag an soláthraí. Le linn na fionraí, déanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin athbhreithniú ar an gcomhlíonadh sin, lena n-áirítear trína cheangal go soláthrófar faisnéis de bhun na chéad fhomhíre i gcás inarb iomchuí agus trí dheis a thabhairt don soláthraí barúil a thabhairt faoina thorthaí agus faoi na chéad chéimeanna eile atá beartaithe aige laistigh de thréimhse réasúnta ama. Tabharfaidh sé an t-athbhreithniú i gcrích, gan moill mhíchuí agus aon bharúlacha a gheofar laistigh den thréimhse ama a socraíodh á gcur san áireamh, tríd an bhfionraí a fhoirceannadh nó tríd an údarú a tharraingt siar.
- Tarraingeoidh an tÚdarás Comhordúcháin an t-údarú siar i gcás ina measann sé nach gcomhlíonann an soláthraí coinníollacha mhír 1 a thuilleadh. Chomh maith leis sin déanfaidh sé an t-údarú a tharraingt siar arna iarraidh sin don soláthraí.

5. Cuirfidh na hÚdaráis Chomhordúcháin an soláthraí lena mbaineann agus Lárionad an Aontais ar an eolas láithreach faoi gach údarú a deonaíodh, a cuireadh ar fionraí nó a tarraingíodh siar i gcomhréir le mír 1 agus mír 4. Coimeádfaidh Lárionad an Aontais clárlann den fhaisnéis sin a bheidh ar fáil go poiblí.
6. Ní dhéanfaidh eisiúint údaraithe i gcomhréir le mír 1 difear d'fhéidearthacht an Údaráis Comhordúcháin an próiseas a thionscnamh chun ordú braith a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7.
7. Déanfar an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá maidir le hiarrataí ar údarú chun an comhartha a thaispeáint, maidir le heisiúint, cur ar fionraí agus tarraingt siar an údaraithe, maidir le dearadh an chomhartha, maidir le taispeáint an chomhartha agus maidir le faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí lena mbaineann, maidir le hathbhreithniú rialta ar chomhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha agus maidir le clárlann na faisnéise.

Airteagal 6

Oibleagáidí le haghaidh siopaí feidhmchlár bogearraí

1. Déanfaidh soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí:
 - (a) iarrachtaí réasúnta measúnú a dhéanamh, i gcás inar féidir agus in éineacht le soláthraithe na bhfeidhmchlár bogearraí, cé acu atá nó nach bhfuil, i gcás gach seirbhíse a thairgtear trí mheán na bhfeidhmchlár bogearraí a bhainistíonn siad, riosca go n-úsáidfí í chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;
 - (b) bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí a chosc ó rochtain a dhéanamh ar fheidhmchláir bogearraí ar shainaithin siad riosca suntasach leo d'úsáid na seirbhíse lena mbaineann chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;
 - (c) na bearta fíoraithe aoise agus measúnaithe aoise is gá a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí dá seirbhísí a shainaithint go hiontaofa, ag cur ar a gcumas dóibh na bearta a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (b). **Is é a bheidh sna bearta fíoraithe aoise agus measúnaithe aoise sin an príobháideacht a chaomhnú, a bheidh comhréireach, trédhearcach, éifeachtach, cruinn, neamh-idirdhealaitheach, inrochtana agus tabharfar tús áite iontu do leas an linbh.**
2. Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an soláthraí san áireamh gach faisnéis atá ar fáil dó, lena n-áirítear torthaí an mheasúnaithe riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh de bhun Airteagal 3.
3. Cuirfidh soláthraithe na siopaí feidhmchlár bogearraí faisnéis ar fáil go poiblí ina dtuairiscítear an próiseas agus na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an riosca agus ina dtuairiscítear na bearta dá dtagraítear i mír 1. Ní áireofar leis an tuairisc sin faisnéis lena bhféadfaí éifeachtacht [...] na bearta sin a laghdú.

4. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlinnte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Roinn 2

Oibleagáidí braith

Airteagal 7

Eisiúint orduithe braith

1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó údarás riaracháin neamhspleách de chuid an Bhallstáit sin ordú braith a eisiúint lena gceanglófar ar sholáthraí seirbhísí óstála nó cumarsáide idirphearsanta **a aicmítear mar sheirbhísí ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 5(2) nó a n-aicmítear codanna nó comhpháirteanna díobh mar sheirbhísí ardriosca** agus a thagann faoi dhlínse an Bhallstáit sin na bearta a shonraítear in Airteagal 10 a dhéanamh chun [...] scaipeadh ábhair **aitheanta** mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne **a bhrath ar inneachar amhairc nó URLanna, agus chun na críche sin amháin, ar sheirbhís shonrach nó ar chodanna nó ar chomhpháirteanna den tseirbhís a aicmítear mar sheirbhís ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 5(2) ar feadh tréimhse theoranta ama mar a shonraítear i mír 9. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur féidir le hÚdarás Comhordúcháin na bunaíochta orduithe braith a eisiúint faoi réir údarú roimh ré ó údarás breithiúnach nó ó údarás riaracháin neamhspleách.**
2. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, sula n-iarrann sé eisiúint ordaithe braith **nó údarú** chun ordú braith **a eisiúint**, na himscrúduithe agus na measúnuithe is gá chun cinneadh a dhéanamh cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha mhír 4.
- Chuike sin, féadfaidh sé[...] a chur de cheangal ar an soláthraí an fhaisnéis is gá a chur isteach, sa bhreis ar an tuarascáil agus ar an bhfaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (3), **agus Airteagal 5a(2)**, faoi seach, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin sin, nó a iarraidh ar Lárionad an Aontais, ar údarás poiblí eile nó ar shaineolaithe nó eintitis ábhartha an fhaisnéis bhreise is gá a chur ar fáil. **Féadfaidh sé cúnamh Lárionad an Aontais a iarraidh freisin chun tástálacha ionsamhlúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 47a ar an tseirbhís i dtrácht chun a fhíorú an ann do thásca oibiachtúla, dá dtagraítear i bpointe (a) de mhíreanna 5 nó 6, de réir mar is infheidhme.**
3. I gcás ina mbíonn Údarás Comhordúcháin na bunaíochta den réamhthuairim gur comhlíonadh coinníollacha mhír 4, déanfaidh sé na bearta a leanas:

- (a) dréacht-iarraidh a leagan amach le haghaidh eisiúint ordaithe braith, ina sonraítear na príomhghnéithe d'inneachar an ordaithe braith a bhfuil sé ar intinn aige a iarraidh agus na cúiseanna **lena n-áirítear an riachtanas** lena iarraidh;
- (b) dréacht-iarraidh a chur faoi bhráid an tsoláthraí agus Lárionad an Aontais;
- (c) deis a thabhairt don soláthraí trácht a dhéanamh ar an dréacht-iarraidh, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin;
- (d) iarraidh ar Lárionad an Aontais a thuairim a thabhairt faoin dréacht-iarraidh, laistigh de thréimhse ama 4 seachtaine ó dháta fála na dréacht-iarrata.

I gcás, ag féachaint do thráchtanna an tsoláthraí agus do thuairim Lárionad an Aontais, ina mbíonn an tÚdarás Comhordúcháin fós den tuairim gur comhlíonadh coinníollacha mhír 4, cuirfidh sé an dréacht-iarraidh, arna coigeartú de réir mar is iomchuí, faoi bhráid an tsoláthraí an athuair. Sa chás sin, déanfaidh an soláthraí gach ceann de na bearta seo a leanas, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin:

- (a) plean cur chun feidhme a dhréachtú ina leagtar amach na bearta a shamhlaíonn sé a dhéanamh leis an ordú braith atá beartaithe a fhorghníomhú, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe maidir leis na teicneolaíochtaí agus na coimircí a shamhlaítear;
- (b) [...]
- (c) [...] i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, an dréachtphean cur chun feidhme a choigeartú, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe tionchair um chosaint sonraí agus d'fhonn tuairim an údaráis cosanta sonraí a chur san áireamh arna cur ar fáil mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán roimhe seo;
- (d) an plean cur chun feidhme a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin, i gcás inarb infheidhme tuairim an údaráis inniúil cosanta sonraí a cheangal leis agus an chaoi ar coigeartaíodh an plean cur chun feidhme a shonrú i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe tionchair ar chosaint sonraí agus na tuairime sin.

I gcás ina mbíonn an tÚdarás Comhordúcháin fós den tuairim, ag féachaint do phlean cur chun feidhme an tsoláthraí agus do thuairimí a fuarthas ón údarás cosanta sonraí agus **ó Lárionad an Aontais , i gcás inarb infheidhme**, gur comhlíonadh coinníollacha mhír 4, cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách iarraidh ar ordú braith a eisiúint nó ar eisiúint ordaithe braith a údarú, arna choigeartú i gcás inarb iomchuí. Ceanglóidh sé plean cur chun feidhme an tsoláthraí agus tuairimí Lárionad an Aontais agus an údaráis cosanta sonraí den iarraidh sin agus, **nuair is iomchuí, na cúiseanna maidir le héagsúlú ó na tuairimí a fuarthas.**

4. Iarrfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta go ndéanfaí nó go n-údarófaí eisiúint an ordaithe braith **lena dtugann sé bunús trí bhíthin cúis réasúnaithe agus údair ábhartha**, agus féadfaidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách [...] **an t-ordú braith a eisiúint nó a údarú don Údarás Comhordúcháin** é a eisiúint i gcás ina measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá fianaise ann gur ann do riosca suntasach agus láithreach nó intuatha go n-úsáidfear an tseirbhís **ardriosca nó codanna nó comhpháirteanna den tseirbhís** chun ábhar **aitheanta** mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, de réir bhrí mhír[...] 5[...], **a scaipeadh**;
- (b) is treise iad na fáthanna leis an ordú braith a eisiúint ná na hiarmhairtí diúltacha ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh, ag féachaint go háirithe don ghá atá le cothromaíocht chóir a áirithiú idir cearta bunúsacha na bpáirtithe sin.

Agus é á mheas ar comhlíonadh coinníollacha na chéad fhomhíre, cuirfear san áireamh fíorais agus tosca ábhartha uile an cháis atá i gceist, go háirithe:

- (a) an measúnú riosca a dhéantar nó a nuashonraítear agus aon bheart maolaithe a dhéanann an tsoláthraí de bhun Airteagail 3 agus 4, lena n-áirítear aon bheart maolaithe a thugtar isteach, a athbhreithnítear, a scoirtear nó a fhorghéadaítear de bhun Airteagal **5a** [...] i gcás inarb infheidhme;
- (b) aon fhaisnéis bhreise eile a fhaightear de bhun mhír 2 nó aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dó, go háirithe i dtaca le húsáid, dearadh agus oibriú na seirbhíse, i dtaca le hacmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí, agus i dtaca le méid an tsoláthraí, agus i dtaca leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na bearta a dhéantar chun an t-ordú braith a fhorghníomhú le haghaidh gach páirtí eile a ndéantar difear dóibh;
- (c) tuairimí agus plean cur chun feidhme an tsoláthraí a chuirtear isteach i gcomhréir le mír 3;
- (ca) **riachtanas agus comhréireacht maidir leis an tréimhse cur i bhfeidhm, cunóracht na dteicneolaíochtaí, arna bhformheas trí ghníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(2), an tionchar ar chearta bunúsacha, agus an fhéidearthacht an raon feidhme a theorannú do chodanna nó do chomhpháirteanna seirbhíse agus do choimircí eile dá bhforáiltear i gcomhréir le mír 8;**
- (d) tuairimí Lárionad an Aontais agus an údaráis cosanta sonraí a chuirtear isteach i gcomhréir le mír 3.

A mhéid a bhaineann leis an dara fomhír, pointe (d), i gcás ina n-imíonn an tÚdarás Comhordúcháin sin go substaintiúil ó thuairimí Lárionad an Aontais a **fuarthas**, cuirfidh sé an méid sin in iúl do Lárionad an Aontais agus don Choimisiún, sonródh sé na pointí ag ar imigh sé uaithi agus na príomhchúiseanna leis an imeacht.

5. [...] Measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (a), a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:
- (a) [...] **tá tásca oibiachtúla ann** d'ainneoin aon bheart maolaithe a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh nó a fhéadfaidh sé a dhéanamh [...], go mbaintear úsáid ar fiú trácht uirthi as an tseirbhís **nó codanna nó comhpháirteanna den tseirbhís ardriosca** chun ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh;
 - (b) go bhfuil fianaise ar sheirbhís ann, nó ar sheirbhís inchomparáide mura bhfuil an tseirbhís curtha ar fáil go fóill san Aontas ag dáta na hiarrata ar eisiúint an ordaithe braith, ar baineadh úsáid arbh fhiú trácht uirthi as le 12 mhí anuas chun ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh.
6. [...]

7. [...]
8. Nuair a iarrfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta eisiúint na n-orduithe braith nó **an t-údarú chun** na horduithe braith **a eisiúint**, agus nuair a iarrfaidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó riaracháin neamhspleách eisiúint an ordaithe braith **nó an t-údarú d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta an t-ordú braith a eisiúint**, déanfaidh siad é a spriocdhíriú agus a shonrú ar bhealach ina mbeidh na hiarmhairtí diúltacha dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), teoranta don mhéid a bhfuil dianghá leis chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca suntasach dá dtagraítear i bpointe (a) de sin.

Chun na haidhme sin, cuirfidh siad san áireamh gach paraiméadar ábhartha, lena n-áirítear infhaighteacht na dteicneolaíochtaí braith atá iontaofa a ndóthain sa mhéid go gcuireann siad srian a mhéad is féidir ar an ráta earráidí maidir leis an mbrath agus lena n-oiriúnacht agus éifeachtacht chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, agus tionchar na mbeart ar chearta na n-úsáideoirí dá ndéantar difear, agus sa mhéid gur gá na bearta is lú cunóirí a dhéanamh dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 10, as measc roinnt beart atá chomh héifeachtach céanna.

Go háirithe, áiritheoidh siad na nithe a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil an riosca sin teoranta do pháirt nó comhpháirt inaitheanta de sheirbhís, nach gcuirtear na bearta is gá i bhfeidhm ach amháin i ndáil leis an bpáirt nó an chomhpháirt sin;
- (b) i gcás inar gá, go háirithe chun srian a chur ar na hiarmhairtí diúltacha sin, go ndéantar foráil maidir le coimircí éifeachtacha agus comhréireacha sa bhreis ar na cinn a liostaítear in Airteagal 10(4), (5) agus (6);
- (c) faoi réir mhír 9, fanfaidh an tréimhse cur i bhfeidhm teoranta don tréimhse a bhfuil fíorghá léi.
- (d) **ní fheidhmítear brath i gcás cuntais a úsáideann an Stát chun críoch slándála náisiúnta, chun dlí agus ord a choinneáil nó chun críoch míleata.**

9. Sonróidh an t-údarás [...] inniúil [...] san ordú braith an tréimhse a mbeidh feidhm leis lena linn, agus cuirfear an dáta tosaigh agus an dáta deiridh in iúl ann.

Socrófar an dáta tosaigh agus an t-am a bhfuil gá réasúnta leis don soláthraí chun na bearta is gá a dhéanamh chun cur i gcrích an ordaithe braith a ullmhú á chur san áireamh. Ní bheidh sé níos luaithe ná 3 mhí ón dáta ar a bhfuair an soláthraí an t-ordú braith, agus ní bheidh sé níos moille ná 12 mhí ón dáta sin.

Ní mhairfidh tréimhse chur i bhfeidhm **na** n-orduithe braith [...] níos faide ná 24 mhí [...].

Airteagal 8

Rialacha breise maidir le horduithe braith

1. Eiseoidh an t-údarás breithiúnach inniúil **nó an t-údarás riaracháin neamhspleách, nó Údarás Comhordúcháin na bunaíochta atá faoi réir réamhúdarú ó údarás breithiúnach nó údarás riaracháin neamhspleách**, na horduithe braith dá dtagraítear in Airteagal 7 leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Áireofar leis na horduithe braith:
- (a) faisnéis maidir leis na bearta atá le déanamh chun an t-ordú braith a fhorghníomhú, lena n-áirítear na táscairí a úsáidfear agus na coimircí dá ndéanfar foráil, lena n-áirítear na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach de bhun Airteagal 9(3) agus, i gcás inarb infheidhme, aon choimirce breise dá dtagraítear in Airteagal 7(8);
 - (b) sonraí aitheantais [...] an údaráis inniúil [...] a eisíonn an t-ordú braith agus an fíordheimhniú a rinne an t-údarás sin i leith an ordaithe braith;

- (c) ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil;
- (d) an tseirbhís shonrach a n-eisítear an t-ordú braith ina leith agus, i gcás inarb infheidhme, an pháirt nó an chomhpháirt den tseirbhís dá ndéantar difear dá dtagraítear in Airteagal 7(8);
- (e) [...];
- (f) dáta tosaigh agus dáta deiridh an ordaithe braith;
- (g) ráiteas leor-mhionsonraithe de na cúiseanna lena mínítear an fáth a n-eisítear an t-ordú braith;
- (h) tagairt don Rialachán seo mar bhunús dlí an ordaithe braith;
- (i) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón údarás [...] a bhfuil an t-ordú braith á eisiúint aige;
- (j) faisnéis shothuigthe maidir leis an sásamh atá ar fáil do sheolaí an ordaithe braith, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir leis an sásamh sin.

1a. Má eisíonn údarás riaracháin neamhspleách nó Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ordú braith a bhfuil údarú faighte aige roimh ré ó údarás riaracháin neamhspleách, ní mór stádas a bheith ag an údarás riaracháin neamhspleách sin lena gcuirtear ar a chumas gníomhú go hoibiachtúil, go neamhchlaonta agus saor ó aon tionchar seachtrach agus a dhualgais á ndéanamh aige.

2. An t-údarás [...] inniúil [...] a eisíonn an t- ordú braith, déanfaidh sé an t- ordú sin a dhíriú chuig príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dlíthiúil a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24.

Tarchuirfear an t-ordú braith chuig pointe teagmhála an tsoláthraí dá dtagraítear in Airteagal 23(1), chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Tarchuirfear an t-ordú braith [...] in aon cheann de na teangacha oifigiúla a dhearbhaíonn an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).

Féadfar an t-ordú braith a tharchur freisin in aon cheann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a eisíonn an t-ordú, ar choinníoll go mbeidh aistriúchán ag gabháil leis ar a laghad de na heilimintí is tábhachtaí is gá chun an t-ordú braith a fhorghníomhú go ceann ar bith de na teangacha oifigiúla arna ndearbhú ag an soláthraí i gcomhréir le hAirteagal 23(3).

3. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú braith a chur i gcrích toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh an soláthraí, gan moill mhíchúí, an tÚdarás Comhordúcháin na bunaíochta a **chur ar an eolas** [...], agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II á úsáid. **Déanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin sin measúnú ar an ábhar agus iarrfaidh sé ar an údarás breithiúnach inniúil nó ar an údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú braith nó a d'údaraigh eisiúint an ordaithe braith go ndéanfar an t-ordú sin a mhodhnú nó a aisghairm, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe sin.**

Cuirfidh an t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú braith an soláthraí ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe sin agus faoi na cúiseanna leis an measúnú sin.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinn I agus II a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Airteagal 9

Sásamh, faisnéis, tuairisciú agus modhnú na n-orduithe braith

1. Soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a bhfuil ordú braith faighte acu, agus úsáideoirí a ndearnadh difear dóibh leis na bearta a rinneadh lena fhorghníomhú, beidh sé de cheart acu sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart agóid a dhéanamh i gcoinne ordú braith os comhair chúirteanna Bhallstát [...] an údaráis inniúil a d'eisigh an t-ordú braith.
2. Nuair a bheidh an t-ordú braith críochnaitheach, cuirfidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú braith **nó d'údaraigh eisiúint an ordaithe braith**, gan moill mhíchúí, Údarás Comhordúcháin na bunaíochta [...] **ar an eolas**. Tarchuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ansin, gan moill mhíchúí, cóip [...] **den ordú braith** chuig gach Údarás Comhordúcháin eile tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Chun críoch na chéad fhomhíre, beidh ordú braith críochnaitheach ar dhul in éag na tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcás nach bhfuil aon achomharc curtha faoi bhráid i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó ar dhearbhu an ordaithe braith tar éis achomharc a dhéanamh.

3. I gcás inar faide í tréimhse cur i bhfeidhm an ordaithe braith ná 12 mhí, [...], cuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta de cheangal ar an soláthraí **an fhaisnéis riachtanach** a thuairisciú chuige maidir le forghníomhú an ordaithe braith uair amháin ar a laghad, leath bealaigh le linn na tréimhse cur i bhfeidhm.

Áireofar leis na tuarascálacha sin tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a rinneadh chun an t-ordú braith a fhorghníomhú, lena n-áirítear na coimircí a soláthraíodh, agus faisnéis maidir le feidhmiú iarbhir na mbeart sin, go háirithe maidir lena n-éifeachtacht chun scaipeadh ábhair aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath [...], agus maidir le hiarmhairtí na mbeart sin i dtaca leis na cearta agus le leasanna dlisteanacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh.

4. [...] Measfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, i gcás inar gá agus in aon chás tar éis na dtuarascálacha a fháil dá dtagraítear i mír 3, cibé acu a tharla nó nár tharla aon athrú substaintiúil ar na forais chun na horduithe braith a eisiúint agus, go háirithe, an bhfuil coinníollacha Airteagal 7(4) á gcomhlíonadh go fóill. Ina leith sin, cuirfidh sé san áireamh bearta maolaithe breise a fhéadfaidh an soláthraí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a shainaithnítear tráth eisiúna an ordaithe braith.

Iarrfaidh an tÚdarás Comhordúcháin sin ar an údarás breithiúnach inniúil nó ar an údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú braith **nó a d'údaraigh eisiúint an ordaithe braith** go ndéanfar an t-ordú sin a mhodhnú nó a aisghairm, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe sin. Beidh feidhm ag forálacha na Roinne seo ar na hiarrataí sin, *mutatis mutandis*.

Airteagal 10

Teicneolaíochtaí agus coimircí

1. Soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a fuair ordú braith, déanfaidh siad é a fhorghníomhú trí theicneolaíochtaí a shuiteáil agus a oibriú **arna bhformheas ag an gCoimisiún** chun scaipeadh ábhair aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí [...] a bhrath, trí úsáid a bhaint as na táscairí comhfhreagracha arna soláthar ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 46. **I seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a bhaineann úsáid as criptiú inn go hinn, braithfear, leis na teicneolaíochtaí sin, scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí sula dtarchuirfear é.**
2. **Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na teicneolaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a fhorghníomhú, tar éis dó dul i gcomhairle le Lárionad an Aontais, agus úsáid a baint as na critéir a leagtar amach i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 87.**

Beidh an soláthraí i dteideal teicneolaíochtaí a éadáil, a shuiteáil agus a oibriú, saor in aisce, a chuireann Lárionad an Aontais ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 50(1), d'aon toisc chun an t-ordú braith a fhorghníomhú.

[...] Ní dhéanfaidh úsáid na dteicneolaíochtaí **dá dtagraítear i mír 1 arna bhformheas ag an gCoimisiún** [...] difear do fhreagracht an tsoláthraí [...] **na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo** a chomhlíonadh ná d'aon chinnidh a fhéadfaidh sé a dhéanamh i ndáil le húsáid na dteicneolaíochtaí nó mar thoradh a n-úsáide.
3. Maidir leis na teicneolaíochtaí sin [...]:
 - (a) beidh siad éifeachtach **agus oiriúnach** chun scaipeadh ábhair aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath [...];

- (aa) ní thabharfar rioscaí cibearshlándála isteach leo nach féidir aon bheart éifeachtach a dhéanamh ina leith chun an riosca sin a mhaolú;
- (ab) má chuirfear i bhfeidhm iad i seirbhísí ina n-úsáidtear criptiú inn go hinn, deimhneoidh Lárionad an Aontais iad tar éis tástálacha a dhéantar le tacaíocht óna Choiste Teicneolaíochta, nach bhféadfadh lagú ar an gcosaint a sholáthraítear leis an gcriptiú a bheith mar thoradh ar a n-úsáid;
- (b) **beidh siad teoranta d'ábhar amhairc agus URLanna a bhrath, agus ní bheifear in ann a dhéanamh amach leo cad í substaint ábhar na cumarsáide ná aon fhaisnéis eile a bhaint ón gcumarsáid ábhartha seachas an fhaisnéis a bhfuil fíorghá lena bhrath, ag úsáid na dtáscairí dá dtagraítear i mír 1, chun patrúin a bhrath lena dtugtar le fios go bhfuil ábhar aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí [...] á scaipeadh;**
- (c) **beidh siad i gcomhréir leis an úrscothacht sa tionscal agus is lú cunóirí iad ó thaobh an tionchair ar chearta úsáideoirí ar shaol príobháideach agus saol teaghligh, lena n-áirítear rúndacht cumarsáide, agus ar chosaint sonraí pearsanta;**
- (d) **beidh siad iontaofa [...] agus cruinn, sa mhéid is go gcuireann siad teorainn a mhéid is féidir le ráta na n-earráidí maidir leis an mbrath agus, i gcás ina dtarlaíonn na hearráidí sin, go gcumasaíonn siad earráidí a cheartú gan moill mhíchuí.**

4. Déanfaidh an soláthraí an méid a leanas:

- (a) gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur chun scaipeadh ábhair aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí [...] a bhrath, agus chun na críche sin amháin, a mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na horduithe braith a chuirtear **chuige** [...] a fhorghníomhú, a úsáidfear na teicneolaíochtaí agus táscairí, agus a dhéanfar próiseáil na sonraí pearsanta agus sonraí eile i ndáil leis sin. **Go háirithe, déanfaidh an soláthraí an méid seo a leanas:**
 - (i) **na rioscaí cibearshlándála a shainaithint agus anailís agus measúnú a dhéanamh orthu go dícheallach, ar rioscaí iad a d'fhéadfaí a thabhairt isteach leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na horduithe braith a fhorghníomhú;**
 - (ii) **gach beart maolaithe réasúnta a dhéanamh, agus é saincheaptha don riosca cibearshlándála féideartha a sainaithníodh, chun an riosca sin a íoslaghdú;**
- (aa) **ach ordú braith a fháil i seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, teorainn a chur le feidhmiúlachtaí na seirbhíse sin chun tarchur an ábhair amhairc agus URLanna a chosc gan toiliú an úsáideora de bhun mhír 5(aa);**
- (b) **nósanna imeachta éifeachtacha inmheánacha a chur ar bun chun aon mhí-úsáid, lena n-áirítear mí-úsáid arb é sárú ar bhearta cibearshlándála is cúis léi, a bhainfí as na teicneolaíochtaí, táscairí agus sonraí pearsanta agus sonraí eile dá dtagraítear i bpointe (a), agus rochtain neamhúdaraíthe ar na sonraí pearsanta agus sonraí eile sin, agus aistrithe neamhúdaraíthe díobh a chosc agus, i gcás inar gá, a bhrath agus a leigheas;**
- (c) **formhaoirseacht rialta dhaonna a áirithiú de réir mar is gá chun a áirithiú go n-oibreoidh na teicneolaíochtaí ar bhealach atá iontaofa go leor agus, i gcás inar gá, go háirithe nuair a bhraitear earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann, idirghabháil ón duine;**

- (d) sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin a chur faoina bhráid, laistigh de thréimhse réasúnach, gearáin maidir le sáruithe líomhnaithe dá oibleagáidí faoin Roinn seo, agus aon chinneadh a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh i ndáil le húsáid na dteicneolaíochtaí, lena n-áirítear baint nó díchumasú na rochtana ar ábhar a sholáthraíonn úsáideoirí, bac a chur ar chuntais úsáideoirí nó soláthar na seirbhísí do na húsáideoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, agus na gearáin sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil;
- (e) an tÚdarás Comhordúcháin a chur ar an eolas, mí amháin ar a laghad roimh an dáta tosaithe a shonraítear san ordú braith, maidir le cur chun feidhme na mbeart beartaithe a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(3);
- (f) feidhmiú na mbeart dá dtagraítear i bpointí (a), **(aa)**, (b), (c) agus (d) den mhír seo a athbhreithniú go tráthrialta, agus iad a choigeartú i gcás inar gá chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach ansin, agus an próiseas athbhreithnithe agus na torthaí air a dhoiciméadú, agus an fhaisnéis sin a áireamh leis an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 9(3).

5. **Iarrfaidh an soláthraí [...] toiliú na n-úsáideoirí chun scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath chun orduithe braith a fhorghníomhú tar éis dóibh iad a chur ar an eolas ar bhealach soiléir, feiceálach agus intuigthe sna téarmaí agus na coinníollacha úsáide maidir leis an méid seo a leanas:**

- (a) go n-oibríonn **an soláthraí, tar éis dó ordú braith a fháil**, [...] teicneolaíochtaí lena mbraitear **ábhar aitheanta** mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne chun an t-ordú braith a fhorghníomhú, na bealaí ina n-oibríonn sé na teicneolaíochtaí sin, faisnéis fhiúntach faoin loighic lena mbaineann, agus an tionchar ar rúndacht chumarsáid na n-úsáideoirí;
- (aa) gur gá, ar an ordú braith a fháil i seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, teorainn a chur le feidhmiúlachtaí na seirbhíse chun tarchur an ábhair amhaire agus URLanna a chosc gan toiliú an úsáideora;**
- (b) nach foláir **don soláthraí** [...] mí-úsáid ghnéasach fhéideartha leanaí ar líne a thuairisciú chuig Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (c) ceart na n-úsáideoirí chun sásamh breithiúnach dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus a gcearta chun gearáin a chur faoi bhráid an tsoláthraí tríd an sásra dá dtagraítear i mír 4, pointe (d) agus faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.

Ní sholáthróidh an soláthraí faisnéis d'úsáideoirí lena bhféadfaí laghdú a chur ar éifeachtacht na mbeart chun an t-ordú braith a fhorghníomhú.

6. Nuair a bhraitheann soláthraí mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha trí na bearta a dhéantar chun an t-ordú braith a fhorghníomhú, cuirfidh sé na húsáideoirí lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchúí, i ndiaidh [...] don údarás um fhorfheidhmiú an dlí le Ballstát a fuair an tuarascáil de bhun Airteagal 48 a dhearbhuí nach gcuirfeadh an fhaisnéis d'úsáideoirí isteach ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Airteagal 11

Treoirlínte maidir le hoibleagáidí braith

Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7 go 10, agus aird iomchuí á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus ar na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Roinn 3

Oibleagáidí tuairiscithe

Airteagal 12

Oibleagáidí tuairiscithe

1. I gcás ina n-éiríonn soláthraí seirbhísí óstála nó soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta feasach ar aon bhealach, seachas trí ordú baint anuas a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, faoi aon fhaisnéis [...] **a léiríonn** gur féidir gur ann do mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ar a sheirbhís[...], cuirfidh sé tuarascáil faoi sin go pras faoi bhráid Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 13. Déanfaidh sé amhlaidh tríd an gcóras a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2).
2. I gcás ina gcuirfidh an soláthraí tuarascáil isteach de bhun mhír 1, cuirfidh sé na húsáideoirí lena mbaineann ar an eolas, **i gcomhréir leis na fomhíreanna seo a leanas**, ina gcuirfear faisnéis ar fáil maidir le príomhábhar na tuarascála [...] agus maidir leis na [...] féidearthachtaí sásaimh, lena n-áirítear an ceart gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Comhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.

Cuirfidh an soláthraí an t-úsáideoir lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchúí, i ndiaidh dó teachtaireacht a fháil ó Lárionad an Aontais ina gcuirtear in iúl go measann sé an tuarascáil a bheith go soiléir gan bhunús dá dtagraítear in Airteagal 48(2), nó i ndiaidh dhul in éag na tréimhse ama **6 mhí** ó dháta na tuarascála gan teachtaireacht a fháil ó Lárionad an Aontais a chuireann in iúl nach soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 48(6), pointe (a), cibé acu a tharlaíonn ar dtús. **Déanfar an tréimhse 6 mhí dá dtagraítear san fhomhír seo a shíneadh suas le 6 mhí i gcás ina n-iarrfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 48(6) [...] amhlaidh.**

I gcás ina bhfaigheann, laistigh den tréimhse ama [...] dá dtagraítear sa dara fomhír, an soláthraí an teachtaireacht sin ó Lárionad an Aontais ina gcuirtear in iúl nach gcuirfear an fhaisnéis ar fáil, cuirfidh sé an t-úsáideoir lena mbaineann ar an eolas, gan moill mhíchúí, i ndiaidh dhul in éag na tréimhse ama a leagtar amach sa teachtaireacht sin.

3. Bunóidh agus oibreoidh an soláthraí sásra ar féidir a **rochtain go héasca**, [...] **atá éifeachtach**, aoisoiriúnach agus so-úsáidte, **go háirithe do leanaí**, lena ligtear d'úsáideoirí **fógra a thabhairt** [...] don soláthraí maidir le **faisnéis a léiríonn** go bhféadfadh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bheith ann ar a [...] sheirbhís. **Leis na sásraí sin, ceadófar do dhaoine aonair nó d'eintitis fógraí a thíolacadh trí mheán leictreonach amháin.**

Éascófar leis na sásraí fógraí atá beacht go leor agus a bhfuil bunús leordhóthanach leo a thíolacadh. Chuige sin, déanfaidh na soláthraithe na bearta is gá, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais an linbh, chun tíolacadh fógraí a chumasú agus a éascú, d'fhonn na rudaí seo a leanas a fháil:

- (a) **na cúiseanna go líomhnaíonn an t-úsáideoir gurb ionann an t-ábhar nó an comhrá atá i gceist agus mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne;**
 - (b) **léiriú soiléir ar shuíomh ar líne na mí-úsáide ghnéasaí leanaí ar líne líomhnaithe agus, i gcás inar gá, faisnéis a bhaineann go sonrach le seirbhís lena féidir a suíomh ar líne a shainaithint.**
4. **Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlinnte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhír 3, ag féachaint go cuí go háirithe d'aois, aibíocht, tuairimí, riachtanais agus ábhair inní an linbh.**

Airteagal 13

Ceanglais shonracha maidir le tuairisciú

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 12 faoi bhráid leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil:
- (a) **sonraí aitheantais an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí aitheantais a ionadaí dhlíthiúil;**
 - (b) **dáta, stampla ama agus ríomhshíniú ón soláthraí;**
 - (ba) **an bealach ar éirigh an soláthraí feasach i dtaobh na mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha;**
 - (c) [...] **sonraí inneachair a bhaineann leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha**[...];
 - (d) [...] sonraí **eile** atá ar fáil a bhaineann leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha a tuairiscíodh, **lena n-áirítear meiteashonraí a bhaineann le comhaid meán, agus cumarsáid;**
 - (e) **an mbaineann an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha le scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí nó le sirtheoireacht ar leanaí;**

- (f) faisnéis a bhaineann leis an suíomh geografach a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha, mar shampla seoladh Prótacail Idirlín na huaslódála, leis an dáta agus an stampa ama a bhaineann leis, lena n-áirítear amchrios, agus uimhir phoirt;
- (g) faisnéis a bhaineann le céannacht aon úsáideora a bhfuil baint acu le mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne, lena n-áirítear aitheantóir uathúil den úsáideoir;
- (h) ar thuairiscigh an soláthraí freisin, nó an dtuairisceoidh an soláthraí freisin, an **faisnéis lena gcuirtear** an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha **in iúl** d'údarás poiblí ó **thríú tír** nó eintiteas eile atá inniúil chun na tuairiscí sin a fháil [...], agus más amhlaidh, cén t-údarás nó eintiteas a dtuairisceoidh sé dó;
- (i) i gcás ina mbaineann an **faisnéis a léiríonn gur féidir gur ann d'ábhar** mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne le scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí, an ndearna an soláthraí an rochtain ar an ábhar a bhaint anuas nó a dhíchumasú, agus, i gcás inarb ábhartha, má rinneadh é ar bhonn deonach;
- (j) **cé acu a mheasann an soláthraí go bhfuil** nó nach bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach i bhfianaise na tuarascála;
- (k) tagairt don Rialachán seo mar bhunús dlí leis an tuairisciú.

1a. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina dtugann an faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) údar réasúnach don chonclúid gur dócha go mbeidh garbhaol ann do bheatha nó do shábháilteacht linbh nó i gcás ina léirítear mí-úsáid atá ar siúl i láthair na huaire sin san faisnéis, áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

- (a) in aon chás, an faisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) (f), (j) agus (k) de mhír 1 den Airteagal seo;
- (b) an faisnéis dá dtagraítear sna pointí eile de mhír 1 den Airteagal seo, sa mhéid go bhfuil an faisnéis sin ar fáil láithreach agus nach gcuireann a áireamh sa tuarascáil moill ar thíolacadh na tuarascála.

I gcás nach bhfuil an faisnéis uile dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh soláthraí na seirbhísí óstála nó na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta lena mbaineann tuarascáil bhreise isteach go pras ina mbeidh an faisnéis sin go léir, a bheidh cothrom le dáta nó tugtha i gcrích i gcás inarb ábhartha. Beidh tagairt sa tuarascáil bhreise sin den tuarascáil tosaigh a cuireadh isteach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus léireofar inti an faisnéis a tugadh cothrom le dáta nó a tugadh i gcrích.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinn III a leasú chun feabhas a chur ar na teimpléid i gcás inar gá sin i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Roinn 4 Oibleagáidí baint anuas

Airteagal 14

Orduithe baint anuas

1. [...] Beidh sé de chumhacht ag údarás inniúil gach Ballstáit ordú baint anuas a eisiúint, faoi réir aon cheanglais sa dlí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1a, lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí óstála rochtain a bhaint nó a dhíchumasú i ngach Ballstát ar cheann amháin nó níos mó de na míreanna sonracha ábhair a shainaithnítear, tar éis measúnú dícheallach, [...] a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.
- 1a. De mhaolú ar mhír 1, agus gan moill mhíchuí a chur ar phróiseas eisiúna na n-orduithe sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach féidir ach le húdarás breithiúnach na horduithe sin a eisiúint nó nach féidir iad a eisiúint ach le húdarú roimh ré ó údarás breithiúnach, más gá, arna iarraidh sin d'údarás inniúil eile. I gcás ina mbainfidh Ballstát leas as an bhféidearthacht sin, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus coimeádfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear ar fáil go poiblí agus coimeádfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta.
2. Forghníomhóidh an soláthraí an t-ordú baint anuas a luaithé is féidir agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis an t-ordú braith sin a fháil. **Déanfaidh an soláthraí na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé ar a chumas an t-ábhar nó an rochtain a athshuíomh i gcomhréir le hAirteagal 15(1a).**
3. [...] **Eiseofar** ordú baint anuas agus leas á bhaint as an teimpléad atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV. Beidh an méid a leanas san áireamh in orduithe baint anuas:
 - (a) sonraí aitheantais [...] an údaráis a eisiúnn an t-ordú baint anuas agus fiordheimhniú an ordaithe baint anuas ag an údarás sin;
 - (b) ainm an tsoláthraí agus, i gcás inar gá, ainm a ionadaí dhlíthiúil;
 - (c) an tseirbhís shonrach a n-eisítear an t-ordú baint anuas **ina leith**;

- (d) ráiteas mionsonraithe a dhóthain de na cúiseanna lena mínítear an fáth a n-eisítear an t-ordú baint anuas [...]
- (e) [...] faisnéis **shoiléir** [...] **lena gcuirtear ar chumas an tsoláthraí** an t-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí **a shainaithint agus a aimsiú;**
- (f) i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis maidir le neamhnochtadh le linn tréimhse ama shonraithe, i gcomhréir le hAirteagal 15(4), pointe (c);
- (fa) an fhaisnéis is gá chun míreanna 5, 6 agus 7 a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha;**
- (g) tagairt don Rialachán seo mar bhunús dlí an ordaithe baint anuas;
- (h) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú [...] ón údarás **inniúil** a bhfuil an t-ordú baint anuas á eisiúint aige;
- (i) faisnéis shothuigthe faoin sásamh atá ar fáil do sheolaí an ordaithe baint anuas, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir leis an sásamh sin.

4. An **t-údarás** [...] **inniúil** a eisíonn an t- ordú baint anuas, déanfaidh sé an t- ordú sin a dhíriú chuig príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dlíthiúil a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24.

[...] **Tarchuirfear** an t-ordú baint anuas, **i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 14a**, chuig pointe teagmhála **an tsoláthraí** dá dtagraítear in Airteagal 23(1) trí mhodh leictreonach lenar féidir taifead i scríbhinn a léiriú i ndálaí lena gcumasaítear fíordheimhniú an tseoltóra a shuí, lena n-áirítear cruinneas an dáta agus an ama a seoladh agus a fuarthas an t-ordú, chuig Údarás Comhordúcháin **an Bhallstáit inar eisigh a údarás an t-ordú** agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

[...] **Tarchuirfear an t-ordú baint anuas** [...] in aon cheann [...] de na teangacha **oifigiúla** a dhearbhaíonn an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).

Féadfar an t-ordú a tharchur freisin in aon cheann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a eisíonn an t-ordú, ar choinníoll go mbeidh aistriúchán ag gabháil leis ar a laghad de na heilimintí is tábhachtaí is gá chun an t-ordú a fhorghníomhú go ceann ar bith de na teangacha oifigiúla arna ndearbhú ag an soláthraí i gcomhréir le hAirteagal 23(3).

5. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú baint anuas a fhorghníomhú ar fhorais *force majeure* nó na dodhéantachta *de facto* nach bhfuil inchurtha ina leith, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla atá inchosanta ar bhealach oibiachtúil, cuirfidh sé an **t-údarás a eisíonn an t-ordú** [...] ar an eolas, gan moill mhíchuí, faoi na forais sin, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V á úsáid.

Tosóidh an tréimhse ama a leagtar amach i mír **2** [...] ag rith a luaithe agus a scoirfidh na cúiseanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír de bheith ann.

6. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú baint anuas a fhorghníomhú toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh sé, gan moill mhíchuí, an soiléiriú is gá [...] **ón údarás a eisíonn an t-ordú** [...] agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V á úsáid.
- Tosóidh an tréimhse ama a leagtar amach i mír 2 [...] ag rith a luaithe agus a bheidh an soiléiriú is gá faighte ag an soláthraí.
7. Cuirfidh an soláthraí **an t-údarás a eisíonn an t-ordú** [...] ar an eolas, gan moill mhíchuí agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VI á úsáid, faoi na bearta a dhéantar chun an t-ordú baint anuas a fhorghníomhú, ag cur in iúl go háirithe, ar bhain an soláthraí an t-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó ar dhíchumasaigh sé an rochtain air sin i ngach Ballstát, agus an dáta agus an t-am leis.
8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní IV, V agus VI a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Airteagal 14a

Nós imeachta maidir le horduithe baint anuas trasteorann

1. **Faoi réir Airteagal 14, i gcás nach i mBallstát an údaráis a d'eisigh an t-ordú baint anuas atá príomhbhunaíocht nó ionadaí dlíthiúil an tsoláthraí seirbhísí óstála, déanfaidh an t-údarás sin, tríd an Údarás Comhordúcháin, cóip den ordú baint anuas a chur faoi bhráid Údarás Comhordúcháin na bunaíochta go comhuaineach.**
2. **Féadfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, laistigh de 72 uair an chloig tar éis dó an chóip den ordú baint anuas a fháil i gcomhréir le mír 1, grinnscrúdú a dhéanamh ar an ordú baint anuas chun a chinneadh an sáraíonn sé an Rialachán seo go mór nó go follasach nó an bhfuil aon sáruithe tromchúiseacha nó follasacha ar na cearta bunúsacha agus ar na saoirsí bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt i gceist leis.**

I gcás ina gcinnfidh sé go bhfuil sárú den chineál sin ann, glacfaidh sé cinneadh réasúnaithe chuige sin laistigh den tréimhse chéanna.
3. **I gcás ina bhfaighidh soláthraí seirbhísí óstála ordú baint anuas dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh sé na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 14 agus déanfaidh sé na bearta is gá chun go mbeidh sé in ann an t-inneachar i dtrácht a aischur, nó rochtain air a athbhunú, i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.**
4. **Tar éis dó cinneadh a fháil ina léirítear sárú a cuireadh in iúl i gcomhréir le mír 7, déanfaidh an soláthraí seirbhísí óstála atá i gceist, gan moill mhíchuí, an t-inneachar agus an rochtain air a aischur, gan dochar don fhéidearthacht a théarmaí agus coinníollacha a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.**

5. De mhaolú ar Airteagal 14(1) agus ó mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, i gcás ina gceanglaítear sin le dlí bunreachtúil an Bhallstáit ina bhfuil an a phríomhbhunaíocht ag soláthraí seirbhísí óstála nó ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh go bhfuil orduithe baint anuas arna n-eisiúint ag údaráis inniúla Ballstát eile le tarchur trí Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit sin. Cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh agus faoi na cúiseanna leis an gcinneadh a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na Ballstáit a rinne an cinneadh dá dtagraítear san fhomhír seo a chur ar fáil go poiblí agus a choinneáil cothrom le dáta.

Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, a luaithe is féidir agus ar aon chás laistigh de 72 uair an chloig ón ordú baint anuas a fháil, an t-ordú baint anuas a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír a tharchur chuig soláthraí seirbhísí óstála, mura nglacann sé cinneadh réasúnaithe laistigh den 72 uair sin go sáraíonn an t-ordú baint anuas go tromchúiseach nó go follasach an Rialachán seo nó na cearta bunúsacha agus na saoirsí bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt. Ní bheidh éifeacht dhlíthiúil ag an ordú baint anuas ach amháin nuair a tharchuirfeadh é chuig soláthraí seirbhísí óstála.

6. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun an dara fhomhír de mhír 2 nó de bhun an dara fhomhír de mhír 5, cuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit arb é a údarás a d'eisigh an t-ordú baint anuas ar an eolas faoina rún an cinneadh a ghlacadh agus faoi na cúiseanna atá aige leis sin.
7. I gcás ina nglacann Údarás Comhordúcháin na bunaíochta cinneadh réasúnaithe i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 2, déanfaidh sé an cinneadh sin, gan mhoill, a thraschur chuig Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit sin arb é a údarás a d'eisigh an t-ordú baint anuas, chuig soláthraí seirbhísí óstála agus chuig Lárionad an Aontais.

I gcás ina nglacann Údarás Comhordúcháin na bunaíochta cinneadh réasúnaithe i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 5 déanfaidh sé, gan mhoill, an cinneadh sin a thraschur chuig Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit sin arb é a údarás a d'eisigh an t-ordú baint anuas, chuig soláthraí seirbhísí óstála agus chuig Lárionad an Aontais.

Airteagal 15

Sásamh agus soláthar faisnéise

1. Soláthraithe seirbhísí óstála a bhfuil ordú baint anuas faighte acu a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 14, agus na húsáideoirí a sholáthair an t-ábhar, beidh sé de cheart acu sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart agóid a dhéanamh i gcoinne an ordaithe baint anuas sin os comhair chúirteanna Bhallstát an [...] údaráis a d'eisigh an t-ordú baint anuas.

- 1a. **Má dhéantar an t-ordú a fhreaschur de thoradh nós imeachta sásaimh, déanfaidh an soláthraí an t-ábhar nó rochtain air a athbhunú gan moill mhíchuí, gan dochar don fhéidearthacht a théarmaí agus a choinníollacha a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.**
2. Nuair a bheidh an t-ordú baint anuas ina ordú críochnaitheach, déanfaidh [...] an t-údarás a d'eisigh an t-ordú baint anuas, gan moill mhíchuí, cóip de **agus cóipeanna den fhaisnéis a fuair sé de bhun Airteagal 14(5) go (7)** a tharchur chuig Údarás Comhordúcháin **Bhallstát an údaráis a d'eisigh an t-ordú baint anuas [...]**. Tarchuirfidh [...] an tÚdarás Comhordúcháin sin ansin, gan moill mhíchuí, [...] **cóipeanna** díobh sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile **agus Lárionad an Aontais** tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).
- Chun críoch na chéad fhomhíre, beidh ordú baint anuas críochnaitheach ar dhul in éag na tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcás nár cuireadh achomharc isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó nuair a dhearbhaítear an t-ordú baint anuas i ndiaidh achomharc a dhéanamh.
3. I gcás ina mbaineann nó ina ndíchumasaíonn soláthraí an rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí de bhun ordú baint anuas a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 14, cuirfidh sé an t-úsáideoir ar an eolas a sholáthair an t-ábhar, gan moill mhíchuí, faoin méid a leanas:
- (a) gur bhain sé an t-ábhar nó gur dhíchumasaigh sé an rochtain air;
 - (b) na cúiseanna leis an mbaint nó leis an díchumasú, agus cóip den ordú baint anuas á soláthar arna iarraidh sin don úsáideoir;
 - (c) ceart an úsáideora chun sásaimh bhreithiúnaigh dá dtagraítear i mír 1 agus ceart an úsáideora chun gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.
- 3a. **Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin a chur faoina bhráid, faoi sháruithe líomhnaithe ar a oibleagáidí faoin Roinn seo. Déanfaidh sé na gearáin sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil.**
4. Féadfaidh an t-údarás eisiúna [...] **cinneadh** a dhéanamh [...], [...] i ndiaidh dó, **más gá**, dul i gcomhairle leis na húdaráis phoiblí ábhartha, nach nochtfaidh an soláthraí aon fhaisnéis maidir le baint nó díchumasú na rochtana ar an ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, i gcás inar gá, agus a mhéid is gá chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí, **nó cionta coiriúla gaolmhara** a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Sa chás sin:

- (a) cuirfidh an t-údarás [...] a eisíonn an t-ordú baint anuas an **soláthraí ar an eolas faoina chinneadh agus sonróidh sé an tréimhse ama is infheidhme nach mbeidh** [...] nó [...] níos faide ná mar is gá agus nach faide ná **12** [...] sheachtain, agus nach bhfuil an fhaisnéis sin le nochtadh ag an soláthraí lena linn;
- (b) ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 3 le linn na tréimhse ama sin;

[...]

Féadfaidh an [...] t-údarás a **eisíonn an t-ordú baint anuas** cinneadh a dhéanamh síneadh a chur leis an tréimhse ama dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (a), trí thréimhse bhreise 6 seachtaine ar a mhéad a chur léi, i gcás inar gá agus a mhéid a bhfuil gá leis an neamhnochtadh go fóill. Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás [...] **eisiúna** an soláthraí ar an eolas faoina chinneadh, ina sonraítear an tréimhse ama is infheidhme. [...]

- 4a. **I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 14a(5), cuirfidh an t-údarás eisiúna an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 in iúl don soláthraí trí Údarás Comhordúcháin na bunaíochta.**

Roinn 5 **Oibleagáidí blocála**

Airteagal 16

Orduithe blocála

1. Beidh sé de chumhacht ag **údarás inniúil na bunaíochta** [...] ordú blocála a eisiúint, [...], **faoi réir aon cheanglais sa dlí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1a**, lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí rochtana idirlín faoi dhlínse an Bhallstáit sin bearta réasúnacha a dhéanamh chun cosc a chur ar úsáideoirí rochtain a fháil ar [...] ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí [...]. **Féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as an liosta d'aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne dá bhfuil ann sa bhunachar sonraí de tháscairí, i gcomhréir le hAirteagal 44(2), pointe (b) agus arna sholáthar ag Lárionad an Aontais.**
- 1a. De mhaolú ar mhír 1, agus gan moill mhíchuí a chur ar phróiseas eisiúna na n-orduithe sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach féidir ach le húdarás breithiúnach na horduithe sin a eisiúint nó nach féidir iad a eisiúint ach le húdarú roimh ré ó údarás breithiúnach arna iarraidh sin d'údarás inniúil eile. I gcás ina mbainfidh Ballstát leas as an bhféidearthacht sin, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus coimeádfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear ar fáil go poiblí agus coimeádfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta.

- 1b. Déanfaidh an soláthraí an t-ordú blocála a fhorghníomhú a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de thréimhse ama réasúnta arna leagan síos ag an údarás eisiúna. Déanfaidh an soláthraí na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé ar a chumas an rochtain a athshuíomh i gcomhréir le hAirteagal 18(1a).
2. [...]
3. [...]
4. [...] **Eiseofar** ordú blocála i gcás [...] ina [...] gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) ní féidir bearta eile atá chomh héifeachtach céanna agus nach bhfuil chomh cunórach céanna le blocáil a dhéanamh chun rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc nó más dócha go dteipfeadh ar an mbeart sin; [...]

- (b) is gá an t-ordú blocála a dhéanamh chun cosc a chur ar scaipeadh [...] ábhair a léiríonn mí-úsáid ghnéasach [...] leanaí san Aontas, ag féachaint don ghá atá le cearta na n-íospartach a chosaint [...];
- (c) [...]
- (d) is treise iad na fáthanna leis an ordú blocála a eisiúint ná na hiarmhairtí diúltacha ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí dá ndéantar difear, ag féachaint go háirithe don ghá le cothromaíocht chóir a áirithiú idir cearta bunúsacha na bpáirtithe sin, lena n-áirítear feidhmiú shaoirse cainte agus faisnéise na n-úsáideoirí agus saoirse an tsoláthraí chun gnó a dhéanamh.

Agus é á mheas ar comhlíonadh coinníollacha na chéad fhomhíre, cuirfear san áireamh fíorais agus tosca ábhartha uile an cháis atá i gceist[...].

5. [...]Le hordú blocála [...] déanfar:

- (a) na teorainneacha [...] is gá [...] a shonrú chun a áirithiú go bhfuil **ordú blocála spriocdhírthe agus go** bhfanfaidh aon iarmhairt dhiúltach dá dtagraítear i mír 4, pointe (d), teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis;
- (b) faoi réir mhír 6, áiritheoidh sé go bhfanfaidh an tréimhse cur i bhfeidhm teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis.

6. Sonróidh an t-údarás **eisiúna** [...] san ordú blocála an tréimhse a mbeidh feidhm leis lena linn, agus cuirfear an dáta tosaigh agus an dáta deiridh in iúl ann.

Ní mhairfidh tréimhse chur i bhfeidhm na n-orduithe blocála níos faide ná 5 bliana.

7. [...] Measfaidh [...] **an t-údarás eisiúna**, i gcás inar gá agus uair amháin gach bliain ar a laghad, cé acu a tharla nó nár tharla aon athrú substaintiúil ar na forais chun na horduithe blocála a eisiúint agus [...] an bhfuil coinníollacha mhír 4 á gcomhlíonadh go fóill.

[...]I gcás inar gá, i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe sin nó [...] **faisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear faisnéis a fuarthas trí** na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal [...] **17(5a)** [...], [...] **déanfaidh an t-údarás eisiúna ordú a mhodhnú nó a fhreaschur, i gcás inarb ábhartha, má iarrann an tÚdarás Comhordúcháin amhlaidh.** [...]

Airteagal 17

Rialacha breise maidir le horduithe blocála

1. [...] **Eiseofar** ordú blocála [...] agus leas á bhaint as an bhfoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII. Áireofar na nithe a leanas leis na horduithe blocála:
 - (a) **i gcás inarb infheidhme**, an tagairt do liosta na n-aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní, arna soláthar ag Lárionad an Aontais [...];
 - (b) sonraí aitheantais an [...] údaráis a eisiónn an t-ordú blocála agus fíordheimhniú an ordaithe blocála ag an údarás sin;
 - (c) ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil;
 - (d) **faisnéis shoiléir lena gcuirtear ar chumas an tsoláthraí an t-ábhar a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí** agus an tseirbhís shonrach ar ina leith a eisiúnn an t-ordú **blocála** [...] a shainaithint agus a aimsiú;
 - (e) dáta tosaigh agus dáta deiridh an ordaithe blocála;
 - (ea) **na teorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 16(5);**
 - (f) ráiteas mionsonraithe a dhóthain de na cúiseanna a mhíníonn an fáth ar eisiódh an t-ordú blocála;
 - (fa) **an fhaisnéis is gá chun míreanna 4a, 5 agus 5a a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha;**
 - (g) tagairt don Rialachán seo mar an bunús dlí leis an ordú blocála;
 - (h) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón údarás **inniúil** [...] a bhfuil an t-ordú blocála á eisiúint aige;
 - (i) faisnéis shothuigthe maidir leis an sásamh atá ar fáil do sheolaí an ordaithe blocála, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir leis an sásamh sin.
2. An t-údarás [...] **inniúil** a eisiónn an t-ordú blocála, déanfaidh sé an t-ordú sin a dhíriú chuig príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dhlíthiúil a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24.

3. Tarchuirfear an t-ordú blocála chuig pointe teagmhála an tsoláthraí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) **trí mhodh leictreonach lenar féidir taifead i scríbhinn a léiriú i ndálaí ina gcumasaítear fiordheimhniú an tseoltóra a shuí, lena n-áirítear cruinneas an dáta agus an ama a seoladh agus a fuarthas an t-ordú**, chuig an Údarás Comhordúcháin sa **Bhallstát inar eisíodh an t-ordú [...]** agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 39(2).
4. **Tarchuirfear an t-ordú blocála [...] in aon cheann de na teangacha oifigiúla a dhearbhaíonn an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).**
- 4a. **Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú blocála a fhorghníomhú ar fhorais *force majeure* nó na dodhéantachta *de facto* nach bhfuil inchurtha ina leith, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla atá inchosanta ar bhealach oibiachtúil, cuirfidh sé an t-údarás a eisíonn an t-ordú ar an eolas, gan moill mhíchúí, faoi na forais sin, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII á úsáid.**
5. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú blocála a fhorghníomhú toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh an soláthraí, gan moill mhíchúí, an soiléiriú is gá [...] **ón údarás a eisíonn an t-ordú**, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII [...] á úsáid.
- 5a. **Déanfaidh an soláthraí, agus úsáid á baint as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas faoi na bearta a rinneadh chun an t-ordú blocála a fhorghníomhú gan moill mhíchúí, agus cuirfidh sé in iúl, go háirithe, ar chuir an soláthraí cosc ar rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.**
- Déanfaidh an t-údarás a eisíonn an t-ordú ceangal a chur ar an soláthraí tuairisc a thabhairt dó go tráthrialta maidir leis na bearta a rinneadh agus lena bhfeidhmiú chun ordú blocála a fhorghníomhú, lena n-áirítear na teorainneacha agus na coimircí éifeachtacha agus comhréireacha dá bhforáiltear.**
- Arna iarraidh sin don údarás eisiúna, soláthróidh an soláthraí freisin, gan moill mhíchúí, na tuarascálacha sin nó aon fhaisnéis eile a bhaineann le forghníomhú an ordaithe blocála is gá chun críoch an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 16(7).**
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní VII, [...] VIII **agus IX** a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Sásamh agus soláthar faisnéise[...]

1. Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín a bhfuil ordú blocála faighte acu [...] **agus** ag úsáideoirí [...] a sholáthair ábhar **blocáilte** [...] sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart agóid a dhéanamh i gcoinne ordú blocála os comhair chúirteanna Bhallstát [...] an údaráis a d'eisigh an t-ordú blocála.
- 1a. **Má dhéantar an t-ordú a fhreascadh de thoradh nós imeachta sásaimh, déanfaidh an soláthraí an rochtain ar an ábhar a athbhunú gan moill mhíchúí, gan dochar don fhéidearthacht a théarmaí agus a choinníollacha a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.**
2. Nuair a bheidh an t-ordú blocála ina ordú críochnaitheach, déanfaidh [...] an t-údarás a d'eisigh an t-ordú blocála, gan moill mhíchúí, cóip de **agus cóipeanna den fhaisnéis a fuair sé de bhun Airteagal 17(4a) go (5a)** a tharchur chuig an Údarás Comhordúcháin. Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin [...] ansin, gan moill mhíchúí, **cóipeanna** díobh sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile **agus chuig Lárionad an Aontais** tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Chun críoch na chéad fhomhíre, éireoidh ordú blocála críochnaitheach ar dhul in éag na tréimhse achomhairc chun achomharc a dhéanamh i gcás nár cuireadh aon achomharc isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó ar dhearbhu an ordaithe [...] **blocála** i ndiaidh achomharc a dhéanamh.
3. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin[...] a chur faoina bhráid, faoi sháruithe líomhnaithe ar a oibleagáidí faoin Roinn seo. Déanfaidh sé na gearáin sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil.
4. I gcás ina gcuireann soláthraí cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar **an ábhar** [...] de bhun ordú blocála [...], déanfaidh sé bearta réasúnta chun na húsáideoirí [...] **sin** a chur ar an eolas faoin méid a leanas:
 - (a) go ndéanann sé amhlaidh de bhun ordaithe díliostúcháin **agus na cúiseanna leis sin a dhéanamh;**
 - (b) [...]
 - (c) ceart na **n-úsáideoirí a chuir an t-ábhar blocála ar fáil chun** sásamh breithiúnach a fháil dá dtagraítear in mír 1, [...] ceart [...] **na n-úsáideoirí** chun gearáin a chur faoi bhráid an tsoláthraí tríd an sásra dá dtagraítear i mír 3 agus faoi bhráid an Údaráis Comhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34[...].

[...]

Roinn 5a
Oibleagáidí díliostúcháin

Airteagal 18a

Orduithe díliostúcháin

1. **Beidh de chumhacht ag údarás inniúil gach Ballstáit ordú díliostúcháin a eisiúint, atá i gcomhréir le haon cheanglas sa dlí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1a, ina gceanglófar ar sholáthraí innill cuardaigh ar líne, bearta réasúnta a ghlacadh lenar féidir an suíomh ar líne inar féidir teacht ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dhíliostú ó thorthaí cuardaigh sna Ballstáit uile. Féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as an liosta d'aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne dá bhfuil ann sa bhunachar sonraí de tháscairí, i gcomhréir le hAirteagal 44(2), pointe (b) agus arna sholáthar ag Lárionad an Aontais.**
- 1a. **De mhaolú ar mhír 1, agus gan moill mhíchuí a chur ar phróiseas eisiúna na n-orduithe sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach féidir ach le húdarás breithiúnach na horduithe sin a eisiúint nó nach féidir iad a eisiúint ach le húdarú roimh ré ó údarás breithiúnach arna iarraidh sin d'údarás inniúil eile. I gcás ina mbainfidh Ballstát leas as an bhféidearthacht sin, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus coimeádfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear ar fáil go poiblí agus coimeádfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta.**

2. Forghníomhóidh an soláthraí an t-ordú díliostúcháin a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis an t-ordú sin a fháil. Déanfaidh an soláthraí na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé ar a chumas an suíomh ar líne díliostaithe a athshuíomh ionas go mbeidh sé le feiceáil sna torthaí cuardaigh i gcomhréir le hAirteagal 18c(2).
3. Eiseofar ordú díliostúcháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) gur gá an díliostú a dhéanamh chun cosc a chur ar scaipeadh ábhair a léiríonn mí-úsáid ghnéasach leanaí san Aontas, ag féachaint go háirithe don ghá atá le cearta na n-íospartach a chosaint;
 - (b) Comhfhreagraíonn aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a shonraítear san ordú díliostúcháin, ar bhealach atá iontaofa go leor, do shuíomhanna ar líne inar féidir teacht ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.
4. Sonróidh an t-údarás eisiúna san ordú díliostúcháin an tréimhse a mbeidh feidhm leis lena linn, agus cuirfear an dáta tosaigh agus an dáta deiridh in iúl ann.

Ní mhairfidh tréimhse chur i bhfeidhm na n-orduithe díliostúcháin níos faide ná 5 bliana.
5. Measfaidh an tÚdarás Comhordúcháin nó an t-údarás eisiúna, i gcás inar gá agus uair amháin gach bliain ar a laghad, cé acu a tharla nó nár tharla aon athrú substaintiúil ar na forais chun na horduithe díliostúcháin a eisiúint agus an bhfuil coinníollacha mhír 4 á gcomhlíonadh go fóill.

I gcás inar gá, i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe sin nó i bhfianaise fhaisnéis na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 18b(6), féadfaidh an t-údarás eisiúna ordú a mhodhnú nó a fhreaschur, i gcás inarb ábhartha, má iarrann an tÚdarás Comhordúcháin amhlaidh.

Airteagal 18aa

Nós imeachta maidir le horduithe díliostúcháin trasteorann

1. Faoi réir Airteagal 18a, i gcás nach i mBallstát an údaráis a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin atá príomhbhunaíocht ná ionadaí dlíthiúil ag soláthraí innill cuardaigh ar líne, déanfaidh an t-údarás sin, tríd an Údarás Comhordúcháin, cóip den ordú díliostúcháin a chur faoi bhráid Údarás Comhordúcháin na bunaíochta go comhuaineach.
2. Féadfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, laistigh de 72 uair an chloig tar éis dó an chóip den ordú díliostúcháin a fháil i gcomhréir le mír 1, grinnscrúdú a dhéanamh ar an ordú díliostúcháin chun a chinneadh an sáraíonn sé an Rialachán seo go mór nó go follasach nó an bhfuil aon sáruithe tromchúiseacha nó follasacha ar na cearta bunúsacha agus ar na saoirsí bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt i gceist leis.

I gcás ina gcinntíodh sé go bhfuil sárú den chineál sin ann, glacfaidh sé cinneadh réasúnaithe chuige sin laistigh den tréimhse chéanna.

3. I gcás ina bhfaighidh soláthraí innill cuardaigh ar líne ordú díliostúcháin dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh sé na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 18a agus déanfaidh sé na bearta is gá chun go mbeidh an suíomh díliostaithe le feiceáil sna torthaí cuardaigh, i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.
4. Tar éis dó cinneadh a fháil ina léirítear sárú a cuireadh in iúl i gcomhréir le mír 7, déanfaidh an soláthraí innill cuardaigh ar líne atá i gceist, gan moill mhichuí, an suíomh díliostaithe ar líne a aischur le go mbeidh sé le feiceáil sna torthaí cuardaigh, gan dochar don fhéidearthacht a théarmaí agus coinníollacha a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.
5. De mhaolú ar Airteagal 18a(1) agus ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, i gcás ina gceanglaítear sin le dlí bunreachtúil an Bhallstáit ina bhfuil an phríomhbhunaíocht ag soláthraí innill cuardaigh ar líne nó ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh go bhfuil orduithe díliostúcháin arna n-eisiúint ag údaráis inniúla Ballstát eile le tarchur trí Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit sin. Cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh agus faoi na cúiseanna leis an gcinneadh a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na Ballstáit a rinne an cinneadh dá dtagraítear san fhomhír seo a chur ar fáil go poiblí agus a choinneáil cothrom le dáta.
- Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, a luaithe is féidir agus ar aon chuma laistigh de 72 uair an chloig ón ordú díliostúcháin a fháil, an t-ordú díliostúcháin a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír a tharchur chuig soláthraí an innill cuardaigh ar líne, ach amháin má ghlacann sé cinneadh réasúnaithe laistigh den 72 uair sin go sáraíonn an t-ordú díliostúcháin go tromchúiseach nó go follasach an Rialachán seo nó na cearta bunúsacha agus na saoirsí bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt. Ní bheidh éifeacht dhlíthiúil ag an ordú díliostúcháin ach amháin nuair a tharchuirfear é chuig soláthraí an innill cuardaigh ar líne.
6. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun an dara fhomhír de mhír 2 nó de bhun an dara fhomhír de mhír 5, cuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit arb é a údarás a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin ar an eolas faoina rún an cinneadh a ghlacadh agus faoi na cúiseanna atá aige leis sin.
7. I gcás ina nglacann Údarás Comhordúcháin na bunaíochta cinneadh réasúnaithe i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 2, déanfaidh sé an cinneadh sin, gan mhoill, a thraschur chuig Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit sin arb é a údarás a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin, chuig soláthraí innill cuardaigh ar líne agus chuig Lárionad an Aontais.

I gcás ina nglacann Údarás Comhordúcháin na bunaíochta cinneadh réasúnaithe i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 5 déanfaidh sé, gan mhoill, an cinneadh sin a thraschur chuig Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit sin arb é a údarás a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin, chuig soláthraí seirbhísí óstála agus chuig Lárionad an Aontais.

Airteagal 18b

Tuilleadh rialacha maidir le horduithe díliostúcháin

1. **Úsáidfear an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn X agus ordú díliostúcháin á eisiúint. Áireofar an méid seo a leanas le horduithe díliostúcháin:**
 - (aa) **i gcás inarb infheidhme, an tagairt do liosta na n-aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní, arna soláthar ag Lárionad an Aontais,**
 - (a) **sonraí aitheantais an údaráis a eisíonn an t-ordú díliostúcháin agus fiordheimhniú an ordaithe ag an údarás sin;**
 - (b) **ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil;**
 - (c) **faisnéis shoiléir lena gcuirtear ar chumas an tsoláthraí an t-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an tseirbhís shonrach ar ina leith a eisítear an t-ordú díliostúcháin a shainaithint agus a aimsiú;**
 - (d) **dáta tosaigh agus deiridh an díliostúcháin;**
 - (e) **ráiteas mionsonraithe a dhóthain de na cúiseanna lena mínítear an fáth a n-eisítear an t-ordú díliostúcháin;**
 - (f) **an fhaisnéis is gá chun míreanna 4, 5 agus 6 a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha;**
 - (g) **tagairt don Rialachán sin mar bhunús dlí leis an díliostú;**
 - (h) **dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón údarás inniúil a bhfuil an t-ordú díliostúcháin á eisiúint aige;**
 - (i) **faisnéis shothuigthe faoin sásamh atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir leis an sásamh sin.**

2. An t-údarás inniúil a eisíonn an t- ordú díliostúcháin, déanfaidh sé an t- ordú sin a dhíriú chuig príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dlíthiúil a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24.

Tarchuirfear an t-ordú díliostúcháin chuig pointe teagmhála an tsoláthraí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) trí mhodh leictreonach lenar féidir taifead i scríbhinn a léiriú i ndálaí lena gcumasaítear fiordheimhniú an tseoltóra a shuí, lena n-áirítear cruinneas an dáta agus an ama a seoladh agus a fuarthas an t-ordú chuig an Údarás Comhordúcháin sa Bhallstát inar eisíodh an t-ordú agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

3. Tarchuirfear an t-ordú díliostúcháin in aon cheann de na teangacha oifigiúla a dhearbhaíonn an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).
4. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú díliostúcháin a fhorghníomhú ar fhorais *force majeure* nó na dodhéantachta *de facto* nach bhfuil inchurtha ina leith, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla atá inchosanta ar bhealach oibiachtúil, cuirfidh sé an t-údarás a eisíonn an t-ordú ar an eolas, gan moill mhíchui, faoi na forais sin, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XI á úsáid.
5. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú díliostúcháin a fhorghníomhú toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh an soláthraí, gan moill mhíchui, an soiléiriú is gá ón údarás a eisíonn an t-ordú, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XI á úsáid.
6. Déanfaidh an soláthraí, agus úsáid á baint as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XII, an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas faoi na bearta a rinneadh chun an t-ordú díliostúcháin a fhorghníomhú gan moill mhíchui, agus cuirfidh sé in iúl, go háirithe, ar chuir an soláthraí cosc ar thorthaí cuardaigh an tsuímh ar líne le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.

Féadfaidh an t-údarás a eisíonn an t-ordú a cheangal ar an soláthraí tuairisc a thabhairt dó go tráthrialta maidir leis na bearta a rinneadh chun ordú díliostúcháin a fhorghníomhú.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní X, XI agus XII a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Airteagal 18c

Sásamh agus soláthar faisnéise

1. Beidh sé de cheart ag soláthraithe a sholáthraíonn innill chuardaigh ar líne a fuair ordú díliostúcháin agus ag úsáideoirí a sholáthair an t-ábhar do shuíomh díliostaithe ar líne sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne ordú díliostúcháin os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin.
2. Má dhéantar an t-ordú a fhreaschur de thoradh nós imeachta sásaimh, déanfaidh an soláthraí an suíomh díliostaithe ar líne a athbhunú gan moill mhíchúí chun go mbeidh sé le feiceáil sna torthaí cuardaigh, gan dochar don fheidearthacht a théarmaí agus a choinníollacha a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.
3. Nuair a thiocfaidh an t-ordú díliostúcháin chun bheith críochnaitheach, déanfaidh an t-údarás eisiúna cóip de agus faisnéis atá faighte aige de bhun Airteagal 18b (4) go (6) a tharchur chuig an Údarás gan moill mhíchúí. Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin ansin, gan moill mhíchúí, cóipeanna díobh sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile agus chuig Lárionad an Aontais tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Chun críoch na chéad fhomhíre, beidh ordú díliostúcháin críochnaitheach ar dhul in éag na tréimhse achomhairc chun achomharc a dhéanamh i gcás nár cuireadh aon achomharc isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ná ar dheimhniú an ordaithe díliostúcháin i ndiaidh achomharc a dhéanamh.

- 3a. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin a chur faoina bhráid, faoi sháruithe líomhnaithe ar a oibleagáidí faoin Roinn seo. Déanfaidh sé na gearáin sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil.
4. I gcás ina gcuireann soláthraí cosc ar úsáideoirí torthaí cuardaigh d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhfhreagraíonn do shuíomh ar líne de bhun ordú díliostúcháin a fháil, déanfaidh sé bearta réasúnta chun na húsáideoirí sin a chur ar an eolas faoin méid seo a leanas:
 - (a) go ndéanann sé amhlaidh de bhun ordú díliostúcháin agus na cúiseanna leis sin a dhéanamh;
 - (b) an ceart atá ag úsáideoirí a sholáthair an t-ábhar chuig suíomh díliostaithe ar líne chun sásamh breithiúnach a fháil dá dtagraítear i mír 1 agus ceart úsáideoirí gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Comhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.

ROINN 6 Forálacha oibríochtúla

Airteagal 19

Dliteanas soláthraithe

Ní bheidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhliteanas maidir le cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí **má** dhéanann siad **agus a mhéid a** [...] dhéanann siad gníomhaíochtaí a chomhlíonann an Rialachán seo de mheon macánta [...], go háirithe gníomhaíochtaí atá dírithe **ar mheasúnú a dhéanamh ar riosca agus ar riosca a mhaolú**, ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne [...] a bhrath, a shainaithint, a **thuaisciú**, a bhaint, rochtain uirthi a dhíchumasú, a bhlocáil **nó a dhíliostú ó na torthaí cuardaigh** ar líne.

Airteagal 20

Ceart na n-íospartach chun faisnéise

1. Beidh sé de cheart ag daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas faisnéis a fháil, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin [...] **sa** Bhallstát a bhfuil cónaí orthu, maidir le haon ásc ina dtuairiscítear scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas faisnéis den sórt sin a iarraidh agus a fháil ar bhealach a bheidh inrochtana dóibh.

Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don duine a dhéanann an iarraidh.

2. Léireofar san iarraidh dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) an mhír nó na míreanna ábhartha d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí;
 - (b) i gcás inarb infheidhme, an duine aonair nó an t-eintiteas a gheobhaidh an fhaisnéis thar ceann an duine a dhéanann an iarraidh;
 - (c) dóthain gnéithe le haitheantas an duine a dhéanann an iarraidh a léiriú.
3. Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) sainaitheantas an tsoláthraí a chuir an tuarascáil isteach;
 - (b) dáta na tuarascála;
 - (c) cé acu a sheol nó nár sheol Lárionad an Aontais an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3) agus, má sheol, cé na húdaráis ar seoladh chucu í;
 - (d) cé acu a thuairiscigh nó nár thuairiscigh an soláthraí gur bhain sé nó gur dhíchumasaigh sé an rochtain ar an ábhar, i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (i).

Airteagal 21

Ceart na n-íospartach chun cúnamh agus tacaíocht a fháil maidir le baint anuas

1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí óstála [...] cúnamh réasúnta, arna iarraidh sin, do dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas a fhéachann le mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint, nó a fhéachann le rochtain air sin a dhíchumasú ag an soláthraí.
2. Tá sé de cheart ag daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas **tacaíocht a fháil ó Lárionad an Aontais**[...] arna iarraidh sin, **chuig agus tríd** [...] an Údarás Comhordúcháin [...] **sa Bhallstát** ina bhfuil cónaí [...] orthu [...] nuair is mian leo rochtain ar mhír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint nó a dhíchumasú ag soláthraí seirbhísí óstála. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas aon fhaisnéis a iarraidh agus a fháil i ndáil le tacaíocht den sórt sin ar bhealach a bheidh inrochtana dóibhsean.

Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don duine a dhéanann an iarraidh.

3. Léireofar sna hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 an mhír nó na míreanna ábhartha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.
4. Áireofar an méid a leanas le tacaíocht Lárionad an Aontais dá dtagraítear i mír 2, de réir mar is infheidhme:
 - (a) [...]
 - (b) a fhíorú ar bhain nó ar dhíchumasaigh an soláthraí rochtain ar an mír sin nó ar na míreanna sin, lena n-áirítear trí na cuardaigh a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 49(1);
 - (c) an mhír nó na míreanna d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a fhógairt ina léirítear an duine don soláthraí agus ina n-iarrtar baint nó díchumasú na rochtana, i gcomhréir le hAirteagal 49(2);
 - (d) i gcás inar gá, Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a chur ar an eolas faoi láithreach na míre sin nó na míreanna sin sa tseirbhís, d'fhonn ordú baint anuas a eisiúint de bhun Airteagal 14.

1. Caomhnóidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta na sonraí inneachair agus sonraí eile arna bpróiseáil **is gá** [...] chun na bearta [...] **a dhéantar** chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta a gineadh trí phróiseáil den sórt sin, nuair a dhéanfar na bearta a leanas nó chun críoch gearáin nó nós imeachta sásaimh [...], de réir mar is infheidhme:

(xa) **a mhéid a bhfuil géarghá leis chun na teicneolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10 a úsáid, lena mbaineann go háirithe caomhnú uathoibríoch, idirmheánach agus sealadach na sonraí sin le haghaidh úsáid na dtáscairí arna soláthar ag Lárionad an Aontais, chomh maith le cur i bhfeidhm na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 10, le linn ordú braith arna eisiúint de bhun Airteagal 7 a fhorghníomhú;**

- (a) ordú baint anuas arna eisiúint de bhun Airteagal 14 **nó ordú blocála de bhun Airteagal 16 nó ordú díliostúcháin de bhun Airteagal 18a a fhorghníomhú;**
- (b) **faisnéis a léiríonn** mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha a thuairisciú chuig Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12;
- (c) cuntas an úsáideora lena mbaineann a bhlocáil nó soláthar na seirbhíse don úsáideoir lena mbaineann a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh;
- (d) gearáin a dhéanann úsáideoirí chuig an soláthraí nó chuig an Údarás Comhordúcháin a láimhseáil, nó feidhmiú cheart na n-úsáideoirí chun sásaimh riaracháin nó bhreithiúnaigh, i ndáil le sáruithe líomhnaithe ar an Rialachán seo[...].

- 1a. **Arna iarraidh sin** [...] d'údarás inniúil [...] [...], **tabharfaidh soláthraithe**, [...] don [...] **údarás iarrthach**, an fhaisnéis is gá chun cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh[...] **nó chun gearáin nó imeachtaí riaracháin nó sásaimh bhreithiúnaigh a láimhseáil**, a mhéid a **caomhnaíodh** na sonraí inneachair agus sonraí eile **le haghaidh ceann de na cuspóirí sin i míreanna 1(a) go (d).** [...]

A mhéid a bhaineann leis an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an soláthraí an fhaisnéis a chaomhnú freisin chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus cruinneas na dteicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath chun ordú braith a fhorghníomhú a eisíodh dó i gcomhréir le hAirteagal 7. Ní dhéanfaidh sé aon sonra pearsanta a stóráil chun na críche sin, áfach.

2. Ní chaomhnóidh soláthraithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche is infheidhme agus, in aon chás, ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí ón dáta a rinneadh na bearta chun an oibleagáid a chaomhnú [...]. **Scríosfaidh siad an fhaisnéis ina dhiaidh sin go neamh-inchúlghairthe.**

Déanfaidh **soláthraithe** [...], arna iarraidh sin don údarás [...] inniúil [...], an fhaisnéis a chaomhnú go ceann tréimhse shonraithe bhreise, arna socrú [...] ag an údarás iarrthach [...] agus a mhéid is gá le haghaidh imeachtaí leanúnacha sásaimh riaracháin nó bhreithiúnaigh, dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).

3. Áiritheoidh soláthraithe go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chaomhnú ar bhealach slán agus go mbeidh an caomhnú faoi réir coimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí. Áiríteofar leis na coimircí sin, go háirithe, nach féidir rochtain a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus nach féidir í a phróiseáil ach chun na críche dá gcaomhnaítear í, go mbainfear amach leibhéal ard slándála agus go scríosfar an fhaisnéis ar dhul in éag na dtréimhsí ama is infheidhme dá caomhnú. Déanfaidh soláthraithe athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus coigeartóidh siad iad i gcás inar gá.

Airteagal 22a

Logaí a choinneáil

1. **Taifeadfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, i ndáil le haon phróiseáil ábhair agus sonraí eile i dtaca le hordú braith a fhorghníomhú de bhun Airteagal 7, am agus fad na próiseála agus, i gcás inarb infheidhme, an duine a dhéanann an phróiseáil.**
2. **Is chun dlíthiúlacht na próiseála a fhíorú, chun féinfhaireachán a dhéanamh, chun sláine sonraí agus slándáil sonraí a áirithiú agus chun críoch imeachtaí coiriúla nó araíonachta a úsáidfear na logaí agus chucu sin amháin.**
3. **Ní chaomhnóidh soláthraithe an fhaisnéis a léirítear sna logaí dá dtagraítear i mír 1 ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche is infheidhme agus, in aon chás, ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana ón dáta a rinneadh na bearta as ar eascair an oibleagáid an fhaisnéis a taifeadadh sna logaí sin a chaomhnú. Scríosfaidh siad an fhaisnéis ina dhiaidh sin go neamh-inchúlghairthe.**

Déanfaidh siad, arna iarraidh sin don údarás nó don chúirt náisiúnta inniúil, an fhaisnéis a choimeád go ceann tréimhse shonraithe bhreise, arna socrú ag an údarás iarrthach nó ag an gcúirt iarrthach sin agus a mhéid is gá le haghaidh ceann de na cuspóirí sin dá dtagraítear i mír 2.

Airteagal 23

Pointí teagmhála

1. Bunóidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe teagmhála aonair chun cumarsáid dhíreach a cheadú, trí mheán leictreonach, leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le húdaráis inniúla eile na mBallstát, leis an gCoimisiún agus Lárionad an Aontais, chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
2. Cuirfidh na soláthraithe in iúl do Lárionad an Aontais agus cuirfidh siad an fhaisnéis is gá ar fáil go poiblí chun a bpointí teagmhála aonair a shainaithint agus a chun cumarsáid a dhéanamh leo, lena n-áirítear a n-ainmneacha, seoltaí, seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin.
3. Sonróidh soláthraithe san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Aontais, is féidir a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh lena bpointí teagmhála.

Áireofar leis na teangacha sonraithe, teanga amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil bunaithe.

Airteagal 24

Ionadaí dlíthiúil

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise nach bhfuil príomhbhunaíocht acu san Aontas duine nádúrtha nó duine dlítheanach a ainmniú, i scríbhinn, mar a ionadaí dlíthiúil san Aontas **chun críocha an Rialacháin seo**.
2. Beidh cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó beidh sé bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann soláthraí seirbhísí óstála a chuid seirbhísí.
3. Tabharfaidh an soláthraí údarás dá ionadaithe dlíthiúla ar chucu a ndíreoidh na hÚdaráis Chomhordúcháin, údaráis inniúla eile na mBallstát agus an Coimisiún, i dteannta nó in ionad an tsoláthraí, i leith gach saincheiste is gá chun **orduithe agus** cinntí a eisítear i ndáil leis an Rialachán seo a fháil, chun iad a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear orduithe braith, orduithe baint anuas agus, orduithe blocála **agus orduithe díliostúcháin**.

4. Soláthróidh an soláthraí a ionadaí dlíthiúil leis na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chun comhoibriú leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le húdaráis inniúla eile na mBallstát agus leis an gCoimisiún agus chun na **horduithe agus** na cinntí dá dtagraítear i mír 3 a chomhlíonadh.
5. Is féidir an t-ionadaí dlíthiúil [...] a chur faoi dhliteanas maidir le hoibleagáidí an tsoláthraí faoin Rialachán seo a neamhchomhlíonadh, gan dochar don dliteanas ná do na gníomhartha dlíthiúla a d'fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh an tsoláthraí.
6. Fógróidh an soláthraí ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a ionadaí dhlíthiúil atá ainmnithe de bhun mhír 1 don Údarás Comhordúcháin sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil sin nó ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil sin bunaithe, agus do Lárionad an Aontais. Áiritheoidh **an soláthraí nó an t-ionadaí dlíthiúil** [...] go bhfuil an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus ar fáil go poiblí.
7. Ní hionann ainmniúchán ionadaí dlíthiúil laistigh den Aontas de bhun mhír 1 agus bunaíocht san Aontas.

CAIBIDIL III

MAOIRSEACHT, FORFHEIDHMIÚ AGUS COMHAR

Roinn 1 [...] Údaráis na mBallstát [...]

Airteagal 25

Údaráis chomhordúcháin [...] agus údaráis inniúla eile

1. Déanfaidh na Ballstáit, faoi [...] **18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo** [...], údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú le bheith freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, [...] **a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú** [...].

2. Déanfaidh na Ballstáit, faoin dáta dá dtagraítear i mír 1, ceann amháin de na húdaráis inniúla a ainmniú ina nÚdarás Comhordúcháin um shaincheisteanna i ndáil le mí-úsáid ghnéasach leanaí ('Údarás Comhordúcháin'). **I gcás nach n-ainmníonn na Ballstáit ach údarás inniúil amháin, is é an t-údarás inniúil sin an tÚdarás Comhordúcháin.**

Is é an tÚdarás Comhordúcháin a bheidh freagrach as gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus le forfheidhmiú an Rialacháin seo sa Bhallstát lena mbaineann, murar shann an Ballstát sin cúraimí nó earnálacha sonracha áirithe d'údaráis inniúla eile.

Beidh an tÚdarás Comhordúcháin freagrach in aon chás as comhordú na n-ábhar **uile** a bhaineann le **cur i bhfeidhm, maoirseacht agus forfheidhmiú an Rialacháin seo** [...] a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta.

3. I gcás ina n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin [...], áiritheoidh sé go bhfuil cúraimí faoi seach na n-údarás, [...] **lena n-áirítear cúraimí an Údaráis Comhordúcháin**, sainmhínithe go soiléir agus go gcomhoibríonn siad go dlúth agus go héifeachtach agus a gcúraimí á bhfeidhmiú acu. [...]

4. Laistigh de sheachtain amháin tar éis ainmniú **na n-údarás inniúil, lena n-áirítear na hÚdaráis Chomhordúcháin [...]**, cuirfidh na Ballstáit ainmneacha [...] **na n-údarás sin, chomh maith lena gcúraimí nó a n-earnálacha faoi seach**, ar fáil go poiblí agus cuirfidh siad in iúl don Choimisiún agus do Lárionad an Aontais iad. Coinneoidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta.
5. **Cuirfidh [...]** na Ballstáit [...] **pointe teagmhála ar bun** laistigh [...] d'oifig an Údaráis Comhordúcháin chun iarrataí ar shoiléiriú, aiseolas agus cumarsáid eile a láimhseáil, i ndáil le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo [...]. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir leis an bpointe teagmhála ar fáil go poiblí agus cuirfidh siad in iúl do Lárionad an Aontais í. Coinneoidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta.
6. **Déanfaidh Lárionad an Aontais Eorpaigh, faoin [18 mí agus 2 sheachtain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]**, [...] clár ar líne a chur ar bun ina liostaítear **na húdaráis inniúla, lena n-áirítear** na hÚdaráis Chomhordúcháin agus a bpointí teagmhála, **arna n-ainmniú de bhun mhíreanna 1, 1a, 2 agus 5**. Déanfaidh Lárionad an Aontais aon mhodhnú leis sin a fhoilsiú go tráthrialta.
7. Féadfaidh [...] na **húdaráis inniúla**, i gcás inar gá chun a gcúraimí a chur i gcrích faoin Rialachán seo, cúnamh Lárionad an Aontais a iarraidh, tríd an **Údarás Comhordúcháin** chun tabhairt faoi na cúraimí sin, go háirithe trí iarraidh ar Lárionad an Aontais:
- (a) faisnéis áirithe nó saineolas teicniúil a sholáthar ar chúrsaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
 - (b) cúnamh a thabhairt maidir le measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 5(2), ar an measúnú riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh, nó ar na bearta maolaithe a rinne soláthraí seirbhísí óstála nó soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh an **t-údarás inniúil** [...];
 - (c) **tuairim a chur ar fáil** maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann [...] eisiúint ordaithe braith a iarraidh, [...] i ndáil le seirbhís atá faoi dhlínse an Bhallstáit [...];
 - (d) **tuairim a thabhairt** maidir le [...] héifeachtacht ordaithe braith [...].

[...]

Ceanglais do na húdaráis [...] inniúla [...]

1. Áiritheoidh na Ballstáit go **ndéanfaidh** na **húdaráis inniúla** [...] atá ainmnithe acu a gcúraimí faoin Rialachán seo [...] ar bhealach oibiachtúil, **neamh-idirdhealaitheach** agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha [...] ag an am céanna [...]. Áiritheoidh na Ballstáit [...] go bhfuil acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leormhaithe ag na **húdaráis sin** chun a gcúraimí a chur i gcrích.

Ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla treoracha a lorg ná a ghlacadh ó aon chomhlacht eile maidir le déanamh na gcúraimí a shanntar dóibh faoi Rialachán seo.

[...]

- 2[...]. Ní chuirfidh mír [...] **1** cosc ar mhaoirseacht na [...] n-údarás **inniúil** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta [...].
- 3 [...]. Áiritheoidh na [...] **húdaráis inniúla** go bhfuil ag a [...] bhfoireann na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna teicniúla is gá chun [...] **an cur i bhfeidhm, an mhaoirseacht agus an forfheidhmiú a dhéanamh faoin Rialachán seo** [...].
5. Beidh bainistíocht agus baill foirne eile na nÚdarás Comhordúcháin, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, faoi réir dhualgas na rúndachta gairmiúla le linn agus i ndiaidh a dtéarma oifige, maidir le haon fhaisnéis rúnda a gcuireann siad eolas uirthi le linn dóibh a gcúraimí a chur i gcrích. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an bhainistíocht agus baill foirne eile faoi réir rialacha lena ráthaítear gur féidir leo a gcúraimí a chur i gcrích ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta agus neamhspleách, go háirithe a mhéid a bhaineann lena gceapadh, lena ndífhostú, lena luach saothair agus lena n-ionchais ghairmiúla.

Roinn 2
Cumhacht [...] údaráis inniúla na mBallstát

Airteagal 27

Cumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin

1. I gcás ina bhfuil gá leis **chun** [...]a gcúraimí **faoi Rialachán seo** a fheidhmiú, beidh na cumhachtaí imscrúdaitheacha seo a leanas ag na **húdaráis inniúla** [...], maidir le **hiompar** soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéis [...] a thagann faoi inniúlacht a mBallstáit [...]:
- (a) an chumhacht ceangal a chur ar na soláthraithe sin, agus ar aon duine eile a ghníomhaíonn chun críoch a bhaineann lena dtrádáil, lena ngnó, lena gceird nó lena ngairm a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas go réasúnta faoi fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta an Rialacháin seo, faisnéis den sórt sin a chur ar fáil **gan moill mhíchuí** [...];
 - (b) an chumhacht iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh, **nó iarraidh ar údarás breithiúnach** iniúchtaí ar an láthair **a ordú**, ar aon áitreabh a úsáideann na soláthraithe sin [...] nó [...] na daoine **sin** [...] chun críoch a bhaineann lena dtrádáil, lena ngnó, lena gceird nó lena ngairm, nó a iarraidh ar údaráis phoiblí eile é sin a dhéanamh, chun cóipeanna d'fhaisnéis maidir le sárú amhrasta [...] in aon fhoirm, gan beann ar an modh stórála, a imscrúdú, a urghabháil, a thógáil nó a fháil;
 - (c) an chumhacht iarraidh ar aon bhall foirne nó ar ionadaí na soláthraithe sin nó **na ndaoine [...] sin** mínithe a thabhairt maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta ar an Rialachán seo agus na freagraí a thaifeadadh **trí mhodh teicniúil ar bith**;
 - (d) an chumhacht faisnéis a iarraidh, lena n-áirítear chun a mheas an gcomhlíonann na bearta a rinneadh ceanglais an Rialacháin seo chun ordú braith, ordú bainte, [...] ordú blocála **nó ordú díliostúcháin** a fhorghníomhú.

[...]

[...]

2.[...] I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí **faoin Rialachán seo** a dhéanamh, beidh na cumhachtaí forfheidhmiúcháin seo a leanas ar a laghad ag na **húdaráis inniúla** [...], maidir le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse [...] a mBallstáit [...]:

- (a) an chumhacht na gealltanais a thairgeann na soláthraithe sin maidir lena gcomhlíonadh leis an Rialachán seo a ghlacadh agus na gealltanais sin a chur de cheangal orthu;
- (b) an chumhacht chun ordú a thabhairt sáruithe a scor [...] agus, i gcás inarb iomchuí, leighis atá i gcomhréir leis an sárú agus is gá chun deireadh éifeachtach a chur leis an sárú a ghearradh, **nó chun iarraidh ar údarás breithiúnach é sin a dhéanamh**;
- (c) an chumhacht chun fineálacha a ghearradh, nó chun iarraidh ar údarás breithiúnach ina mBallstát sin a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 35 i gcás **ina mainnítear** an Rialachán seo **a chomhlíonadh** [...], lena n-áirítear [...] aon cheann de na horduithe arna n-eisiúint de bhun **mhír 1 den Airteagal seo** [...];
- (d) an chumhacht chun íocaíocht phionósach thréimhsiúil a ghearradh, **nó chun iarraidh ar údarás breithiúnach é sin a dhéanamh**, i gcomhréir le hAirteagal 35 chun a áirithiú go ndéantar an sárú [...] a fhoirceannadh i gcomhréir le hordú arna eisiúint de bhun phointe (b) den **fhomhír** seo nó i gcásanna ina mainnítear na horduithe a eisíodh de bhun mhír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh. [...];
- (e) an chumhacht chun bearta eatramhacha a ghlacadh, **nó chun iarraidh ar an údarás breithiúnach inniúil é sin a dhéanamh**, chun an riosca go ndéanfaí díobháil thromchúiseach a sheachaint.

[...]

[...] A mhéid a bhaineann leis **an gcéad fhomhír** [...], pointí (c) agus (d), beidh na cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag na **húdaráis inniúla** [...] **freisin**, a leagtar amach sna pointí sin i ndáil leis na daoine eile dá dtagraítear i **mír 1** [...], as mainneachtain aon cheann de na horduithe a eisítear dóibh de bhun na **míre** sin [...] a chomhlíonadh. Ní fheidhmeoidh siad na cumhachtaí forfheidhmiúcháin sin ach amháin tar éis an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis na horduithe sin, lena n-áirítear an tréimhse [...] is infheidhme, na fineálacha nó na híocaíochtaí tréimhsiúla a d'fhéadfaí a ghearradh orthu i gcás neamhchomhlíonta agus **na féidearthachtaí chun sásaimh** [...], a chur ar fáil do na daoine sin in am trátha.

[...]

3.[...] I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí **faoi Rialachán seo** a dhéanamh, beidh an chumhacht ag na **húdaráis inniúla** [...] **na bearta seo a leanas a ghlacadh freisin**, maidir le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse **a mBallstáit, i gcás** [...]

[...] [...] ina bhfuil gach cumhacht eile de bhun an Airteagail **seo**[...] chun scor de shárú ídithe acu[...]

[...] **agus nach bhfuil** an sárú **leigheasta nó go bhfuil** an sárú ag leanúint ar aghaidh agus [...]

[...] gur é ba **shiocair** le díobháil thromchúiseach nach féidir a sheachaint trí chumhachtaí eile atá ar fáil faoi dhlí an Aontais ná faoin dlí náisiúnta a ghníomhú:

[...]

(a) é a cheangal ar chomhlacht bainistíochta na soláthraithe, **gan moill mhíchuí**, chun an staid a scrúdú, [...]

[...] plean gníomhaíochta a ghlacadh agus a chur isteach ina leagtar amach na bearta is gá chun sárú a fhoirceannadh;

[...] a áirithiú go ndéanann an soláthraí na bearta sin; **agus**

[...] tuairisciú ar na bearta a rinneadh;

(b) **i gcás ina measfaidh na húdaráis inniúla nár chomhlíon soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise ceanglais phointe (a), nár leigheasadh an sárú nó go bhfuil sé ag leanúint ar aghaidh agus go bhfuil sé ag déanamh díobháil thromchúiseach, agus go mbaineann cion coiriúil leis an sárú sin lena mbaineann bagairt do bheatha nó do shábháilteacht daoine nó go n-éascaítear cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí go rialta agus go struchtúrach**, a iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách **eile** [...] de chuid a Bhallstáit [...] srian sealadach a chur le rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil, ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a ndéantar an sárú, agus sa chás sin amháin. [...]

[...]

- [...] Sula dtíolacfar an iarraidh dá dtagraítear sa mhír seo [...], pointe (b), tabharfaidh na [...] **húdaráis inniúla** cuireadh do pháirtithe leasmhara barúlacha i scríbhinn a thíolacadh laistigh de thréimhse nach lú ná coicís, ina ndéanfar cur síos ar na bearta atá beartaithe aige a iarraidh agus ina sainaitheofar an seolaí nó na seolaithe atá beartaithe dóibh. Beidh an soláthraí, an seolaí nó na seolaithe beartaithe agus aon tríú páirtí eile a léiríonn leas dlisteanach. beidh siad i dteideal a bheith rannpháirteach sna himeachtaí os comhair an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách eile.

[...]

- [...] Beidh aon bheart a ordófar [...] comhréireach le cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, gan a bheith ag cur isteach go míchuí ar rochtain na n-úsáideoirí ar fhaisnéis dhleathach maidir leis an tseirbhís lena mbaineann.

Is ar feadh tréimhse 4 seachtaine a **bheidh** an srian leis an **rochtain** [...] [...], faoi réir na féidearthachta don údarás breithiúnach inniúil **nó údarás riaracháin neamhspleách eile an Bhallstáit**, cead a thabhairt ina ordú do na [...] **húdaráis inniúla** síneadh a chur leis an tréimhse sin go ceann tréimhsí breise den fhad céanna, faoi réir uaslíon síntí arna shocrú ag an údarás breithiúnach **sin nó údarás riaracháin neamhspleách eile**.

Ní chuirfidh na [...] **húdaráis inniúla dá dtagraítear sa dara fomhír** síneadh leis an tréimhse ach amháin i gcás [...], ag féachaint do chearta agus leasanna [...] na bpáirtithe uile a ndéanfaidh an srian **sin** [...] difear dóibh agus do na [...] himthosca ábhartha uile, lena n-áirítear aon fhaisnéis a d'fhéadfadh an soláthraí, an seolaí nó na seolaithe agus aon tríú páirtí a léirigh leas dlisteanach a chur ar fáil **dóibh** [...], **ina measann siad** gur comhlíonadh an dá choinníoll a leanas:

- (a) theip ar an soláthraí na bearta is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis an sárú;
- (b) nach gcuireann an srian sealadach srian míchuí leis an rochtain atá ag úsáideoirí na seirbhíse ar fhaisnéis dhleathach, ag féachaint don líon úsáideoirí a ndéanfaidh sé difear dóibh agus cé acu atá nó nach bhfuil aon rogha mhalartach ann atá leormhaith agus ar a bhfuil rochtain éasca.

I gcás ina measann an [...] **t-údarás inniúil** gur comhlíonadh **na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) den chúigiú fomhír** [...] ach nach féidir leis síneadh eile a chur leis an tréimhse de bhun an **cheathrú** [...] fomhír, cuirfidh sé iarraidh nua isteach chuig an [...] údarás breithiúnach **nó údarás riaracháin neamhspleách eile**, dá dtagraítear **sa chéad fhomhír** [...], pointe (b).

[...]

- 4.[...] Go mbeidh na bearta a dhéanfaidh na [...] **húdaráis inniúla** i bhfeidhmiú a gcumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin **a liostaítear i míreanna 1, 2 agus 3** [...] éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, ag féachaint, go háirithe, do chineál, tromchúis, atarlú agus fad shárú nó shárú amhrasta [...] lena mbaineann na bearta sin, agus d'acmhainneacht eacnamaíoch, theicniúil agus oibríochtúil sholáthraí seirbhísí na sochaí faisnéise lena mbaineann [...], i gcás inarb **ábhartha** [...].
- 5.[...] **Déanfaidh** na Ballstáit **rialacha agus nósanna imeachta sonracha a leagan síos maidir le feidhmiú na gcumhachtaí de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3 agus áiríteoidh siad** go bhfuil aon fheidhmiú de na cumhachtaí sin [...] faoi réir coimircí leordhóthanacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta is infheidhme **i gcomhréir leis an gCairt agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais**[...]. Go háirithe, ní dhéanfar na bearta sin ach i gcomhréir leis an gceart maidir le hurraim a thabhairt don saol príobháideach agus do na cearta cosanta, lena n-áirítear an ceart chun éisteachta agus an ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, agus beidh siad faoi réir cheart na **bpáirtithe** uile dá ndéantar difear chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil.

Airteagal 31

Cuardaigh chun comhlíonadh a fhíorú

Beidh sé de chumhacht ag **na húdaráis inniúla** [...] cuardaigh a dhéanamh ar ábhar ar a bhfuil rochtain phoiblí ar sheirbhísí óstála chun scaipeadh ábhair aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, agus úsáid á baint as na táscairí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe[...] (a) [...], i gcás inar gá chun a fhíorú cé an bhfuil a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh ag na soláthraithe seirbhísí óstála faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh na **húdaráis chomhordúcháin** [...].

Airteagal 32

[...]

Roinn 3

Forálacha eile maidir le forfheidhmiú

Airteagal 33

Dlínse

1. Beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil príomhbhunaíocht sholáthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise lonnaithe chun críocha an Rialacháin seo.
2. Soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise nach bhfuil bunaíocht aige san Aontas, measfar é a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe.

I gcás inar mhainnigh soláthraí ionadaí dlíthiúil a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 24, beidh dlínse ag gach Ballstát. I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse faoin mír seo a fheidhmiú, cuirfidh sé gach Ballstát eile ar an eolas agus áiritheoidh sé go n-urramófar prionsabal *ne bis in idem*.

Airteagal 34

Ceart [...] chun gearán a thaisceadh

1. Beidh sé de cheart ag úsáideoirí, **agus ag aon chomhlacht, eagraíocht nó comhlachas atá faoi shainordú na cearta a thugtar leis an Rialachán seo a fheidhmiú thar a gceann**, gearán a thaisceadh **in aghaidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise** ina líomhnófar sárú ar an Rialachán seo [...] leis an Údarás Comhordúcháin [...] **sa Bhallstát ina bhfuil an faighteoir lonnaithe** [...] nó [...] bunaithe.

2. Soláthróidh Údaráis Chomhordúcháin sásraí atá oiriúnach do leanaí chun gearán a chur isteach faoin Airteagal seo, agus cur chuige atá íogair do leanaí a ghlacadh nuair a láimhseáiltear gearáin arna gcur isteach ag leanaí, agus aird chuí á tabhairt d'aois, aibíocht, tuairimí, éilimh agus ábhair inní an linbh.
3. Déanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin [...] measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé é a tharchur chuig an tÚdarás Comhordúcháin bunaíochta **agus beidh fáth ag gabháil leis, i gcás inarb iomchuí.**

I gcás ina dtagann an gearán faoi fhreagracht údarás inniúil eile **ina** Bhallstát, [...] tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin a fhaigheann an gearán[...] é chuig an údarás [...] sin.
4. Le linn na n-imeachtaí sin, beidh sé de cheart ag an dá pháirtí éisteacht a fháil agus faisnéis iomchuí a fháil faoi stádas an ghearáin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 38a

Ionadaíocht

1. Gan dochar do Threoir (AE) 2020/1828 nó d'aon chineál ionadaíochta eile faoin dlí náisiúnta, beidh an ceart, ar a laghad, ag úsáideoirí sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise sainordú a thabhairt do chomhlacht, eagraíocht nó comhlachas na cearta a thugtar leis an Rialachán seo a fheidhmiú thar a gceann, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht, eagraíocht nó comhlachas gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) oibríonn sé ar bhonn neamhbhrabúsach;
 - (b) bunaíodh é go cuí i gcomhréir le dlí Ballstáit;
 - (c) tá leas dlisteanach i dtaca lena áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo i measc a chuspóirí reachtúla.
2. Déanfaidh soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go ndéanfar gearáin arna gcur isteach ag comhlachtaí, eagraíochtaí nó comhlachais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo thar ceann úsáideoirí trí na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 34 a phróiseáil agus a chinneadh ar bhonn tosaíochta agus gan moill mhíchuí.

Airteagal 35

Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar oibleagáidí de bhun Chaibidlí II agus V den Rialachán seo ag soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoina ndlínse, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad **i gcomhréir le hAirteagal 27**.

[...]Beidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, **agus catagóiriú riosca na seirbhísí a leagtar síos in Airteagal 5(2) á chur san áireamh**. Fógróidh na Ballstáit, faoi [Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin, agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear dóibh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh [...] uasmhéid **na bhfineálacha a d'fhéadfaí a [...]** fhorchur i gcás [...] **mainneachtain oibleagáid a chomhlíonadh mar a leagtar síos sa [...]** Rialachán seo thar 6 % de láimhdeachas **domhanda** [...] bliantúil an **tsoláthraí lena mbaineann** don bhliain [...] airgeadais [...] roimhe sin. [...] **Áiritheoidh na Ballstáit** nach rachaidh **uasmhéid na fineála a d'fhéadfaí a fhorchur** [...] thar 1 % d'ioncam ná láimhdeachas bliantúil nó domhanda [...] an tsoláthraí nó an [...] duine lena mbaineann don bhliain airgeadais roimhe sin [...] as siocair faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach [...] a sholáthar, ná mainneachtain freagra a thabhairt ar fhaisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach ná í a cheartú [...] **agus mainneachtain** géilleadh do [...] chigireacht ar an láthair.
- 3[...] . Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh uasmhéid íocaíochta pionósaí tréimhsiúla thar 5 % de mheánláimhdeachas **domhanda** [...] **ná ioncam** laethúil an tsoláthraí [...] don bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh an lae, arna ríomh ón dáta a shonraítear sa chinneadh lena mbaineann.
- 4[...] . Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh **na húdaráis inniúla**, agus cinneadh á dhéanamh ar cheart nó nár cheart pionós a fhorchur agus cineál agus leibhéal na bpionós á gcinneadh acu, na himthosca ábhartha go léir san áireamh, lena n-áirítear:
 - (a) cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe;
 - (b) an raibh an sárú intinneach nó faillitheach;
 - (c) [...] sárúithe arna dhéanamh ag an tsoláthraí nó ag an duine eile roimhe seo;
 - (d) neart airgeadais an tsoláthraí nó an duine eile;

- (e) leibhéal comhair an tsoláthraí nó an duine eile **leis na húdaráis inniúla**;
- (f) cineál agus méid an tsoláthraí nó an duine eile, go háirithe an micrifhiontar nó fiontar beag nó meánmhéide atá ann;
- (g) a mhéid atá locht ar an soláthraí nó ar **an duine eile**, agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a rinne **an soláthraí** [...] chun an Rialachán seo a chomhlíonadh á gcur san áireamh.

Roinn 4

Comhar

Airteagal 36

Sainaithint agus tiolacadh ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne

1. Déanfaidh [...] na **húdaráis inniúla** na nithe a leanas a chur faoi bhráid Lárionad an Aontais, gan [...] moill mhíchuí agus trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2):
 - (a) míreanna sonracha ábhair agus [...] **sleachta** de chomhráite arna sainaithint ag **údaráis inniúla** [...] Bhallstáit, tar éis measúnú dícheallach a dhéanamh, faoi réir **formhaoirseacht leordhóthanach ag údaráis bhreithiúnacha**, mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht leanaí, de réir mar is infheidhme, chun go nginfidh Lárionad an Aontais táscairí i gcomhréir le hAirteagal 44(3);
 - (b) aimsitheoirí aonfhoirmeacha beachta acmhainní lena léirítear **suíomh leictreonach na faisnéise** [...] a shainaithin **údaráis inniúla** [...] Bhallstáit, tar éis measúnú dícheallach a dhéanamh, mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, [...] chun go dtiomsóidh Lárionad an Aontais liosta na n-aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní i gcomhréir le hAirteagal 44(3);

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfaighidh na hÚdaráis Chomhordúcháin a d'ainmnigh siad, gan moill mhíchuí, an t-ábhar a shainaithnítear a bheith ina ábhar a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí, [...] **sleachta** na gcomhráite a shainaithnítear mar shirtheoireacht [...] leanaí, agus na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní, a shainaithin **údarás inniúil** [...], lena gcur faoi bhráid Lárionad an Aontais i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

- 1a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhféadfaidh na húdaráis inniúla an tíolacadh chuig Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1, a dhéanamh gan moill mhíchuí agus tríd an gcóras arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 39(2). I gcás ina bhfuil Ballstát ag baint leas as an bhféidearthacht sin, cuirfidh an t-údarás inniúil an tÚdarás Comhordúcháin ar an eolas faoin gcomhfhreagras ar fad le Lárionad an Aontais.
2. Arna iarraidh do Lárionad an Aontais i gcás inar gá sin chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1) iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, fíoróidh nó soláthróidh na [...] **húdaráis inniúla** soiléirithe nó faisnéis bhreise maidir le cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha mhír 1, pointí (a) agus (b) agus, i gcás inarb ábhartha, go bhfuiltear á gcomhlíonadh go fóill, i leith ábhar áirithe a cuireadh faoi bhráid Lárionad an Aontais i gcomhréir leis an mír sin.
3. Áiríteoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfaighidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí tuarascáil ar scaipeadh ábhair nua mí-úsáide gnéasaí leanaí nó ar shirtheoireacht ar leanaí a chuir Lárionad an Aontais ar aghaidh chucu i gcomhréir le hAirteagal 48(3), go ndéanfar measúnú dícheallach i gcomhréir le mír 1 agus, má shainaithnítear an t-ábhar nó an comhrá mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó mar shirtheoireacht ar leanaí, cuireann an [...] **t-údarás inniúil** an t-ábhar faoi bhráid Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis an mír sin, laistigh de [...] **2** mhí ón dáta a bhfaightear an tuarascáil nó, i gcás ina bhfuil an measúnú an-chasta, [...] **6** mhí ón dáta sin.
4. Áiríteoidh siad freisin, i gcás ina léireoidh an measúnú dícheallach nach ionann an t-ábhar agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó shirtheoireacht ar leanaí, go gcuirfear an tÚdarás Comhordúcháin ar an eolas faoin toradh sin agus go gcuirfidh sé Lárionad an Aontais ar an eolas faoi, laistigh de na tréimhsí ama a shonraítear sa chéad fhomhír.

Airteagal 37

Comhar trasteorann idir Údaráis Chomhordúcháin

1. I gcás ina bhfuil cúiseanna ag Údarás Comhordúcháin, nach Údarás Comhordúcháin na bunaíochta é, a bheith amhrasach gur sháraigh soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise an Rialachán seo **ar bhealach a ndearnadh dochar diúltach d'úsáideoirí na seirbhíse i mBallstát an Údaráis Comhordúcháin sin, iarrfaidh sé [...]** ar Údarás Comhordúcháin na bunaíochta measúnú a dhéanamh ar an gcás agus na bearta imscrúdaithe agus forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

[...]

2. [...] **Tabharfar réasúnú cuí** le hiarraidh [...] **de** [...] **bhun** [...] mhír 1 agus léireofar ann an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) pointe teagmhála an tsoláthraí mar a leagtar amach in Airteagal 23;
 - (b) tuairisc ar na fíorais ábhartha, forálacha an Rialacháin seo lena mbaineann agus na cúiseanna a bhfuil an tÚdarás Comhordúcháin a sheol an iarraidh [...] amhrasach gur sháraigh an soláthraí an Rialachán seo, **lena n-áirítear an tuairisc ar éifeachtaí diúltacha an tsáraithe a líomhnaíodh**;
 - (c) aon fhaisnéis eile a mheasann an tÚdarás Comhordúcháin a sheol an iarraidh[...] a bheith ábhartha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a bailíodh ar a thionscnamh féin [...] **nó** moltaí chun bearta imscrúdaithe nó forfheidhmithe sonracha a dhéanamh, **lena n-áirítear bearta eatramhacha**.
3. Tabharfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta **lánaird ar na hiarrataí de bhun mhír 1 den Airteagal seo [...]**. I gcás ina measann sé nach bhfuil faisnéis leormhaith aige chun [...] gníomhú ar an iarraidh agus go bhfuil cúiseanna aige a mheas gur féidir leis an Údarás Comhordúcháin a sheol an iarraidh, [...] faisnéis bhreise a sholáthar, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a iarraidh. Cuirfear an tréimhse ama a leagtar síos i mír 4 ar fionraí go dtí go gcuirfear an fhaisnéis bhreise sin ar fáil.
4. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 2 mhí ón iarraidh [...] de [...] bhun [...] mír 1 a fháil, a mheasúnú ar an [...] sárú amhrasta a chur in iúl don Údarás Comhordúcháin a sheol an [...]iarraidh[...], agus [...] míniú ar aon bheart imscrúdaithe nó forfheidhmithe arna nglacadh nó a shamhlaítear maidir leis an sárú sin, **más ann dó**, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

Airteagal 38

Imscrúduithe comhpháirteacha

1. Féadfaidh Údaráis Chomhordúcháin páirt a ghlacadh in imscrúduithe comhpháirteacha, ar féidir iad a chomhordú le tacaíocht ó Lárionad an Aontais, ar ábhair a chumhdaítear faoin Rialachán seo, a bhaineann le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a chuireann a seirbhísí ar fáil i roinnt Ballstát.

Tá imscrúduithe comhpháirteacha den sórt sin gan dochar do chúraimí agus do chumhachtaí na nÚdarás Comhordúcháin rannpháirteach agus do na ceanglais is infheidhme maidir le feidhmiú na gcúraimí sin agus maidir le feidhmiú na gcumhachtaí sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

2. Cuirfidh na hÚdaráis Chomhordúcháin rannpháirteacha torthaí na n-imscrúduithe comhpháirteacha ar fáil do na hÚdaráis Chomhordúcháin eile, don Choimisiún agus do Lárionad an Aontais tríd an gcóras arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 39(2), chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

Airteagal 38a

Cúnamh frithpháirteach

1. **Oibreoidh na hÚdaráis Chomhordúcháin agus údaráis inniúla eile na mBallstát i ndlúthchomhar le chéile agus tabharfaidh siad cúnamh frithpháirteach dá chéile chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach agus éifeachtúil. Aireofar ar chúnamh frithpháirteach, go háirithe, malartú faisnéise i gcomhréir leis an Airteagal seo agus dualgas an Údaráis Comhordúcháin na hÚdaráis Chomhordúcháin eile go léir a chur ar an eolas maidir le himscrúdú a thionscnamh agus go bhfuil sé ar intinn cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, lena n-áirítear a mheasúnú, i ndáil le soláthraí sonracha seirbhíse ábhartha na sochaí faisnéise.**
2. **Chun críche imscrúdaithe, féadfaidh Údarás Comhordúcháin a iarraidh ar Údarás Comhordúcháin i mBallstát eile faisnéis shonrach atá aige a sholáthar a mhéid a bhaineann le soláthraí sonracha de sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise nó chun a gcuid cumhachtaí imscrúdaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 27(1) a fheidhmiú i ndáil le faisnéis shonrach atá lonnaithe ina Bhallstát. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a gheobhaidh an iarraidh páirt a thabhairt d'údaráis inniúla eile nó údaráis phoiblí eile de chuid an Bhallstáit atá i gceist.**
3. **An tÚdarás Comhordúcháin a gheobhaidh an t-iarraidh de bhun mhír 2, comhlíonfaidh sé iarraidh den chineál sin agus cuirfidh sé an tÚdarás Comhordúcháin iarrthach ar an eolas maidir leis an mbeart a rinneadh, gan moill mhíchuí, cé is moite de na cásanna seo a leanas:**
 - (a) **níl raon feidhme ná ábhar na hiarrata sonraithe go leordhóthanach, ní leor an t-údar atá léi ná níl sí sách comhréireach i bhfianaise na gcríoch imscrúdaitheach; nó**

- (b) níl an fhaisnéis a iarradh i seilbh an Údaráis Comhordúcháin iarrthaigh ná i seilbh údaráis inniúil eile nó údaráis phoiblí eile an Bhallstáit sin ná níl rochtain acu ar an bhfaisnéis sin; nó
- (c) ní féidir an iarraidh a chomhlíonadh gan dlí an Aontais ná an dlí náisiúnta a shárú.

Tabharfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a gheobhaidh an iarraidh údar lena dhiúltú trí fhreagra réasúnaithe a chur isteach, laistigh den tréimhse a leagtar amach sa chéad fhomhír.

Airteagal 39

*[...]Comhar, **comhordú** agus córas comhroinnte faisnéise*

1. Oibreoidh na **húdaráis inniúla** [...] go dílis as lámha a chéile, [...] leis an gCoimisiún, le Lárionad an Aontais agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Europol, chun feidhmiú a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán seo a éascú agus chun a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a áirithiú, **gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le sásraí comhair agus malartuithe rialta tuairimí idir na húdaráis inniúla i gcás inarb ábhartha chun a gcúraimí faoi seach a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo.**
- 1a. Na húdarás agus na gníomhaireachtaí dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear le tacaíocht Lárionad an Aontais, comhordóidh siad a gcuid oibre d'fheidhmiú a dtascanna faoi seach faoin Rialachán seo, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm é agus go bhforfheidhmeofar é go héifeachtach, go hinniúil agus go comhsheasmhach, agus d'fhonn cur isteach ar imscrúduithe coiriúla i mBallstáit éagsúla agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint.
2. Déanfaidh Lárionad an Aontais ceann amháin nó níos mó de chórais comhroinnte faisnéise iontaofa a bhunú agus a choinneáil ar bun lena dtacófar le cumarsáid idir na **húdaráis inniúla** [...] an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise.
- 2a. Leis an gcóras comhroinnte faisnéise nó leis na córais comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 2, éascófar comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 83(2) trí bhailiú uathoibríoch agus aisghabháil éasca na faisnéise staidrimh ábhartha a chumasú.
3. Úsáidfídh na **húdaráis inniúla** [...], an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise an **córas comhroinnte faisnéise** nó na córais comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 2 chun gach cumarsáid ábhartha a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo.
4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos socruithe praiticiúla agus oibríochtúla maidir le feidhmiú **an chórais comhroinnte faisnéise** nó na gcóras comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 2 agus a n-idir-inoibritheacht le córais ábhartha eile. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 87.

CAIBIDIL IV

LÁRIONAD AN AONTAIS CHUN MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

Roinn 1

Prionsabail

Airteagal 40

Bunú agus raon feidhme gníomhaíochta Lárionad an Aontais

1. Bunaítear Lárionad an Aontais um Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.
2. Rannchuideoidh Lárionad an Aontais le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach trí thacú le cur chun feidhme a fhorálacha maidir le rochtain ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú agus a bhlocáil agus tríd an gcur chun feidhme sin a éascú, agus trí fhaisnéis agus saineolas a bhailiú agus a roinnt agus comhar idir páirtithe poiblí agus príobháideacha ábhartha a éascú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe ar líne.

Airteagal 41

Stádas dlíthiúil

1. Comhlacht den Aontas, a mbeidh pearsantacht dhlítheanach aige, a bheidh i Lárionad an Aontais.
2. Beidh ag an Lárionad i ngach ceann de na Ballstáit an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil agus a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.
3. Déanfaidh a Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht do Lárionad an Aontais.

Airteagal 42

Suíomh

Is in [...] a bheidh Lárionad an Aontais suite.

Roinn 2

Cúraimí

Airteagal 43

Cúraimí Lárionad an Aontais

Déanfaidh Lárionad an Aontais an méid a leanas:

1. an próiseas measúnaithe riosca **agus maolaithe riosca** dá dtagraítear i Roinn 1 de Chaibidil II a éascú, tríd an méid a leanas a dhéanamh:
 - (a) tacú leis an gCoimisiún chun na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 3(6[...]), Airteagal 4(5), Airteagal 6(4) agus Airteagal 11 a ullmhú, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha, saineolas agus dea-chleachtais a bhailiú agus a sholáthar, agus comhairle ón gCoiste Teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 66 á cur san áireamh;
 - (b) arna iarraidh sin do sholáthraí seirbhísí faisnéise ábhartha, anailís a dhéanamh ar shamplaí sonraí anaithnidithe chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 3(3) **agus cuidiú le gnéithe teicniúla de bhearta maolaithe a shainaithint agus a mheasúnú de bhun Airteagal 4(3a);**
 - (c) **arna iarraidh sin d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, tuairim a thabhairt ar ghnéithe teicniúla na ngníomhaíochtaí féideartha a bhfuil sé ar intinn aige a éileamh de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 5a(1);[...]**
 - (d) **arna iarraidh sin d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, cuidiú le meastóireacht a dhéanamh ar na bearta maolaitheacha arna ndéanamh ag an soláthraí, meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal an riosca atá fágtha agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhféinmheasúnú arna ndéanamh ag an soláthraí don chatagóiriú riosca de bhun Airteagal 5(2);**
 - (e) **taifead a choinneáil de chinntí na nÚdarás Comhordúcháin bunaíochta maidir le catagóiriú riosca na seirbhísí ar tugadh fógra ina leith do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 5(2).**
2. an próiseas braith dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil II a éascú, tríd an méid a leanas a dhéanamh:
 - (a) na tuairimí a thabhairt maidir leis na horduithe braith atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, pointe (d);
 - (aa) **tástálacha ionsamhlúcháin a dhéanamh a bhaineann leis an bhféidearthacht orduithe braith a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 47a;**
 - (b) na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 a chothabháil agus a oibriú;

- (c) rochtain a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a fuair ordú braith ar na bunachair sonraí táscairí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 46;
 - (d) teicneolaíochtaí a chur ar fáil do sholáthraithe chun orduithe braith arna n-eisiúint chucu a chur i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 50(1);
3. an próiseas tuairiscithe dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil II a éascú, tríd an méid a leanas a dhéanamh:
- (a) an bunachar sonraí de thuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 a chothabháil agus a oibriú;
 - (b) na tuarascálacha a mheas, a phróiseáil agus, i gcás inar gá, a chur ar aghaidh agus aiseolas a thabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 48;
4. an próiseas baint anuas dá dtagraítear i Roinn 4 de Chaibidil II agus na próisis eile dá dtagraítear i Roinn 5, 5a agus 6 den Chaibidil sin a éascú, tríd an méid a leanas a dhéanamh:
- (a) na horduithe baint anuas a tharchuirtear chuige de bhun Airteagal 14(4) a fháil chun an fheidhm fíoraíthe dá dtagraítear in Airteagal 49(1) a chomhlíonadh;
 - (aa) **cinntí a fháil maidir le hordú baint anuas trasteorann arna tharchur chuige de bhun Airteagal 14a(5);**
 - (ab) **cóipeanna d'orduithe críochnaitheacha baint anuas agus faisnéis nasctha a tarchuireadh chuige de bhun Airteagal 15(2) a fháil;**
 - (b) [...]
 - (c) na horduithe blocála arna dtarchur chuige de bhun Airteagal 17(3) a fháil agus a phróiseáil;
 - (ca) **cóipeanna d'orduithe blocála críochnaitheacha agus d'fhaisnéis nasctha a tarchuireadh chuige de bhun Airteagal 18(2) a fháil;**
 - (cb) **na horduithe díliostúcháin arna dtarchur chuige de bhun Airteagal 18b(2) a fháil;**
 - (cc) **cóipeanna d'orduithe díliostúcháin críochnaitheacha agus d'fhaisnéis bhainteach a tarchuireadh chuige de bhun Airteagal 18c(3) a fháil;**
 - (d) faisnéis agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21;
 - (e) taifid cothrom le dáta a chothabháil maidir le pointí teagmhála agus ionadaithe dlíthiúla soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 23(2) agus Airteagal 24(6);
5. tacú leis na **húdaráis inniúla, lena n-áirítear na hÚdaráis Chomhordúcháin**, agus leis an gCoimisiún chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus chun comhar, comhordú agus cumarsáid i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo a éascú, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) clár ar líne a chruthú agus a chothabháil ina liostaítear na hÚdaráis Chomhordúcháin agus a bpointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 25(6);
 - (b) cúnamh a thabhairt do na **húdaráis inniúla [...] saor in aisce agus i gcomhréir lena chúraimí faoin Rialachán seo [...]**;
 - (c) cúnamh a thabhairt don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, i ndáil lena chúraimí faoin sásra comhair dá dtagraítear in Airteagal 37;
 - (d) an córas comhroinnte faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 39 a chruthú, a chothabháil agus a oibriú;
 - (e) cúnamh a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme agus na treoirlínte a ghlacann an Coimisiún faoin Rialachán seo a ullmhú;
 - (f) faisnéis a sholáthar do na hÚdaráis Chomhordúcháin, arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnamh féin, atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoin Rialachán seo, lena n-áirítear tríd an Údarás Comhordúcháin a chur ar an eolas faoi sháruithe féideartha a shainaithnítear i gcomhlíonadh chúraimí eile Lárionaid an Aontais;
6. giniúint agus comhroinnt eolais a éascú le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas, **údaráis inniúla lena n-áirítear** na hÚdaráis Chomhordúcháin nó údaráis ábhartha eile na mBallstát chun rannchuidiú le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, tríd an méid a leanas:
- (a) faisnéis a bhailiú, a thaifeadadh, a anailísiú agus a sholáthar, anailís a sholáthar bunaithe ar bhailiú sonraí anaithnidithe agus neamhphearsanta, agus saineolas a sholáthar ar ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 51;
 - (b) tacú le forbairt agus le scaipeadh taighde agus saineolais maidir leis na hábhair sin agus cúnamh d'íospartaigh, lena n-áirítear trí fheidhmiú mar mhol saineolais chun tacú le beartas fianaise-bhunaithe agus **trí iarraidh ar instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, nó ar údaráis ábhartha eile de chuid na mBallstát faisnéis a roinnt maidir le tionscnaimh ábhartha um chosc**;
 - (ba) **an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a chur ar fáil sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 50(4), agus i gcomhréir le hAirteagal 51;**
 - (c) na tuarascálacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 84 a tharraingt suas;

7. forbairt bhreise ar theicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, nó an fhorbairt sin a éascú, i gcomhréir le hAirteagal 50(1a);
8. comhairle a sholáthar don Choimisiún d'fhonn gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú chun na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun a bhrath an bhfuil ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí á scaipeadh a bhrath i gcomhréir le hAirteagal 10(2);
9. deimhniú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá beartaithe lena n-úsáid chun scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí i seirbhísí ina n-úsáidtear criptiú inn go hinn a bhrath, tar éis tástálacha a dhéantar le tacaíocht an Choiste Teicneolaíochta nach bhféadfadh lagú ar an gcosaint a sholáthraítear leis an gcriptiú i gcomhréir le hAirteagal 10(3)(ab) a bheith mar thoradh ar a n-úsáid.

Airteagal 44

Bunachair sonraí táscairí

1. Déanfaidh Lárionad an Aontais bunachair sonraí den mhéid a leanas [...] a chruthú, a chothabháil agus a oibriú:
 - (a) táscairí chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a braitheadhagus a sainathnódh roimhe seo mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcomhréir le hAirteagal 36(1) a bhrath.

[...]
2. Ní bheidh ach an méid a leanas sna bunachair sonraí táscairí:
 - (a) táscairí ábhartha, arb é atá iontu aitheantóirí digiteacha a úsáidfear chun scaipeadh ábhair aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath [...] ar sheirbhísí óstála agus ar sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta, arna nginiúint ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le mír 3;
 - (b) maidir le mír 1, pointe (a), áireofar sna táscairí ábhartha [...] liostaí aimsithe aonfhoirmeacha acmhainní arna dtiomsú ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le mír 3 **chun críche orduithe blocála a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 agus orduithe díliostúcháin a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 18a faoi seach;**
 - (c) an fhaisnéis bhreise is gá chun úsáid na dtáscairí i gcomhréir leis an Rialachán seo a éascú, lena n-áirítear aitheantóirí lena gceadaítear idirdhealú a dhéanamh idir íomhánna, físeáin agus, i gcás inarb ábhartha, cineálacha eile ábhair chun scaipeadh ábhair aitheanta [...] mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath [...].

3. Ginfidh Lárionad an Aontais na táscairí dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), ar bhonn ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amháin [...] arna sainaithint amhlaidh ag [...] údaráis **inniúil** na mBallstát, arna gcur faoina bhráid ag na hÚdaráis Chomhordúcháin de bhun Airteagal 36(1), pointe (a), **nó ag údaráis inniúil eile de bhun Airteagal 36(1a).**

Tiomsóidh Lárionad an Aontais [...] liostaí aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ar bhonn na n-aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní arna gcur isteach chuige de bhun Airteagal 36(1), pointe (b), agus ar an mbonn sin amháin, **chun críche orduithe blocála a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 agus orduithe díliostúcháin a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 18a, faoi seach.**

4. Coinneoidh Lárionad an Aontais taifid ar an ábhar a chuirtear faoina bhráid agus ar an bpróiseas a chuirtear i bhfeidhm chun na táscairí a ghiniúint agus tiomsóidh sé na liostaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír. Coinneoidh sé na taifid sin ar feadh tréimhse **nach faide ná an tréimhse** [...] a choinneoidh sé na táscairí, lena n-áirítear na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní, dá gcomhfhreagraíonn siad sna bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 45

Bunachar sonraí tuarascálacha

1. Déanfaidh Lárionad an Aontais bunachar sonraí le haghaidh na dtuarascálacha arna gcur faoina bhráid ag soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a chruthú, a chothabháil agus a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 12(1) agus arna meas agus arna bpróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 48.
2. Áireofar an fhaisnéis a leanas sa bhunachar sonraí tuarascálacha:
- (a) an tuarascáil;
 - (b) i gcás inar mheas Lárionad an Aontais an tuarascáil a bheith go follasach gan bhunús, na cúiseanna agus an dáta agus an t-am a cuireadh an soláthraí ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 48(2);
 - (c) i gcás inar chuir Lárionad an Aontais an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3), dáta agus am cur ar aghaidh den sórt sin agus ainm an údaráis forfheidhmithe dlí inniúil nó ainmneacha na n-údarás inniúla forfheidhmithe dlí ar chuir sé an tuarascáil ar aghaidh chucu nó, i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na cúiseanna leis an tuarascáil a chur ar aghaidh chuig Europol amháin chun anailís bhreise a dhéanamh uirthi;
 - (d) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na hiarrataí ar fhaisnéis bhreise agus faoin soláthar faisnéise breise dá dtagraítear in Airteagal 48(5);
 - (e) i gcás ina mbeidh fáil uirthi, faisnéis lena léirítear go ndearna an soláthraí a chuir tuarascáil isteach maidir le scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí rochtain ar an ábhar a bhaint nó a dhíchumasú;

- (f) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi iarratas ó Lárionad an Aontais chuig **údarás inniúil** na bunaióchta ordú baint anuas a eisiúint de bhun Airteagal 14 i ndáil leis an mír nó leis na míreanna d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann an tuarascáil;
- (g) táscairí ábhartha agus clibeanna coimhdeacha a bhaineann leis an ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha tuairiscithe.

Airteagal 46

Rochtain, cruinneas agus slándáil

1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3, ní bheidh rochtain ach ag baill foirne Lárionad an Aontais agus ag iniúcháirí arna n-údarú go cuí ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45 agus is iadsan amháin a bheidh i dteideal na sonraí sin a phróiseáil.
2. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do sholáthraithe seirbhísí óstála, do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta agus do sholáthraithe seirbhísí rochtana idirlín agus do **sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne** ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44, nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin dóibh chun na horduithe braith nó blocála a fuair siad i gcomhréir le hAirteagail 7 nó 16 a chur i gcrích. Déanfaidh sé bearta chun a áirithiú go leanfaidh an rochtain sin de bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis ar feadh thréimhse feidhmithe na n-orduithe braith nó blocála lena mbaineann agus nach gcuirfidh rochtain den sórt sin oibriú cuí na mbunachair sonraí sin agus cruinneas agus slándáil na sonraí atá iontu i mbaoil ar aon bhealach.
3. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain [...] d'**údaráis inniúil** ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.
4. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol agus d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a gcúraimí a chomhlíonadh maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta.
5. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol ar na bunachair sonraí tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a chúraimí a chomhlíonadh maidir le cúnamh a thabhairt i leith imscrúduithe a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta
6. Ní sholáthróidh Lárionad an Aontais an rochtain dá dtagraítear i míreanna 2, 3, 4 agus 5 ach amháin tar éis iarraidh a fháil, lena sonrófar cuspóir na hiarrata, módúlachtaí na rochtana a iarrtar, agus méid na rochtana is gá chun an cuspóir sin a bhaint amach. Áireofar tagairt don ordú braith nó don ordú blocála sna hiarrataí ar an rochtain dá dtagraítear i mír 2 freisin, de réir mar is infheidhme.

Déanfaidh Lárionad an Aontais na hiarrataí sin a mheas go dícheallach agus ní dhéanfaidh sé rochtain a dheonú ach i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis an rochtain a iarrtar i leith an chuspóra shonraithe agus í a bheith comhréireach leis an gcuspóir sonraithe sin.

7. Fíoróidh Lárionad an Aontais go tráthrialta go bhfuil na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45, iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, ar gach bealach agus go bhfuil gá leo go fóill chun tuairisciú, brath agus blocáil a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus teicneolaíochtaí agus próisis bhraith chruinne a éascú agus faireachán a dhéanamh orthu. Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní atá sa bhunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a), déanfaidh Lárionad an Aontais, i gcás inar gá i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, a fhíorú go tráthrialta go bhfuil coinníollacha Airteagal 36(1), pointe (b), á gcomhlíonadh go fóill. Áireofar leis na fíoruithe sin iniúchtaí, i gcás inarb iomchuí. I gcás inar gá, i bhfianaise na bhfíoruithe sin, déanfaidh sé na sonraí a chomhlánú, a choigeartú nó a scriosadh láithreach.
8. Áiríteoidh Lárionad an Aontais go stóráiltear na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45 ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí. Áiríteofar leis na coimircí sin, go háirithe, nach bhféadfaidh ach daoine arna n-údarú go cuí na sonraí a rochtain ná a phróiseáil chun na críche lena n-údaráítear don duine sin agus go mbainfear ardleibhéal slándála amach. Déanfaidh Lárionad an Aontais athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh sé iad a choigeartú i gcás inar gá.

Airteagal 47

Gníomhartha tarmligthe a bhaineann leis na bunachair sonraí

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá a bhaineann leis an méid a leanas:

- (a) cineálacha, ábhar beacht, leagan amach agus oibriú na mbunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), lena n-áirítear na táscairí agus an fhaisnéis bhreise is gá a bheidh iontu dá dtagraítear in Airteagal 44(2);
- (b) próiseáil an ábhair a chuirtear faoi bhráid na nÚdarás Comhordúcháin, na táscairí a ghiniúint [...] liostaí na n-aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a thiomsú agus taifead a choinneáil, dá dtagraítear in Airteagal 44(3);
- (c) ábhar beacht, leagan amach agus oibriú an bhunachair sonraí tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45(1);
- (d) rochtain ar na bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45, lena n-áirítear módúlachtaí na rochtana dá dtagraítear in Airteagal 46(1) go (5), an t-ábhar, próiseáil agus measúnú na n-iarratas dá dtagraítear in Airteagal 46(6), saincheistanna nós imeachta a bhaineann leis na hiarrataí sin agus na bearta is gá dá dtagraítear in Airteagal 46(6);
- (e) na fíoruithe agus na hiniúchtaí tráthrialta chun a áirithiú go bhfuil na sonraí sna bunachair sonraí sin iomlán, cruinn agus cothrom le dáta dá dtagraítear in Airteagal 46(7) agus slándáil stórála na sonraí, lena n-áirítear na coimircí teicniúla agus eagraíochtúla agus athbhreithniú tráthrialta dá dtagraítear in Airteagal 46(8).

Airteagal 47a

Tástálacha ionsamhlúcháin chun cabhair a thabhairt maidir leis an bhféidearthacht orduithe braith a eisiúint

1. I gcás ina n-iarrfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta é, déanfaidh Lárionad an Aontais na tástálacha dá dtagraítear in Airteagal 7(2), an fhomhír dheireanach. Is é a bheidh sna tástálacha sin, go háirithe, Lárionad an Aontais a bheith i mbun ábhar aitheanta ionsamhlaithe mí-úsáide gnéasaí leanaí a mhalartú chun a chinneadh maidir le húsáideoirí sonracha áirithe nó grúpaí sonracha áirithe nó cineálacha áirithe úsáideoirí, an féidir leo an tseirbhís i dtrácht, nó codanna in-sainaitheanta áirithe nó comhpháirteanna áirithe den tseirbhís sin, a úsáid chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí, agus más féidir, a mhéid is féidir leo í a úsáid agus an chaoi ar féidir leo í a úsáid.
2. Maidir leis na tástálacha dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) ní sheolfar iad ach amháin i gcás cuntais arna gcur ar bun go sonrach ag Lárionad an Aontais agus arb é Lárionad an Aontais amháin a oibríonn iad chun críoch na dtástálacha sin;
 - (b) is baill foirne chuí-údaraíthe de chuid Lárionad an Aontais amháin a sheolfaidh iad, faoi réir coimircí agus maoirseachta leormhaithe, agus déanfar iad a dhoiciméadú go cuí;
 - (c) déanfaidh Lárionad an Aontais iad a dhearadh agus a sheoladh ar bhealach cruinn agus oibiachtúil, ionas go mbeidh torthaí neamhchlaonta agus ionadaíocha ann.
 - (d) ní bheidh aon mhalartú ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí i gceist leo, ní bheidh cumarsáid i gceist leo ná ní dhéanfaidh siad difear ar shlí eile don chumarsáid, le haon úsáideoirí nó idir aon úsáideoirí seachas foireann ábhartha an Lárionaid;
 - (e) seolfar iad gan an soláthraí seirbhíse lena mbaineann a bheith ar an eolas.
3. Déanfaidh Lárionad an Aontais an tástáil dá dtagraítear i mír 1 a dhearadh, a ullmhú agus a sheoladh i gcomhar le hÚdarás Comhordúcháin na bunaíochta a rinne an iarraidh agus, i gcás ina n-iarrfar amhlaidh, i gcomhar leis na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha a léirítear san iarraidh freisin. In aon chás, cuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha ar an eolas faoi na tástálacha in am trátha roimh thús na dtástálacha.
4. Tuairisceoidh Lárionad an Aontais, gan aon mhoill mhíchuí, d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a rinne an iarraidh maidir le torthaí na dtástálacha dá dtagraítear i mír 1. Ní bheidh aon sonraí pearsanta sna tuarascálacha sin.

Déanfaidh Lárionad an Aontais na tuarascálacha sin a stóráil. Féadfaidh sé na tuarascálacha sin nó cuid de thorthaí na dtástálacha, nó torthaí uile na dtástálacha sin, a chur ar fáil d'Údaráis Chomhordúcháin eile agus féadfaidh sé na tuarascálacha nó na torthaí sin a úsáid chun na cúraimí eile atá air faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá maidir leis na tástálacha dá dtagraítear i mír 1, go háirithe a mhéid a bhaineann le gnéithe nós imeachta, dearadh agus déanamh na dtástálacha sin, na coimircí agus an mhaoirseacht is gá, comhar, tuairisciú agus stóráil, chomh maith le cur ar fáil agus úsáid bhreise na dtuarascálacha nó a dtorthaí.

Airteagal 48

Tuairisciú

1. Déanfaidh Lárionad an Aontais measúnú agus próiseáil go dlúsúil ar thuarascálacha arna gcur isteach ag soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta i gcomhréir le hAirteagal 12 chun a chinneadh an bhfuil na tuarascálacha go follasach gan bhunús nó an bhfuil siad le cur ar aghaidh.

2. I gcás ina measann Lárionad an Aontais go bhfuil an tuarascáil go follasach gan bhunús, cuirfidh sé an soláthraí a chuir an tuarascáil isteach ar an eolas, agus sonróidh sé na cúiseanna a mheasann sé go bhfuil an tuarascáil gan bhunús.

3. I gcás ina bhfuil [...] **forais réasúnta chun go measfadh Lárionad an Aontais nach bhfuil [...] an tuarascáil go follasach gan bhunús**, cuirfidh sé an tuarascáil ar aghaidh, mar aon le haon fhaisnéis ábhartha bhreise a bheidh ar fáil dó, chuig Europol agus chuig an údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó chuig údaráis an Bhallstáit ar dócha go mbeidh dlínse aige an mhí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha lena mbaineann an tuarascáil a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

I gcás nach bhféadfaidh an t-údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó na húdaráis inniúla forfheidhmithe dlí sin a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach, cuirfidh Lárionad an Aontais an tuarascáil, mar aon le haon fhaisnéis ábhartha bhreise a bheidh ar fáil dó, ar aghaidh chuig Europol, chun anailís bhreise a dhéanamh air agus chun é a tharchur ag Europol ina dhiaidh sin chuig an údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó chuig na húdaráis inniúla forfheidhmithe dlí.

4. [...]

Déanfaidh Lárionad an Aontais an measúnú agus an phróiseáil dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo mar ábhar tosaíochta i leith tuarascálacha a thíolacfar i gcomhréir le hAirteagal 13(2), an chéad fhomhír. Go háirithe, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann le go measfaidh Lárionad an Aontais go bhfuil bunús leis an tuarascáil agus gur dócha go mbeidh garbhaol ann do bheatha nó do shábháilteacht linbh lena n-áirítear nuair a léirítear mí-úsáid atá ar siúl i láthair na huaire sin sa tuarascáil, cuirfidh sé an tuarascáil ar aghaidh láithreach i gcomhréir le mír 3, agus é á mharcáil go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach.

I gcásanna eile, cuirfidh sé an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le mír 3 gan an mharcáil sin agus cuirfidh sé soláthraí na tuarascála agus na húdaráis inniúil uile ar an eolas, ag léiriú dóibh i ngach cás toradh an mheasúnaithe agus ag tabhairt míniú ar na cúiseanna leis an toradh sin.

5. I gcás nach bhfuil gach faisnéis a cheanglaítear in Airteagal 13 sa tuarascáil, féadfaidh Lárionad an Aontais a iarraidh ar an soláthraí a chuir an tuarascáil isteach an fhaisnéis atá ar iarraidh a sholáthar.
6. Arna iarraidh sin d'údarás forfheidhmithe dlí inniúil Ballstáit ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí maidir le cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, déanfaidh Lárionad an Aontais an méid a leanas:
 - (a) a chur in iúl don soláthraí a chuir an tuarascáil isteach nach ndéanfaidh sé an t-úsáideoir lena mbaineann a chur ar an eolas, ag sonrú na tréimhse ama nach ndéanfaidh an soláthraí amhlaidh lena linn;
 - (b) i gcás inar soláthraí seirbhísí óstála an soláthraí a chuir an tuarascáil isteach agus ina mbaineann an tuarascáil le scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha, a chur in iúl don soláthraí nach ndéanfaidh sé rochtain ar an ábhar a bhaint nó a dhíchumasú, ag sonrú na tréimhse ama nach ndéanfaidh an soláthraí amhlaidh lena linn.
7. Is iad na tréimhsí ama dá dtagraítear i [...]mír 6, pointí (a) agus (b), na tréimhsí ama a shonraítear san iarraidh ón údarás inniúil forfheidhmithe dlí chuig Lárionad an Aontais, ar choinníoll go bhfanfaidh siad teoranta don mhéid is gá chun cur isteach ar na gníomhaíochtaí ábhartha a sheachaint agus ar choinníoll nach faide ná 18 mí iad, **agus gur srianta riachtanacha agus comhréireacha iad a dhéanann bunús chearta na n-íospartach a urramú.**
8. Fíoróidh Lárionad an Aontais, i leith soláthraí seirbhísí óstála a chuir tuarascáil isteach a bhaineann le scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, ar bhain nó ar dhíchumasaigh an soláthraí sin rochtain ar an ábhar sin, a mhéid atá an pobal in ann rochtain a fháil air. I gcás ina measann sé nach ndearna an soláthraí rochtain ar an ábhar a bhaint anuas ná a dhíchumasú go dlúsúil, cuirfidh Lárionad an Aontais Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ar an eolas faoi.

Airteagal 49

Cuardaigh agus fógra a thabhairt

1. Beidh sé de chumhacht ag Lárionad an Aontais cuardaigh a dhéanamh ar sheirbhísí óstála ar a scaiptear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí atá inrochtana don phobal, agus táscairí ábhartha ó bhunachair sonraí na dtáscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe[...] (a) [...], á n-úsáid aige, sna cásanna a leanas:
 - (a) i gcás ina n-iarrtar amhlaidh chun tacú le híospartach trína fhíorú ar bhain soláthraí na seirbhísí óstála anuas, nó ar dhíchumasaigh sé, rochtain ar cheann amháin nó níos mó de mhíreanna sonracha ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear an t-íospartach, i gcomhréir le hAirteagal 21(4), pointe (c);

- (b) i gcás ina n-iarrfar sin air, cúnamh a thabhairt [...] d'údarás inniúil tríd an ngá a d'fhéadfadh a bheith le [...] hordú baint anuas a eisiúint i ndáil le seirbhís shonrach [...] a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 25(7), pointe [...] (c) [...];
- (c) i gcás ina n-iarrtar amhlaidh, cúnamh a thabhairt d'Údarás Comhordúcháin, trí éifeachtacht ordaithe braith a d'eisigh na húdaráis inniúla a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 25(7), pointe (d).

2. Beidh sé de chumhacht ag Lárionad an Aontais fógra a thabhairt, tar éis dó na cuardaigh a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, do sholáthraithe na seirbhísí óstála faoi láithreach ceann amháin nó níos mó de mhíreanna sonracha ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ar a seirbhísí agus iarrfaidh sé orthu an mhír nó na míreanna sin a bhaint nó rochtain air nó orthu a dhíchumasú, chun gur féidir leis na soláthraithe a machnamh a dhéanamh air dá ndeoin féin.

Leagfar amach go soiléir san iarraidh sonraí aitheantais Lárionad an Aontais agus pointe teagmhála, an fhaisnéis is gá chun an mhír nó na míreanna a shainaithint, chomh maith leis na cúiseanna leis an iarraidh. Luafar go soiléir san iarraidh freisin gur féidir leis an soláthraí a mhachnamh a dhéanamh air dá dheoin féin.

3. I gcás ina n-iarrann údarás forfheidhmithe dlí inniúil Ballstáit amhlaidh ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí maidir le cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ní chuirfidh Lárionad an Aontais fógra isteach, a fhad is gá chun an cur isteach sin a sheachaint ach ní níos faide ná 18 mí.

Airteagal 50

Teicneolaíochtaí, faisnéis agus saineolas

1. Cuirfidh Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí ar fáil a d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide a fháil, a shuiteáil agus a oibriú, saor in aisce, i gcás inarb ábhartha faoi réir choinníollacha ceadúnais réasúnta, chun orduithe braite a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 10(1).

Chuipe sin, cuirfidh Lárionad an Aontais i dtoll a chéile liostaí de na teicneolaíochtaí sin, ag féachaint do cheanglais an Rialacháin seo agus go háirithe na ceanglais sin in Airteagal 10(2).

Sula gcuirtear teicneolaíochtaí sonracha ar na liostaí sin, iarrfaidh Lárionad an Aontais tuairim a Choiste Teicneolaíochta agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Soláthróidh an Coiste Teicneolaíochta agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí a dtuairimí faoi seach laistigh de 8 seachtaine. Féadfar síneadh breise 6 seachtaine a chur leis an tréimhse sin i gcás inar gá, agus castacht an ábhair á cur san áireamh. Cuirfidh an Coiste Teicneolaíochta agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí Lárionad an Aontais ar an eolas faoi aon síneadh mar sin agus faoi na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh d'aon mhí amháin ón iarraidh ar chomhairliúchán a fháil.

- 1a. Déanfaidh Lárionad an Aontais, i gcomhar le hÚdaráis Chomhordúcháin, soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta agus, i gcás inarb ábhartha, saineolaithe neamhspleácha, forbairt bhreise ar theicneolaíochtaí a fhorbairt nó a éascú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí san áireamh, ar bhealach lena n-áiríteofar go mbeidh na teicneolaíochtaí sin in ann ceanglais an Rialacháin seo, go háirithe Airteagal 10(3), a chomhlíonadh.
- 1b. I gcás inar iarradh ar Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis an Rialachán seo, tuairim, faisnéis nó cúnamh eile a sholáthar maidir le teicneolaíochtaí, lena n-áirítear iniúchadh feidhmiúil agus slándála ar leibhéal an chóid foinse, a fhéadfar a úsáid chun ordú sonrach arna eisiúint faoin Rialachán seo a fhorghníomhú, féadfaidh sé, i gcomhréir le hAirteagal 66, tuairim an Choiste Teicneolaíochta ina leith a iarraidh. Sa chás sin, beidh feidhm ag rialacha an tríú mír maidir leis an tréimhse ama chun an tuairim sin a sholáthar.
2. Déanfaidh Lárionad an Aontais faisnéis ábhartha, oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide maidir le hábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, déanfaidh sé í a bhailiú, a thaifeadadh, a anailísiú agus a chur ar fáil, go háirithe:
- (a) faisnéis a fuarthas i bhfeidhmiú a chúraimí faoin Rialachán seo a bhaineann le rochtain ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú, agus a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhlocáil;
 - (b) faisnéis a eascraíonn as an taighde, na suirbhéanna agus na staidéir dá dtagraítear i mír 3;
 - (c) faisnéis a thagann as taighde nó gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag údaráis na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas, údaráis inniúla tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, ionaid taighde agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.
3. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, déanfaidh Lárionad an Aontais, glacfaidh sé páirt nó spreagfaidh sé taighde, suirbhéanna agus staidéir, ar a thionscnamh féin nó, i gcás inarb iomchuí agus comhoiriúnach lena thosaíochtaí agus lena chlár oibre bliantúil, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún.
- [...]3a. Coinneoidh Lárionad an Aontais bunachar sonraí ina gcuimseofar an taighde, na suirbhéanna agus na staidéir uile, lena mbaineann acmhainní poiblí an Aontais nó náisiúnta, dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 agus an fhaisnéis a bheidh mar thoradh air sin. Ní bheidh aon sonraí pearsanta sa bhunachar sonraí sin seachas faisnéis lena sainaitheann na húdair agus aon duine eile a rannchuidigh leis an taighde, leis an suirbhé agus leis na staidéir.

Féadfaidh na húdaráis inniúla an bunachar sonraí sin a cheadú nuair is gá sin chun a gcúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo.

Féadfaidh Lárionad an Aontais a chinneadh an leibhéal iomchuí rochtana a sholáthar chun an bunachar sonraí sin a cheadú d'eintitis agus do dhaoine aonair eile arna iarraidh sin go réasúnaithe, más féidir leis na heintitis agus na daoine aonair iarrthacha údar a thabhairt go bhféadfadh rochtain den sórt sin rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

4. I ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus an fhaisnéis a thagann as an taighde, na suirbhéanna agus na staidéir dá dtagraítear i mír 3, soláthróidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin lena n-áirítear a anailís orthu sin, agus a thuairimí maidir le saincheisteanna a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, Údaráis Chomhordúcháin, údaráis inniúla eile agus údaráis phoiblí eile na mBallstát, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don údarás ábhartha. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.
5. Forbróidh Lárionad an Aontais straitéis chumarsáide agus cuirfidh sé chun cinn idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus soláthraithe seirbhísí óstála nó cumarsáide idirphearsanta chun feachtas phoiblí a ardú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus bearta chun mí-úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac.

Roinn 3

Próiseáil faisnéise

Airteagal 51

Gníomhaíochtaí próiseála agus cosaint sonraí

1. A mhéid is gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, féadfaidh Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a phróiseáil.
2. Próiseálfaidh Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a mhéid a bhfuil fíorghá leis chun:
 - (a) na tuairimí a thabhairt maidir le horduithe braith atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(3);
 - (b) comhoibriú le agus freagairt d'iarrataí ó Údaráis Chomhordúcháin i ndáil le horduithe blocála dá dtagraítear in Airteagal 16(2);
 - (c) orduithe blocála arna dtarchur chuige de bhun Airteagal 17(3) a fháil agus a phróiseáil;
 - (d) comhoibriú le hÚdaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21 maidir le cúraimí a bhaineann le cearta íospartach ar fhaisnéis agus ar chúnamh;

- (e) taifid cothrom le dáta a chothabháil maidir le pointí teagmhála agus ionadaithe dlíthiúla soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 23(2) agus Airteagal 24(6);
 - (f) clár ar líne a chruthú agus a chothabháil ina liostaítear na hÚdaráis Chomhordúcháin agus a bpointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 25(6);
 - (g) cúnamh a sholáthar d'Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 25(7);
 - (h) cúnamh a thabhairt don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, i ndáil lena chúraimí faoin sásra comhair dá dtagraítear in Airteagal 37;
 - (i) na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 a chruthú, a chothabháil agus a oibriú;
 - (j) an bunachar sonraí tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 a chruthú, a chothabháil agus a oibriú;
 - (k) rochtain agus faireachán ar na bunachair sonraí táscairí agus tuarascálacha a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 46;
 - (l) bearta rialaithe cáilíochta sonraí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 46(7);
 - (m) tuarascálacha maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne féideartha a mheas agus a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 48;
 - (n) comhoibriú le Europol agus le heagraíochtaí comhpháirteacha i gcomhréir le hAirteagail 53 agus 54, lena n-áirítear maidir le cúraimí a bhaineann le híospartaigh a shainaithint;
 - (o) staidreamh a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 83.
3. Ní stórálfaidh Lárionad an Aontais na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 2 ach amháin i gcás ina mbeidh fíorghá leis, agus a fhad a bheidh gá leis, chun na gcríoch is infheidhme a liostaítear i mír 2.
4. Áiritheoidh sé go stóráiltear na sonraí pearsanta ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla. Áirithítear leis na coimircí sin, go háirithe, nach féidir na sonraí pearsanta a rochtain agus a phróiseáil ach chun na críche a stóráiltear iad lena haghaidh, go mbaintear ardleibhéal slándála amach agus go scriostar na sonraí pearsanta nuair nach bhfuil fíorghá leo chun na gcríoch is infheidhme. Déanfaidh sé athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh sé iad a choigeartú i gcás inar gá.

Roinn 4

Comhar

Airteagal 52

Oifigigh teagmhála

1. Ainmneoidh gach Údarás Comhordúcháin oifigeach teagmhála amháin ar a laghad, a bheidh ina phríomhphointe teagmhála ag Lárionad an Aontais sa Bhallstát lena mbaineann. D'fhéadfaí na hoifigigh teagmhála a fhostú ar iasacht chuig Lárionad an Aontais. I gcás ina n-ainmnítear roinnt oifigeach teagmhála, ainmneoidh an tÚdarás Comhordúcháin duine amháin díobh mar phríomhoifigeach teagmhála.
2. Tabharfaidh oifigigh teagmhála cúnamh i leith malartú faisnéise idir Lárionad an Aontais agus na hÚdaráis Chomhordúcháin a d'ainmnigh iad. I gcás ina bhfaigheann Lárionad an Aontais tuarascálacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 12 a bhaineann le scaipeadh féideartha ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht fhéideartha ar leanaí, éascóidh na hoifigigh teagmhála arna n-ainmniú ag an mBallstát inniúil an próiseas chun neamhdhleathacht an ábhair nó an chomhrá a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 36(1).
3. Is é an Bord Bainistíochta a chinnfidh cearta agus oibleagáidí oifigeach teagmhála i ndáil le Lárionad an Aontais. Beidh na pribhléidí agus na díolúintí is gá ag na hoifigigh teagmhála chun a gcúraimí a chomhlíonadh.
4. I gcás ina bhfostaítear oifigigh teagmhála ar iasacht chuig Lárionad an Aontais, cumhdóidh Lárionad an Aontais na costais a bhaineann leis an áitreabh is gá a sholáthar dóibh laistigh den fhoirgneamh agus soláthróidh sé tacaíocht leordhóthanach d'oifigigh teagmhála chun a ndualgais a chomhlíonadh. Seasfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a d'ainmnigh iad gach costas eile a thagann aníos i ndáil le hainmniú oifigeach teagmhála agus a ndualgais a chomhlíonadh.

Airteagal 53

Comhar le Europol

1. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, laistigh dá sainorduithe faoi seach, féadfaidh Lárionad an Aontais comhoibriú le Europol.
2. Soláthróidh Europol agus Lárionad an Aontais an rochtain is iomláine agus is féidir dá chéile ar an bhfaisnéis agus na córais faisnéise ábhartha, i gcás inar gá chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh agus i gcomhréir le gníomhartha dhlí an Aontais lena rialaítear an rochtain sin.

Gan dochar do fhreagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, uasmhéadóidh Lárionad an Aontais éifeachtúlacht trí fheidhmeanna riaracháin a roinnt le Europol, lena n-áirítear feidhmeanna a bhaineann le bainistíocht phearsanra, teicneolaíocht faisnéise (TF) agus cur chun feidhme buiséid.

3. Leagfar síos téarmaí an chomhair agus na socruithe oibre i meabhrán tuisceana.

Airteagal 53a

Comhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais

1. Sa bhreis ar an oibleagáid comhoibriú le Europol i gcomhréir le hAirteagal 53, i gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, féadfaidh Lárionad an Aontais comhoibriú le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le sainorduithe faoi seach Lárionad an Aontais agus na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí eile sin de chuid an Aontais.
2. Féadfaidh Lárionad an Aontais meabhrán tuisceana a chur i gcrích leis na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, ina leagtar síos téarmaí an chomhair.

Airteagal 54

Comhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta

1. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, féadfaidh Lárionad an Aontais comhoibriú le heagraíochtaí agus líonraí chun faisnéis agus saineolas maidir le hábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí leathphoiblí.
2. Féadfaidh Lárionad an Aontais meabhrán tuisceana a chur i gcrích leis na heagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1, ina leagtar síos téarmaí an chomhair, **téarmaí maidir le comhroinnt sonraí san áireamh.**

Airteagal 54a

Comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. A mhéid is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais, féadfaidh Lárionad an Aontais dul i gcomhar le húdaráis inniúla tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Chuige sin, féadfaidh Lárionad an Aontais, tar éis dó formheas a fháil ón gCoimisiún roimh ré, socrúithe oibre a leagan síos i gcomhar le húdaráis tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ní chruthófar leis na socrúithe sin oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas ná ar na Ballstáit.

2. Beidh Lárionad an Aontais oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha ina chuid oibre, tríú tíortha a bhfuil comhaontuithe chuige sin tugtha i gcrích acu leis an Aontas.

Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, forbrófar socruithe lena sonrófar, go háirithe, cineál, méid agus modh rannpháirtíocht na dtríú tíortha lena mbaineann in obair Lárionad an Aontais, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le rannpháirtíocht i dtionscnaimh a dtabharfaidh Lárionad an Aontais fúthu, le ranníocaíochtaí airgeadais agus le cúrsaí foirne. I dtaca le cúrsaí foirne, comhlíonfar, leis na socruithe sin, na Rialacháin Foirne in aon chás.

3. Glacfaidh an Bord Bainistíochta straitéis i gcomhair caidreamh le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhaineann le cúrsaí a mbeidh inniúlacht ag Lárionad an Aontais ina leith. Áiríteoidh an Coimisiún go bhfeidhmeoidh Lárionad an Aontais laistigh dá shainordú agus laistigh den chreat institiúideach atá ann cheana trí shocrú oibre oiriúnach a thabhairt i gcrích le Stiúrthóir Feidhmiúcháin Lárionad an Aontais.

Roinn 5

Eagraíocht

Airteagal 55

Struchtúr riaracháin agus bainistíochta

Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta Lárionad an Aontais:

- (a) Bord Bainistíochta a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 57;
- (b) [...]
- (c) Stiúrthóir Feidhmiúcháin Lárionad an Aontais, a fheidhmeoidh na freagrachtaí a leagtar amach in Airteagal 64;
- (d) Coiste Teicneolaíochta mar ghrúpa comhairleach, a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 66.

Cuid 1: Bord Bainistíochta

Airteagal 56

Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta

1. Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus [...] ionadaí [...] **amháin** ón gCoimisiún, agus is i gcáil comhaltaí ag a bhfuil cearta vótála a bheidh siad sin ar fad ann.
2. Áireofar ar an mBord Bainistíochta freisin breathnóir saineolach neamhspleách amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, gan ceart vótála.

Féadfaidh Europol ionadaí a ainmniú chun freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta mar bhreathnóir ar ábhair a bhaineann le Europol, **gan ceart vótála**; arna iarraidh sin do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
3. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht don chomhalta nuair a bheidh sé as láthair.
4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha i bhfianaise a gcuid eolais ar réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a gcuid [...] **inniúlachtaí** ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh. Ceapfaidh na Ballstáit ionadaí óna nÚdarás Comhordúcháin, laistigh de 4 mhí ó [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an bhoird a áirithiú. Díreoidh gach páirtí ar ionadaíocht chothrom idir fir agus mná a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta.
5. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfar an téarma sin a athnuachan.

Airteagal 57

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an méid a leanas:
 - (a) gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a threorú go ginearálta;
 - (aa) **beidh sé freagrach as pleanáil fhoriomlán agus as cur i bhfeidhm na gcúraimí a thugtar do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 43, agus glacfaidh sé cinntí uile Lárionad an Aontais;**

- (b) cuirfidh sé le héascú an chomhair éifeachtaigh le agus idir na hÚdaráis Chomhordúcháin;
- (c) rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, agus comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus aon ghrúpa comhairleach eile a d'fhéadfadh sé a bhunú agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhú leasanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta;
- (d) [...]
- (e) glacfaidh sé a Rialacha Nós Imeachta agus cuirfidh sé ar fáil don phobal iad;
- (f) ceapfaidh sé comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta, agus aon ghrúpa comhairleach eile a bhunóidh sé;
- (fa) rachaidh sé i gcomhairle leis an mBord Íospartach i ngach cás ina bhfuil leas íospartach i gceist agus é i mbun a chúraimí de bhun phointí (a) agus (h);**
- (g) glacfaidh sé na tuairimí maidir le horduithe braith atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(4), ar bhonn dréacht-tuairime arna tabhairt ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
- (h) na pleananna maidir le cumarsáid agus scaipeadh dá dtagraítear in Airteagal 77(3) a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta, bunaithe ar anailís ar na riachtanais;
- (i) dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ghlacadh, faoin 30 Samhain gach bliain, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin é mar fhaisnéis faoin 31 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin, agus leagan nuashonraithe ar bith eile den doiciméad;**
- (j) dréachtbhuiséad bliantúil Lárionad an Aontais a ghlacadh agus feidhmeanna eile i dtaca le buiséad Lárionad an Aontais a fheidhmiú;**
- (k) tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a mheas agus a ghlacadh, lena n-áirítear achoimre ar a chúraimí, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúcháirí í faoin 1 Iúil gach bliain agus cuirfidh sé an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí ar fáil don phobal;**
- (l) straitéis frithchalaoise a ghlacadh, atá comhréireach leis na rioscaí calaoise agus costais agus tairbhí na mbeart a bheidh le cur chun feidhme á gcur san áireamh, straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a ghlacadh, straitéis le haghaidh comhar le tríú tíortha agus/nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a ghlacadh, agus straitéis le haghaidh na gcóras bainistíochta eagraíochtúla agus rialaithe inmheánacha a ghlacadh;**

- (m) na cumhachtaí a tugadh don Údarás Ceapacháin faoi na Rialacháin Foirne atá cumhachtaithe conradh fostaíochta a thabhairt i gcrích faoi choinníollacha fostaíochta seirbhíseach eile ('cumhachtaí an údaráis ceapacháin')¹⁹, na cumhachtaí sin a fheidhmiú i ndáil le baill foirne Lárionad an Aontais;
- (n) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun feidhm a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;
- (o) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus é nó í a chur as oifig, i gcomhréir le hAirteagal 65;
- (p) Oifigeach Cuntasaíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, a bheidh neamhspleách go hiomlán i gcomhlíonadh a chuid dualgas, agus féadfaidh sé gurb é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a bheidh ann;
- (q) a áirithiú go ndéanfar obair leantach leormhaith ar thorthaí agus ar mholtaí a eascróidh as na tuarascálacha iniúchóireachta agus ó mheastóireachtaí, inmheánacha nó seachtracha, agus ó imscrúduithe na hOifige Eorpaí FrithChalaoise (OLAF);
- (r) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Lárionad an Aontais a ghlacadh;
- (s) na cinntí uile a ghlacadh maidir le struchtúir inmheánacha Lárionad an Aontais a leagan síos agus, más gá, maidir lena modhnú;
- (t) Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh;
- (u) treoirlínte inmheánacha a ghlacadh lena sonraítear na nósanna imeachta maidir le faisnéis a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 51, tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
- (v) tabhairt i gcrích meabhrán tuisceana dá dtagraítear in Airteagail 53(3), 53a(2) agus 54(2) a údarú.

2. I dtaca leis na cumhachtaí a luaitear i mír 2 pointe (m) agus (n), glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na rialacháin foirne agus ar Airteagal 6 de na coinníollacha fostaíochta, lena dtarmlichtear cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údaraithe na cumhachtaí sin a fho-tharmligeán.

¹⁹ Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1)

3. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta trí chinneadh tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus aon fho-tharmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin sin a chur ar fionraí ar bhonn sealadach, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó chuig ball foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Airteagal 58

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

1. Toghfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc a chomhaltaí. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach le tromlach dhá thrían de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

Glacfaidh an Leaschathaoirleach ionad an Chathaoirligh, go huathoibríoch, má tharlaíonn sé nach féidir leis an gCathaoirleach a chuid dualgas a chomhlíonadh.

2. Mairfidh tréimhse oifige an Chathaoirligh agus an Leaschathaoirligh 4 bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh lena mballraíocht sa Bhord Bainistíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

3. **Leagfar amach an nós imeachta mionsonraithe le haghaidh thoghadh an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta.**

Airteagal 59

Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Cathaoirleach cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a chomóradh.
2. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa phlé, ach ní bheidh ceart vótála ag an té sin.
3. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú den Bhoird Bainistíochta gach bliain. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú den Bhord Bainistíochta ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún, nó arna iarraidh sin do thrían dá chomhaltaí ar a laghad.
4. Féadfaidh an Bord Bainistíochta iarraidh ar aon duine a bhféadfaidh a thuairimí a bheith ina n-ábhar spéise freastal ar a chuid cruinnithe mar bhreathnóir, **lena n-áirítear ionadaithe ón mBord Íospartach.**
5. Faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe a bheith de chúnamh ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, **lena n-áirítear ionadaithe ón mBord Íospartach.**
6. Cuirfidh Lárionad an Aontais an rúnaíocht ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 60

Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, glacfaidh an Bord Bainistíochta cinntí le tromlach glan dá chomhaltaí **le cearta vótála**.
2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. In éagmais comhalta a bhfuil ceart vótála aige, beidh a chomhalta/a comhalta malartach i dteideal a cheart vótála a fheidhmiú.
3. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa vótáil.
4. Bunófar socruithe vótála níos sonraí le rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, go háirithe na cúinsí ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

Cuid 2: An Bord Feidhmiúcháin

Airteagal 61

[...]

[...]²⁰[...]



²⁰ [...]

[...]



Airteagal 63

[...]

Cuid 3: An Stiúrtóir Feidhmiúcháin

Airteagal 64

Freagrachtaí an Stiúrtóra Feidhmiúcháin

1. Bainisteoidh an Stiúrtóir Feidhmiúcháin Lárionad an Aontais. Beidh an Stiúrtóir Feidhmiúcháin cuntasach don Bhord Bainistíochta.
2. Tuairisceoidh an Stiúrtóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa maidir le feidhmiú a d(h)ualgas nuair a iarrtar sin air/uirthi. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrtóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt ar fheidhmiú a d(h)ualgas.
3. Beidh an Stiúrtóir Feidhmiúcháin ina ionadaí dlíthiúil do Lárionad an Aontais.

4. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí arna sannadh do Lárionad an Aontais leis an Rialachán seo. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas:
- (a) riaradh laethúil Lárionad an Aontais;
 - (b) na cinntí atá le glacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú;
 - (c) cinntí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a chur chun feidhme;
 - (d) an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an [...] Bhoird **Bainistíochta** tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún;
 - (e) an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don [...] Bhoird **Bainistíochta** maidir lena chur chun feidhme;
 - (f) an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite maidir le Gníomhaíochtaí (CAAR) a ullmhú maidir le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais agus í a chur faoi bhráid an [...] Bhoird **Bainistíochta** lena meas agus lena glacadh;
 - (g) plean gníomhaíochta a ullmhú ag féachaint do chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha agus imscrúduithe ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus tuairisc ar an dul chun cinn a chur chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Bainistíochta agus chuig an mBord Bainistíochta ar bhonn tráthrialta [...];
 - (h) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile, gan dochar don inniúlacht imscrúdaitheach atá ag OLAF agus ag OIPE, trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, más rud é go mbraítear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil, agus **trína thuairisciú do OIPE i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/1939 aon iompar coiriúil ar ina leith a fhéadfadh OIPE a inniúlacht a fheidhmiú.**[...]

- (i) straitéis frithchhalaoise a ullmhú, straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a ghlacadh, straitéis le haghaidh comhair le tríú tíortha agus/nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a ghlacadh agus straitéis le haghaidh na gcóras bainistíochta eagraíochtúla agus rialaithe inmheánacha a ghlacadh le haghaidh Lárionad an Aontais agus iad a chur faoi bhráid an [...] Bhoird **Bainistíochta** lena bhformheas;
- (j) dréachtrialacha airgeadais a ullmhú is infheidhme maidir le Lárionad an Aontais;
- (k) dréachtráiteas Lárionad an Aontais ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú agus a bhuiséad a chur chun feidhme;
- (l) straitéis slándála TF a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirithítear bainistíocht riosca iomchuí don bhonneagar, córais agus seirbhísí TF uile, a fhorbraíonn nó a sholáthraíonn Lárionad an Aontais agus cistiú slándála TF leordhóthanach.
- (m) clár oibre bliantúil Lárionad an Aontais a chur chun feidhme faoi rialú an [...] Bhoird **Bainistíochta**;
- (n) dréachtráiteas ar mheastacháin maidir le hioncam agus caiteachas Lárionad an Aontais a tharraingt suas mar chuid de Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair Lárionad an Aontais agus buiséad Lárionad an Aontais a chur chun feidhme de bhun Airteagal 67;
- (o) dréacht-tuarascáil a ullmhú ina dtugtar tuairisc ar gach gníomhaíocht de Lárionad an Aontais le roinn inti maidir le cúrsaí airgeadais agus riaracháin;
- (p) earcaíocht a chothú d'fhoireann Lárionad an Aontais a bhfuil scileanna agus taithí iomchuí acu, fad is a áirithítear cothromaíocht inscne.

5. I gcás inar gá mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chinneadh ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát eile chun cúraimí Lárionad an Aontais a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. Sula gcinnfidh sé oifig áitiúil a bhunú, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Bainistíochta agus ón mBallstát lena mbaineann. Bunófar an cinneadh ar measúnú costais agus tairbhe iomchuí a léiríonn go háirithe breisluach cinneadh den sórt sin agus sonrófar ann raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh san oifig áitiúil ar bhealach lena seachnófar costais gan ghá agus dubailt feidhmeanna riaracháin Lárionad an Aontais. Féadfar comhaontú ceanncheathrún a dhéanamh leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann.

6. **Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin ná an Bhoird Bainistíochta, beidh an Stiúrthóir Bainistíochta go hiomlán neamhspleách agus é i mbun dualgas agus ní iarrfaidh sé treoracha ar aon rialtas ná ar aon chomhlacht eile ná ní ghlacfaidh sé treoracha uathu.**

Airteagal 65

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Beidh an stiúrthóir feidhmiúcháin fostaithe mar ghníomhaire sealadach ag Lárionad an Aontais faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.
2. Ceapfaidh an [...] Bord **Bainistíochta** an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ó liosta iarrthóirí arna moladh ag an gCoimisiún, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach.
3. Chun an conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, is é Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann Lárionad an Aontais.
4. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. 6 mhí roimh dheireadh téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, déanfaidh an **Bord Bainistíochta le tacaíocht ón gCoimisiún** measúnú ina dtabharfar san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshlán Lárionad an Aontais amach anseo.
5. Féadfaidh an Bord **Bainistíochta**, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún ina gcuirtear an measúnú dá dtagraítear i mír 3 san áireamh, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin aon uair amháin, ar feadh tréimhse 5 bliana ar a mhéad.
6. Ní féidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar fadaíodh a théarma oifige, páirt a ghlacadh i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse foriomláine.
7. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhífhostú ach amháin ar chinneadh ón [...] mBord **Bainistíochta** [...].
8. Déanfaidh an Bord **Bainistíochta** cinntí maidir le ceapachán, síneadh le téarma oifige nó dífhostú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu.

Foroinn 5: An Coiste Teicneolaíochta agus an Bord Íospartach

Airteagal 66

Bunú agus cúraimí an Choiste Teicneolaíochta

1. Beidh an Coiste Teicneolaíochta comhdhéanta de shaineolaithe teicniúla arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i bhfianaise a sármhaitheasa agus a neamhspleáchais, agus a sainréimse eolais, chun tacar scileanna agus saineolas iomlán agus éagsúil a áirithiú, [...] tar éis gairm ar léirithe spéise a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Féadfaidh gach Ballstát suas le ceathrar saineolaithe teicniúla a ainmniú, a roghnóidh an Bord Bainistíochta beirt ar a mhéad díobh do gach Ballstát agus féadfaidh an Coimisiún agus Europol suas le beirt saineolaithe teicniúla an ceann a ainmniú, óna roghnóidh an Bord Bainistíochta duine amháin as gach beirt. Féadfaidh an Bord Bainistíochta suas le haon saineolaí dhéag breise a cheapadh seachas iad siúd a ainmneoidh na Ballstáit, nó a cheapfaidh an Coimisiún agus Europol. Ní saineolaithe náisiúnta ar iasacht iad na saineolaithe sin arna n-ainmniú ag na Ballstáit ach saineolaithe a dtugann na Ballstáit sainordú dóibh misin saineolais theicniúil a dhéanamh ar bhonn ad hoc arna iarraidh sin don Bhord Bainistíochta.

Gníomhóidh saineolaithe an Choiste Teicneolaíochta ar mhaithe leis an leas ginearálta, agus urramóidh siad prionsabail na neodrachta agus na trédhearcachta.

- 1a. Roinnfear an Coiste Teicneolaíochta i ngrúpaí oibre atá speisialaithe maidir le measúnú a dhéanamh ar chatagóirí sonracha teicneolaíochtaí nó cineálacha teicneolaíochtaí a úsáidtear chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac. Féadfaidh na meithleacha sin saineolaithe seachtracha a iarraidh ar bhonn *ad hoc*.
2. Sonrófar nósanna imeachta maidir le ceapachán chomhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus a oibriú i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.
3. [...] Cuirfear an liosta de chomhaltaí an Choiste ar fáil don phobal agus déanfaidh Lárlíonad an Aontais an liosta a thabhairt cothrom le dáta ar a shuíomh gréasáin.
4. Nuair nach gcomhlíonann comhalta na critéir a thuilleadh **chun gníomhú ar mhaithe leis an leas ginearálta, neodracht nó trédhearcacht faoi chuimsiú a shainordaithe nó a sainordaithe** [...], cuirfidh sé nó sí an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi sin. De rogha air sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta a dhearbhu, ar thogra ó aon trian ar a laghad dá chomhaltaí nó ón gcomhalta a cheap [...] an Coimisiún, [...] **nach bhfuil an comhalta ag gníomhú ar mhaithe leis an leas ginearálta a thuilleadh, nó nach gcomhlíonann sé nó sí na critéir neodrachta nó trédhearcachta agus ceapachán an chomhalta sin a chúlghairm.** [...] Sa chás sin, ceapfar duine ina ionad ar feadh [...] a bhfuil fágtha de shainordú an chomhalta lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a thuairiscítear i mír 1 [...].

5. Mairfidh sainorduithe chomhaltaí an Choiste Teicneolaíochta ar feadh 4 bliana. Beidh na sainorduithe sin in-athnuaite aon uair amháin.
6. Déanfaidh an Coiste Teicneolaíochta na nithe a leanas
- (a) cur le tuairimí Lárionad an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, pointe (d);
 - (aa) **rannchuidiú le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a bhaineann le forbairt teicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, nó le forbairt na dteicneolaíochtaí sin a éascú, i gcomhréir le hAirteagal 50(1a);**
 - (ab) **rannchuidiú le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a bhaineann leis an gcomhairle a sholáthraítear don Choimisiún d'fhonn gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú chun na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath i gcomhréir le hAirteagal 10(2);**
 - (ac) **rannchuidiú le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a bhaineann le tástáil na dteicneolaíochtaí atá beartaithe lena n-úsáid chun scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí i seirbhísí a bhrath, agus criptiú inn go hinn á úsáid d'fhonn a eisiámh go bhféadfadh lagú ar an gcosaint a sholáthraítear leis an gcriptiú i gcomhréir le hAirteagal 10(3)(ab) a bheith mar thoradh ar a n-úsáid;**
 - (b) rannchuidiú le cúnamh Lárionad an Aontais leis do na hÚdaráis Chomhordúcháin, don Bhord Bainistíochta, [...] agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i leith cúrsaí a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta;
 - (c) saineolas a sholáthar go himheánach, arna iarraidh sin, ar ábhair a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a bhrath;
 - (d) saineolas inmheánach a chur ar fáil tar éis don mheitheal nó do na grúpaí oibre ábhartha a bheith rannpháirteach, ar bhonn *ad hoc* agus arna iarraidh sin don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 66a

Ceapachán agus cúraimí an Bhoird [...] Íospartach

1. **Beidh an Bord Íospartach comhdhéanta d'íospartaigh fhásta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus saineolaithe aitheanta chun cúnamh a chur ar fáil d'íospartaigh a cheapfaidh an Bord Bainistíochta, tar éis glao ar léiriú spéise a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ar bhonn a dtaithí pearsanta, a saineolais agus a neamhspleáchais.**
2. **Leagfar síos na nósanna imeachta lena rialaítear ceapadh chomhaltaí an Bhoird Íospartach, a fheidhmiú agus na cúinsí lena rialaítear faisnéis a tharchur chuig an mBord Íospartach i rialacha nósanna imeachta an Bhoird Bainistíochta, agus foilseofar iad.**

3. **Beidh comhaltaí an Bhoird Íospartach neamhspleách i gcomhlíonadh a gcúraimí mar chomhaltaí de agus gníomhóidh siad ar mhaithe le híospartaigh mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne. Foilseoidh Lárionad an Aontais Eorpaigh ar a shuíomh gréasáin agus coinneoidh sé liosta de chomhaltaí an Bhoird Íospartach cothrom le dáta.**
4. **Comhaltaí a scoirfidh de bheith neamhspleách, cuirfidh siad an Bord Bainistíochta ar an eolas dá réir sin. Ina theannta sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta, ar mholadh ó aon trian ar a laghad dá chomhaltaí nó ón gcomhalta a cheapfaidh an Coimisiún, a chinneadh nach bhfuil dóthain neamhspleáchais ag comhalta ar leith agus an ceapachán a chúlghairm. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta ionadaí dá bhfuil fágtha de shainordú an chomhalta lena mbaineann, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1.**
5. **Mairfidh sainorduithe comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta ar feadh 4 bliana. Féadfaidh an Bord Bainistíochta é a athnuachan uair amháin.**
6. **Féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Bord Bainistíochta dul i gcomhairle leis an mBord Íospartach maidir le gach ábhar a bhaineann le híospartaigh mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne.**
7. **Tá na tascanna seo a leanas ag an mBord Íospartach:**
 - (a) **a chinntiú go gcloistear ábhair inní na n-íospartach agus ionadaíocht a dhéanamh dá leasanna i ndáil le hobair Lárionad an Aontais;**
 - (b) **comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta maidir leis na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 57 (1)(fa);**
 - (c) **comhairle a chur ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ar an mBord Bainistíochta nuair a rachfar i gcomhairle leo i gcomhréir le mír 6;**
 - (d) **a dtaithí agus a saineolas a chur le hobair Lárionad an Aontais mar mhol eolais maidir le mí-úsáid ghnéasach a chosc agus a chomhrac agus cabhair agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh;**
 - (e) **rannchuidiú le hobair Lárionad an Aontais i dtaca le líonraí Eorpacha íospartach de mhí-úsáid ghnéasach leanaí.**

Roinn 6

Bunú agus Struchtúr an Bhuiséid

Foroinn 1

Doiciméad Clársceidealaithe Aonair

Airteagal 67

An buiséad a bhunú [...]

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtmheastachán [...] **sealadach** [...] a tharraingt suas uair sa bhliain ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas Lárionad an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear an plean bunaíochta, agus seolfaidh sé chuig an [...] mBord **Bainistíochta** é.
2. **Beidh an dréachtmheastachán sealadach bunaithe ar chuspóirí agus ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo i dtaca leis an doiciméad clársceidealaithe bliantúil agus cuirfear san áireamh ann na hacmhainní airgeadais is gá chun na cuspóirí agus na torthaí sin a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach, i gcomhréir le prionsabal an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta.**
- [...]3. Ar bhonn an dréachtmheastacháin **shealadaigh**, glacfaidh an [...] Bord **Bainistíochta** [...] dréachtmheastachán [...] ar ioncam agus ar chaiteachas Lárionad an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin agus seolfaidh sé chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain é.
4. **Cuirfidh an Coimisiún an dréachtmheastachán mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais chuig an údarás buiséadach. Cuirfear an dréachtmheastachán ar fáil do Lárionad an Aontais freisin.**
5. **Ar bhonn an dréachtmheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais na meastacháin sin a mheasann sé is gá don phlean bunaíochta agus méid na ranníocaíochta a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh iad i gcomhréir le hAirteagail 313 agus 314 CFAE.**
6. **Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasuithe don ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais le Lárionad an Aontais.**
7. **Glacfaidh an t-údarás buiséadach plean bunaíochta Lárionad an Aontais.**
8. **Glacfaidh an Bord Bainistíochta buiséad Lárionad an Aontais. Tiocfaidh sé chun bheith críochnaitheach tar éis ghlacadh deiridh bhuiséad ginearálta an Aontais agus déanfar coigeartú air dá réir, más gá sin.**

9. I gcás aon tionscadail foirgníochta ar dócha go mbeidh impleachtaí móra aige ar bhuiséad Lárionad an Aontais, beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 maidir leis.

[...]

PUBLIC

Foroinn 2

Buiséad Lárionad an Aontais a thíolacadh, a chur chun feidhme agus a rialú

Airteagal 68 [...]

Struchtúr an [...]bhuiséid

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas uile [...] Lárionad an Aontais gach bliain airgeadais agus [...] léireofar i mbuiséad Lárionad an Aontais iad. **Comhfhreagróidh an bhliain airgeadais don bhliain féilire.**
2. **Beidh buiséad Lárionad an Aontais comhardaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais.**
3. **Gan dochar d'acmhainní eile, cuimseofar in ioncam Lárionad an Aontais na nithe seo a leanas:**
 - (a) **ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais;**
 - (b) **aon ranníocaíocht airgeadais dheonach ó na Ballstáit;**
 - (c) **aon ranníocaíocht ó thríú tíortha a rannchuideoidh le hobair Lárionad an Aontais, dá bhforáiltear in Airteagal 54a;**
 - (d) **cistiú féideartha ón Aontas i bhfoirm comhaontuithe tarmligin nó deontais *ad hoc* i gcomhréir le rialacha airgeadais Lárionad an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus le forálacha na n-ionstraimí ábhartha lena dtacaítear le beartais an Aontais;**
 - (e) **táillí a bhaineann le foilseacháin agus le haon seirbhís eile a sholáthróidh Lárionad an Aontais.**
4. **Cuirfear luach saothair foirne, costais riaracháin agus bonneagair agus caiteachas oibríochtúil san áireamh i gcaiteachas Lárionad an Aontais.**

[...]

Airteagal 69 [...]

Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh

1. Seolfaidh oifigeach cuntasáiochta Lárionad an Aontais na cuntais shealadacha le haghaidh na bliana airgeadais (bliain N) chuig oifigeach cuntasáiochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 1 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin (bliain N + 1).
- 1a. **Soláthróidh oifigeach cuntasáiochta Lárionad an Aontais freisin an fhaisnéis chuntasáiochta is gá d'oifigeach cuntasáiochta an Choimisiúin chun críoch comhdhlúthúcháin sa mhodh agus san fhoráid is gá don oifigeach sin faoin 1 Márta de bhliain N + 1.**
2. Seolfaidh Lárionad an Aontais [...] **an** tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais le haghaidh bhliain N chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig **an gCoimisiún** agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta de bhliain N + 1.
3. [...] **Nuair a gheobhaidh sé barúlacha na Cúirte Iniúchóirí maidir le cuntais shealadacha Lárionad an Aontais do bhliain N, tarraingeoidh oifigeach cuntasáiochta Lárionad an Aontais suas cuntais chríochnaitheacha Lárionad an Aontais as a mbeidh an t-oifigeach sin freagrach. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad chun tuairim a fháil.**
4. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh maidir le cuntais chríochnaitheacha Lárionad an Aontais le haghaidh bhliain N.
5. Faoin 1 Iúil de bhliain N + 1, seolfaidh oifigeach cuntasáiochta Lárionad an Aontais na cuntais chríochnaitheacha le haghaidh bhliain N, mar aon le tuairim an Bhoird Bainistíochta, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, [...] chuig an gCoimisiún[...] **agus** chuig an gCúirt Iniúchóirí.
6. Faoin 15 Samhain de bhliain N + 1, foilseofar **nasc** in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* **chuig leathanaigh an tsuímh gréasáin ina bhfuil** [...] cuntais chríochnaitheacha Lárionad an Aontais [...].
7. Faoin 30 Meán Fómhair de bhliain N + 1, seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí ar na barúlacha arna ndéanamh ina thuarascáil bhliantúil. Cuirfidh [...] **an Stiúrthóir Feidhmiúcháin** [...] an freagra **sin** chuig an mBord Bainistíochta **agus chuig an gCoimisiún freisin.**
8. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, arna iarraidh sin don Pharlaimint, aon fhaisnéis is gá chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil do bhliain N, **i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**
9. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh **a thabhairt** don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2 [...], i leith chur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh bhliain N.

Airteagal 70 [...]

Rialacha airgeadais

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, glacfaidh an [...] Bord **Bainistíochta** na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Lárionad an Aontais. Ní imeoidh siad ón Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715²¹ mura mbeidh gá sonrach leis an imeacht sin maidir le feidhmiú Lárionad an Aontais agus mura mbeidh toiliú tugtha ag an gCoimisiún roimh ré.

Déanfaidh Lárionad an Aontais a bhuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena rialacha airgeadais féin agus le Rialachán Airgeadais (AE) 2018/1046.

Roinn 7

An fhoireann

Airteagal 71

Forálacha ginearálta

1. Beidh feidhm maidir le Lárionad an Aontais le haghaidh gach ábhair nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo ag na Rialacháin Foirne agus ag Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus ag na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt dóibh.
2. Glacfaidh an Bord **Bainistíochta** [...], i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na bearta cur chun feidhme is gá, i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne.
3. Beidh rochtain ag baill foirne Lárionad an Aontais, go háirithe na baill foirne sin a oibríonn i réimsí a bhaineann go díreach le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, ar sheirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta iomchuí.

Airteagal 72

Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile

1. Féadfaidh Lárionad an Aontais úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as foireann eile nach bhfuil fostaithe aige.
2. Glacfaidh an Bord [...] **Bainistíochta** an méid rialacha a bhaineann le foireann ó na Ballstáit, lena n-áirítear na hoifigigh teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 52, atá le fostú ar iasacht i Lárionad an Aontais agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá. Áireofar, go háirithe, ar na rialacha sin na socruithe airgeadais a bhaineann leis na hiasachtaí sin, lena n-áirítear árachas, agus oiliúint. Cuirfear san áireamh leis na rialacha sin go bhfuil an fhoireann ar iasacht agus go bhfuil siad le himlonnú mar fhoireann de chuid Lárionad an Aontais. Áireofar leo sin forálacha maidir le coinníollacha an imscartha. I gcás inarb ábhartha, beidh sé d'aidhm ag an mBord [...] **Bainistíochta** comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha is infheidhme maidir le speansais mhisin na foirne reachtúla a aisíoc.

²¹ IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

Airteagal 73

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir le Lárionad an Aontais agus foireann Lárionad an Aontais.

Beidh pribhléidí agus díolúintí na n-oifigeach teagmhála agus baill dá dteaghlach faoi réir comhaontaithe idir an Ballstát ina bhfuil ceanncheathrú Lárionad an Aontais suite agus na Ballstáit eile. Leis an gcomhaontú sin, déanfar foráil maidir leid na pribhléidí agus na díolúintí sin a bhfuil gá leo chun cúraimí na n-oifigeach teagmhála a chomhlíonadh i gceart.

Airteagal 74

Oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil

1. Beidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus [...] comhaltaí uile d'fhoireann Lárionad an Aontais, lena n-áirítear oifigigh ar iasacht ó Bhallstáit ar bhonn sealadach, agus gach duine eile a bhfuil cúraimí á ndéanamh acu thar ceann Lárionad an Aontais ar bhonn conarthach, faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais.
2. Áiritheoidh an Bord **Bainistíochta** [...] go mbeidh gach duine a sholáthraíonn aon seirbhís, go díreach nó go hindíreach, go buan nó go hócáideach, a bhaineann le cúraimí Lárionad an Aontais, lena n-áirítear oifigigh agus daoine eile a bheidh údaraithe ag an mBord [...] **Bainistíochta** nó ceaptha ag na húdaráis chomhordúcháin chun na críche sin, go mbeidh siad faoi réir na gceanglas rúndachta gairmiúla atá coibhéiseach leo sin i mír 1.
3. Déanfaidh Lárionad an Aontais na socruithe praiticiúla maidir le cur chun feidhme na rialacha rúndachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.
4. Cuirfidh Lárionad an Aontais Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún i bhfeidhm²².

²² Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

Airteagal 75

Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair a chosaint

1. Glacfaidh Lárionad an Aontais a rialacha slándála féin a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, mar a leagtar amach i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443²³ agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún. Cuimseofar le rialacha slándála Lárionad an Aontais, *inter alia*, forálacha chun faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil. Glacfaidh an Bord **Bainistíochta** [...] rialacha slándála Lárionad an Aontais tar éis iad a fhorghabháil ag an gCoimisiún.
2. Aon socrú riaracháin maidir le malartú faisnéis rún-aicmithe le húdaráis ábhartha tríú tír nó, in éagmais comhshocrú mar sin, aon eisiúint *ad-hoc* FRAE chuig na húdaráis sin, beidh sé nó sí faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Roinn 8

Forálacha ginearálta

Airteagal 76

Socruithe teanga

Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos i Rialachán Uimh. 1²⁴ maidir le Lárionad an Aontais. Soláthróidh Lárionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a bheidh ag teastáil i ndáil le feidhmiú Lárionad an Aontais.

Airteagal 77

Trédhearcacht agus cumarsáid

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001²⁵ maidir le doiciméid atá i seilbh Lárionad an Aontais. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha mionsonraithe chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

²³ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

²⁴ Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfídh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58).

²⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle agus den Choimisiún, Iris Oifigiúil L 145, 31/05/2001 lch. 0043 – 0048.

2. Beidh an phróiseáil a dhéanfaidh Lárionad an Aontais ar shonraí pearsanta faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, leagfaidh an Bord Bainistíochta síos bearta le haghaidh Lárionad an Aontais chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a bhaineann le hOifigeach um Chosaint Sonraí a cheapadh do Lárionad an Aontais. Déanfar na bearta sin a shuí tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
3. Féadfaidh Lárionad an Aontais tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide as a stuaim féin laistigh dá réimse inniúlachta féin. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir le pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta.

Airteagal 78

Bearta frith-chalaoise

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013²⁶ chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac.
2. Aontóidh Lárionad an Aontais don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh laistigh de 6 mhí ó [dáta tosaigh na n-oibríochtaí mar a leagtar amach in Airteagal 82] agus glacfaidh sé na forálacha iomchuí is infheidhme maidir lena fhoireann, agus an teimpléad a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin á úsáid aige chuige sin.
3. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, i gcás gach faighteora deontais, gach conraitheora agus gach fochonraitheora a fuair cistí Aontais ó Lárionad an Aontais.
4. Féadfaidh OLAF **laistigh de raon a shainordaithe**, imscrúduithe a dhéanamh, [...] **lena bhféadfaí a áireamh** seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a mbeadh tionchar aige ar leas an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna mhaoiniú ag Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle²⁷.

²⁶ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle. (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

²⁷ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún d'fhonn cosaint a thabhairt do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí eile. (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

5. Gan dochar do mhíreanna 1, 2, 3 ná 4, maidir le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, conarthaí, comhaontuithe deontais agus cinntí deontais Lárionad an Aontais, cuimseofar leo forálacha a thugann cumhacht go sainráite do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus do OLAF chun na hiniúchtaí agus na himscrúduithe sin a dhéanamh, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach.

Airteagal 79

Dliteanas

1. Beidh dliteanas conarthach Lárionad an Aontais faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gceist.
2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag Lárionad an Aontais.
3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh Lárionad an Aontais, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a ranna nó a seirbhísigh ina siocair leis i gcomhlíonadh a ndualgas.
4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh i leith damáiste dá dtagraítear i mír 3.
5. Beidh dliteanas pearsanta a foirne i leith an Lárionaid á rialú ag na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne nó Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir léi.

Airteagal 80

Fiosrúcháin riaracháin

Beidh gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais faoi réir fhiosrúcháin an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 81

Comhaontú maidir le ceanncheathrú agus coinníollacha oibríochta

1. Na socruithe riachtanacha maidir leis an gcóiríocht a chuirfear ar fáil do Lárionad an Aontais sa Bhallstát ina bhfuil Lárionad an Aontais lonnaithe agus na saoráidí a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil, mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát sin maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin,[...] foireann Lárionad an Aontais agus baill dá dteaghlaigh, leagfar síos iad i gComhaontú maidir le Ceanncheathrú idir Lárionad an Aontais agus an Ballstát ina mbeidh an ceanncheathrú lonnaithe, comhaontú a thabharfar i gcrích tar éis formheas a fháil ón [...] mBord **Bainistíochta** agus tráth nach déanaí ná [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. Soláthróidh an Ballstát ina bhfuil suíochán Lárionad an Aontais lonnaithe na coinníollacha is fearr is féidir lena áirithiú go bhfeidhmeoidh Lárionad an Aontais go rianúil agus go héifeachtach, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach atá dírithe ar an Eoraip agus naisc iompair iomchuí.

Airteagal 82

Tosach ghníomhaíochtaí Lárionad an Aontais

1. Beidh an Coimisiún freagrach as Lárionad an Aontais a bhunú agus a oibriú i dtosach go dtí go rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun a dhualgais nó a dualgais tar éis don Bhord **Bainistíochta [...]** é nó í a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 65(2). Chun na críche sin:
- (a) féadfaidh an Coimisiún oifigeach ón gCoimisiún a ainmniú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach agus na dualgais a shanntar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chomhlíonadh;
 - (b) de mhaolú ar Airteagal 62(2)(g) agus go dtí go nglacfar cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 62(4), feidhmeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach cumhachtaí an údaráis ceapacháin;
 - (c) féadfaidh an Coimisiún cúnamh a thabhairt do Lárionad an Aontais, go háirithe trí oifigigh ón gCoimisiún, **agus saineolaithe náisiúnta arna dtabhairt ar iasacht don Choimisiún**, a thabhairt ar iasacht chun gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a chur i gcrích faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin eatramhaigh nó an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;
 - (d) féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach gach íocaíocht a chumhdófar le leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad Lárionad an Aontais a údarú tar éis formheas a fháil ón [...] mBord **Bainistíochta** agus féadfaidh an duine sin conarthaí a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear conarthaí foirne, tar éis plean bunaíochta Lárionad an Aontais a ghlacadh.

CAIBIDIL V

BAILIÚ SONRAÍ AGUS TUAIRISCIÚ TRÉDHEARCACHTA

Airteagal 83

Bailiú sonraí

1. **Déanfaidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a bhí faoi réir orduithe arna n-eisiúint faoi Airteagail 7, 14, 16 agus 18a [...]** sonraí a bhailiú maidir leis na hábhair seo a leanas agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do Lárionad an Aontais arna iarraidh sin:
 - (a) i gcás ina raibh an soláthraí faoi réir ordú braith arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7:
 - na bearta arna nglacadh chun an t-ordú a chomhlíonadh, lena n-áirítear na teicneolaíochtaí arna n-úsáid chun na críche sin agus na coimircí arna gcur ar fáil;
 - rátaí earráide na dteicneolaíochtaí a úsáidtear chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus na bearta arna nglacadh chun aon earráid a chosc nó a leigheas;
 - i ndáil le gearáin agus cásanna arna gcur isteach ag úsáideoirí i ndáil leis na bearta arna nglacadh chun an t-ordú a chomhlíonadh, an líon gearán a cuireadh isteach go díreach chuig an soláthraí, an líon cásanna a tugadh os comhair údarás breithiúnach, an bunús atá leis na gearáin agus na cásanna sin, na cinntí arna nglacadh i ndáil leis na gearáin agus sna cásanna eile sin, an meán-am a theastaíonn chun na cinntí sin a ghlacadh agus an líon cásanna inar aisiompaíodh na cinntí sin ina dhiaidh sin;
 - (b) líon na n-orduithe díliostúcháin arna n-eisiúint don soláthraí i gcomhréir le hAirteagal 14, **lena léirítear líon na n-orduithe sin a bhí faoi réir an nós imeachta maidir le horduithe baint anuas trasteorann dá dtagraítear in Airteagal 14a. [...]**;
 - (c) an líon foriomlán míreanna d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhain an soláthraí nó ar dhíchumasaigh an soláthraí rochtain orthu, arna miondealú de réir gníomhaíochta, is é sin ar baineadh nó ar díchumasaíodh rochtain ar na míreanna sin de bhun ordú baint anuas nó de bhun fógra arna chur isteach ag Údarás Inniúil, ag Lárionad an Aontais nó ag tríú páirtí nó ar thionscnamh féin an tsoláthraí;
 - (d) an líon orduithe blocála a eisíodh chuig an soláthraí i gcomhréir le hAirteagal 16;

(da) líon na n-orduithe díliostúcháin arna n-eisiúint don soláthraí i gcomhréir le hAirteagal 18a, lena léirítear líon na n-orduithe sin a bhí faoi réir an nós imeachta maidir le horduithe díliostúcháin trasteorann dá dtagraítear in Airteagal 18aa;

(e) an líon uaireanta inar agair an soláthraí Airteagal 8(3), Airteagal 14(5) nó (6), [...] Airteagal 17(4a) nó (5) nó Airteagal 18b(4) nó (5), mar aon leis na cúiseanna [...] leis;

2. Ag brath a mhéid is féidir ar fhaisnéis arna bailiú ar bhealach uathoibrithe trí bhíthin an chórais comhroinnte faisnéise nó na gcóras comhroinnte faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 39(2a), agus ar aon chóras comhchosúil a d'fhéadfaí a úsáid chun faisnéis a mhalartú ar an leibhéal náisiúnta, baileoidh na hÚdaráis Comhordúcháin sonraí maidir leis na hábhair seo a leanas agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do Lárionad an Aontais arna iarraidh sin:

(a) bearta leantacha arna dtabhairt do thuarascálacha maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne féideartha a chuir Lárionad an Aontais ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3), agus an méid a leanas á shonrú le haghaidh gach tuarascála:

- ar seoladh imscrúdú coiriúil mar thoradh ar an tuarascáil nó ar rannchuidigh sí le himscrúdú atá ar siúl, [...]
- i gcás inar seoladh imscrúdú coiriúil mar thoradh ar an tuarascáil nó inar rannchuidigh sí le himscrúdú atá fós ar siúl, [...] toradh an imscrúdaithe; [...]
- an ndearnadh íospartaigh a shainaithint agus a tharrtháil agus, má rinneadh, miondealú de réir inscne agus aoise, agus ar gabhadh aon amhrastaigh agus ar ciontaíodh aon duine a rinne coir agus, má ciontaíodh, an líon sin;
- [...]
- i gcás nár glacadh aon ghníomhaíocht, na cúiseanna nár glacadh aon ghníomhaíocht;

(b) na rioscaí is tábhachtaí agus athfhillteacha maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, mar a thuairiscigh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta i gcomhréir le hAirteagal 5 [...] nó arna sainaithint trí fhaisnéis eile atá ar fáil [...];

(c) liosta de na soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta ar dhírigh an tÚdarás Comhordúcháin ordú braith chucu i gcomhréir le hAirteagal 7;

(d) an líon orduithe braith arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7, arna n-idirdhealú de réir soláthraí agus de réir chineál na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, agus an líon cásanna inar agair an soláthraí Airteagal 8(3);

- (e) liosta de na soláthraithe seirbhísí óstála ar **eisíodh** [...] ordú baint anuas chucu i gcomhréir le hAirteagal 14;
- (f) an líon orduithe baint anuas arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 14, arna n-idirdhealú de réir soláthraí, [...] agus an líon cásanna inar agair an soláthraí Airteagal 14(5) agus (6);
- (g) an líon orduithe blocála arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16, arna n-idirdhealú de réir soláthraí, agus an líon cásanna inar agair an soláthraí Airteagal 17(4a) nó (5);
- (h) **liosta de na seirbhísí sochaí faisnéise ábhartha ar chucu ar dhírigh an tÚdarás Comhordúcháin cinneadh de bhun Airteagail 27, 28 nó 29, an cineál cinnidh a glacadh, agus na cúiseanna gur glacadh é;**
- (i) [...]

(ha) líon na ngearán a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 34 arna miondealú de réir an mhéid lenar bhain an sárú líomhnaithe ar an Rialachán seo.

3. Baileoidh Lárionad an Aontais sonraí agus ginfidh sé staidreamh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú, a bhaint anuas, rochtain uirthi a dhíchumasú, **í a bhlocáil nó a dhíliostú** faoin Rialachán seo. Is iad na nithe seo a leanas [...], go háirithe, [...] a **áiritheofar** sna sonraí.

- (a) líon na dtáscairí sna bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 agus an fhorbairt ar an líon sin i gcomparáid leis na blianta roimhe sin;
- (b) an líon ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a cuireadh isteach agus sirtheoireacht ar leanaí dá dtagraítear in Airteagal 36(1), arna scagadh de réir Ballstáit a d'ainmnigh na hÚdaráis Chomhordúcháin atá á gcur isteach, agus, i gcás ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, an líon táscairí arna nginiúint ar an mbonn sin agus an líon aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a áirítear leis an liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne i gcomhréir le hAirteagal 44(3);
- (c) an líon iomlán tuarascálacha arna gcur isteach chuig Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 12, arna n-idirdhealú de réir soláthraí seirbhísí óstála agus soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a chuir an tuarascáil isteach agus de réir Bhallstát an údaráis inniúil ar chuir Lárionad an Aontais na tuarascálacha ar aghaidh chuige i gcomhréir le hAirteagal 48(3);

- (d) [...] líon na míreanna d'ábhar aitheanta agus nua mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha agus líon na gcásanna sirtheoireachta leanaí féideartha a **áirítear sna tuarascálacha** [...] a cuireadh ar aghaidh [...] i gcomhréir le hAirteagal 48(3), agus an cineál seirbhíse sochaí faisnéise ábhartha a thairgeann an soláthraí tuairiscithe;
- (e) an líon tuarascálacha a mheas Lárionad an Aontais a bheith go follasach gan bhunús, dá dtagraítear in Airteagal 48(2);
- (f) an líon tuarascálacha a bhaineann le hábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha agus sirtheoireacht leanaí a measadh nárbh ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iad ar cuireadh Lárionad an Aontais ar an eolas fúthu de bhun Airteagal 36(4[...]), arna n-idirdhealú de réir Ballstáit;
- (g) torthaí na gcuardach i gcomhréir le hAirteagal 49(1), lena n-áirítear an líon íomhánna, físeán agus URLanna de réir an Bhallstáit ina n-óstáiltear an t-ábhar;
- (h) i gcás inar tuairiscíodh an mhír mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha chéanna níos mó ná uair amháin chuig Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 12 nó inar braitheadh iad níos mó ná uair amháin trí na cuardaigh i gcomhréir le hAirteagal 49(1), an líon uaireanta a tuairiscíodh nó a braitheadh an mhír sin ar an mbealach sin.
- (i) an líon fógraí agus an líon soláthraithe seirbhísí óstála dá dtugtar fógra ag Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 49(2);
- (j) an líon íospartach de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ar chuidigh Lárionad an Aontais leo de bhun Airteagal 21(2), agus an líon íospartach a d'iarr an cúnamh sin ar bhealach inrochtana dóibh in ainneoin a míchumas;
- (k) **tuarascáil ina ndéantar cur síos agus anailís ar na teicneolaíochtaí ábhartha, lena n-áirítear tuairimí foilsithe an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 50(1) maidir leis na teicneolaíochtaí a chuireann Lárionad an Aontais ar fáil.**

4. **Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí sochaí faisnéise ábhartha a bhí faoi réir orduithe arna n-eisiúint faoi Airteagail 7, 14, 16 agus 18a [...], na hÚdaráis Chomhordúcháin nó údaráis inniúla eile agus Lárionad an Aontais, áiritheoidh siad nach stóráiltear na sonraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, faoi seach, níos faide ná mar is gá don tuairisciú trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 84. Ní bheidh aon sonraí pearsanta sna sonraí [...] dá dtagraítear i míreanna 1 go 3.**

[...] Áiritheoidh siad go stóráiltear na sonraí ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla. Áirithítear leis na coimircí sin, go háirithe, nach féidir na sonraí a rochtain agus a phróiseáil ach chun na críche lena stóráiltear iad, go mbaintear ardleibhéal slándála amach agus go scriostar an fhaisnéis nuair nach bhfuil gá léi chun na críche sin. Déanfaidh siad athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh siad iad a choigeartú i gcás inar gá.

- 5[...]. **Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá maidir leis an bpróiseas chun sonraí a bhailiú agus a chatagóiriú atá le bailiú de bhun mhíreanna 1 go 4 chun bearta leantacha a dhéanamh maidir leis na tuarascálacha agus chun an Rialachán a chur i bhfeidhm.**

Airteagal 84

Tuairisciú trédhearcachta

1. Déanfaidh gach soláthraí seirbhísí sochaí faisnéise ábhartha **a bhí faoi réir orduithe a eisíodh faoi Airteagail 7, 14, 16 agus 18a le linn na bliana féilire ábhartha** tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas maidir lena ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 83(1) i dtoll a cheile sa tuarascáil sin.

Faoin 31 Eanáir gach bliain tar éis na bliana lena mbaineann an tuarascáil, cuirfidh na soláthraithe an tuarascáil ar fáil don phobal agus cuirfidh siad in iúl í d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, don Choimisiún agus do Lárionad an Aontais.

Faoin 31 Eanáir gach bliain tar éis na bliana lena mbaineann an tuarascáil, ullmhóidh soláthraithe atá faoi réir Airteagal 5(2b) tuarascáil maidir lenar rannchuidigh siad le forbairt na dteicneolaíochtaí mar a shonraítear san fhoráil sin iad, cuirfidh siad an tuarascáil ar fáil don phobal agus tarchuirfidh siad chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, chuig an gCoimisiún agus chuig Lárionad an Aontais í.
2. Tarraingeadh gach Údarás Comhordúcháin tuarascáil bhliantúil suas maidir lena ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 83(2) i dtoll a cheile sa tuarascáil sin. Faoin 31 Márta gach bliain tar éis an bhliain lena mbaineann an tuarascáil, cuirfidh sé an tuarascáil ar fáil don phobal agus cuirfidh sé in iúl í don Choimisiún agus do Lárionad an Aontais.
3. I gcás inar ainmnigh Ballstát roinnt údarás inniúil de bhun Airteagal 25, áiritheoidh sé go dtarraingeadh an tÚdarás Comhordúcháin tuarascáil amháin suas lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil uile faoin Rialachán seo agus go bhfaigheann an tÚdarás Comhordúcháin an fhaisnéis agus an tacaíocht uile is gá chuige sin ó na húdaráis inniúla eile lena mbaineann.
4. Tarraingeadh Lárionad [...] an Aontais tuarascáil bhliantúil suas maidir lena ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfear [...] i dtoll a cheile agus déanfar anailís sa tuarascáil sin ar an bhfaisnéis atá sna tuarascálacha dá dtagraítear i [...] mír 2 agus **Airteagal 83(3)**. Faoin 30 Meitheamh gach bliain tar éis na bliana lena mbaineann an tuarascáil, cuirfidh Lárionad an Aontais an tuarascáil ar fáil don phobal agus cuirfidh sé in iúl í don Choimisiún.
5. Ní bheidh aon fhaisnéis san áireamh sna tuarascálacha trédhearcachta bliantúla dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí atá ar siúl chun cúnamh a thabhairt d'íospartaigh nó chun cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ní bheidh [...] aon sonra pearsanta iontu.
6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na teimpléid agus na rialacha mionsonraithe is gá a bhaineann le foirm, ábhar beacht agus sonraí eile na dtuarascálacha agus an phróisis tuairiscithe de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 85

Meastóireacht

1. Laistigh de [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil isteach maidir lena iarratas chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Sa tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a mheas go háirithe:

- (a) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir lena chuspóir a bhaint amach, is é sin úsáid sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne sa mhargadh inmheánach a chosc agus a chomhrac ar bhealach spriocdhírithe agus comhréireach atá cothromaithe go cáiríseach;
- (b) tionchar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar chearta bunúsacha, go háirithe:
 - i. cearta an linbh chun iomláine coirp agus meabhrach, toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó pionós atá mídhonna nó táireach, a gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh agus a gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus a gceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail, a leagtar síos in Airteagail 3, 4, 7, 8 agus 24 den Chairt faoi seach;
 - ii. cearta úsáideoirí chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ceart úsáideoirí go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus ceart úsáideoirí i dtaca leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a leagtar síos in Airteagail 7, 8, agus 11 den Chairt faoi seach; agus
 - iii. saoirse sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise chun gnó a sheoladh, a leagtar síos in Airteagal 16 den Chairt.

- 1a. Faoi [3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin más gá, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a riachtanaí agus a indéanta atá sé go n-áireofaí faoi raon feidhme Roinn 2 de Chaibidil II den Rialachán seo ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí a bhrath. Áireofar sa mheasúnú anailís ar staid forbartha agus ullmhacht na dteicneolaíochtaí chun ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí a bhrath, lena n-áirítear rátaí earráide.

2. Laistigh de [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le feidhmíocht Lárionad an Aontais i ndáil lena chuspóirí, a shainordú, a chúraimí agus a rialachas agus a láthair. Tabharfar aghaidh ar leith sa mheastóireacht ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le cúraimí Lárionad an Aontais a mhodhnú, agus impleachtaí airgeadais aon mhodhnú den sórt sin.

3. Tráth gach dara meastóireacht dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an **Coimisiún** measúnú ar na torthaí a bhain Lárionad an Aontais amach, ag féachaint do chuspóirí agus cúraimí **Lárionad an Aontais**, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil údar fós leis ó thaobh na gcuspóirí agus na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh le Lárionad an Aontais.
4. Tuairisceoidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi thorthaí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 3. Poibleofar torthaí na meastóireachta.
5. Chun na meastóireachtaí dá dtagraítear i míreanna 1, **1a**, 2 agus 3 a dhéanamh, soláthróidh na hÚdaráis Chomhordúcháin agus na Ballstáit i Lárionad an Aontais faisnéis don Choimisiún arna iarraidh sin dó.
6. Agus na meastóireachtaí dá dtagraítear i míreanna 1, **1a**, 2 agus 3 á ndéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhianaise ábhartha atá ar fáil dó.
7. I gcás inarb iomchuí, beidh tograí reachtacha ag gabháil leis na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1, **1a** agus 4.

Airteagal 86

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 3, **4**, **5**, **5b**, 8, 13, 14, 17, **18b**, 47, **47a**, **83** agus 84 a ghlacadh, déanfar iad a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dáta glactha an Rialacháin].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3, **4**, **5**, **5b**, 8, 13, 14, 17, **18b**, 47, **47a**, **83** agus 84 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiochfaidh gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3, **4, 5, 5b**, 8, 13, 14, 17, **18b**, 47, **47a, 83** agus 84 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 87

Nós imeachta coiste

1. Chun na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail **10(2)** agus 39(4) a ghlacadh, tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
- 1a. **Maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 10(2), beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**
2. [...] **Maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 39(4), beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

Airteagal 88

Rialachán (AE) 2021/1232 [...] a leasú

[...]

Leasófar Rialachán (AE) 2021/1232 mar seo a leanas:

- (a) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

‘(4) ciallaíonn ‘mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne’:

- (a) scaipeadh ábhair ar líne a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nár shainaithin na húdaráis inniúla mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne roimhe seo; agus
- (b) sirtheoireacht leanaí;’;

(b) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g)(iii) de mhír 1:

‘(iii) a áirithiú nach ndéanfar mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a thuairisciú d’údaráis forfheidhmithe dlí ná d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí gan dearbhú ó dhuine a fháil roimh ré;’;

(c) in Airteagal 3, scriostar pointe (h)(iii) de mhír 1;

(d) in Airteagal 10 cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Beidh feidhm aige go dtí an [dáta – 120 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].’.

Airteagal 89

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige [...] ó 24 mhí tar éis [...] theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin:

- Beidh feidhm ag Airteagal 88(d) ón [dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm];
- Beidh feidhm ag Airteagail 7 go 13, Airteagail 20 go 22a, Airteagal 25(7)(d), Airteagail 43(2), (3) agus 6(ba), Airteagail 44 go 50 agus Airteagail 83(3) agus 84(4) ón [dáta – 48 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];
- Beidh feidhm ag Airteagal 88, pointí (a), (b), agus (c), ón [dáta – 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH ORDUITHE BRAITH

dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE).../... [lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]

ORDÚ BRAITH EISITHE I gCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) .../... LENA LEAGTAR SÍOS RIALACHA CHUN MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC ('AN RIALACHÁN')

ROINN 1: Na húdaráis a d'iarr agus a d'eisigh an t-ordú braith:

Ainm an Údaráis Comhordúcháin a d'iarr eisiúint an ordaithe braith:

(Corphéacs)

Ainm an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú braith nó a **d'údaraigh don Údarás Comhordúcháin** an t-ordú braith a eisiúint:

(Corphéacs)

Tagairt an ordaithe braith:

(Corphéacs)

ROINN 2: Seolaí an ordaithe braith

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Pointe teagmhála an tsoláthraí:

(Corphéacs)

ROINN 3: Seirbhís, spriocdhíriú agus sonraíocht ábhartha

Baineann an t-ordú braith leis an tseirbhís seo a leanas a sholáthraíonn an soláthraí san Aontas:

(Corphéacs)

Tuilleadh faisnéise maidir le spriocdhíriú agus sonraíocht an ordaithe braith, i gcomhréir le hAirteagal 7(7) den Rialachán:

(Corphéacs)

ROINN 4: Bearta chun an t-ordú braith a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimircí breise

I gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Rialachán, déanfaidh an soláthraí na bearta a shonraítear in Airteagal 10 den Rialachán [...], lena n-áirítear na coimircí a shonraítear ann, **chun an t-ordú braith maidir le scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a fhorghníomhú, mar a shainítear in Airteagal 2(m) den Rialachán,**

[...]

Forghníomhóidh an soláthraí an t-ordú braith ag baint úsáid as na táscairí [...] **atá sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 44(1) den Rialachán,** a chuir Lárionad an Aontais um Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí (‘Lárionad an Aontais’) ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 37 den Rialachán.

[...]

Chun rochtain a fháil ar na táscairí ábhartha, caithfidh an soláthraí dul i dteagmháil le Lárionad an Aontais ag an seoladh seo a leanas:

(Faisnéis Teagmhála agus pointe teagmhála Lárionad an Aontais)

I gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir leis na coimircí breise atá le cur i bhfeidhm ag an soláthraí, i gcomhréir le hAirteagal 7(8) den Rialachán:

(Corpthéacs)

I gcás inarb ábhartha, faisnéis bhreise maidir leis na bearta atá le déanamh ag an soláthraí chun an t-ordú braith a fhorghníomhú:

(Corpthéacs)

ROINN 5: Cúiseanna, tréimhse cur i bhfeidhm agus tuairisciú

Is iad seo a leanas na cúiseanna leis an [...] ordú **braith** a eisiúint:

(Ráiteas leor-mhionsonraithe ar na cúiseanna leis an ordú braith a eisiúint)

Beidh feidhm ag an ordú braith ón..... (*dáta*) go dtí an (*dáta*).

Tá feidhm ag na ceanglais um thuairisciú seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 9(3) den Rialachán:

(Corpthéacs)

ROINN 6: Sonraí teagmhála i gcomhair na hoibre leantaí

Sonraí teagmhála an Údaráis Comhordúcháin a d'iarr an t-ordú braith a eisiúint le haghaidh aiseolas ar fhorghníomhú an ordaithe braith nó soiléiriú breise, lena n-áirítear na cumarsáidí dá dtagraítear in Airteagal 8(3) den Rialachán:

(Corpthéacs)

ROINN 7: Faisnéis maidir le sásamh

An chúirt inniúil ar féidir agóid a dhéanamh in aghaidh an ordaithe braith os a comhair, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) den Rialachán:

(Corphéacs)

Tréimhsí ama chun agóid a dhéanamh in aghaidh an ordaithe braith (*laethanta/míonna ón... amach*):

(Corphéacs)

Tagairtí nó naisc le forálacha an dlí náisiúnta maidir le sásamh:

(Corphéacs)

I gcás inarb ábhartha, faisnéis bhreise maidir le sásamh:

(Corphéacs)

D'fhéadfaí pionóis de bhun Airteagal 35 den Rialachán a fhorchur mura gcomhlíonfaí an t-ordú braith sin.

ROINN 8: Dáta, stampa agus síniú

Dáta eisiúna an ordaithe braith:

(Corphéacs)

Stampa ama:

(Corphéacs)

Síniú leictreonach an údarais [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú braith:

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH FAISNÉIS MAIDIR LE DODHÉANTACHT AN tORDÚ
BRAITH A FHORGHNÍOMHÚ**

dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán (AE).../... [*lena leagtar síos rialacha chun
mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac*]

ROINN 1: Seolaí an ordaithe braith

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Pointe teagmhála an tsoláthraí:

(Corphéacs)

Sonraí teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Tagairt chomhaid an tsoláthraí:

(Corphéacs)

ROINN 2: Faisnéis maidir leis an ordú braith

Ainm an Údaráis Comhordúcháin a d'iarr eisiúint an ordaithe braith:

(Corphéacs)

Ainm an údaráis [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú braith:

(Corphéacs)

Tagairt an ordaithe braith:

(Corphéacs)

Dáta agus am a fuarthas an t-ordú braith, lena n-áirítear crios ama:

(Corphéacs)

ROINN 3: Neamh-fhorghníomhú

Ní féidir leis an soláthraí an t-ordú braith a fhorghníomhú laistigh den tréimhse ama éigeantach mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha):

- ☐ Tá earráid fhollasach amháin nó níos mó san ordú braith
- ☐ Níl fianaise leordhóthanach san ordú braith

Sonraigh an earráid fhollasach/na hearráidí follasacha agus/nó an fhaisnéis bhreise nó an soiléiriú breise is gá, de réir mar is infheidhme:

(Corpthéacs)

ROINN 4: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am, lena n-áirítear crios ama:

(Corpthéacs)

Síniú:

(Corpthéacs)

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH TUAIRISCÍ

dá dtagraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE).../...[lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]

TUAIRISC AR MHÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ FHÉIDEARTHA AR LÍNE ARNA hEISIÚINT I gCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE).../... LENA LEAGTAR SÍOS RIALACHA CHUN MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC ('AN RIALACHÁN')

ROINN 1: Soláthraí tuairiscithe

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corpthéacs)

Pointe teagmhála an tsoláthraí:

(Corpthéacs)

Faisnéis teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis teagmhála a ionadaí dhlíthiúil:

(Corpthéacs)

ROINN 2: Faisnéis faoin tuairisc

- (1) An éilítear gníomh práinneach sa tuairisc, go háirithe mar gheall ar bhagairt láithreach ar bheatha nó ar shábháilteacht an linbh nó na leanaí ar íospartaigh iad de réir dealraimh de bharr mhí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne:

- ☐ Éilítear
☐ Ní éilítear

Cúiseanna le gníomhaíocht phráinneach

(Corpthéacs – cuir sonraí i gceangal de réir mar is gá)

- (2) Cineál na mí-úsáide gnéasaí leanaí fhéideartha ar líne lena mbaineann an tuairisc:

- ☐ Ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí, arna shainmhíniú in Airteagal 2, litir (m), den Rialachán
☐ Ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí arna shainmhíniú in Airteagal 2, litir (n), den Rialachán
☐ Sirtheoireacht leanaí, arna sainmhíniú in Airteagal 2, litir (o), den Rialachán

- (3) Sonraí inneachair a bhaineann leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha a tuairiscíodh, lena n-áirítear íomhánna, físeáin agus teachtaireachtaí téacs, de réir mar is infheidhme:

(Corphéacs – cuir sonraí i gceangal de réir mar is gá)

- (4) Sonraí eile atá ar fáil a bhaineann leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a tuairiscíodh, lena n-áirítear meiteashonraí a bhaineann le comhaid meán **agus teachtaireachtaí** (dáta, am agus crios ama):

(Corphéacs – cuir sonraí i gceangal de réir mar is gá)

- (5) Faisnéis a bhaineann leis an suíomh geografach i ndáil leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne:

- Seoladh IP na huaslódála, maille leis an dáta agus an **stampa ama, lena n-áirítear an crios** ama agus an uimhir phoirt:

(Corphéacs)

- I gcás ina mbeidh fáil uirthi, faisnéis eile a bhaineann leis an suíomh geografach (cód poist, sonraí GPS na gcomhad meán, etc.):

(Corphéacs)

- (6) Faisnéis a bhaineann le céannacht aon úsáideora nó úsáideoirí a bhfuil baint acu le mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne, lena n-áirítear:

- Ainm úsáideora:

(Corphéacs)

- Seoladh ríomhphoist:

(Corphéacs)

- Uimhir theileafóin:

(Corphéacs)

- Faisnéis eile (seoladh poist, faisnéis phróifíle, seoltaí r-phoist eile, uimhreacha teileafóin eile, faisnéis bhilleála, dáta logála isteach deiridh, faisnéis úsáideora eile nó sainaitheantóir uathúil úsáideora):

(Corphéacs)

(7) An cineál seirbhíse a sholáthraíonn an soláthraí:

- ☐ seirbhís óstála, arna sainmhíniú in Airteagal 2, pointe a, den Rialachán
- ☐ seirbhís cumarsáide idirphearsanta, arna sainmhíniú in Airteagal 2, pointe (b), den Rialachán

Faisnéis bhreise faoin tseirbhís, lena n-áirítear leathanach gréasáin/URL:

(Corphéacs)

(8) An bealach ar éirigh an soláthraí feasach i dtaobh na mí-úsáide gnéasaí leanaí fhéideartha:

- ☐ Bearta a dhéantar chun ordú braith a fhorghníomhú arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán
- ☐ Fógra ó údarás poiblí[...]
- ☐ Fógra ó bheolíne, lena n-áirítear comharthóir iontaofa de réir bhrí Airteagal 22 [...] de Rialachán (AE) 2022/2065 [...]
- ☐ Bratach curtha leis ag úsáideoir
- ☐ Bearta a dhéanann an soláthraí as a threoir féin
- ☐ Eile

I gcomhréir le hAirteagal 12(1) den Rialachán, ná tuairiscíodh soláthraithe ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a bhraitear trí ordú baint anuas arna eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán. Mionsonraí a shonrú maidir leis an mbealach ar éirigh an soláthraí feasach faoi, de réir mar a léirítear thuas:

(Corphéacs)

(9) An ndearna an soláthraí tuairisciú, nó an ndéanfaidh sé tuairisciú, ar an mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne d'údarás poiblí nó d'eintiteas eile atá inniúil chun tuairiscí den sórt sin a fháil ó thríú tír?

- ☐ Éilítear
- ☐ Ní éilítear

Má rinneadh, nó má dhéanfaidh, léirigh na nithe seo a leanas:

- ainm an údarais phoiblí nó an eintitis eile:

(Corphéacs)

- uimhir thagartha an cháis arna thuairisciú don údarás poiblí nó don eintiteas eile:

(Corphéacs)

(10) Má bhaineann an tuairisc le scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí fhéideartha, an ndearna an soláthraí an t-ábhar a bhaint anuas nó an rochtain air a dhíchumasú?

- ☐ Éilítear
- ☐ Ní éilítear

(11) An bhfuil aon chinneadh déanta ag an soláthraí maidir leis an úsáideoir nó leis na húsáideoirí a bhaineann leis i ndáil leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne (cuntas a bhacadh, soláthar na seirbhíse a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh)?

- ☐ Éilítear
- ☐ Ní éilítear

Má tá, sonraigh an cinneadh:

(Corpthéacs)

(12) I gcás a bhfuil fáil air, faisnéis ar an leanbh nó ar na leanaí gur íospartaigh iad de réir dealraimh de bharr mhí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne:

- Ainm úsáideora:

(Corpthéacs)

- Seoladh ríomhphoist:

(Corpthéacs)

- Uimhir theileafóin:

(Corpthéacs)

- **Faisnéis** eile (seoladh poist, faisnéis phróifíle, seoltaí r-phoist eile, uimhreacha teileafóin eile, faisnéis bhilleála, dáta logála isteach deiridh, faisnéis úsáideora eile nó sainaitheantóir uathúil úsáideora):

(Corpthéacs)

(13) I gcás inarb ábhartha, faisnéis eile a bhaineann leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne:

(Corpthéacs – cuir sonraí i gceangal de réir mar is gá)

ROINN 3: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am eisiúna na tuairisce, lena n-áirítear an crios ama:

(Corphéacs)

Stampa ama:

(Corphéacs)

Síniú:

(Corphéacs)



TEIMPLEÁD LE hAGHAIDH ORDUITHE BAINN ANUAS

dá dtagraítear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE).../... [lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]

ORDÚ BAINN ANUAS EISITHE I gCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE).../... LENA LEAGTAR SÍOS RIALACHA CHUN MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC ('AN RIALACHÁN')

ROINN 1: Na húdaráis a d'iarr agus a d'eisigh an t-ordú baint anuas

[...]

Ainm an údaráis [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú baint anuas:

(Corphéacs)

Tagairt an ordaithe baint anuas:

(Corphéacs)

ROINN 2: Seolaí an ordaithe baint anuas agus na seirbhíse lena mbaineann

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Pointe teagmhála:

(Corphéacs)

Seirbhís shonrach ar eisíodh an t-ordú baint anuas ina leith:

(Corphéacs)

ROINN 3: Ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann agus neamhnochtadh sealadach

Bainfidh an soláthraí rochtain anuas nó déanfaidh sé rochtain a dhíchumasú i ngach Ballstát a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig ón tráth a gheofar an t-ordú baint anuas seo, i gcás an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a leanas:

(URL beacht agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise)

Tá an t-ábhar sin ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (l), den Rialachán, sa mhéid gur ábhar é a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas den sainmhíniú ar phornagrafaíocht leanaí agus/nó den sainmhíniú ar thaibhiú pornagrafaíochta leanaí, a leagtar amach in Airteagal 2, pointí (c) agus (e), faoi seach, de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³² (cuir tic sa bhosca nó sna boscaí ábhartha):

- ☐ Aon ábhar ina léirítear leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe
- ☐ Aon léiriú de ghnéasorgáin linbh a thaispeántar go príomha chun críoch gnéasach
- ☐ Aon ábhar a léiríonn íomhá d'aon duine ar cosúil gur leanbh é nó í agus atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe, nó aon íomhá de ghnéasorgáin aon duine ar cosúil gur leanbh é nó í a léirítear go príomha chun críoch gnéasach
- ☐ Íomhánna réalaíocha de leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó íomhánna réalaíocha de ghnéasorgáin linbh, a léirítear go príomha chun críoch gnéasach
- ☐ Ábhar ina léirítear taispeántas beo atá dírithe ar lucht féachana de leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe
- ☐ Ábhar ina léirítear taispeántas beo atá dírithe ar lucht féachana de ghnéasorgáin linbh a léirítear go príomha chun críoch gnéasach

Cuir tic, i gcás inarb infheidhme:

- ☐ Chun aon chur isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, a sheachaint, ní nochtfaidh an soláthraí aon fhaisnéis maidir le baint nó rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dhíchumasú i gcomhréir le hAirteagal 15(4) den Rialachán, i rith na tréimhse seo a leanas:

(Corphéacs)

³² Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

ROINN 3a: Faisnéis d'Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil sé bunaithe

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha:

- ☐ **Murab ionann an Ballstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe agus Ballstát an údaráis inniúil eisiúna**
- ☐ **Seoltar cóip den ordú baint anuas chuig Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe**
- ☐ **Seoltar an t-ordú baint anuas trí Údarás Comhordúcháin an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe**

ROINN 4: Sonraí teagmhála i gcomhair na hoibre leantáí

Sonraí teagmhála an údaráis **inniúil** [...] a **d'eisigh** [...] an t-ordú baint anuas le haghaidh aiseolais ar fhorghníomhú an ordaithe baint anuas nó soiléiriú breise, lena n-áirítear na cumarsáidí dá dtagraítear in Airteagal 14(5), (6) agus (7) den Rialachán:

(Corphéacs)

ROINN 5: Cúiseanna

Is iad seo a leanas na cúiseanna leis an ordú baint anuas a eisiúint:

(Ráiteas leor-mhionsonraithe ar na cúiseanna leis an ordú baint anuas a eisiúint)

ROINN 6: Faisnéis maidir le sásamh

An chúirt inniúil ar féidir agóid a dhéanamh ar an ordú baint anuas os a comhair, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) den Rialachán:

(Corphéacs)

Tréimhsí ama chun agóid a dhéanamh in aghaidh an ordaithe [...] **baint anuas** (laethanta/míonna ón... amach):

(Corphéacs)

Tagairtí nó naisc le forálacha an dlí náisiúnta maidir le sásamh:

(Corphéacs)

I gcás inarb ábhartha, faisnéis bhreise maidir le sásamh:

(Corphéacs)

D'fhéadfaí pionóis de bhun Airteagal 35 den Rialachán a fhorchur mura gcomhlíonfaí an t-ordú baint anuas sin.

ROINN 7: Dáta, stampa agus síniú leictreonach

Dáta eisiúna an ordaithe baint anuas:

(Corphéacs)

Stampa ama:

(Corphéacs)

Síniú leictreonach an údarais [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú baint anuas:

(Corphéacs)

**FAISNÉIS MAIDIR LE DODHÉANTACHT AN tORDÚ BAINT ANUAS A
FHORGHNÍOMHÚ**

**dá dtagraítear in Airteagal 14(5) agus (6) de Rialachán (AE) .../... [lena leagtar síos rialacha
chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]**

ROINN 1: Seolaí an ordaithe baint anuas

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Pointe teagmhála:

(Corphéacs)

Sonraí teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Tagairt chomhaid an tsoláthraí:

(Corphéacs)

ROINN 2: Faisnéis maidir leis an ordú baint anuas

[...]

Ainm an údaráis [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú baint anuas

(Corphéacs)

Tagairt an ordaithe baint anuas

(Corphéacs)

Dáta agus am a fuarthas an t-ordú baint anuas, lena n-áirítear an crios ama:

(Corphéacs)

ROINN 3: Neamh-fhorghníomhú

Ní féidir an t-ordú baint anuas a fhorghníomhú laistigh den tréimhse ama éigeantach mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas (cuir tic sa bhosca ábhartha/sna boscaí ábhartha):

- ☐ *Force majeure* nó dodhéantacht *de facto* nach bhfuil inchurtha i leith sholáthraí na seirbhísí óstála, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla a bhfuil údar oibiachtúil leo
- ☐ Tá earráid fhollasach amháin nó níos mó san ordú baint anuas
- ☐ Níl faisnéis leordhóthanach san ordú baint anuas

Tabhair tuilleadh faisnéise faoi na cúiseanna nár forghníomhaíodh an t-ordú, ag sonrú na cúiseanna a bhaineann le *force majeure* nó le dodhéantacht *de facto*, leis an earráid fhollasach nó leis na hearráidí follasacha agus/nó leis an bhfaisnéis nó leis an soiléiriú breise atá de dhíth, de réir mar is infheidhme:

(Corpthéacs)

ROINN 4: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am, lena n-áirítear crios ama:

(Corpthéacs)

Síniú:

(Corpthéacs)

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH FAISNÉIS AR FHORGHNÍOMHÚ AN ORDAITHE BAINN ANUAS

dá dtagraítear in Airteagal 14(7) de Rialachán (AE) .../... [lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]

ROINN 1: Seolaí an ordaithe baint anuas

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Pointe teagmhála:

(Corphéacs)

Sonraí teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Tagairt chomhaid an tsoláthraí:

(Corphéacs)

ROINN 2: Faisnéis maidir leis an ordú baint anuas

[...]

Ainm an údarais [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú baint anuas:

(Corphéacs)

Tagairt an ordaithe baint anuas:

(Corphéacs)

Dáta agus am a fuarthas an t-ordú baint anuas, lena n-áirítear an crios ama:

(Corphéacs)

ROINN 3: Bearta a rinneadh chun an t-ordú baint anuas a fhorghníomhú

Chun an t-ordú baint anuas a fhorghníomhú, tá an beart seo a leanas déanta ag an soláthraí (cuir tic sa bhosca cuí):

- ☐ Baineadh anuas an t-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí
- ☐ Díchumasaíodh an rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i ngach Ballstát

Dáta agus am déanta an bhirt, lena n-áirítear an crios ama:

(Corphéacs)

ROINN 4: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am, lena n-áirítear crios ama:

(Corphéacs)

Síniú:

(Corphéacs)

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH ORDUITHE BLOCÁLA

dá dtagraítear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE).../... [lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]

ORDÚ BLOCÁLA EISITHE I gCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) .../... LENA LEAGTAR SÍOS RIALACHA CHUN MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC ('AN RIALACHÁN')

ROINN 1: Na húdaráis a d'eisigh [...] an t-ordú blocála

[...]

Ainm an údaráis [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú blocála:

(Corphéacs)

Tagairt an ordaithe blocála:

(Corphéacs)

ROINN 2: Seolaí an ordaithe blocála

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Pointe teagmhála:

(Corphéacs)

ROINN 3: Bearta chun an t-ordú blocála a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimircí breise:

Déanfaidh an soláthraí na bearta is gá chun cosc a chur ar rochtain úsáideoirí san Aontas ar an ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí arna léiriú leis na URLanna seo a leanas:

(Corphéacs)

Baineann an t-ordú blocála leis an tseirbhís seo a leanas a sholáthraíonn an soláthraí san Aontas:

(Corphéacs)

Le linn dó an t-ordú blocála a fhorghníomhú, tá na teorainneacha seo a leanas agus/nó foráil a dhéanamh do na coimircí seo a leanas le hurramú ag an soláthraí, dá dtagraítear in Airteagal 16(5) den Rialachán:

(Corphéacs)

ROINN 4: Cúiseanna, tréimhse cur i bhfeidhm agus tuairisciú

Is iad mar a leanas na cúiseanna leis an ordú blocála a eisiúint:

(Ráiteas leor-mhionsonraithe ar na cúiseanna leis an ordú blocála a eisiúint)

Tá feidhm ag an ordú blocála ón... (*dáta*) go dtí an.... (*dáta*)

[...]

ROINN 5: Sonraí teagmhála i gcomhair na hoibre leantaí

Sonraí teagmhála an [...] **údaráis inniúil a d'eisigh** [...] an t-ordú le haghaidh aiseolais ar fhorghníomhú an ordaithe blocála nó soiléiriú breise, lena n-áirítear na cumarsáidí dá dtagraítear in Airteagal 17(4a), (5) **agus (5a)** den Rialachán:

(Corphéacs)

ROINN 6: Faisnéis maidir le sásamh

An chúirt inniúil ar féidir agóid a dhéanamh ar an ordú blocála os a comhair, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den Rialachán:

(Corphéacs)

Tréimhsí ama chun agóid a dhéanamh ar an ordú blocála (laethanta/míonna ón... amach):

(Corphéacs)

Tagairtí nó naisc le forálacha an dlí náisiúnta maidir le sásamh:

(Corphéacs)

I gcás inarb ábhartha, faisnéis bhreise maidir le sásamh:

(Corphéacs)

D'fhéadfaí pionóis de bhun Airteagal 35 den Rialachán a chur mura gcomhlíonfaí an t-ordú blocála sin.

ROINN 7: Dáta, am agus síniú leictreonach:

Dáta eisiúna an ordaithe blocála:

(Corphéacs)

Stampa ama:

(Corphéacs)

Síniú leictreonach an údaráis [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú blocála:

(Corphéacs)

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH FAISNÉIS MAIDIR LE DODHÉANTACHT AN tORDÚ
BLOCÁLA A FHORGHNÍOMHÚ**

**dá dtagraítear in Airteagal 17(4a) agus (5) de Rialachán (AE) .../... [lena leagtar síos rialacha
chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]**

ROINN 1: Seolaí an ordaithe blocála

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corpthéacs)

Pointe teagmhála:

(Corpthéacs)

Sonraí teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a ionadaí dhlíthiúil:

(Corpthéacs)

Tagairt chomhaid an tseolaí

(Corpthéacs)

ROINN 2: Faisnéis maidir leis an ordú blocála

[...]

Ainm an údarais [...] inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú blocála

(Corpthéacs)

Tagairt an ordaithe blocála

(Corpthéacs)

Dáta agus am a fuarthas an t-ordú blocála, lena n-áirítear an crios ama:

(Corpthéacs)

ROINN 3: Neamh-fhorghníomhú

Ní féidir leis an soláthraí an t-ordú blocála a fhorghníomhú laistigh den tréimhse ama éigeantach ar na cúiseanna seo a leanas (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha):

- ☐ ***Force majeure* nó dodhéantacht *de facto* nach bhfuil inchurtha i leith sholáthraí na seirbhísí óstála, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla a bhfuil údar oibiachtúil leo**
- ☐ Tá earráid fhollasach amháin nó níos mó san ordú blocála
- ☐ Tá easpa faisnéis leordhóthanach san ordú blocála

[...]

Tabhair tuilleadh faisnéise faoi na cúiseanna nár forghníomhaíodh an t-ordú, ag sonrú na cúiseanna a bhaineann le ***force majeure*** nó le dodhéantacht ***de facto***, leis an earráid fhollasach nó leis na hearráidí follasacha agus/nó leis an bhfaisnéis nó leis an soiléiriú breise atá de dhíth, de réir mar is infheidhme:

(Corphéacs)

ROINN 4: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am, lena n-áirítear crios ama:

(Corphéacs)

Síniú:

(Corphéacs)

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH FAISNÉIS AR FHORGHNÍOMHÚ AN ORDAITHE
BLOCÁLA**

dá dtagraítear in Airteagal 17(5a) de Rialachán (AE) .../...[lena leagtar síos rialacha chun
mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]

ROINN 1: Seolaí an ordaithe blocála

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corpthéacs)

Pointe teagmhála:

(Corpthéacs)

**Sonraí teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a ionadaí
dhlíthiúil:**

(Corpthéacs)

Tagairt chomhaid an tsoláthraí:

(Corpthéacs)

ROINN 2: Faisnéis maidir leis an ordú blocála

An t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú blocála:

(Corpthéacs)

Tagairt an ordaithe blocála:

(Corpthéacs)

Dáta agus am a fuarthas an t-ordú blocála, lena n-áirítear an crios ama:

(Corpthéacs)

ROINN 3: Bearta a rinneadh chun an t-ordú blocála a fhorghníomhú

Chun an t-ordú blocála a fhorghníomhú, tá na bearta seo a leanas déanta ag an soláthraí, ag léiriú go háirithe cé acu a chuir nó nár chuir an soláthraí cosc ar rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí:

(Corpthéacs)

Dáta agus am déanta an bhirt, lena n-áirítear an crios ama:

(Corpthéacs)

ROINN 4: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am, lena n-áirítear crios ama:

(Corpthéacs)

Síniú:

(Corpthéacs)

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH ORDUITHE DÍLIOSTÚCHÁIN

dá dtagraítear in Airteagal 18b(1) de Rialachán (AE).../... [lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]

ORDÚ DÍLIOSTÚCHÁIN EISITHE I gCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) .../... LENA LEAGTAR SÍOS RIALACHA CHUN MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC ('AN RIALACHÁN')

ROINN 1: Na húdaráis a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin

Ainm an údaráis inniúil [...] a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin:

(Corphéacs)

Tagairt an ordaithe díliostúcháin:

(Corphéacs)

ROINN 1a: Faisnéis d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil sé bunaithe

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha:

- ☐ **Murab ionann an Ballstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe agus Ballstát an údaráis inniúil eisiúna**
- ☐ **Seoltar cóip den ordú díliostúcháin chuig údarás inniúil ábhartha an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe**
- ☐ **Seoltar an t-ordú díliostúcháin trí údarás inniúil ábhartha an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe**

ROINN 2: Seolaí an ordaithe díliostúcháin

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corphéacs)

Pointe teagmhála:

(Corphéacs)

ROINN 3: Bearta chun an t-ordú díliostúcháin a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimircí breise:

Ní mór don soláthraí na bearta is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí san Aontas, arna léiriú ag na URLanna seo a leanas:

(Corphéacs)

Baineann an t-ordú díliostúcháin leis an tseirbhís seo a leanas a sholáthraíonn an soláthraí san Aontas:

(Corphéacs)

ROINN 4: Cúiseanna, tréimhse cur i bhfeidhm agus tuairisciú

Is iad mar a leanas na cúiseanna leis an ordú díliostúcháin a eisiúint:

(Corphéacs)

Tá feidhm ag an ordú díliostúcháin ón... (*dáta*) go dtí an... (*dáta*)

Tá feidhm ag na ceanglais um thuairisciú seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 18a(5) den Rialachán:

(Corphéacs)

ROINN 5: Faisnéis maidir le sásamh

An chúirt inniúil ar féidir agóid a dhéanamh ar an ordú díliostúcháin os a comhair, i gcomhréir le hAirteagal 18c(1) den Rialachán:

(Corphéacs)

Tréimhsí ama chun agóid a dhéanamh ar an ordú díliostúcháin (laethanta/míonna ón... amach):

(Corpthéacs)

Tagairtí nó naisc le forálacha an dlí náisiúnta maidir le sásamh:

(Corpthéacs)

I gcás inarb ábhartha, faisnéis bhreise maidir le sásamh:

(Corpthéacs)

ROINN 6 [...]: Dáta, am agus síniú leictreonach:

Dáta eisiúna an ordaithe díliostúcháin:

(Corpthéacs)

Stampa ama:

(Corpthéacs)

Síniú leictreonach an údaráis inniúil a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin:

(Corpthéacs)

D'fhéadfaí pionóis de bhun Airteagal 35 den Rialachán a fhorchur mura gcomhlíonfaí an t-ordú díliostúcháin sin.

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH FAISNÉIS MAIDIR LE DODHÉANTACHT AN tORDÚ
DÍLIOSTÚCHÁIN A FHORGHNÍOMHÚ**

**dá dtagraítear in Airteagal 18b(4) agus (5) de Rialachán (AE) .../... [lena leagtar síos rialacha
chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]**

ROINN 1: Seolaí an ordaithe díliostúcháin

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corpthéacs)

Pointe teagmhála:

(Corpthéacs)

**Sonraí teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a ionadaí
dhlíthiúil:**

(Corpthéacs)

Tagairt chomhaid an tseolaí:

(Corpthéacs)

ROINN 2: Faisnéis maidir leis an ordú díliostúcháin

An t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin:

(Corpthéacs)

Tagairt an ordaithe díliostúcháin:

(Corpthéacs)

Dáta agus am a fuarthas an t-ordú díliostúcháin, lena n-áirítear an crios ama:

(Corpthéacs)

ROINN 3: Neamh-fhorghníomhú

Ní féidir leis an soláthraí an t-ordú díliostúcháin a fhorghníomhú laistigh den tréimhse ama éigeantach ar na cúiseanna seo a leanas (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha):

- ☐ *Force majeure* nó dodhéantacht *de facto* nach bhfuil inchurtha i leith sholáthraí na seirbhísí óstála, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla a bhfuil údar oibiachtúil leo
- ☐ Tá earráid fhollasach amháin nó níos mó san ordú díliostúcháin
- ☐ Tá easpa faisnéis leordhóthanach san ordú díliostúcháin

Tabhair tuilleadh faisnéise faoi na cúiseanna nár forghníomhaíodh an t-ordú, ag sonrú na cúiseanna a bhaineann le *force majeure* nó le dodhéantacht *de facto*, leis an earráid fhollasach nó leis na hearráidí follasacha agus/nó leis an bhfaisnéis nó leis an soiléiriú breise atá de dhíth, de réir mar is infheidhme:

(Corphéacs)

ROINN 4: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am, lena n-áirítear crios ama:

(Corphéacs)

Síniú:

(Corphéacs)

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH FAISNÉIS AR FHORGHNÍOMHÚ AN ORDAITHE
DÍLIOSTÚCHÁIN**

dá dtagraítear in Airteagal 18b(6) de Rialachán (AE).../... *[lena leagtar síos rialacha chun
mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]*

ROINN 1: Seolaí an ordaithe díliostúcháin

Ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil:

(Corpthéacs)

Pointe teagmhála:

(Corpthéacs)

**Sonraí teagmhála an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a ionadaí
dhlíthiúil:**

(Corpthéacs)

Tagairt chomhaid an tsoláthraí:

(Corpthéacs)

ROINN 2: Faisnéis maidir leis an ordú díliostúcháin

An t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú díliostúcháin:

(Corpthéacs)

Tagairt an ordaithe díliostúcháin:

(Corpthéacs)

Dáta agus am a fuarthas an t-ordú díliostúcháin, lena n-áirítear an crios ama:

(Corpthéacs)

ROINN 3: Bearta a rinneadh chun an t-ordú díliostúcháin a fhorghníomhú

Chun an t-ordú díliostúcháin a fhorghníomhú, tá na bearta seo a leanas déanta ag an soláthraí, ag léiriú go háirithe cé acu a chuir nó nár chuir an soláthraí cosc ar thorthaí cuardaigh don suíomh ar líne ina bhfuil ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i láthair:

(Corpthéacs)

Dáta agus am déanta an bhirt, lena n-áirítear an crios ama:

(Corpthéacs)

ROINN 4: Dáta, am agus síniú

Dáta agus am, lena n-áirítear crios ama:

(Corpthéacs)

Síniú:

(Corpthéacs)

TÁBLA COMHGHAOIL

Caibidlí	Airteagail	Aithrisí
I	Airteagal 1 (Ábhar agus raon feidhme)	Aithrisí 1-12
	Airteagal 2 (Sainmhínithe)	Aithris 13
II	Airteagal 3 (Measúnú riosca)	Aithris 14-15
	Airteagal 4 (Measúnú riosca)	Aithris 16
	Airteagal 5 (Tuairisciú agus catagóiriú riosca)	Aithrisí 17-18b
	Airteagal 5a (Measúnú riosca breise nó coigeartaithe nó bearta maolaithe riosca)	Aithris 18b
	Airteagal 5b (Comhartha riosca laghdaithe)	Aithris 18c
	Airteagal 6 (Oibleagáidí le haghaidh stórais feidhmchlár bogearraí)	Aithris 19
	Airteagal 7 (Eisiúint orduithe braith)	Aithrisí 20-22a
	Airteagal 8 (Rialacha breise maidir le horduithe braith)	Aithrisí 20-22a
	Airteagal 9 (Sásamh, faisnéis, tuairisciú agus modhnú na n-orduithe braith)	Aithrisí 23-23b
	Airteagal 10 (Teicneolaíochtaí agus coimircí)	Aithrisí 24-26b
	Airteagal 11 (Treoirínte maidir le hoibleagáidí braith)	Aithris 27-28
	Airteagal 12 (Oibleagáidí maidir le tuairisciú)	Aithrisí 29-29b
	Airteagal 13 (Ceanglais shonracha [...] le haghaidh tuairiscithe)	Aithrisí 29-29b
	Airteagal 14 (Orduithe baint anuas)	Aithrisí 30-31b
	Airteagal 14a (Nós imeachta maidir le horduithe baint anuas trasteorann)	Aithris 31c
	Airteagal 15 (Sásamh agus soláthar faisnéise)	Aithrisí 30, 32
	Airteagal 16 (Orduithe blocála)	Aithrisí 33, 34
	Airteagal 17 (Rialacha breise maidir le horduithe blocála)	Aithrisí 33, 34
	Airteagal 18 (Sásamh agus soláthar faisnéise [...])	Aithris 33
	Airteagal 18a (Orduithe díliostúcháin)	Aithris 33a
	Airteagal 18aa (Nós imeachta maidir le horduithe díliostúcháin trasteorann)	Aithris 33b
	Airteagal 18b (Rialacha breise maidir le horduithe díliostúcháin)	Aithris 33a
	Airteagal 18c (Sásamh agus soláthar faisnéise)	Aithris 33a
	Airteagal 19 (Dliteanas soláthraithe)	Aithris 34
	Airteagal 20 (Ceart[...] na n-íospartach chun faisnéise)	Aithris 35
	Airteagal 21 (Ceart[...] na n-íospartach chun cúnamh agus tacaíocht a fháil maidir le baint anuas)	Aithrisí 36-38
	Airteagal 22 (Faisnéis a chaomhnú)	Aithris 39
	Airteagal 22a (Logaí a choinneáil)	Aithris 39
	Airteagal 23 (Pointí teagmhála)	Aithris 40
	Airteagal 24 (Ionadaí dlíthiúil)	Aithrisí 41-42
III	Airteagal 25 (Údarais chomhordúcháin [...] agus údarais inniúla eile)	Aithrisí [...]45-45a
	Airteagal 26 (Ceanglais d'údarais [...] inniúla)	Aithrisí 46a-46b
	Airteagal 27 (Cumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin)	Aithrisí 47-48

Caibidlí	Airteagail	Aithrisí
	[...]	[...]
	[...]	[...]
	[...]	[...]
	Airteagal 31 (Cuardaigh chun comhlíonadh a fhíorú)	Aithris 49
	[...]	[...]
	Airteagal 33 (Dlínse)	Aithris 51
	Airteagal 34 (Ceart [...] chun gearán a thaisceadh)	Aithris 52
	Airteagal 34a (Ionadaíocht)	Aithris 52a
	Airteagal 35 (Pionóis)	Aithris 53
	Airteagal 36 (Sainaithint agus cur isteach mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne)	Aithrisí 54-56a
	Airteagal 37 (Comhar trasteorann idir Údaráis Chomhordúcháin)	Aithris 57
	Airteagal 38 (Imscrúduithe comhpháirteacha)	Aithris 57a
	Airteagal 38a (Cúnamh frithpháirteach)	
	Airteagal 39 ([...] Comhar, comhordú agus córas comhroinnte faisnéise)	Aithris 58
IV	Airteagal 40 (Bunú agus raon feidhme gníomhaíochta Lárionad an Aontais)	Aithris 59
	Airteagal 41 (Stádas dlítheanach)	Aithris 59
	Airteagal 42 (Suíomh)	Aithris 59
	Airteagal 43 (Cúraimí Lárionad an Aontais)	Aithris 60
	Airteagal 44 (Bunachar sonraí táscairí)	Aithris 61
	Airteagal 45 (Bunachar sonraí na dtuarascálacha)	Aithrisí 62-63
	Airteagal 46 (Rochtain, cruinneas agus slándáil)	Aithris 64
	Airteagal 47 (Gníomhartha tarmligthe a bhaineann leis na bunachair sonraí)	Aithris 64
	Airteagal 47a (Tástálacha ionsamhlúcháin chun cabhair a thabhairt maidir leis an bhféidearthacht orduithe braith a eisiúint)	
	Airteagal 48 (Tuairisciú)	Aithris 65
	Airteagal 49 (Cuardaigh agus fógra[...] a thabhairt)	Aithris 66
	Airteagal 50 (Teicneolaíochtaí, faisnéis agus saineolas)	Aithris 67
	Airteagal 51 (Gníomhaíochtaí próiseála agus cosaint sonraí)	Aithris 68
	Airteagal 52 (Oifigigh rialaithe)	Aithrisí 69-[...]71a
	Airteagal 53 (Comhar le Europol)	Aithrisí 69-[...]71a
	Airteagal 53a (Comhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais)	
	Airteagal 54 (Comhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta)	Aithrisí 69-[...]71a
	Airteagal 54a (Comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta)	
	Airteagal 55 (Struchtúr riaracháin agus bainistíochta)	Aithris 73
	Airteagal 56 (Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta)	-
	Airteagal 57 (Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta)	-
	Airteagal 58 (Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)	-
	Airteagal 59 (Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta)	-
	Airteagal 60 (Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta)	-
	[...]	-

Caibidlí	Airteagail	Aithrisí
	[...]	-
	[...]	-
	Airteagal 64 (Freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin)	-
	Airteagal 65 (An Stiúrthóir Feidhmiúcháin)	-
	Airteagal 66 (Bunú agus cúraimí an Choiste Teicneolaíochta)	Aithris 74
	Airteagal 66a (Ceapachán agus cúraimí an Bhoird Íospartach)	Aithris 74a
	Airteagal 67 ([...] An buiséad a bhunú[...])	IARSCRIBHINN a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach
	Airteagal 70 [...] (Rialacha airgeadais)	IARSCRIBHINN a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach
	Airteagal 68 [...] (Struchtúr an bhuiséid)	IARSCRIBHINN a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach
	Airteagal 69 [...] (Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh)	IARSCRIBHINN a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach
	Airteagal 71 (Forálacha ginearálta)	IARSCRIBHINN a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach
	Airteagal 72 (Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile)	-
	Airteagal 73 (Pribhléidí agus díolúintí)	-
	Airteagal 74 (Oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil)	-
	Airteagal 75 (Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint)	-
	Airteagal 76 (Socrúithe teanga)	-
	Airteagal 77 (Trédhearcacht agus cumarsáid)	-
	Airteagal 78 (Bearta frithchialaoise)	IARSCRIBHINN a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach
	Airteagal 79 (Dliteanas)	-
	Airteagal 80 (Imscrúduithe riaracháin)	-
	Airteagal 81 (Comhaontú maidir le Ceanncheathrú agus coinníollacha oibriúcháin)	-
	Airteagal 82 (Tosach ghníomhaíochtaí Lárionad an Aontais)	-
V	Airteagal 83 (Bailiú sonraí)	-
	Airteagal 84 (Tuairisciú maidir le trédhearcacht)	-
	Airteagal 85 (Meastóireacht)	Aithrisí 75-77
VI	Airteagal 86 (An tarmhligéan a fheidhmiú)	-
	Airteagal 87 (Nós imeachta coiste)	Aithrisí 79-82
	Airteagal 88 ([...] Rialachán (AE) 2021/1232) a leasú	Aithris [...] 78
	Airteagal 89 (Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm)	Aithrisí 78a , 83-84

MODHEOLAÍOCHT AGUS CREITÉIR MAIDIR LE CATAGÓIRÍOCHT RIOSCA SEIRBHÍSÍ

1.	Scoring based on the size of the service	203
A.	<i>Services defined as “VLOPs” (= very large online platforms), and services defined as “VLOSEs” (very large online search engines).....</i>	203
B.	<i>Other services.....</i>	203
2.	Scoring based on the type of service	203
A.	<i>Social media platform (services that connect users and enable them to build communities around common interests or connections)</i>	203
B.	<i>Electronic messaging service (service that is typically centered around allowing users to send messages that can only be viewed or read by a specific recipient or group of people)</i>	203
C.	<i>Online gaming service (services that allow users to interact within partially or fully simulated virtual environments)</i>	203
D.	<i>Adult service (services that are primarily used for the dissemination of user-generated adult content)</i>	203
E.	<i>Discussion forum or chat room service (services that allow users to send or post messages that can be read by the public or an open group of people)</i>	204
F.	<i>Marketplace or listing service (services that allow users to buy and sell their goods or services)</i>	204
G.	<i>File-storage and file-sharing service (services whose primary functionalities involve enabling users to store digital content and share access to that content through links)</i>	204
H.	<i>Web and server hosting services (services that provide individuals or organisations with the infrastructure and technology needed to host websites or web applications on the internet, including server space, bandwidth, and technical support).</i>	204
I.	<i>Online search engines</i>	204
J.	<i>Services directly targeting children</i>	204
K.	<i>Other information society services</i>	204
3.	Scoring based on the core architecture of the service.	205
A.	<i>Does the service allow child users to access a part or the entirety of the service?</i>	205
B.	<i>User identification.....</i>	205
C.	<i>User connection</i>	205
D.	<i>User communication</i>	206

E.	<i>Does the service allow users to post goods and services for sale?</i>	207
F.	<i>Does the service allow payments through its system?</i>	207
G.	<i>Can users download/save/screenshot/screen video content?</i>	207
H.	<i>Does the service apply recommendation algorithms?</i>	207
I.	<i>In case the service applies recommendation algorithms, can the recommendation</i>	207
J.	<i>Possibility to limit the number of downloads per user to reduce the distribution of</i>	207
K.	<i>Storage functionalities</i>	208
L.	<i>Functionalities preventing users from making recordings and screenshots of shared content or saving a local copy of shared content</i>	208
4.	Scoring based on policies and safety by design functionalities in place to address identified risks.	209
A.	<i>Effectiveness of CSA Risk Policies</i>	209
B.	<i>Measures for Promoting Users' Media Digital Literacy and Safe Usage Scoring System</i>	210
C.	<i>Definition of CSA in Terms of Services</i>	210
D.	<i>Functionalities preventing [...] Users to Share Potentially Harmful Content</i>	211
E.	<i>Possibility to use peer-to-peer downloading (allows direct sharing of content without using centralised servers)</i>	211
F.	<i>Functionalities Assessment of Potential Dissemination Risks</i>	212
G.	<i>Possibility to delete shared content for all users it has been shared with</i>	212
H.	<i>Systems for selecting and presenting advertisements</i>	213
I.	<i>Usage of Premoderation functionalities</i>	213
J.	<i>Usage of Delisting Content System</i>	214
K.	<i>Usage of Image Masking</i>	214
5.	Mapping of user tendencies	215
A.	<i>Assessing User Patterns</i>	215
B.	<i>Service's Popularity Among Different Age Groups</i>	215
C.	<i>Analysis of Grooming Risks Based on User Mapping</i>	216
D.	<i>Analysis of tendencies based on account's information:</i>	217

1. Scóráil bunaithe ar mhéid na seirbhíse

- A. *Seirbhísí a shainmhínítear mar ‘AAMALanna’ (ardáin an-mhór ar líne) agus seirbhísí a shainmhínítear mar ‘ICAMALanna’ (innill chuardaigh an-mhór ar líne)*³³.
- a. Sainmhíniú: Ardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne a bhfuil meánlíon [...] faighteoirí gníomhacha míosúla seirbhíse san Aontas acu atá cothrom le 45 mhilliún nó níos airde, agus a ainmnítear mar ardáin an-mhór ar líne nó innill chuardaigh an-mhór ar líne
- B. *Seirbhísí eile*

2. Scóráil bunaithe ar an gcineál seirbhíse

An bhfuil ceann amháin nó níos mó de na cineálacha seirbhíse seo a leanas i gceist leis an tseirbhís?

- A. *Ardán meán sóisialta (seirbhísí a nascann úsáideoirí agus a chuireann ar a gcumas pobail a bhunú ar leasanna nó naisc choiteanna)*
- B. *Seirbhís teachtaireachtaí leictreonacha (seirbhís atá dírithe de ghnáth ar ligean d’úsáideoirí teachtaireachtaí a sheoladh nach féidir ach le faighteoir ar leith nó grúpa daoine ar leith iad a fheiceáil nó a léamh)*
- C. *Seirbhís cluichíochta ar líne (seirbhísí a ligeann d’úsáideoirí idirghníomhú laistigh de thimpeallachtaí fíorúla atá ionsamhlaithe go páirteach nó go hiomlán)*
- D. *Seirbhís do dhaoine fásta*³⁴ *(seirbhísí a úsáidtear go príomha chun ábhar do dhaoine fásta arna ghineadh ag úsáideoirí a scaipeadh)*
- a. D’fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí seo a leanas a bheith i gceist le seirbhísí do dhaoine, cuir i gcás:
- i. Seirbhísí ar ceamara: Éascaíonn na hardáin seo beoshruthanna nó taispeántais ar cheamara gréasáin arna ndéanamh ag daoine aonair a bhíonn ag gabháil de ghnáth do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar dhaoine fásta, mar shampla comhráití gáirsiúla, struipeáil, nó gníomhartha gnéis do lucht féachana.
- ii. Suíomhanna gréasáin pornagrafaíochta: Is ardáin iad seo a dhéanann físeáin nó íomhánna pornagrafacha nó ábhar pornagrafach eile do dhaoine fásta a óstáil nó a dháileadh go príomha chun go mbreathnófar orthu nó go ndéanfar iad a íoslódáil.

³³ Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

³⁴ Is é atá i gceist le ‘seirbhís do dhaoine fásta’ de ghnáth ardán nó seirbhís ar líne a dhéileálann go príomha le scaipeadh ábhar do dhaoine fásta nó a éascaíonn an scaipeadh sin. D’fhéadfaí íomhánna, físeáin nó téacsanna gáirsiúla atá ceaptha do dhaoine fásta a bheith san áireamh leis an ábhar sin, ach níl sé teoranta don mhéid sin, agus d’fhéadfadh lomnochtacht, ábhar gnéasach nó teanga gháirsiúil a bheith ann. Cuimsíonn seirbhísí do dhaoine fásta raon leathan ardán, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin do dhaoine fásta, gréasáin meán sóisialta do dhaoine fásta, seomraí comhrá do dhaoine fásta, seirbhísí sruthaithe do dhaoine fásta, agus ardáin déanta coinní nó gheandála do dhaoine fásta. Deartar na hardáin sin chun freastal ar dhaoine aonair atá ag lorg ábhar, siamsaíocht nó caidreamh atá dírithe ar dhaoine fásta. Tugtar faoi deara go bhféadfadh seirbhísí do dhaoine fásta a bheith éagsúil i dtaca leis na cineálacha ábhair a thairgtear, an lucht féachana a ndírítear orthu, agus na seirbhísí a sholáthraítear. Tá saintréith choiteann acu, áfach, maidir le rochtain a sholáthar ar ábhar atá dírithe ar dhaoine fásta agus is minic a éilíonn siad ar úsáideoirí a n-aois a dhearbhu sula bhfaighidh siad rochtain ar an ábhar sin.

- iii. Seirbhísí cearrbhachais do dhaoine fásta: Baineann na seirbhísí seo le gníomhaíochtaí gealltóireachta nó cearrbhachais ar líne atá dírithe go sainráite ar dhaoine fásta agus d'fhéadfadh cluichí a bhaineann le téamaí do dhaoine fásta nó ábhar cearrbhachais a bheith san áireamh.
- iv. Seirbhísí comórtha: Nascann na seirbhísí seo daoine aonair le mná nó fir chomórtha nó le compánaigh le haghaidh gníomhaíochtaí atá dírithe ar dhaoine fásta, lena bhféadfaí comhlúadar, dlúthchaidreamh, nó seirbhísí gnéis ar íocaíocht a áireamh.
- v. Líonraí sóisialta do dhaoine fásta: Is ardáin atá cosúil leis na líonraí sóisialta móra ach freastalaíonn siad go sonrach ar dhaoine fásta ar spéis leo nascadh le daoine eile le haghaidh caidreamh atá dírithe ar dhaoine fásta, mar shampla geandáil, coinní neamhfhoirmeálta, nó comhráití maidir le hábhair ghnéis.
- vi. Seirbhísí geandála do dhaoine fásta: Díríonn na feidhmchláir mhóibíleacha seo ar naisc a éascú idir daoine fásta ar spéis leo caidreamh neamhfhoirmeálta nó collaí, agus cuireann siad béim go minic ar mhealladh fisiciúil agus comhoiriúnacht ghnéis, go háirithe trí chruthú próifíle, algartaim mheaitseála agus gnéithe teachtaireachtaí.
- vii. Seirbhísí síntiúis le haghaidh ábhar do dhaoine fásta: Tairgeann na hardáin seo rochtain ar ábhar do dhaoine fásta ar bhonn eisiach nó ar phraghas ard trí mhúnlaí síntiús-bhunaithe, agus soláthraíonn siad éagsúlacht meán atá dírithe ar dhaoine fásta, mar shampla fiseáin, íomhánna nó scéalta.

- E. Seirbhís pléfhóirí nó seomra comhrá (*seirbhísí lenar féidir le húsáideoirí teachtaireachtaí a sheoladh nó a phostáil ar féidir leis an bpobal i gcoitinne nó grúpa oscailte daoine iad a léamh*)
- F. Margadh nó seirbhís liostúcháin (*seirbhísí lenar féidir le húsáideoirí earraí nó seirbhísí a cheannach nó a dhíol*)
- G. Seirbhís stórála agus comhroinnte comhad (*seirbhísí a gcuireann a bpríomhfheidhmiúlachtaí ar chumas na n-úsáideoirí ábhar digiteach a stóráil agus rochtain ar an ábhar sin a chomhroinnt trí naisc*)
- H. Seirbhísí óstála gréasáin agus freastalaí³⁵ (*seirbhísí a sholáthraíonn an bonneagar agus an teicneolaíocht is gá do dhaoine aonair nó d'eagraíochtaí chun suíomhanna gréasáin nó feidhmchláir ghréasáin a óstáil ar an idirlíon, lena n-áirítear spás freastalaí, bandaleithead agus tacaíocht theicniúil*).
- I. Innill chuardaigh ar líne³⁶
- J. Seirbhísí atá dírithe go sonrach ar leanaí
- K. Seirbhísí eile sochaí faisnéise³⁷

³⁵ Féach freisin Airteagal 3(g), pointe (iii), de Rialachán (AE) 2022/2065.

³⁶ Féach Airteagal 3(j) de Rialachán (AE) 2022/2065.

³⁷ Ciallaíonn 'seirbhís sochaí faisnéise' 'seirbhís' mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (b) de Threoir (AE) 2015/1535.

3. Scóráil bunaithe ar chroí-aitireacht na seirbhíse.

- A. *An féidir le húsáideoirí linbh³⁸ rochtain a fháil ar chuid den tseirbhís nó ar an tseirbhís ina hiomláine?*

IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

- B. *Aitheantas úsáideora*

1. An féidir le húsáideoirí faisnéis aitheantais a thaispeáint trí phróifíl úsáideora ar féidir le daoine eile í a fheiceáil (cuir i gcás íomhánna, ainmneacha úsáideora, aois)?

IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

2. An féidir an t-ardán a úsáid go hanaithnid?

IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

3. An féidir le húsáideoirí ábhar a chomhroinnt go hanaithnid (trí phróifílí anaithnide nó trí rochtain gan chuntas, mar shampla)?

IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

4. An bhfuil feidhmiúlachtaí ann a chuireann cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar an suíomh gréasáin nó ar na suíomhanna gréasáin i réigiún geografach eile nach bhfuil an reachtaíocht chomh docht céanna ina leith?

TÁ/NÍL

5. An éilíonn an tseirbhís fiordheimhniú ilfhachtóra agus faisnéis cláraithe úsáideora i gcás ina n-úsáideann úsáideoirí uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist nó aitheantóirí eile chun clárú don tseirbhís?

ÉILÍONN/NÍ ÉILÍONN

- C. *Nascadh úsáideoirí*

1. An féidir le húsáideoirí nasc a dhéanamh le húsáideoirí eile?

IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

2. An féidir le húsáideoirí grúpaí dúnta a bhunú nó teachtaireachtaí grúpa a sheoladh?

IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

3. An féidir le húsáideoirí úsáideoirí eile a chuardach de réir catagóirí sonracha (áit, inscne, caitheamh aimsire, etc.)?

IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

³⁸ Úsáideoirí nach bhfuil aois an duine fhásta bainte amach acu i dtír bhunaíochta an tsoláthraí seirbhíse. Agus measúnú a dhéanamh ar an gcritéar seo, ba cheart breithniú a dhéanamh ní hamháin ar cé acu is féidir nó nach féidir le leanaí rochtain a fháil ar an suíomh ach an úsáideann siad an rochtain sin.

D. Cumarsáid úsáideoirí³⁹

1. An féidir le húsáideoirí cumarsáid a dhéanamh trí bheoshruthú?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
2. An féidir le húsáideoirí cumarsáid a dhéanamh trí theachtaireachtaí díreacha a chur (lena n-áirítear teachtaireachtaí díreacha breacshaolacha)?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
3. An féidir le húsáideoirí cumarsáid a dhéanamh trí theachtaireachtaí criptithe (IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR) agus an bhfuil feidhmiúlachtaí ann maidir le 'rogha a bheith páirteach/rogha gan bheith páirteach'?⁴⁰
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
4. An féidir le húsáideoirí íomhánna nó físeáin a phostáil nó a sheoladh (cainéil oscailte nó dhúnta)?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
5. An féidir le húsáideoirí ábhar a athphostáil agus a chur ar aghaidh (cainéil oscailte nó dhúnta)?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
6. An féidir le húsáideoirí ábhar a chomhroinnt trí hipearnaisc agus URLanna gnáththéacs?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR⁴¹
7. An féidir le húsáideoirí trácht a dhéanamh ar ábhar (cainéil oscailte agus/nó dhúnta)?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
8. An féidir le húsáideoirí faisnéis suímh (infheicthe) a phostáil nó a chomhroinnt?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
9. An féidir le húsáideoirí cuardach a dhéanamh ar ábhar arna ghineadh ag úsáideoirí?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR

³⁹ Rinneadh na critéir seo a rangú chun cuidiú leis an gcóras scórála a bheidh ann amach anseo (atá le forbairt go fóill). Cuireann an rangú sin gníomhaíochtaí a bhaineann le cumarsáid dhíreach fíor-ama (beoshruthú, teachtaireachtaí) san aicme is airde riosca i ngeall ar an láithreach agus an easpa scagtha a bhaineann leo. Rangaítear teachtaireachtaí criptithe sa dara aicme is airde riosca i ngeall ar ábhair inní maidir le príobháideachta agus ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí baint astu. Gníomhaíochtaí ardriosca is ea ábhar ilmheán a phostáil agus a chomhroinnt freisin, toisc gur féidir ábhar díobhálach a scaipeadh go héasca leo. Tá riosca measartha ag baint le hathphostáil, cur ar aghaidh agus comhroinnt trí hipearnaisc, agus meastar go bhfuil riosca níos ísle ag baint le nótaí tráchta, comhroinnt faisnéise suímh agus cuardach a dhéanamh ar ábhar arna ghineadh ag úsáideoirí, cé gur gá aird a thabhairt orthu fós i ndáil le rioscaí a d'fhéadfadh baint leo.

⁴⁰ Dá ndéanfaí cinntí dearaidh áirithe, mar shampla a áirithiú go mbeidh rogha a bheith páirteach, seachas rogha gan bheith páirteach, i gceist le criptiú inn ar inn mar réamhshocrú, bheadh ar dhaoine criptiú inn ar inn a roghnú dá mba mhian leo é a úsáid, agus dá bhrí sin d'fhéadfaí teicneolaíochtaí braith áirithe a oibriú i dtaca le cumarsáid idir úsáideoirí nár roghnaigh criptiú inn ar inn a úsáid.

⁴¹ Is minic a roinntear nasc le seirbhísí criptithe ar spásanna neamhchriptithe ar líne chun malartú ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a éascú.

- E. *An féidir le húsáideoirí postáil a dhéanamh ar an tseirbhís maidir le hearraí atá ar díol nó seirbhísí atá á dtairiscint?*
1. An féidir cripteá-airgeadra a úsáid leis an tseirbhís chun seirbhís/ábhar a cheannach (chun anaithnideacht a chur chun cinn)?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
 2. An féidir idirbhearta a bhaineann le cárta bronnánais a dhéanamh leis an tseirbhís?
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
- F. *An féidir iocaíochtaí a dhéanamh trí chóras na seirbhíse?*
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
- G. *An féidir le húsáideoirí ábhar físe a íoslódáil, a shábháil, seat scáileáin a dhéanamh de nó é a thaispeáint ar scáileán?*
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
- H. *An gcuireann an tseirbhís algartaim mholta i bhfeidhm?*⁴²
CUIREANN/NÍ CHUIREANN
- I. *I gcás ina gcuireann an tseirbhís algartaim mholta i bhfeidhm, an féidir na halgartaim mholta a úsáideann an tseirbhís a mhodhnú chun ábhar neamhdhleathach a theorannú?*
IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR
- J. *An fhéidearthacht líon na n-íoslódálacha in aghaidh an úsáideora a theorannú chun dáileadh ábhair neamhdhleathaigh a laghdú*
- In easnamh
 - Níl feidhmiúlachtaí ag an ardán chun teorainn a chur le líon na n-íoslódálacha in aghaidh an úsáideora chun scaipeadh ábhair dhíobhálaigh a laghdú.
 - Bunúsach
 - Tá feidhmiúlachtaí bunúsacha i bhfeidhm ag an ardán chun teorainn a chur le líon na n-íoslódálacha in aghaidh an úsáideora chun scaipeadh ábhair dhíobhálaigh a laghdú. Tá a raon feidhme agus a n-éifeachtacht teoranta.
 - Éifeachtach
 - Tá feidhmiúlachtaí éifeachtúla i bhfeidhm ag an ardán chun teorainn a chur le líon na n-íoslódálacha in aghaidh an úsáideora chun scaipeadh ábhair dhíobhálaigh a laghdú. Leis na feidhmiúlachtaí sin, laghdaítear go mór an riosca go scaipfí ábhar díobhálach, agus is sábháilte a bheidh an timpeallacht ar líne dá bharr.

⁴² Algartaim a mholann ábhar atá cosúil leis an ábhar ar ar breathnaíodh cheana, d'fhéadfaidís úsáideoirí a nochtadh d'ábhar míchuí más rud é gur nochtadh iad cheana féin do phornagrafaíocht leanaí.

- Cuimsitheach
 - Tá feidhmiúlachtaí cuimsitheacha i bhfeidhm ag an ardán chun teorainn a chur le líon na n-íoslódálacha in aghaidh an úsáideora chun dáileadh ábhair dhíobhálaigh a laghdú. Fágann na bearta láidre sin gur beag deis atá ann ábhar díobhálach a scaipeadh, agus is sábháilte atá an timpeallacht ar líne do na húsáideoirí dá bharr.

K. Feidhmiúlachtaí stórála

- In easnamh
 - Ní cheadaíonn feidhmiúlachtaí stórála na n-ardán agus/nó creat dlíthiúil na tíre stórála faisnéis a chomhroinnt le húdaráis forfheidhmithe dlí.
- Bunúsach
 - Ní cheadaíonn feidhmiúlachtaí stórála na n-ardán agus/nó creat dlíthiúil na tíre stórála ach méid áirithe faisnéis a chomhroinnt le húdaráis forfheidhmithe dlí, agus ní cheadaítear sin ach ar feadh méid teoranta ama.
- Éifeachtach
 - Cheadaíonn feidhmiúlachtaí stórála na n-ardán agus/nó creat dlíthiúil na tíre stórála méid mór faisnéis a chomhroinnt le húdaráis forfheidhmithe dlí ar feadh i bhfad.
- Cuimsitheach
 - Cheadaíonn feidhmiúlachtaí stórála na n-ardán agus/nó creat dlíthiúil na tíre stórála gach faisnéis a chomhroinnt le húdaráis forfheidhmithe dlí ar feadh tréimhse éiginnte.

L. Feidhmiúlachtaí lena gcuirtear cosc ar úsáideoirí taifeadtaí agus seatanna scáileáin d'ábhar comhroinnte a dhéanamh nó cóip logánta d'ábhar comhroinnte a shábháil

- In easnamh
 - Níl feidhmiúlachtaí ag an ardán chun cosc a chur ar úsáideoirí ábhar díobhálach a shábháil (trí thaifeadtaí nó seatanna scáileáin a dhéanamh díobh, etc.) chun an t-ábhar sin a scaipeadh (mar shampla gan cead a thabhairt ábhar arna chomhroinnt ag mionaoisigh a thaifeadadh ná seatanna scáileáin a dhéanamh de).

- Bunúsach
 - Tá feidhmiúlachtaí bunúsacha i bhfeidhm ar an ardán chun cosc a chur ar na húsáideoirí ábhar díobhálach a shábháil chun é a scaipeadh (trí thaifeadadh, seatanna scáileáin, etc., a dhéanamh); tá a raon feidhme agus a n-éifeachtúlacht teoranta, áfach.
- Éifeachtach
 - Tá feidhmiúlachtaí éifeachtacha i bhfeidhm ar an ardán chun cosc a chur ar na húsáideoirí ábhar díobhálach a shábháil chun é a scaipeadh (trí thaifeadadh, seatanna scáileáin, etc., a dhéanamh). Leis na bearta sin, laghdaítear go mór an riosca go scaipfí ábhar díobhálach, rud a fhágann gur sábháilte í an timpeallacht ar líne.
- Cuimsitheach
 - Tá feidhmiúlachtaí cuimsitheacha i bhfeidhm ar an ardán chun cosc a chur ar na húsáideoirí ábhar díobhálach a shábháil chun é a scaipeadh (trí thaifeadadh, seatanna scáileáin, etc., a dhéanamh). Fágann na bearta láidre sin gur beag deis atá ann ábhar díobhálach a scaipeadh trína shábháil, agus ar an gcaoi sin cinntítear gur ann do thimpeallacht shábháilte ar líne d'úsáideoirí.

4. Tá scóráil, bunaithe ar bheartais agus ar fheidhmiúlachtaí, i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na riosca sainaitheanta.

A. Éifeachtacht na mBeartas Riosca maidir le rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí

- In easnamh
 - Níl beartais fhollasacha ar an ardán a thugann aghaidh go sonrach ar rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí.
- Bunúsach
 - Cé go bhfuil beartais a bhaineann le rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí ag an ardán, ní thugtar cothrom le dáta go rialta iad, agus measann úsáideoirí go bhfuil siad doiléir.
- Éifeachtach
 - Tá beartais shoiléire a thugann aghaidh ar rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí i bhfeidhm, tugtar cothrom le dáta go rialta iad, agus tuigeann na húsáideoirí iad.
- Cuimsitheach
 - Tá beartais fhollasacha, sholáimhsithe maidir le rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí ar an ardán; ní hamháin go dtugtar cothrom le dáta go rialta iad, ach forfheidhmítear iad ar bhealach is féidir le húsáideoirí iad a thuiscint go héasca freisin.

B. Bearta chun Litearthacht Dhigiteach sna Meáin d'Úsáideoirí agus an Córas Scórála um Úsáid Shábháilte a Chur Chun Cinn

- In easnamh/teoranta
 - Ní thairgtear ábhar oideachais ar an ardán lena ndírítear ar chur chun cinn na litearthachta digití sna meáin (mar shampla, naisc chuig faisnéis oideachais) a chur chun cinn (nó má tá, is beaga thairgtear). Ní chuireann na hábhair le feacht inbhreathnaithe na n-úsáideoirí ar rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí.
- Bunúsach
 - Tairgtear roinnt ábhair oideachais ar an ardán lena ndírítear ar chur chun cinn na litearthachta digití sna meáin. Is beag an tionchar atá ag na hábhair ar leibhéal leordhóthanach inbhreathnaithe na n-úsáideoirí ar rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí.
- Éifeachtach
 - Tá tacar láidir ar an ardán d'ábhar oideachais lena ndírítear ar chur chun cinn na litearthachta digití sna meáin. Feabhas inbhreathnaithe ar fheacht na n-úsáideoirí ar rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí is toradh don ábhar.
- Cuimsitheach
 - Tá tacar láidir ar an ardán d'ábhar oideachais lena ndírítear ar chur chun cinn na litearthachta digití sna meáin. Feabhas inbhreathnaithe ar fheacht agus ar rannpháirtíocht na n-úsáideoirí is toradh don ábhar. Is léir an tiomantas chun aitheantas domhain i leith úsáid shábháilte na meán a chothú.

C. Sainmhíniú ar rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí sna Téarmaí Seirbhísí

- In easnamh/teoranta
 - Tá easnaimh ann sna téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí nó níl siad soiléir, rud a fhágann go bhféadfadh úsáideoirí míthuiscint a bhaint astu.
- Bunúsach
 - Cé go bhfuil na téarmaí soiléir, tá na sásraí forfheidhmiúcháin a bhaineann le rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí lag agus d'fhéadfadh sé nach ndíspreagfaí sárúithe go héifeachtach.
- Éifeachtach
 - Tá téarmaí cuimsitheacha lena dtugtar aghaidh ar rioscaí mí-úsáide gnéasaí leanaí ar an ardán, agus forfheidhmítear go measartha iad.
- Cuimsitheach.
 - Forfheidhmítear na téarmaí go docht, agus tá an t-ardán trédhearcach faoi na hiarmhairtí a thiochfaidh as na téarmaí a bhaineann le mí-úsáid gnéasaí leanaí a shárú.

D. Feidhmiúlachtaí lena gcuirtear cosc ar [...] Úsáideoirí Ábhar a Chomhroinnt a d'fhéadfadh a bheith Díobhálach

- In easnamh/An-teoranta
 - Tá feidhmiúlachtaí leordhóthanacha in easnamh ar na hardáin (mar shampla: haiseáil/grianghraf DNA) chun cosc a chur ar na húsáideoirí ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a chomhroinnt. Is ábhar imní iad na heasnamh seo ó thaobh cumas an ardáin maolú éifeachtach a dhéanamh ar scaipeadh ábhair dhíobhálaigh.
- Teoranta
 - Tá feidhmiúlachta teoranta ag na hardáin chun cosc a chur ar na húsáideoirí ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a chomhroinnt. Cé go bhfuil roinnt beart i bhfeidhm, níl siad cuimsitheach, rud a fhágann go bhféadfaí ábhar díobhálach a scaipeadh.
- Éifeachtach
 - Tá feidhmiúlachtaí éifeachtacha ag na hardáin sa chatagóir seo chun cosc a chur ar na húsáideoirí ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a chomhroinnt. Leis na bearta sin, laghdaítear go mór an riosca go scaipfí ábhar díobhálach, rud a fhágann gur sábháilte é an timpeallacht ar líne.
- Cuimsitheach
 - Tá feidhmiúlachtaí cuimsitheacha i bhfeidhm ag na hardáin sa chatagóir seo chun cosc a chur ar na húsáideoirí ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a chomhroinnt. Fágann na bearta láidre sin gur beag an deis nó nach ann d'aon deis ábhar díobhálach a scaipeadh, agus ar an gcaoi sin cinntítear go mbeidh timpeallacht shábháilte ar líne d'úsáideoirí.

E. An fhéidearthacht an íoslódáil idir píaraí a úsáid (lenar féidir ábhar a chomhroinnt go díreach gan freastalaithe láraithe a úsáid)

- In easnamh
 - Cuireann na hardáin tacaíocht chuimsitheach don íoslódáil idir píaraí ar fáil, lena gceadaítear ábhar a chomhroinnt go díreach gan uaim agus go héifeachtúil idir na húsáideoirí, rud a chuireann an dáileadh díláraithe chun cinn, agus a laghdaíonn spleáchas ar fhreastalaithe lárnacha le haghaidh dáileadh ábhair.
- Teoranta
 - Cuireann na hardáin tacaíocht éifeachtach ar fáil don íoslódáil idir píaraí, rud a chuireann ar chumas na n-úsáideoirí ábhar a chomhroinnt gan a bheith spleách ar fhreastalaithe agus a fheabhsaíonn éifeachtúlacht agus neamhspleáchas na n-úsáideoirí.
- Éifeachtach
 - Tá tacaíocht theoranta ar fáil don íoslódáil idir píaraí ar na hardáin; d'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh sí ar fáil go forleathan nó go mbeadh teorainneacha suntasacha ag baint leis, rud a d'fhéadfadh cur leis an riosca a bhaineann le dáileadh láraithe ábhair.

- Cuimsitheach
 - Níl sé de rogha ag na húsáideoirí ar na hardáin an íoslódáil idir píaraí a dhéanamh, rud a chuireann srian ar chomhroinnt dhíreach ábhair gan a bheith ag brath ar fhreastalaithe láraithe.

F. Measúnú Feidhmíochta ar Rioscaí Féideartha a bhaineann le Scaipeadh

- In easnamh
 - Teipeann ar na hardáin measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar na rioscaí scaipthe féideartha a bhaineann le hábhar comhroinnte. Is ábhar inní é an easpa measúnaithe sin maidir le cumas an ardáin rioscaí a bhaineann le scaipeadh a aithint agus a mhaolú go réamhghníomhach, rud a d'fhéadfadh úsáideoirí a fhágáil gan chosaint ar ábhar díobhálach.
- Teoranta
 - Déanann na hardáin measúnuithe cuimsitheacha ar na rioscaí scaipthe féideartha a bhaineann le hábhar comhroinnte. Cé go ndéantar iarrachtaí chun meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí, d'fhéadfadh sé nach measúnú cuimsitheach a bheadh ann, rud a d'fhágfadh go mbeadh bearnaí ann maidir rioscaí scaipthe a shainaithint agus a mhaolú.
- Éifeachtach
 - Déanann na hardáin measúnuithe éifeachtacha ar na rioscaí scaipthe féideartha a bhaineann le hábhar comhroinnte. Trí shásraí meastóireachta réamhghníomhacha, déanann na hardáin sin na rioscaí scaipthe a bhaineann le hábhar comhroinnte a shainaithint agus a mhaolú, agus is sábháilte é an timpeallacht ina gcomhroinntear ábhar dá bharr.
- Cuimsitheach
 - Déanann na hardáin measúnuithe cuimsitheacha ar na rioscaí scaipthe féideartha a bhaineann le hábhar comhroinnte. Trí shásraí meastóireachta réamhghníomhacha, déanann na hardáin sin rioscaí scaipthe a shainaithint agus a mhaolú, agus ar an gcaoi sin cinntítear go mbeidh an timpeallacht ar líne ina gcomhroinntear ábhar sábháilte d'úsáideoirí.

G. Gach úsáideoir a bheith in ann ábhar a comhroinneadh leis a scrios

- In easnamh
 - Ní chuireann an soláthraí seirbhíse ar a gcumas do leanaí ábhar comhroinnte a scrios.
- Teoranta
 - Is ar bhealach teoranta a chuireann an soláthraí seirbhíse ar a gcumas do leanaí ábhar comhroinnte a scriosadh. chuireann an soláthraí seirbhíse ar a gcumas do leanaí ábhar comhroinnte a scrios ach ar feadh tréimhse áirithe agus faoi imthosca áirithe, gan deis a bheith acu ábhar comhroinnte a scriosadh nuair is gá.
- Éifeachtach
 - Is ar bhealach **éifeachtach** [...] a chuireann an soláthraí seirbhíse ar a gcumas do leanaí ábhar comhroinnte a scriosadh. Ar feadh tréimhse fhada agus faoi imthosca ábhartha, éiríonn le leanaí ábhar comhroinnte a scriosadh i bhformhór na gcásanna.

- Cuimsitheach

- Cuireann an soláthraí seirbhíse feidhmiúlacht **chuimsitheach** [...] ar fáil do leanaí chun ábhar comhroinnte a scríos nuair is gá. Ar feadh tréimhse fhada agus faoi imthosca ábhartha, is féidir le leanaí ábhar comhroinnte a scríosadh i ngach cás ábhartha.

H. Córais chun fógraí a roghnú agus a chur i láthair

- In easnamh

- Ní bheartaíonn an t-ardán aon fheidhmiúlachtaí 'sábháilteacht trí dhearadh' a chur ar chórais fógraíochta, mar shampla scagadh aoisbhunaithe ar fhógraí nó rialú tuismitheoirí, rud a fhágann go dtaispeántar ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do leanaí.

- Teoranta

- Beartaíonn an t-ardán feidhmiúlachtaí teoranta 'sábháilteacht trí dhearadh' a bheith ar chórais fógraíochta níl sé cuimsitheach go leor, chun cosc éifeachtach a chur ar ábhar díobhálach a bheith á thaispeáint do leanaí.

- Éifeachtach

- Beartaíonn an t-ardán feidhmiúlachtaí éifeachtacha 'sábháilteacht trí dhearadh' a bheith ann lena laghdaítear an dóchúlacht go dtaispeánfar ábhar díobhálach do leanaí.

- Cuimsitheach

- Tá feidhmiúlachtaí cuimsitheacha 'sábháilteacht trí dhearadh' á soláthar ag an ardán ar chórais fógraíochta a chuireann cosc éifeachtach ar ábhar díobhálach a bheith á thaispeáint do leanaí.

I. Úsáid na bhfeidhmiúlachtaí Réamh-mhodhnóireachta

- In easnamh

- Tá córas réamh-mhodhnóireachta in easnamh ar na hardáin, rud a fhágann gur féidir ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a bheith á phostáil gan formhaoirseacht gan mhodhnóireacht.

- Teoranta

- Tá córas réamh-mhodhnaithe teoranta i bhfeidhm ar na hardáin ach níl sé cuimsitheach go leor chun an t-ábhar míchuí go léir a scagadh go héifeachtach.

- Éifeachtach

- Úsáidtear córas éifeachtach réamh-mhodhnaithe ar na hardáin a laghdaíonn an dóchúlacht go mór go mbeadh ábhar míchuí á phostáil, rud a chuireann le sábháilteacht an úsáideora.

- Cuimsitheach

- Tá córas cuimsitheach réamh-mhodhnaithe i bhfeidhm ar na hardáin a dhéanann an t-ábhar uile a scagadh go críochnúil sula ndéanfar é a phostáil, rud a laghdaíonn an riosca go bhfeicfidh úsáideoirí ábhar díobhálach.

J. Úsáid an Chórais um Dhíliostú Ábhair

- In easnamh
 - Níl córas um dhíliostú ábhair ar na hardáin, rud a fhágann go bhfuil sé dúshlánach ábhar díobhálach nó míchuí a bhaint tar éis a phostáilte.
- Teoranta
 - Tá córas um dhíliostú ábhair ar roinnt ardán; ní chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é, áfach, nó b'fhéidir nach mbainfí gach ábhar míchuí go héifeachtach.
- Éifeachtach
 - Úsáidtear córas éifeachtach um dhíliostú ábhair lena mbaintear ábhar díobhálach nó míchuí go pras nuair a shainaithnítear é, rud a fhágann gur lú seans go bhfeicfidh úsáideoirí é.
- Cuimsitheach
 - Tá córais cuimsitheach um dhíliostú ábhair ar na hardáin lena ndéantar ábhar díobhálach nó míchuí a shainaithint agus a bhaint, agus ar an gcaoi sin cinntítear go mbeidh timpeallacht shábháilte ar líne d'úsáideoirí.

K. Úsáid Mhascadh an Íomhá

- In easnamh
 - Tá cumais chun íomhá a mhascadh in easnamh ar na hardáin, agus d'fhéadfadh na húsáideoirí a bheith gan cosaint leordhóthanach ar ábhar íogair nó graosta.
- Teoranta
 - Tá cumais theoranta chun íomhá a mhascadh ar na hardáin; d'fhéadfadh sé nach gcuirfí i bhfeidhm go comhsheasmhach iad, áfach, nó nach ndéanfaí ábhar íogair nó graosta a cheilt go héifeachtach.
- Éifeachtach
 - Úsáidtear teicnící éifeachtacha lena gceiltar ábhar íogair nó graosta go hiomchuí chun íomhá a mhascadh, rud a fheabhsaíonn príobháideacht agus sábháilteacht an úsáideora.
- Cuimsitheach
 - Tá cumais chuimsitheacha chun íomhá a mhascadh ar na hardáin lena gceiltar ábhar íogair nó graosta go héifeachtach, rud a thugann cosaint láidir do na húsáideoirí.

5. Treochtaí na n-úsáideoirí a mhapáil

A. *Patrúin na nÚsáideoirí a mheasúnú*

- In easnamh
 - Léiríonn cuid d'úsáideoirí go mbíonn siad i dteagmháil go minic le hábhar a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú. Áirítear leis seo ach níl sé teoranta d'ábhar a d'fhéadfadh a bheith míchuí, díobhálach, nó a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte. Is ábhar inní é líon mór na n-úsáideoirí a bhíonn ag plé le hábhar den sórt sin ó thaobh shábháilteacht fhoriomlán an ardáin.
- Teoranta
 - Ardáin a thagann faoin raon sin, léiríonn siad leibhéal áirithe rannpháirtíochta úsáideoirí le hábhar a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leis. Cé nach bhfuil gníomhaíochtaí díobhálacha forleathan, is ábhar inní iad cásanna ó am go chéile ó thaobh an ghá atá le sásraí feabhsaithe modhnóireachta agus sásraí feabhsaithe scagtha chun timpeallacht níos sábháilte a áirithiú do na húsáideoirí.
- Éifeachtach
 - Is ar bhealach teoranta a théann na húsáideoirí sa chatagóir seo i ngleic le hábhar a bhfuil riosca ag baint leis. Ní minic a bhíonn cásanna de ghníomhaíochtaí díobhálacha ann, rud a thugann le tuiscint go bhfuil timpeallacht shláintiúil ann do na húsáideoirí. Is gá bearta leanúnacha faireacháin agus coisctheacha a dhéanamh i gcónaí, áfach, chun an treocht dhearfach sin a choinneáil ar bun agus chun na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú a thuilleadh.
- Cuimsitheach
 - Is é seo an cás is fabhraí inar annamh a bhíonn na húsáideoirí i mbun gníomhaíochtaí a bhfuil rioscaí ag baint leo. Tá leibhéal ardaithe freagrachta ag na húsáideoirí ar an ardán, agus is annamh a thagann ábhar díobhálach chun cinn. Léiríonn sé sin tiomantas láidir an phobail timpeallacht shábháilte shlán ar líne a choinneáil ar bun.

B. *Éileamh na Seirbhíse i measc Aoisghrúpaí Éagsúla*

- In easnamh
 - Ní dhéanann an t-ardán faireachán ná measúnú leordhóthanach ar an éileamh a bhíonn air i measc aoisghrúpaí éagsúla. Tá easpa ann ó thaobh sonraí maidir le déimeagrafaic úsáideoirí a bhailiú agus a anailísiú, go háirithe maidir le haoisghrúpaí, rud a chuireann inní in iúl faoi thuiscint an ardáin ar leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Teoranta
 - Is tearc na sonraí maidir leis an éileamh ar ardáin i measc aoisghrúpaí éagsúla. Cé go bhfuil iarracht ar bun chun déimeagrafaic úsáideora a bhailiú agus a anailísiú, d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh na sonraí tuiscint ar na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na haoisghrúpaí.

- Éifeachtach
 - Déanann na hardáin sa chatagóir seo faireachán agus anailís éifeachtach ar an éileamh atá ar an tseirbhís i measc aoisghrúpaí éagsúla. Faigheann na hardáin sin léargas ar dhéimeagrafaic úsáideora trí bhailiú agus anailís chuimsitheach sonraí a dhéanamh, rud a fhágann gur féidir measúnú riosca spriocdhírthe agus straitéisí maolaithe a dhéanamh.
- Cuimsitheach
 - Déanann na hardáin sa chatagóir seo faireachán agus anailís chuimsitheach ar an éileamh atá ar an tseirbhís i measc aoisghrúpaí éagsúla. Agus sásraí bailithe sonraí agus anailíse i bhfeidhm, tá léargas mionsonraithe ag na hardáin sin ar dhéimeagrafaic úsáideora, rud a éascaíonn an measúnú riosca spriocdhírthe agus straitéisí éifeachtacha maolaithe.

C. *Anailís ar Rioscaí Mealltóireachta Bunaithe ar Mhapáil Úsáideoirí*

- Neamhéifeachtach
 - Teipeann ar na hardáin anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na rioscaí sirtheoireachta bunaithe ar fheidhmiúlachtaí agus ar mhapáil úsáideoirí. Is ábhar imní é an easpa measúnaithe sin i dtaca le cumas an ardáin rioscaí sirtheoireachta a shainaithint agus a mhaolú go réamhghníomhach, agus d'fhéadfadh úsáideoirí a bheith gan chosaint ar idirghníomhaíochtaí díobhálacha.
- Teoranta
 - Déanann na hardáin anailís pháirteach ar na rioscaí sirtheoireachta bunaithe ar fheidhmiúlachtaí agus ar mhapáil úsáideora. Cé go bhfuil iarracht ar bun chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an anailís cuimsitheach, agus d'fhéadfadh bearnaí a bheith ann dá bharr sin maidir le rioscaí sirtheoireachta a shainaithint agus a mhaolú.
- Éifeachtach
 - Déanann na hardáin anailís éifeachtach ar na rioscaí sirtheoireachta bunaithe ar fheidhmiúlachtaí agus ar mhapáil úsáideoirí. Déanann na hardáin sin na rioscaí sirtheoireachta a shainaithint agus a mhaolú, rud a fhágann gur sábháilte é an timpeallacht ar líne.
- Cuimsitheach
 - Déanann na hardáin anailís cuimsitheach ar na rioscaí sirtheoireachta bunaithe ar fheidhmíochtaí agus ar mhapáil úsáideoirí. Agus próisis chríochnúla mheastóireachta i bhfeidhm, déanann na hardáin sin na rioscaí sirtheoireachta a shainaithint agus a mhaolú go héifeachtach, rud a chinntíonn timpeallacht shábháilte ar líne do na húsáideoirí.

D. *Anailís ar threochtaí bunaithe ar fhaisnéis an chuntais:*

Úsáid Cuntas Anaithnid:

- **Cuntais anaithnide a úsáidtear go minic**
 - Tá faisnéis inaitheanta ag níos lú ná 25 % de na cuntais.
- **Cuntais anaithnide a úsáidtear go measartha minic.**
 - Tá faisnéis inaitheanta ag 25 go 60 % de na cuntais.
- **Cuntais anaithnide ar ar éigean a úsáidtear iad nó nach n-úsáidtear ar chor ar bith iad**
 - Tá faisnéis inaitheanta ag níos mó ná 60 % de na cuntais

Cuntais iolracha faoi ainmneacha éagsúla

- **Cuntais iolracha faoi ainmneacha éagsúla a úsáidtear go minic**
 - Tá níos mó ná 60 % de na cuntais nasctha le 2 chuntas nó níos mó de chuid an duine chéanna
- **Cuntais iolracha faoi ainmneacha éagsúla a úsáidtear go measartha minic**
 - Tá idir 25 % agus 60 % de na cuntais nasctha le 2 chuntas nó níos mó de chuid an duine chéanna
- **Cuntais iolracha faoi ainmneach éagsúla ar ar éigean a úsáidtear iad nó nach n-úsáidtear ar chor ar bith iad**
 - Tá níos lú ná 25 % de na cuntais nasctha le 2 chuntas nó níos mó de chuid an duine chéanna

Dighníomhachtú agus Athghníomhachtú Cuntas a dhéantar as a chéile agus go hatriallach

- **Patrúin dhíghníomhachtúcháin agus athghníomhachtúcháin tugtha faoi deara.**
 - Déantar gníomhachtú agus díghníomhachtú atriallach ar níos mó ná 60 % de na cuntais.
- **Gníomhachtú agus díghníomhachtú a dhéantar go measartha minic**
 - Déantar gníomhachtú agus díghníomhachtú atriallach ar 25 % go 60 % de na cuntais.
- **Gníomhachtú agus díghníomhachtú atriallacha ar ar éigean a dhéantar é nó nach ndéantar ar chor ar bith é**
 - Déantar gníomhachtú agus díghníomhachtú atriallach ar níos lú ná 25 % de na cuntais.

Cuntais Bhréige nó Phasadóra

- **Cuntais bhréige nó phasadóra tugtha faoi deara go minic.**
 - Is fíorchuntais iad níos lú ná 25 %.
- **Cásanna measartha de chuntais bhréige nó phasadóra**
 - Is fíorchuntais iad 25 go 60 %.
- **Cuntais íosta nó gan aon chuntais bhréige nó phasadóra**
 - Is fíorchuntais iad níos mó ná 60 % díobh.

Uirlisí Fíoraithe Aitheantais chun Cuntais a Oscailt

- **Easpa uirlisí fíoraithe céannachta**
 - Is mó ná 60 % líon na gcuntas is féidir a chruthú gan céannacht a fhíorú.
- **Bearta measartha maidir le fíorú céannachta**
 - Is idir 25 % agus 60 % líon na gcuntas is féidir a chruthú gan céannacht a fhíorú.
- **Uirlisí cuimsitheacha maidir le fíorú céannachta**
 - Is lú ná 25 % líon na gcuntas is féidir a chruthú gan céannacht a fhíorú.

Ainm bréige

- **Is minic a fheictear iompraíocht faoi ainm bhréige**
 - Úsáideann níos mó ná 60 % d'úsáideoirí ainmneacha bréige.
- **Líon measartha mór cásanna ina úsáidtear ainm bréige**
 - Úsáideann 25 go 60 % d'úsáideoirí ainmneacha bréige.
- **Is beag an iompraíocht faoi ainm bréige a fheictear nó ní fheictear aon iompraíocht den chineál sin:**
 - Úsáideann níos lú ná 25 % d'úsáideoirí ailiasanna nó ainmneacha bréige.

Cuntais shealadacha

- **Cuntais shealadacha á gcruthú go minic:**
 - Cruthaítear níos mó ná 60 % de na cuntais le haghaidh úsáid ghearrthéarmach.
- **Cuntais shealadacha á gcruthú go measartha minic:**
 - Cruthaítear 25 % go 60 % de na cuntais le haghaidh úsáid ghearrthéarmach.
- **Is annamh a bhíonn cuntais shealadacha á gcruthú nó ní bhíonn aon chuntas sealadach á chruthú:**
 - Cruthaítear níos lú ná 25 % de na cuntais le haghaidh úsáid ghearrthéarmach.

Athrú Minic ar Chuntas nó ar Chuntais nó ar Shonraí Próifíle

- **Cuntais nó sonraí próifíle á n-athrú go han-mhinic:**
 - Tugann níos mó ná 60 % d'úsáideoirí faisnéis/sonraí an chuntais/na gcuntas cothrom le dáta gach 7 lá ar a laghad.
- **Cuntais á n-athrú go measartha minic:**
 - Tugann 25 % go 60 % d'úsáideoirí faisnéis/sonraí an chuntais/na gcuntas cothrom le dáta gach 7 lá ar a laghad.
- **Cuntais á n-athrú go hannamh nó gan iad a bheith á n-athrú:**
 - Tugann níos lú ná 25 % d'úsáideoirí faisnéis/sonraí an chuntais/na gcuntas cothrom le dáta gach seachtain ar a laghad.

Daoine a bhaint den Liosta Cairde ar Chuntais ar na Meáin Shóisialta

- **Is annamh a fheictear dímheaitseáil nó daoine a bheith á mbaint den liosta cairde nó ní fheictear ar chor ar bith é:**
 - Coinníonn níos mó ná 60 % d'úsáideoirí naisc shóisialta chomhsheasmhacha.
- **Feictear dímheaitseáil nó daoine a bheith á mbaint den liosta cairde go measartha minic:**
 - Coinníonn 25 % go 60 % d'úsáideoirí naisc shóisialta chomhsheasmhacha.
- **Feictear dímheaitseáil nó daoine a bheith á mbaint den liosta cairde go minic:**
 - Coinníonn níos lú ná 25 % d'úsáideoirí naisc shóisialta chomhsheasmhacha.

Athrú idir Ardáin Phríobháideacha agus Phoiblí

- **Is minic a fheictear athrú idir ardáin phríobháideacha agus poiblí:**
 - Athraíonn níos mó ná 60 % de na cuntais idir socruithe príobháideacha agus poiblí.
- **Feictear athrú go measartha minic:**
 - Athraíonn 25 go 60 % de na cuntais idir socruithe príobháideacha agus poiblí.
- **Feictear iompar cobhsaí gan mórán athruithe ar an ardán:**
 - Athraíonn níos lú ná 25 % de na cuntais idir socruithe príobháideacha agus poiblí.

Comhráite Poiblí a aistriú go Cainéil Phríobháideacha

- **Feictear aistriú go minic ó chainéil phoiblí go cainéil phríobháideacha:**
 - Aistríonn níos mó ná 60 % d'úsáideoirí comhráite ó spásanna poiblí go spásanna príobháideacha go minic.
- **Feictear aistrithe comhráite go measartha minic:**
 - Aistríonn 25 go 60 % d'úsáideoirí comhráite ó spásanna poiblí go spásanna príobháideacha go minic.
- **Is beag aistriú a fheictear nó ní fheictear aon aistriú go cainéil phríobháideacha:**
 - Aistríonn níos lú ná 25 % d'úsáideoirí comhráite ó spásanna poiblí go spásanna príobháideacha go minic.

Doiléiriú I.P. Seoltaí

- **VPN nó seachfhreastalaithe chun seoltaí IP a cheilt á n-úsáid go minic:**
 - Úsáideann níos mó ná 60 % d'úsáideoirí VPNanna nó seachfhreastalaithe agus ní gnách go n-úsáideann siad a bhfíorsheoltaí IP.
- **Doiléiriú ar sheoladh IP á dhéanamh go measartha minic:**
 - Úsáideann idir 25 go 60 % d'úsáideoirí VPNanna seachfhreastalaithe agus ní gnách go n-úsáideann siad a bhfíorsheoltaí IP.
- **Is beag cás ina ndéantar doiléiriú ar sheoltaí IP nó ní dhéantar é ar chor ar bith:**
 - Úsáideann níos lú ná 25 % d'úsáideoirí VPNanna seachfhreastalaithe agus ní gnách go n-úsáideann siad a bhfíorsheoltaí IP.

Úsáid ball te poiblí neamhshlán

- **Is minic ball te WIFI poiblí gan slándáil a bheith á n-úsáid:**
 - Nascann níos mó ná 60 % d'úsáideoirí ó líonraí poiblí gan slándáil.
- **Feictear go measartha minic cásanna ina nasctar le WIFI gan slándáil:**
 - Nascann 25 % go 60 % d'úsáideoirí ó líonraí poiblí gan slándáil.
- **Is annamh a fheictear WIFI poiblí gan slándáil a bheith á úsáid nó ní fheictear ar chor ar bith é:**
 - Nascann níos lú ná 25 % d'úsáideoirí trí líonraí poiblí gan slándáil.

Grúpaí Príobháideacha nó Boscaí Cabaireachta a chruthú

- **Bíonn grúpaí príobháideacha nó boscaí cabaireachta á gcruthú go minic:**
 - Cruthaíonn níos mó ná 60 % d'úsáideoirí spásanna agus grúpaí príobháideacha cumarsáide.
- **Bíonn grúpaí príobháideacha nó boscaí cabaireachta á gcruthú go measartha minic:**
 - Cruthaíonn 25 go 60 % d'úsáideoirí grúpaí príobháideacha le haghaidh cumarsáide.
- **Is annamh a fheictear nó ní fheictear ar chor ar bith grúpaí príobháideacha nó boscaí cabaireachta a bheith á gcruthú:**
 - Is sa chumarsáid phoiblí den chuid is mó a ghlacann 25 % d'úsáideoirí páirt.

'Cibearsplancáil' (Teachtaireachtaí pearsanta gan iarraidh)

- **Is minic a tharlaíonn cásanna de chibearsplancáil:**
 - Tuairiscíonn níos mó ná 60 % d'úsáideoirí go bhfuair siad teachtaireachtaí dlúthphearsanta gan iarraidh.
- **Teachtaireachtaí pearsanta gan iarraidh á bhfáil go measartha minic:**
 - Tuairiscíonn 25 go 60 % d'úsáideoirí go bhfuair siad teachtaireachtaí dlúthphearsanta gan iarraidh.
- **Is annamh a fheictear cásanna den chibearsplancáil nó ní fheictear ar chor ar bith iad:**
 - Tuairiscíonn níos lú ná 25 % d'úsáideoirí go bhfuair siad teachtaireachtaí dlúthphearsanta gan iarraidh.
